

CEARTA BUNÚSACHA AGUS
AN SMACHT REACHTA

# Forbairtí náisiúnta ó dhearcadh na sochaí sibhialta, 2020-2021

Meán Fómhair 2022

Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

**Grúpa um Chearta Bunúsacha agus an Smacht Reachta, CESE**
**CEARTA BUNÚSACHA AGUS AN SMACHT REACHTA**
**Forbairtí náisiúnta ó dhearcadh na sochaí sibhialta, 2020-2021**

***Clár***


- Brollach le hUachtarán CESE

- **Réamhrá**

- **Cearta bunúsacha na gcomhpháirtithe sóisialta**
- **Saoirse comhlachais agus comhthionóil**
- **Saoirse chun tuairimí a nochtadh agus saoirse na meán**
- **An ceart chun neamh-idirdhealú**
- **An smacht reachta**

- **Conclúid**

**Foscríbhinní**

- Tuarascálacha tíre
  - An Danmhairg (21-22 Nollaig 2020)
  - An Ghearmáin (21-22 Aibreán 2021)
  - Éire (28-29 Meitheamh 2021)
  - Poblacht na Seice (30 Meán Fómhair-1 Deireadh Fómhair 2021)
  - An Spáinn (14-15 Deireadh Fómhair 2021)
  - An Chipir (25-26 Samhain 2021)
  - An Liotuáin (15 agus 17 Nollaig 2021)

- Barúlacha na Rialtas

**Brollach**

Tá dúshláin thromchúiseacha le sárú ag an Eoraip i réimse na gceart bunúsach agus i réimse an smachta reachta. Tá gníomhaíocht nithiúil á hiarraidh ag an tsochaí shibhialta eagraithe agus ag na saoránaigh, go háirithe: deireadh a chur leis an éilliú; neamhspleáchas, cáilíocht agus éifeachtúlacht na gcóras ceartais a chosaint; iolrachas agus saoirse na meán a ráthú, agus; comhairliúchán fóinteach leis na geallsealbhóirí ábhartha a áirithiú don cheapadh beartas.

Níl an Eoraip slán ó ghéarchéimeanna domhanda. Cé a cheapfadh, dhá bhliain go leith ó shin, agus dúshláin scáfara an athraithe aeráide anuas orainn, go mbuailfeadh an phaindéim is mó dá bhfaca an cine daonna le céad bliain anuas muid freisin, agus é sin anuas ar fhilleadh na cogaíochta brúidiúla ar an mór-roinn seo againne?

Agus an t-uafás sin géarchéimeanna ann, ba mhaith le roinnt tíortha dul i muinín freagraí níos forlámhaí agus saoirsí nó cearta a shrianadh, díreach le go mbeadh an chuma ar an scéal go bhfuil siad níos éifeachtúla ná mar atá. Is é lom na fírinne, áfach, nach n-éiríonn níos fearr le stáit fhorlámhacha in aimsir ghéarchéime, faoi mar a chonacthas i rith phaindéim COVID-19.

In CESE, ar an taobh eile de, creidimid i gcumhacht na sochaí sibhialta eagraithe agus sa chumhacht a bhaineann leis an idirphlé. Creidimid gurb éifeachtaí iad na beartais stáit a eascraíonn as rannpháirtíocht iomlán na sochaí sibhialta. Rud eile a bhfuilimid suite de, freisin, ná go mbaineann na cearta bunúsacha, an smacht reachta, an daonlathas, agus an chosaint do mhionlaigh linn go léir, gan beann ar theorainneacha ár dtíortha. I ndeireadh na dála, má tá dul ar gcúl i mBallstát amháin, déanfaidh sé sin difear i gcónaí do na tíortha eile, ní hamháin toisc go bhfuil ár sochaithe agus ár ngeilleagair idirnasctha, ach, freisin, – agus níos tábhachtaí, b'fhéidir – toisc go bhfuil an chinniúint chéanna i ndán dúinn mar shaoránaigh na hEorpa.

Ós rud é gur gá caitheamh le cúrsaí na gceart bunúsach agus an smachta reachta le haird chuí, bhunaigh CESE comhlacht tiomnaithe in 2018 chun deis a thabhairt don tsochaí shibhialta eagraithe dúshláin a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu ar an leibhéal Eorpach (an Grúpa um Chearta Bunúsacha agus an Smacht Reachta – Grúpa FRRL).

Áirítear sa tuarascáil seo seacht misean tíre a rinne comhaltaí Ghrúpa FRRL in 2020 agus in 2021, mar aon le léargas beag ar thuairimí na sochaí sibhialta maidir le forbairtí i réimse na gceart bunúsach agus i réimse an smachta reachta. Is ceart glacadh leis an léargas sin faoi mar atá sé; ní mar fhíseán a léiríonn gach Ballstát den Aontas ag an am céanna, ná mar leabhar lenar féidir mionanailís eolaíoch a dhéanamh, ach díreach mar atá: íomhá de na príomhthreochtaí atá i dtír ar leith ag am ar leith. Dearcadh cailéideascópach is ea a fhaightear ón íomhá sin, dearcadh a léiríonn roinnt treochtaí ar ábhar imní iad, líon mór dúshlán, agus gan ach dornán forbairtí dearfacha. Is éard a léiríonn na treochtaí sin, ar aon chuma, ná gur gá dúinn, mar shochaí shibhialta eagraithe na hEorpa a bhfuil an dlisteanacht seo aici, súil an-ghéar ar fad a choinneáil ar a bhfuil ag tarlú i ngach Ballstát den Aontas, ionas gur féidir linn tacú le chéile dul i ngleic leis na dúshláin sin agus sochaithe níos fearr a thógáil.

**Christa Schweng, Uachtarán CESE**

**Réamhrá**

Tugtar forléargas sa tuarascáil seo ar na cuairteanna tíre a d'eagraigh Grúpa um Chearta Bunúsacha agus an Smacht Reachta (FRRL) in CESE in 2020 agus in 2021. Déantar plé inti ar na cuairteanna a tugadh ar sheacht dtír: an Danmhairg, an Ghearmáin, Éire, Poblacht na Seice, an Spáinn, an Chipir, agus an Liotuáin[1]. Leanann an tuarascáil seo an chéad tuarascáil sintéise a d'eisigh Grúpa FRRL i mí an Mheithimh 2020, inar cuimsíodh na chéad seacht gcuairt tíre a rinne an Grúpa le linn na chéad dá bhliain dó a bheith ar an bhfód (2018-2019), chun na Rómáine, na Polainne, na hUngáire, na hOstaire, na Fraince, na Bulgáire agus na hIodáile[2].

<u>An Grúpa um Chearta Bunúsacha agus an Smacht Reachta, CESE</u>

Cruthaíodh Grúpa FRRL in 2018 mar chomhlacht cothrománach laistigh de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa. Cuireadh de chúram ar an nGrúpa feabhas a chur ar rannchuidiú na sochaí sibhialta eagraithe le neartú na gceart bunúsach, an daonlathais agus an smachta reachta agus freagairt don laghdú atá ag teacht ar spás na sochaí sibhialta le haghaidh na n-eagraíochtaí dá cuid. Tá obair an Ghrúpa bunaithe ar chur chuige lena gcuimsítear réimsí a mheastar a mbaineann tábhacht ar leith leo agus a bheith ábhartha ó thaobh obair CESE de, mar atá: cearta bunúsacha na gcomhpháirtithe sóisialta, an tsaoirse comhlachais agus comhthionóil, an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus saoirse na meán, an ceart chun neamh-idirdhealú, agus an smacht reachta[3].

<u>An tuarascáil seo</u>

Anuas ar na gníomhaíochtaí lárnacha eile a dhéanann sé, amhail a chuid oibre ar thuairimí CESE agus na comhdhálacha agus éisteachtaí a eagraíonn sé, tugann Grúpa FRRL cuairteanna ar na tíortha mar cheann dá phríomhbhealaí chun a mhisean for-rochtana ar an tsochaí shibhialta a chur chun feidhme. Is é is cuspóir don Ghrúpa cuairt a thabhairt ar gach ceann de na 27 mBallstát, rud a chiallaíonn, le foilsiú na tuarascála seo, go bhfuil leath den fhiontar sin curtha i gcrích aige.

Cuireadh moill ar chuairteanna tíre Ghrúpa FRRL mar gheall ar phaindéim COVID-19. Dá bhrí sin, bhí bliain idir cuairt tíre deiridh na chéad tuarascála sintéise (an Iodáil, Nollaig 2019) agus céad chuairt na tuarascála seo (an Danmhairg, Nollaig 2020). Cé go raibh na dúshláin a tháinig chun cinn mar gheall ar na srianta sláinte agus taistil ag cur ina choinne, lean Grúpa FRRL air de bheith gníomhach agus rinne sé cuid dá chuairteanna go fíorúil (an Danmhairg, an Ghearmáin, Éire, an Liotuáin), agus, i gcás inar ceadaíodh amhlaidh a dhéanamh, lean sé ar aghaidh lena chruinnithe ar an láthair mar ghnáthmhodh idirghníomhaíochta.

In ainneoin na srianta sin, níor athraíodh modheolaíocht Ghrúpa FRRL le haghaidh na gcuairteanna tíre. Maireann siad dhá lá agus lena linn sin, buaileann seisear comhaltaí CESE le roinnt dosaen

1 Mar gheall ar COVID-19, rinneadh na cuairteanna go dtí an Danmhairg, an Ghearmáin, Éire, agus an Liotuáin go fíorúil. Cuairteanna i bpearsa ba ea na cinn go dtí Poblacht na Seice, an Spáinn agus an Chipir.

2 CESE, Fundamental rights and the rule of law - National developments from a civil society perspective, 2018-2019, Meitheamh 2020, https://www.eesc.europa.eu/sites/default/files/files/qe-02-20-156-en-n.pdf.
Tá an tuarascáil sin ar fáil i dteangacha na dtíortha ar tugadh cuairt orthu ar https://www.eesc.europa.eu/ga/sections-other-bodies/other/grupa-ad-hoc-um-chearta-bunusacha-agus-smacht-reachta.

3 Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir le hobair Ghrúpa FRRL, féach a rannán gréasáin: https://www.eesc.europa.eu/ga/sections-other-bodies/other/grupa-ad-hoc-um-chearta-bunusacha-agus-smacht-reachta.

geallsealbhóirí, amhail na comhpháirtithe sóisialta, ionadaithe ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta (ESSanna) agus gairmithe sna meáin agus sa dlí, d'fhonn plé a dhéanamh, i gcúig sheisiún, ar na cúig phríomhthéama leasa atá ag an nGrúpa. Cloítear le riail *Chatham House* sna seisiúin sin, is é sin go n-úsáideann Grúpa FRRL an fhaisnéis a fhaigheann sé, ach nach nochtann sé ainm na rannpháirtithe ná na heagraíochtaí lena mbaineann siad sa tuarascáil cuairte tíre a bhunaítear ar an bplé. Buaileann Grúpa FRRL leis na húdaráis go córasach le linn na cuairte freisin. Tar éis na cuairte, tugtar ceart freagartha ('barúlacha') do rialtas na tíre ar tugadh cuairt uirthi. Tá na barúlacha sin i gceangal leis an tuarascáil seo.

Mar a dearbhaíodh sa chéad tuarascáil sintéise ó Ghrúpa FRRL, tá na dearcthaí uile i gcorp na dtuarascálacha tíre agus i gcorp na tuarascála sintéise seo curtha in iúl de mheon macánta. Ní léiriú iad ar chor ar bith ar thuairim CESE, ná ar a mheasúnú ar chás ar leith. Níl sé d'aidhm ag an tuarascáil seo anailís dhlíthiúil ná comparáid eolaíoch a dhéanamh. Seachas sin, is é is aidhm di dearcthaí na sochaí sibhialta maidir leis na príomhthreochtaí san Eoraip a chur in iúl. Ar an gcaoi chéanna, níor cheart aon bhrí a bhaint ach oiread as roghnú na seacht dtír don tuarascáil seo. Is é an t-aon chúis a ndearnadh iad a mheas le chéile ná chun cothromaíocht gheografach a bhaint amach. I gcás ina ndéantar cur síos ar threocht i gcomhthéacs cuairt ar thír ar leith, ní hionann sin agus a rá go bhfuil feiniméan den sórt sin teoranta don tír sin amháin. Fairis sin, i gcás nach luaitear feiniméan i gcomhthéacs tír eile, ní hionann sin agus a rá nach bhfuil dúshlán dá leithéid sa tír sin. Ar iad a thabhairt le chéile, áfach, tugann na samplaí sin forléargas ar roinnt de na príomhdhúshláin atá ag teacht chun cinn san Eoraip, dúshláin a bhfuil freagairt chomhordaithe náisiúnta agus freagairt chomhordaithe Eorpach ag teastáil ina leith.

Cé nár athraíodh modheolaíocht Ghrúpa FRRL le haghaidh na gcuairteanna, tá an Grúpa ag féachaint lena ról a threisiú trí obair leantach a dhéanamh tar éis na gcuairteanna tíre. Chuige sin, ó mhí an Mheithimh 2021, iarrtar ar na geallsealbhóirí ar buaileadh leo le linn na gcuairteanna barúlacha leantacha a thabhairt tríd an leathanach tiomnaithe ar rannán Ghrúpa FRRL ar shuíomh gréasáin CESE[4]. Tríd an méid sin, agus trí chuireadh a thabhairt do roinnt geallsealbhóirí náisiúnta chuig an gcomhdháil bhliantúil a reáchtálann sé san fhómhar, tá sé beartaithe ag Grúpa FRRL a chion féin a dhéanamh chun cultúr comhchoiteann na gceart bunúsach agus an smachta reachta a fhorbairt, ar an gcéad dul síos, ar an leibhéal náisiúnta trí aird a tharraingt ar threochtaí agus tríd an idirphlé idir na húdaráis agus an tsochaí shibhialta a spreagadh, agus, ar an dara dul síos, ar an leibhéal Eorpach trí bheith rannpháirteach sa phlé oscailte maidir leis na treochtaí sin agus na bealaí a d'fhéadfadh a bheith ann chun teacht ar réitigh chomhchoiteanna.

4 CESE, Cearta Bunúsacha agus an Smacht Reachta: treochtaí i mBallstáit an Aontais Eorpaigh, https://www.eesc.europa.eu/en/sections-other-bodies/other/group-fundamental-rights-and-rule-law/frrl-trends-eu-member-states.

## 1. Cearta bunúsacha na gcomhpháirtithe sóisialta

Is iad na ceardchumainn agus eagraíochtaí na bhfostóirí a ghlacann páirt sa chéad seisiún a eagraíonn toscaireacht Ghrúpa FRRL le linn na gcuairteanna tíre. Go ginearálta, ardaíonn rannpháirtithe an chéad seisiúin sin ceisteanna a bhaineann go dlúth leis an gcosaint do chearta bunúsacha na gcomhpháirtithe sóisialta, amhail an t-idirphlé sóisialta nó an chómhargáil. Sa tsraith cuairteanna seo, tháinig ról na gcomhpháirtithe sóisialta chun léire go háirithe a mhéid a bhain le géarchéimeanna, amhail COVID-19, agus aghaidh a thabhairt orthu, agus, freisin, ó thaobh an t-idirdhealú a chomhrac.

### An t-idirphlé sóisialta agus rannpháirtíocht

Dúirt na comhpháirtithe sóisialta a bhí rannpháirteach i gcuairteanna tíre Ghrúpa FRRL gur mheas siad, ar an iomlán, go raibh **an t-idirphlé sóisialta láidir agus dea-fheidhmiúil** ina dtír féin, ach bhí éagsúlachtaí agus dúshláin shonracha i ngach tír ar leith.

- D'fhéadfadh **leibhéal na ballraíochta i gceardchumann** a bheith difriúil in áiteanna éagsúla in aon tír amháin dá mbeadh deighiltí geografacha inti, amhail sa *Chipir*, nó i dtír a mbíodh deighiltí den sórt sin inti, amhail sa *Ghearmáin*. D'fhéadfadh roinnt catagóirí oibrithe a bheith faoi ghannionadaíocht sna ceardchumainn chomh maith. Mar shampla, sa *Chipir*, bhí oibrithe eachtrannacha faoi ghannionadaíocht agus, sa *Ghearmáin* agus i *bPoblacht na Seice*, ba faoi ghannionadaíocht iad na hoibrithe ardáin. Sa *Liotuáin*, ní raibh ach céatadán fíorbheag de na hoibrithe san earnáil phríobháideach ina mball de cheardchumann.

- Measadh go raibh **cumhdach leathan cómhargála** sa *Danmhairg* agus sa *Ghearmáin* (cé go raibh an cumhdach sin ag dul i laghad), ach go raibh sé measartha íseal in *Éirinn*. I *bPoblacht na Seice*, ba chúis aiféala do na rannpháirtithe nár éascaigh an Cód Saothair caibidlíocht comhaontuithe comhchoiteanna go leordhóthanach, comhaontuithe ar tháinig laghdú orthu thar na blianta. Sa *Spáinn*, ba chúis aiféala do na ceardchumannaithe go raibh sé deacair comhaontuithe comhchoiteanna a bhaint amach i gcás fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), a raibh láithreacht na gceardchumann lag iontu. Sa *Chipir*, measadh gur pharadacsa é a laghad oibrithe a cumhdaíodh le comhaontuithe comhchoiteanna san earnáil phríobháideach, cé go raibh láithreacht na gceardchumann sa tír os cionn an mheáin.

- Bhí éagsúlachtaí sa mheasúnú ar cháilíocht na **gcomhairliúchán poiblí** ó thír go tír. Mar shampla, sa *Chipir*, mheas na rannpháirtithe go ndeachthas i gcomhairle leo go minic maidir le beartais a bhain leis an obair agus réimsí ábhartha eile, ach ba chúis aiféala dóibh gur seachnaíodh na comhairliúcháin sin ó am go chéile. Sa *Liotuáin*, mhothaigh na rannpháirtithe nár thug na húdaráis a ndóthain airde orthu, cé go raibh creat maith sa tír chuige sin mar aon le bealach trínarbh fhéidir páirt a ghlacadh sa cheapadh beartas trí chomhairle thrípháirteach. Tháinig gné dhearfach chun solais in *Éirinn*, arbh é sin nach amháin go raibh na comhpháirtithe sóisialta rannpháirteach san idirphlé sóisialta, ach go ndeachthas i mbun plé níos leithne le heagraíochtaí na sochaí sibhialta chomh maith.

**An t-idirphlé sóisialta mar ghné athléimneachta: COVID-19**

I roinnt de na tíortha ar tugadh cuairt orthu, thug na comhpháirtithe sóisialta faoi deara a thábhachtaí a bhí idirphlé sóisialta láidir **agus aghaidh á tabhairt ar ghéarchéim COVID-19.**

- Sa *Danmhairg*, ba dhíol sásaimh do na rannpháirtithe gur thug an rialtas ról do na comhpháirtithe sóisialta **sa phlé maidir le bearta** chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim. Mar thoradh air sin, thángthas ar chomhaontuithe trípháirteacha agus scéimeanna cúitimh. Ar an ábhar sin, bhí barúlacha comhchosúla ag na rannpháirtithe sa *Ghearmáin*. Chuir siadsan in iúl gur dhíol sásaimh dóibh an comhar idir na húdaráis agus na comhpháirtithe sóisialta maidir le bearta maolaithe, amhail oiriúnú sealadach na n-uaireanta oibre, bíodh agus gur chuir siad chun suntais, san am céanna, go raibh rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta ó thaobh dhearadh na mbeart de difriúil sna stáit chónaidhme éagsúla. I *bPoblacht na Seice*, tháinig sé chun léire a thábhachtaí a bhí sé idirphlé sóisialta láidir a bheith ann chun roinnt éiginnteachtaí dlíthiúla a shoiléiriú maidir leis na bearta a bhí le cur chun feidhme ag na comhpháirtithe sóisialta, mar shampla an obair ón mbaile.

- In *Éirinn*, ar an iomlán, bhí na rannpháirtithe den tuairim gur cuireadh as don idirphlé sóisialta mar gheall **ar an ngéarchéim airgeadais a bhí ann in 2008 agus mar gheall ar ghéarchéim COVID-19**. Sa *Spáinn*, bhí na rannpháirtithe den tuairim, in ainneoin ar tharla i rith na géarchéime airgeadais, go raibh na fostóirí, na ceardchumainn agus an rialtas in ann, a bhuí le dea-idirphlé sóisialta, comhaontuithe a thabhairt i gcrích maidir le hábhair amhail an pá íosta, rud a chabhraigh le poist a choinneáil. Sa *Chipir*, ba chúis aiféala do na rannpháirtithe go ndearnadh beag is fiú den idirphlé sóisialta traidisiúnta i rith na chéad choda den phaindéim. Ina ainneoin sin, bhí siad den tuairim, freisin, go ndeachthas i gcomhairle leo ar bhonn leormhaith maidir le roinnt gnéithe amhail na bearta sláinte, an chabhair airgeadais, agus an plean téarnaimh agus athléimneachta. Sa *Liotuáin*, ba chúis aiféala do na rannpháirtithe go raibh na comhairliúcháin maidir leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta bunaithe ar fhaisnéis mhíchruinn, go raibh an iomarca rannpháirtithe páirteach sna comhairliúcháin sin agus nár tugadh a ndóthain ama dóibh lena linn a dtuairimí féin a thabhairt.

**Na comhpháirtithe sóisialta mar ghníomhaithe sa chomhrac i gcoinne an idirdhealaithe**

Príomhphointe amháin a chuir na comhpháirtithe sóisialta chun cinn i roinnt de na tíortha ar tugadh cuairt orthu ba ea a thábhachtaí a bhí **idirphlé sóisialta láidir chun aghaidh a thabhairt ar athruithe sochaíocha éagsúla, amhail imircigh a lánpháirtiú nó Brexit**.

- Sa *Ghearmáin*, measadh go raibh seasamh réamhghníomhach na gcomhpháirtithe sóisialta agus cáilíocht an idirphlé shóisialta tábhachtach a mhéid a bhain leis an líon ard iarrthóirí tearmainn a tháinig isteach sa tír in 2015 agus in 2016. Seoladh roinnt beart a bhuí leis sin chun go n-éascófaí **lánpháirtiú na n-iarrthóirí tearmainn** tríd an obair.Sa *Danmhairg*, tharraing na rannpháirtithe aird ar dhá shaincheist: an dumpáil shóisialta agus an obair neamhdhearbhaithe. Ba chúis aiféala dóibh go raibh cúrsaí níos casta d'oibrithe eachtrannacha toisc go raibh siad ag obair, den chuid is mó, in earnálacha ina raibh níos lú comhaontuithe comhchoiteanna, níos lú cuideachtaí agus cur amach lag ar mhúnla na Danmhairge. I *bPoblacht na Seice*, ba chúis aiféala do na rannpháirtithe

nach ndearnadh na ceardchumainn a ndóthain imirceach a lánpháirtiú iontu, toisc gur shamhlaigh siad leis an dumpáil shóisialta iad go rómhinic. Bhí siad den tuairim freisin gurbh é rún na gcuideachtaí beaga imircigh a earcú ní ar mhaithe leis an éagsúlacht, rud a bheadh go maith, ach chun go bhféadaidís an deis a thapú saothar saor a aimsiú. Sa *Spáinn*, ba dhíol sásaimh do na rannpháirtithe na hiarrachtaí dearfacha a bhí ar bun chun rochtain ar chúram sláinte a thabhairt d'imircigh nó do dhaoine a bhí sa tír go neamhrialta, a bhuí sin le Foraithne Ríoga ó 2018 maidir le rochtain uilíoch ar an gcóras náisiúnta sláinte. Sa *Chipir*, chuathas i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta maidir leis an gcéad phlean náisiúnta chun imircigh a lánpháirtiú. Bhí na comhpháirtithe sóisialta den tuairim go raibh géarghá leis an bhforbairt sin i bhfianaise an bhaoil mhóir a bhí ann go ndéanfaí dúshaothrú ar imircigh agus nach dtabharfaí dóibh ach na poist úd nach raibh ardscileanna ag teastáil ina leith, agus, freisin, i bhfianaise na fuathchainte agus an idirdhealaithe a raibh siad thíos leo.

- Bhí an **Chairt um an Éagsúlacht** ina cúis áthais in *Éirinn* agus i *bPoblacht na Seice* toisc go rabhthas den tuairim gur thionscnamh tábhachtach í, cé gur chúis aiféala do na rannpháirtithe i *bPoblacht na Seice* gur bhain sí, den chuid is mó, le cuideachtaí móra, amhail na cuideachtaí ilnáisiúnta. In *Éirinn*, ba mhór ag na comhpháirtithe sóisialta gur tugadh ról mór dóibh sa straitéis maidir le cuimsiú daoine LGBTIQ+ agus sa straitéis maidir le cuimsiú an Lucht Siúil agus cuimsiú na Romach, agus sna comhairliúcháin maidir le plean náisiúnta gníomhaíochta a fhorbairt i gcoinne an chiníochais. Maidir le daoine faoi mhíchumas a chuimsiú i saol na hoibre, díríodh ar an rochtain ar mhargadh an tsaothair, dreasachtaí, fóirdheontais, agus socruithe solúbtha oibre. Sa *Spáinn*, chuir na rannpháirtithe i bhfáth na deacrachtaí a bhí le sárú ag roinnt oibrithe, go háirithe oibrithe óga, nach raibh pá á thuilleamh acu lenarbh fhéidir leo a gcuid riachtanas a chomhlíonadh.

- In *Éirinn*, leag na ceardchumannaithe béim ar na fadhbanna suntasacha a cruthaíodh d'oibrithe, go háirithe 'oibrithe teorann', toisc gur cuireadh deireadh leis an tsaoirse gluaiseachta thar an teorainn idir Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann mar gheall ar **Brexit**. Ba ghá ceadúnas a bheith ag oibrithe ó Phoblacht na hÉireann oibriú thar teorainn i dTuaisceart Éireann go dleathach, ach bhí easpa mór eolais ann maidir leis na ceanglais dlí. Bhí baol eile ann, agus ba chúis imní é, go bhféadfadh sé go gcruthófaí éagsúlachtaí idir cearta na n-oibrithe i bPoblacht na hÉireann agus cearta na n-oibrithe i dTuaisceart Éireann de dheasca Brexit. Chuir na ceardchumannaithe i bhfios, freisin, go raibh dearcadh níos naimhdí, i gcoitinne, sa Bhreatain Mhór agus i dTuaisceart Éireann i leith imircigh ón Aontas Eorpach tar éis Brexit.

## 2. Saoirse comhlachais agus comhthionóil

Chuir rannpháirtithe na gcuairteanna tíre de chuid Ghrúpa FRRL i bhfios gurbh ann, ar an iomlán, do chreat maith dlíthiúil chun gníomhaíochtaí de chuid eagraíochtaí na sochaí sibhialta (ESSanna) a chosaint, lena n-áirítear an tsaoirse comhlachais agus comhthionóil. Mar sin féin, tháinig dúshláin shonracha chun cinn laistigh den chreat láidir dlíthiúil sin, i gcoitinne.

### Rannpháirtíocht sa saol poiblí

Bíodh is go raibh a gcuid nósanna imeachta féin ag na tíortha maidir le dul i gcomhairle le ESSanna, agus sin ar leibhéil dhifriúla, d'iarr na rannpháirtithe, i gcoitinne, go ndéanfaí **na sásraí chun ról a thabhairt do ESSanna a threisiú**, agus súil acu go méadófaí leis sin an tionchar a bheadh ag ESSanna ar an gcinnteoireacht. Bhí na rannpháirtithe den tuairim, freisin, go raibh ról ESSanna sa díospóireacht phoiblí i mbaol.

- In *Éirinn*, bhí na rannpháirtithe den tuairim go ndeachaigh na húdaráis i gcomhairle leo mar ba cheart, ach bhí súil acu go bhféadfaí idirphlé sóisialta níos leithne, mar a bhíodh sa tír roimhe sin, a athbhunú. Sa *Ghearmáin*, ba chúis aiféala do na rannpháirtithe nach raibh aon chomhlacht rialtais i gceannas ar an tsochaí shibhialta agus nach raibh ach beagán deiseanna acu **páirt a ghlacadh sa chinnteoireacht pholaitiúil**. I *bPoblacht na Seice*, bhí na rannpháirtithe den tuairim go bhféadfaí an rochtain ar an gcinnteoireacht a fheabhsú, go háirithe tríd an straitéis ón rialtas, a mheas siad a bhí go maith, maidir le comhar leis an tsochaí shibhialta a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr. Sa *Liotuáin*, bhí na rannpháirtithe den tuairim go dtarlódh sé go minic go gcuirfí na comhpháirtithe sóisialta agus ESSanna ar an eolas faoi rudaí, agus nach rachfaí i gcomhairle leo. Bhí siad den tuairim, freisin, nach raibh a ndóthain ama acu a rannchuidiú a ullmhú. Sa *Chipir*, chuir na rannpháirtithe in iúl nárbh ann d'aon chomhairliúchán gníomhach agus ba chúis aiféala dóibh go ndearna na húdaráis eagraíochtaí, cé is moite de na comhpháirtithe sóisialta, a fhágáil as an áireamh agus comhairliúcháin á ndéanamh acu maidir le plean téarnaimh agus athléimneachta na Cipire.

- Chuir roinnt rannpháirtithe in iúl, mar shampla i *bPoblacht na Seice*, go raibh méadú ag teacht **ar mhímhuinín an phobail, i gcoitinne, i gcoinne ESSanna**. Tugadh ar an bpobal meon trodach a ghlacadh tar éis do roinnt polaiteoirí an téarma 'ESSanna polaitiúla' a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar ESSanna a bhí gníomhach san abhcóideacht ar son chearta an duine agus i gcoinne an idirdhealaithe. Sa *Danmhairg*, cé go raibh ardleibhéal muiníne, i gcoitinne, i measc na sochaí sa daonlathas, ba chúis imní do na rannpháirtithe gur lú an mhuinín sin i measc na ndaoine óga agus na mionlach, agus b'in tráth a bhí díospóireachtaí polaitiúla ag éirí níos déine agus níos scoilte. Sa *Chipir*, luaigh na rannpháirtithe gur mhinic a dhéanfadh roinnt oifigigh phoiblí leabhlú ar eagraíochtaí áirithe, go díreach as siocair go raibh na heagraíochtaí sin ag obair le himircigh nó as siocair go raibh naisc acu le heagraíochtaí ón gceantar a bhí faoi cheannas go hiarbhír ag Pobal Turcach na Cipire. Bhí lámh aige sin le timpeallacht a chruthú inar breathnaíodh ar eagraíochtaí áirithe de chuid na sochaí sibhialta mar bheith i gcoinne na n-údarás poiblí.

**Saoirse comhthionóil**

I roinnt de na tíortha ar tugadh cuairt orthu, thug na rannpháirtithe samplaí de bhearta a d'fhéadfadh **srian a chur leis an tsaoirse comhthionóil**.

- I *bPoblacht na Seice*, bhí na rannpháirtithe ar aon tuairim go raibh cosaint mhaith dlí ann don tsaoirse comhthionóil. Mar sin féin, dúirt siad freisin gur tugadh roinnt cásanna os comhair na cúirte sna blianta beaga roimhe sin maidir le **húsáid iomarcach cumhachta ag na póilíní**. Sa *Ghearmáin*, chuir na rannpháirtithe in iúl gurbh ábhar imní dóibh an chaoi a ndearnadh póilíneacht ar léirsithe. B'ábhar imní dóibh, freisin, go bhféadfadh sé go n-úsáidfí an teannas a d'eascair as na hagóidí i gcoinne bhearta COVID-19 mar chúis as sin amach leis an tsaoirse comhthionóil a shrianadh.

- Sa *Spáinn*, b'údar imní ar leith do na rannpháirtithe an **Dlí maidir le Sábháilteacht na Saoránach, 2015**. B'eagal leo go bhféadfadh smachtbhannaí an-ard eascairt as an Dlí sin le haghaidh réimse leathan iompraíochtaí a bhain le hagóidí agus stailceanna. Chreid na rannpháirtithe go raibh roinnt de na forálacha achrannach, amhail an fhoráil maidir le heasumhlaíocht ghéar i leith an údaráis agus an ceann maidir le hurraim a thabhairt do ghníomhairí slándála, go háirithe toisc go raibh siad débhríoch, rud a d'fhág go raibh an iomarca saoirse ag na fórsaí póilíneachta a léirmhíniú féin a dhéanamh maidir lena bhforfheidhmiú. Cháin na rannpháirtithe na póilíní, freisin, as forneart iomarcach a úsáid le linn léirsithe. Chomh maith leis sin, cháin siad an ráta íseal ciontaithe a bhí ann i dtaobh póilíní a tugadh os comhair na cúirte mar gheall ar fhorneart iomarcach a úsáid.

- Sa *Liotuáin*, mhínigh na rannpháirtithe gur **dhiúltaigh bardais éagsúla d'iarratais** ón bpobal LGBTIQ+ agus ón dream atá i gcoinne an phósta comhghnéis maidir le cruinnithe poiblí a eagrú do Mheán Fómhair 2021. Tar éis achomharc cúirte, áfach, tugadh cead, ar deireadh thiar thall, don phobal LGBTIQ+ déanamh amhlaidh.

**Tionchar COVID-19 ar spás na sochaí sibhialta**

Bhí na rannpháirtithe ó na tíortha ar tugadh cuairt orthu den tuairim go ndearnadh an ról faire a bhí acu agus na gníomhaíochtaí a rinne siad chun teagmháil a dhéanamh leis na saoránaigh agus cistí a thiomsú níos casta de dheasca **COVID-19** agus na srianta gaolmhara.

- Sa *Danmhairg*, ba é tuairim na rannpháirtithe nach ndearna **srianta COVID-19 ar an tsaoirse comhlachais agus comhthionóil** teorainneacha an Bhunreachta a shárú agus go raibh siad comhréireach. Thuig na rannpháirtithe go raibh eisceachtaí ó na srianta ann i gcás, mar shampla, cruinnithe polaitiúla nó cruinnithe tábhachtacha eile. Chuir siad in iúl, áfach, go raibh imní orthu go bhféadfadh sé go ngearrfaí an cistiú do ESSanna tar éis ghéarchéim COVID-19, rud nach bhfáilteofaí roimhe i dtír ina raibh ardleibhéal cistiú poiblí roimhe sin. In *Éirinn*, ba dhíol sásaimh do na rannpháirtithe go raibh cosaint láidir sa Bhunreacht d'agóidí síochánta. Faraor, ba chúis aiféala dóibh an cur i bhfeidhm randamach a rinneadh, dar leo, ó thaobh bearta lenar cuireadh srian le saorghluaiseacht daoine agus láithreacht ag imeachtaí i gcomhthéacs COVID-19. Sa *Chipir*, luaigh na rannpháirtithe gur scaoileadh na srianta ar

léirsithe poiblí i bhfad níos déanaí ná mar a scaoileadh i gcás imeachtaí sóisialta eile. D'fhág sé sin go ngearrfaí fíneáil ar dhaoine as páirt a ghlacadh in agóidí, cé go bhféadfaidís freastal go dleathach ar imeachtaí sóisialta eile, amhail bainiseacha.

- Sa *Liotuáin*, bhí na rannpháirtithe den tuairim gur dhúshlán é COVID-19 le haghaidh ghníomhaíochtaí na sochaí sibhialta eagraithe toisc nach rabhthas in ann cruinnithe a dhéanamh ach go fíorúil. Ba chúis aiféala do na rannpháirtithe, freisin, an sciar measartha beag den chistiú do na **Pleananna Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta** a tugadh d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta. Ba chúis aiféala do na rannpháirtithe i gcuairteanna tíre eile, amhail i *bPoblacht na Seice* agus sa *Danmhairg*, nár tugadh ról mar ba cheart dóibh i ndréachtú na bpleananna sin.

**<u>Rochtain ar chistiú</u>**

Luadh **an rochtain ar chistiú** mar ábhar imní ginearálta sna cuairteanna tíre go léir.

- I *bPoblacht na Seice*, mhínigh na rannpháirtithe go raibh sé ag éirí níos deacra do ESSanna rochtain a fháil ar chistiú toisc nár leithdháileadh mórán mór den bhuiséad a bhí ann do ghníomhaíochtaí na sochaí sibhialta ar ghníomhaíochtaí a bhain leis an neamh-idirdhealú, le cearta an duine ná leis an abhcóideacht agus ba mheasa fós an scéal maidir leis na hábhair sin a bhí go mór i mbéal an phobail eadhon comhionannas inscne agus lánpháirtiú na Romach. Sa *Ghearmáin*, mheas na rannpháirtithe é a bheith achrannach go bhféadfaí na heisceachtaí a deonaíodh de bhun an dlí cánach cónaidhme d'eagraíocht na sochaí sibhialta, a measadh a bhí ina carthanas, a dhiúltú dá mbeifí **den tuairim gur rópholaitiúil iad** gníomhaíochtaí na heagraíochta sin.

- In *Éirinn*, tharraing na rannpháirtithe aird ar na héifeachtaí neamhbheartaithe a bhí ag an Acht Toghcháin ar ESSanna. Cé gur thabhartais chuig páirtithe polaitiúla a rialaíodh faoin Acht sin, bhain an riail a chuir srian le tabhartais **phríobháideacha agus eachtracha** le ESSanna chomh maith, rud a chruthaigh bacainní ó thaobh cistiú a rochtain. Níor measadh gur charthanais iad eagraíochtaí a raibh misean ginearálta acu, amhail 'cearta an duine a chosaint' agus bhí éifeacht dhiúltach aige sin orthu ó thaobh rochtain a bheith acu ar thabhartais agus d'fhág sé nárbh fhéidir leo tabhartais a fháil a bheadh incháilithe do dhíolúine ó cháin.

- Sa *Chipir*, bhí na rannpháirtithe den tuairim go raibh sé níos deacra, go minic, do na heagraíochtaí ba cháintí i leith an rialtais cistiú poiblí a fháil. Mhínigh siad chomh maith gur dúnadh an chlárlann náisiúnta le haghaidh ESSanna agus gur bunaíodh clárlanna réigiúnacha ina háit sin, rud a d'fhág go raibh tréimhsí fada **clárúcháin** ann agus rialacha neamhleanúnacha maidir le bunú agus feidhmiú ESSanna de chineálacha éagsúla. Ina theannta sin, in 2020, d'fhoilsigh údaráis na Cipire liosta de bhreis agus 2 500 ESS a cuireadh faoi réir an nós imeachta díchlárúcháin as siocair nár éirigh leo oibleagáidí áirithe riaracháin a chomhlíonadh. De réir cosúlachta, díchláraíodh roinnt eagraíochtaí d'ainneoin gur éirigh leo na hoibleagáidí a chomhlíonadh laistigh den sprioc-am dhá mhí a tugadh.

- Ó thaobh na *Cipire* de arís, rinne na rannpháirtithe gearán faoin tairseach íseal a bhí ann i dtaobh na **riachtanas iniúchóireachta** le haghaidh ESSanna. D'fhág an tairseach íseal sin go raibh eagraíochtaí beaga, a bhí ar bheagán acmhainneachta nó acmhainní, faoi mhíbhuntáiste agus iad ag iarraidh iniúchóireacht den sórt sin a dhéanamh. Sa *Liotuáin*, bhí na rannpháirtithe den tuairim go bhféadfadh na ceanglais dhéine trédhearcachta a cuireadh i bhfeidhm ar ESSanna dochar a dhéanamh d'eagraíochtaí iomadúla na Bealarúise a bhí bunaithe sa Liotuáin, arbh eagraíochtaí iad sin a raibh cosaint agus anaithnideacht ag teastáil uathu go minic ar mhaithe le sábháilteacht a mball.

## 3. Saoirse chun tuairimí a nochtadh agus saoirse na meán

Sa seisiún maidir leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus saoirse na meán, bhí deis ag Grúpa FRRL tuairimí a fháil ó ionadaithe ESS agus ó ghairmithe sna meáin maidir le forbairtí tábhachtacha. I gcoitinne, bhí na rannpháirtithe ó na seacht dtír ar tugadh cuairt orthu den tuairim go raibh cosaint mhaith dlí ann don tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus do shaoirse na meán. Mar sin féin, bhí dúshláin thromchúiseacha i roinnt réimsí, amhail iolrachas na meán, an ceart chun faisnéise, agus cás na n-iriseoirí féin.

### <u>Creat rialála</u>

Chuir rannpháirtithe roinnt cuairteanna tíre in iúl go raibh forbairtí dlíthiúla ina n-ábhar imní dóibh ós rud é go raibh siad den tuairim go bhféadfadh na forbairtí sin srian a chur le saoirse na meán agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh.

- B'amhlaidh an cás sin, mar shampla, i gcás forbairtí dlíthiúla a bhain leis an **tslándáil**. Sa *Spáinn*, mheas na rannpháirtithe, in ainneoin gur cheart bunreachtúil é, go raibh tionchar tromchúiseach ag an Dlí maidir le Sábháilteacht na Saoránach ar an gceart chun tuairimí a nochtadh. Cháin siad na fíneálacha móra a ghearrfaí ar iriseoirí as íomhánna de na póilíní a thaifeadadh, chomh maith leis na fíneálacha a ghearrfaí orthu as a dtuairimí a chur in iúl ar bhealach a mheasfaí a bheith ina choir in aghaidh an reiligiúin, an teaghlaigh ríoga, nó bhratach na Spáinne. Sa *Danmhairg*, bhí imní ar na rannpháirtithe go bhféadfaí bac a chur go róthapa ar shuíomhanna gréasáin agus go bhféadfaí sárú a dhéanamh ar chearta na n-iriseoirí a bhfoinsí a chosaint de dheasca na reachtaíochta frithsceimhlitheoireachta.

- In *Éirinn*, bhí an dlí maidir le **clúmhilleadh**, a bhí thar a bheith sriantach, agus an t-ardchostas a bhain le leabhal ina bpríomhchúis imní do na rannpháirtithe toisc go raibh siad den tuairim gur chuir siad sin srian le ról faire na meán. Sa *Chipir*, b'oth leis na rannpháirtithe a dhéine a bhí an reachtaíocht maidir le leabhal tráchtála. Mar thoradh ar an reachtaíocht sin, bhí na cúirteanna in ann cosc a chur ar sholáthraithe meán aon chuideachta, duine, nó eagraíocht ar leith a lua i bhfoilseacháin. Ar an taobh eile de, i *bPoblacht na Seice*, ba mhór ag na rannpháirtithe gur rialaigh an Chúirt Bhunreachtúil nárbh fhéidir le pearsana poiblí an leibhéal céanna cosanta i gcoinne clúmhilleadh a éileamh agus arbh fhéidir le daoine príobháideacha. Ar an gcaoi sin, laghdaíodh an baol a bhí ann go dtabharfaí cásanna dlí mí-úsáideacha in aghaidh iriseoirí ar an mbonn sin.

- Tháinig sé chun cinn i roinnt tíortha, amhail an *Liotuáin* nó *Poblacht na Seice*, gurbh ábhar imní iad, ar an iomlán, cásanna dlí straitéiseacha in aghaidh rannpháirtíocht phoiblí (SLAPPanna). Sa *Liotuáin*, chreid na rannpháirtithe go mbainfeadh na húdaráis phoiblí úsáid as an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS**)** mar leithscéal in amanna chun **faisnéis a choinneáil siar** ó iriseoirí, mar shampla i rith imscrúduithe iriseoireachta. Sa *Danmhairg*, bhí na rannpháirtithe den tuairim go raibh Airteagal 24 den Acht um Shaoráil Faisnéise achrannach toisc gur chuir sé srian leis an rochtain ar dhoiciméid i réimse obair an rialtais. Sa *Spáinn*, bhí na rannpháirtithe den tuairim nár cuireadh an dlí maidir le

trédhearcacht chun feidhme mar ba cheart, go háirithe i rith COVID-19, agus gur mhinic go raibh ar shaoránaigh agus ar chuideachtaí dul os comhair na cúirte le hiarracht a dhéanamh faisnéis phoiblí a fháil.

**An tsamhail eacnamaíoch iriseoireachta agus iolrachas na meán**

I roinnt de na tíortha ar tugadh cuairt orthu, ghlac na rannpháirtithe cur chuige airdeallach. Chuir siad i bhfáth gurbh ann do thimpeallacht fholláin meán, ach, san am céanna, d'iarr siad go mbeifí aireach ó thaobh **na treochta a bhí ann i dtreo chomhchruinniú na meán** agus ó thaobh na samhlacha eacnamaíocha a bhfuil athrú ag teacht orthu.

- Bíodh is nárbh ionann an cás idir na tíortha ar tugadh cuairt orthu, bhí na rannpháirtithe ar a n-airdeall maidir leis an treocht ghinearálta i dtreo **chomhchruinniú na meán**. I *bPoblacht na Seice*, bhí na rannpháirtithe den tuairim gur cuireadh dlús leis an treocht sin de dheasca ghéarchéim COVID-19, rud a chonacthas i scor nó in athstruchtúrú roinnt soláthraithe meán agus sa mhéadú ar an neamhchinnteacht eacnamaíoch d'iriseoirí. Sa *Chipir*, ba dhíol sásaimh do na rannpháirtithe go raibh bearta san áireamh sa reachtaíocht chun comhchruinniú úinéireacht na meán a chomhrac, mar shampla an oibleagáid chun liosta a dhéanamh de gach scairshealbhóir a raibh sciar nach beag de chuideachta meán faoina úinéireacht nó faoina húinéireacht, nó an cosc a bhí ar níos mó ná aon cheathrú de na scaireanna a bheith ag duine. Mar sin féin, chreid roinnt de na rannpháirtithe go rachadh scairshealbhóirí a d'oibrigh trí thríú páirtithe timpeall ar bhearta den sórt sin.

- Tháinig ábhar na **samhla eacnamaíche** a raibh athrú ag teacht uirthi chun cinn go minic sna seisiúin phlé maidir le saoirse na meán. In *Éirinn*, sa *Liotuáin* agus i *bPoblacht na Seice*, b'oth leis na rannpháirtithe go raibh formhór an ioncaim ó earnáil an mhargaidh fógraíochta ag dul go dtí ardáin na meán sóisialta seachas go dtí na meáin thraidisiúnta, treocht ar cuireadh dlús léi i rith ghéarchéim COVID-19. Sa *Liotuáin*, b'oth leis na rannpháirtithe gur mhó an státchabhair a fuair an craoltóir náisiúnta seirbhíse poiblí ná an méid iomlán a fuair na soláthraithe teilifíse tráchtála go léir, rud a d'fhág go raibh neamhchothroime i margadh na meán idir soláthraithe poiblí agus soláthraithe príobháideacha. Sa *Danmhairg*, ar an taobh eile den scéal, ba dhíol sásaimh do na rannpháirtithe go raibh cistiú poiblí ar fáil toisc gur mheas siad go raibh sé sin ríthábhachtach chun tacú le hiriseoireacht ardcháilíochta agus le hiolrachas na meán.

- Chonacthas go raibh dlúthnasc idir éabhlóid na samhla eacnamaíche agus dálaí oibre a bhí, i gcoitinne, níos deacra d'iriseoirí. Mar shampla, i *bPoblacht na Seice*, mhínigh na rannpháirtithe go raibh a lán iriseoirí ag obair faoi **chonarthaí forbhásacha oibre** agus go raibh laghdú tagtha ar an mballraíocht sna ceardchumainn d'iriseoirí. Measadh go raibh líon na n-iriseoirí iniúchacha a bhí in ann iniúchtaí fada a dhéanamh an-íseal, agus ní raibh ach líon beag daoine óga ag roghnú na gairme sin.

- Chuir na rannpháirtithe in iúl go mbeadh sé ríthábhachtach tacaíocht níos fearr a chur ar fáil don **iriseoireacht ardcháilíochta** dá mbeifí chun aghaidh a thabhairt ar threocht den sórt sin. In *Éirinn*, d'iarr na rannpháirtithe go mbeadh tuilleadh oiliúna agus tacaíochta ann do dhaoine óga ar spéis leo an iriseoireacht mar ghairm bheatha, i dteannta cosaint níos fearr don tsaoirse comhlachais agus do chearta na n-iriseoirí chun cómhargála. Sa *Liotuáin*, chuir na rannpháirtithe in iúl gurbh ann arís don iriseoireacht ardcháilíochta, a bhuí sin le foirne iniúchta a bhí gníomhach sna meáin.

**<u>Bréagaisnéis, tionchar, agus féinchinsireacht</u>**

Bhí teacht chun cinn na bréagaisnéise agus, níos ginearálta, a thábhachtaí a bhí sé an ceart chun faisnéise a chosaint i gcoinne bhaol an **tionchair** agus na féinchinsireachta, ina bpríomhábhar imní sna seisiúin phlé leis na geallsealbhóirí sna tíortha ar tugadh cuairt orthu.

- Tríd is tríd, bhí na rannpháirtithe i bhfabhar gníomhaíocht phoiblí chun dul i ngleic le teacht chun cinn na bréagaisnéise, ach sin a dhéanamh go hairdeallach chun go seachnófaí sáruithe ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh. Sa *Danmhairg*, chuir na rannpháirtithe in iúl go raibh baol ann go mbeadh éifeacht athchomhairleach ag an ngníomhaíocht phoiblí i gcoinne na **bréagaisnéise** ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh. Tugadh sampla de leathnú raon feidhme na reachtaíochta maidir le *spiaireacht* chun cúnamh a thabhairt do chumhachtaí eachtrannacha a raibh tionchar acu ar oibríochtaí. Sa *Spáinn*, b’oth leis na rannpháirtithe nach raibh reachtaíocht shonrach réidh acu sa tír maidir leis an mbréagnuacht, ach ba dhíol sásaimh dóibh gur cuireadh Meitheal maidir leis an mbréagaisnéis ar bun i roinn na slándála náisiúnta. Sa *Chipir*, bhí na rannpháirtithe den tuairim go raibh an bhreágnuacht níos coitianta ar líne ná mar a bhí i gcás na soláthraithe meán traidisiúnta, soláthraithe a bhí tugtha níos mó do bheith claonta, áfach, go háirithe maidir le hábhair íogaire amhail fadhb na Cipire nó an imirce.

- I *bPoblacht na Seice*, bhí na rannpháirtithe den tuairim gurbh fhadhb mhór é **an tionchar a bhí ag polaiteoirí**, ón leibhéal is airde san áireamh, ar na meáin. Rinneadh cur síos ar na príomhúinéirí meán sa tír, ar dhream beag é sin, mar dhaoine a chuirfeadh brabús gnó le chéile le tionchar polaitiúil, lena n-áireofaí tríd an mbréagnuacht a scaipeadh. B’oth leis na rannpháirtithe chomh maith na hiarrachtaí a dhéanfadh comhaltaí de chomhlachtaí maoirseachta na meán arna dtoghadh ag an bParlaimint chun cur isteach polaitiúil a dhéanamh ar inneachar eagarthóireachta. Sa *Spáinn* agus i *bPoblacht na Seice*, chuir na rannpháirtithe in iúl go gcuirfí cosc, uaireanta, ar roinnt iriseoirí páirt a ghlacadh i gcomhdhálacha le hionadaithe rialtais i rith phaindéim COVID-19, ach, freisin, go gcuirfí cosc orthu cruinnithe ardleibhéil taidhleoireachta a chlúdach.

- Léirigh roinnt rannpháirtithe sna cuairteanna tíre éagsúla go raibh méadú ag teacht ar an gclaonadh i treo na **féinchinsireachta**, amhail sa *Ghearmáin*, áit ar dhearbhaigh roinnt iriseoirí go raibh ábhair nó imeachtaí áirithe a sheachnóidís d’aon ghnó, nó i *bPoblacht na Seice*, áit ar mheas na rannpháirtithe gur mhó an riosca a bhain leis an bhféinchinsireacht ná mar a bhain leis na corr-iarrachtaí a rinneadh ar an gcinsireacht iomlán agus ar theip orthu. Sa *Chipir*, bhain an claonadh chun féinchinsireachta den sórt sin le hábhair áirithe a bhféadfadh impleachtaí airgeadais a bheith acu do sholáthraithe nuachta, nó le hábhair íogaire áirithe, amhail críochdheighilt an oileáin nó an imirce. Sa *Danmhairg*, thiocfadh an fhéinchinsireacht chun cinn nuair a d’ardódh an teannas i ndíospóireachtaí poiblí.

- Tugadh aghaidh ar theacht chun cinn na **fuathchainte** i roinnt cuairteanna tíre, i rith an phlé sna seisiúin maidir leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus saoirse na meán agus, freisin, sna seisiúin maidir leis an gceart chun neamh-idirdhealú. Sa *Spáinn*, d’fháiltigh na rannpháirtithe roimh ghlacadh prótacail in 2021 chun an fhuathchaint ar líne a chomhrac mar fhorbairt dhearfach, prótacal a bhí bunaithe ar rannpháirtíocht na sochaí sibhialta, oibreoirí

dlíthiúla agus cuideachtaí idirlín. Sa *Chipir*, mhínigh na rannpháirtithe go bhfuair an coimisiún um ghearáin na meán an iomad gearán maidir leis an gciníochas, agus an tseineafóibe. Sa *Liotuáin*, cuireadh in iúl gurbh fhéidir leis an gCoimisiún um Raidió agus Teilifís cosc a chur ar athchraoladh clár eachtrannach ina raibh an fhuathchaint, ach nach raibh sé ar a chumas an t-idirlíon a chlúdach.

- Cé gur mheas na rannpháirtithe, i bhformhór na dtíortha ar tugadh cuairt orthu, gurbh fhéidir leis na hiriseoirí oibriú i dtimpeallacht shábháilte, rinne siad cur síos ar an **timpeallacht** sin, san am céanna, mar cheann a bhí ag éirí níos **naimhdí do ghairmithe na meán**. Mar shampla, sa *Ghearmáin* agus sa *Spáinn*, luaigh na rannpháirtithe cásanna ina ndearnadh ionsaí ar iriseoirí, arbh ionsaithe iad a tharla, den chuid is mó, le linn agóidí. In *Éirinn*, chuir na rannpháirtithe in iúl go ndíreofaí bagairtí ar iriseoirí ar mhná iad go minic, go háirithe ar na meáin shóisialta. Ina theannta sin, bhí méadú ag teacht ar líon na mbagairtí a dhéanfaí ar iriseoirí a chumhdódh Tuaisceart Éireann. Sa *Chipir*, mhínigh na rannpháirtithe gur gabhadh agus gur coinníodh roinnt daoine sna limistéir nach raibh faoi smacht ag an rialtas mar gheall ar ar scríobh siad sna meáin shóisialta nó mar gheall ar óráidí a rinne siad ar an teilifís.

## 4. An ceart chun neamh-idirdhealú

Tríd an bplé a rinneadh leis na rannpháirtithe sna seisiúin maidir leis an gceart chun neamh-idirdhealú, is féidir tuiscint níos fearr a fháil ar na treochtaí ginearálta a bhaineann leis an ábhar seo, ar príomhábhar imní é do shochaithe oscailte, agus, freisin, ar na forbairtí níos sonraí atá bainteach le grúpaí ar leith, amhail imircigh, daoine ar de mhionlaigh eitneacha nó reiligiúnacha iad, mná, daoine LGBTIQ agus daoine faoi mhíchumas, chomh maith le daoine atá thíos leis an idirdhealú bunaithe ar stádas sóisialta nó aois.

### Creat ginearálta maidir leis an neamh-idirdhealú

Bhí creataí forbartha, a bheag nó a mhór, i ngach tír ar tugadh cuairt uirthi chun aghaidh a thabhairt ar an idirdhealú. Mar sin féin, d'iarr na rannpháirtithe, i gcoitinne, go ndéanfaí tuilleadh iarrachtaí maidir le **cur chun feidhme na reachtaíochta**, faireachán agus bailiú sonraí, cistiú, agus rochtain ar leigheas d'íospartaigh idirdhealaithe.

- In *Éirinn*, luaigh na rannpháirtithe gur ghá an **reachtaíocht** maidir le frith-idirdhealú a nuashonrú agus a chur chun feidhme go tráthúil, agus gur ghá í a bhunú ar acmhainní cuí. Sa *Spáinn*, bhí na rannpháirtithe den tuairim nach raibh dlí cuimsitheach sa tír maidir leis an gcomhionannas ar an leibhéal náisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar gach cineál idirdhealaithe i ngach réimse. Mhínigh na rannpháirtithe go raibh roinnt institiúidí ann chun dul i ngleic le saincheisteanna an idirdhealaithe, ach gur ghá feabhas a chur ar a nósanna imeachta oibre. I *bPoblacht na Seice*, cuireadh in iúl go bhfuarthas réidh leis an bpost d'Aire um Chearta an Duine agus um Chomhdheiseanna cúpla bliain roimhe sin, agus go raibh leisce ar chosantóir poiblí na gceart obair a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhain le mionlaigh, imircigh agus an comhionannas inscne. Sa *Chipir*, bhí na rannpháirtithe den tuairim go raibh cur chun feidhme na reachtaíochta saothair lag go fóill, go háirithe toisc nach raibh a dhóthain baill foirne ag an gcomhlacht cigireachta saothair. Sa *Liotuáin*, chuir na rannpháirtithe in iúl nárbh ann d'aon aireacht ar leith don chomhionannas, agus nach raibh sé d'acmhainn ag an Aireacht Saothair agus Gnóthaí Sóisialta, a bhí i gceannas ar an neamh-idirdhealú, aghaidh a thabhairt go domhain ar chásanna an idirdhealaithe.

- I gcoitinne, d'iarr na rannpháirtithe go mbeadh níos mó **cúnamh dlíthiúil agus cúitimh ann d'íospartaigh** idirdhealaithe, mar shampla in *Éirinn* agus i *bPoblacht na Seice*, agus go gcuirfí oiliúint ar fáil do lucht an dlí, agus go háirithe do na breithiúna. Sa *Ghearmáin*, chuir na rannpháirtithe in iúl go bhféadfadh sé a bheith deacair do dhaoine a ndearnadh idirdhealú orthu san ionad oibre cúnamh dlíthiúil a lorg, ní hamháin toisc go mbeadh sé deacair é sin a chruthú, ach, freisin, toisc go mbeadh leibhéil ísle feasachta ann maidir le cosaint dhlíthiúil agus cearta chun cúitimh. Tugadh le fios, freisin, go raibh sé an-deacair dul chun dlí i gcoinne institiúidí stáit. Sa *Liotuáin*, bhí na rannpháirtithe den tuairim gur mhinic a chuirfí as d'íospartaigh dul agus leigheas dlí a lorg de dheasca na n-iarmhairtí beaga a bheadh ann don chosantóir sa chás ina bhfaighfí ciontach é/í.

- I roinnt de na cuairteanna, amhail sa *Ghearmáin*, in *Éirinn*, agus i *bPoblacht na Seice*, d'iarr na rannpháirtithe go ndéanfaí tuilleadh iarrachtaí chun sonraí dídheighilte a bhailiú i ngach réimse idirdhealaithe. Ar an iomlán, bhí na rannpháirtithe ar aon tuairim go raibh tuilleadh **acmhainní** ag teastáil chun tacú le gníomhaithe poiblí agus príobháideacha i réimse an neamh-idirdhealaithe. I *bPoblacht na Seice*, luadh, mar shampla, go mbeadh ar imircigh dul i muinín dlíodóirí príobháideacha mura mbeadh a ndóthain cistithe ag ESSanna a chuirfeadh cúnamh comhchosúil ar fáil saor in aisce. Go deimhin, ba ón Aontas den chuid is mó seachas ón stát a tháinig cistiú do ESSanna a bhí ag plé leis an idirdhealú, mar shampla i réimse na himirce agus na hinscne.

**<u>Imircigh, lena n-áirítear iarrthóirí tearmainn</u>**

Tríd is tríd, bhí na rannpháirtithe den tuairim gur ghá an creat rialála le haghaidh na himirce a **oiriúnú** lena áirithiú go n-urramófaí cearta na n-imirceach.

- Sa *Danmhairg*, chuir na rannpháirtithe in iúl gur tháinig **athrú paraidíme**, mar a thug siad air, ar an mbeartas náisiúnta i leith imirceach sna blianta beaga roimhe sin, ó chur chuige a bhíodh dírithe ar lánpháirtiú go ceann a bhí dírithe ar fhilleadh. Go háirithe, cháin na rannpháirtithe an Dréacht-Dlí um an tSlándáil do gach Danmhargach, a cheadódh do na húdaráis cosc a chur ar theacht isteach daoine ó áiteanna ar leith, bunaithe ar choincheap doiléir maidir le hiompar agus cuma a chothódh neamhshábháilteacht i spásanna poiblí, dlí a mheas siad a dhéanfadh difear díréireach d'imircigh agus do dhaoine ar de mhionlaigh eitneacha iad. Sa *Chipir*, luaigh na rannpháirtithe go raibh cás na n-imirceach, na hiarrthóirí tearmainn san áireamh, sách deacair, ós rud é gur chuir roinnt pearsana poiblí ceist na ndídeanaithe i láthair mar bhagairt ar fhéiniúlacht náisiúnta na tíre. Sa *Spáinn*, bhí na rannpháirtithe den tuairim go raibh na rialacháin maidir leis an imirce as feidhm agus míchuí ó thaobh riachtanais na n-imirceach de, daoine a bhí thíos le neamhchinnteacht, sáruithe ar chearta an duine, agus rochtain theoranta ar sheirbhísí poiblí. In *Éirinn*, b'oth leis na rannpháirtithe go raibh reifreann ann in 2004 a d'fhág nach mbeadh sé de cheart a thuilleadh ag linbh a shaolófaí in Éirinn do thuismitheoirí eachtrannacha saoránacht Éireannach a fháil tráth breithe.

- Saincheist lárnach a d'ardaigh na rannpháirtithe i roinnt cuairteanna tíre ba ea an cheist maidir le **fáiltiú agus cóiríocht na n-imirceach**, agus na n-iarrthóirí tearmainn chomh maith. Sa *Danmhairg*, chuir na rannpháirtithe in iúl go raibh cúrsaí sna campaí ina raibh na dídeanaithe a bhí le díbirt an-chrua ar fad, campaí inar forchuireadh srianta nach raibh údar leo agus a bhí díréireach chomh maith. Cháin siad an cur chuige foriomlán maidir le hiarrthóirí tearmainn a diúltaíodh a choinneáil. Sa *Spáinn*, mheas na rannpháirtithe gurbh ann go fóill do champaí coinneála le haghaidh na n-imirceach, ina gcoinneofaí daoine ar feadh roinnt seachtainí, gan rochtain a bheith acu ar dhlíodóir. Sa *Chipir*, mhínigh na rannpháirtithe go raibh foraithne ann lenar cuireadh cosc ar imircigh teach a fháil ar cíos i gceantar áirithe, bunaithe ar an argóint go raibh gá leis an mbeart chun athruithe déimeagrafacha a sheachaint. In *Éirinn*, ba dhíol sásaimh do na rannpháirtithe gur foilsíodh páipéar bán maidir le cóiríocht d'iarrthóirí tearmainn, lenar foráladh do chóras cigireachta neamhspleáiche a d'fhéadfaí a thabhairt

isteach sna hionaid. Ba dhíol sásaimh dóibh chomh maith an fógra ón rialtas go ndéanfaí cás na n-imirceach linbh gan doiciméid a thabhairt chun rialtachta. Sa *Liotuáin*, chuir na rannpháirtithe a dtuairim in iúl nach raibh institiúidí stáit ullamh le déileáil le plódú na n-imirceach, ar linbh agus mná iad roinnt mhaith díobh, a ndearnadh iad a chosc ag an teorann idir an Bhealarúis agus an Liotuáin. Cuireadh srian ar rochtain ESSanna ar an gceantar go sealadach tar éis staid éigeandála a bheith fógartha do na réigiúin teorann.

**Mionlaigh eitneacha nó reiligiúnacha**

Léirigh rannpháirtithe na gcuairteanna tíre go raibh an **claonadh chun éadulaingthe** ag dul i méid i gcoinne na mionlach i gcoitinne, agus go háirithe i gcoinne mionlaigh eitneacha agus reiligiúnacha.

- Luadh i roinnt cuairteanna tíre go raibh méadú ar an **bhfuathchaint** i gcoinne daoine ar de chúlra mionlach eitneach nó reiligiúnach iad. Mar shampla, sa *Ghearmáin*, thug na húdaráis faoi deara iad féin go raibh an frithghiofógachas agus an frithsheimíteachas ag dul i méid, rud a mheas siad ar cheart don tír a bheith faireach air. Thuairiscigh na rannpháirtithe chomh maith go ndearnadh idirdhealú san ionad oibre ar dhaoine ó mhionlaigh teanga.

- Sa *Danmhairg*, chuir na rannpháirtithe in iúl go raibh an **t-idirdhealú struchtúrach** forleathan. Mar shampla de sin, luaigh siad an dlí 'geiteo', mar a thugtar air. Mhínigh siad gur cuireadh critéir ar fáil sa dlí sin, ar chosúil iad a bheith oibiachtúil, agus gurbh ar an mbonn sin a d'fhéadfadh na húdaráis ceantar áirithe a dhearbhú mar 'geiteo', ach, i ndáiríre, níor bhain na critéir sin ach leis na ceantair ina raibh formhór na gcónaitheoirí de bhunadh tír nár tír san Iarthar í. Mar a tharla i dtíortha eile ar tugadh cuairt orthu, luaigh na rannpháirtithe, freisin, gur díríodh ar mhionlaigh i ndioscúrsaí, lena n-áirítear ar líne, as gan bheith freagrach a ndóthain, mar dhea, le linn phaindéim COVID-19. Sa *Spáinn*, míníodh go raibh sé níos dóichí go ngabhfadh na póilíní imircigh nó daoine ar de chúlra mionlach eitneach iad ná daoine eile den phobal.

- Luadh cás na **Romach** i bhformhór na gcuairteanna tíre, áiteanna ina raibh na Romaigh thíos le hidirdhealú *de facto* maidir le rochtain ar thithe, cúram sláinte, oideachas agus fostaíocht. Sa *Spáinn*, mheas na rannpháirtithe gurbh iad na Romaigh an grúpa mionlaigh ba mhó ar a ndearnadh idirdhealú fós, sa mhéid go ndearna na póilíní próifíliú eitneach orthu, cuir i gcás. Mar sin féin, ba dhíol sásaimh dóibh gur cruthaíodh coiste i gComhdháil na dTeachtaí chun an frithghiofógachas a chomhrac, le ról ag an tsochaí shibhialta. Sa *Ghearmáin*, b'oth leis na rannpháirtithe, cé go raibh cónaí ar na Sintígh agus na Romaigh sa tír le 600 bliain anuas roimhe sin, nach raibh na cearta céanna acu fós agus a bhí ag eitnigh na Gearmáine. I *bPoblacht na Seice*, thug na rannpháirtithe faoi deara gurbh ann do chláir le haghaidh cuimsiú tríd an obair, ach b'oth leo freisin gur fhéach na húdaráis, i gcoitinne, ar chás na Romach mar shaincheist shóisialta, seachas mar shaincheist an idirdhealaithe. Tamall beag roimh an gcuairt, ritheadh dlí chun cúiteamh a thabhairt do mhná Romacha a ndearnadh steiriliú éigeantais orthu, ach ní rabhthas cinnte an raibh an dlí á fhorfheidhmiú i gceart, ós rud é go raibh deacrachtaí ann fianaise a chur faoi bhráid an choiste cúitimh nó leigheas dlí a lorg toisc nárbh ann do chóras éifeachtach cúnaimh dhlíthiúil. In *Éirinn*, nocht na rannpháirtithe na

deacrachtaí a bhí ag na Romaigh agus Lucht Siúil na hÉireann maidir le seirbhísí agus tithe leormhaithe a rochtain. Ba dhíol sásaimh do na rannpháirtithe gur bhronn na húdaráis aitheantas dlíthiúil mar ghrúpa eitneach ar Lucht Taistil na hÉireann cúpla bliain roimhe sin, ach mhínigh siad, freisin, go ndearnadh difear díréireach dóibhsean agus do na Romaigh i rith na paindéime agus go raibh gá le tuilleadh iarrachtaí, go háirithe i réimse an lánpháirtithe san oideachas.

**Mná**

Ar an iomlán, b'oth leis na rannpháirtithe sna cuairteanna tíre go raibh **dúshláin thábhachtacha fós ann** i réimse chuimsiú polaitiúil, sóisialta agus eacnamaíoch na mban, rud nár chabhraigh staid COVID-19 lena fheabhsú.

- I roinnt tíortha, mar shampla sa *Ghearmáin* agus i *bPoblacht na Seice*, nó sa *Chipir*, mhínigh na rannpháirtithe go raibh na mná fós **faoi thearcionadaíocht** sa saol polaitiúil agus go raibh na bearnaí pá agus pinsin an-mhór go fóill. Sa *Liotuáin*, ba dhíol sásaimh dóibh gurbh ionadaithe ar mná iad 50 % den rialtas a bunaíodh go gairid roimh an gcuairt, arbh é sin an líon ab airde dá raibh ann riamh. Mar sin féin, chreid na rannpháirtithe nár laghdaíodh an bhearna phá le blianta beaga anuas.

- I roinnt tíortha, amhail sa *Spáinn*, mhínigh na rannpháirtithe go raibh ualaí agus freagrachtaí fós ar na mná maidir leis an **gcúram teaghlaigh** agus go raibh siad faoi ró-ionadaíocht i bpoist fhorbhásacha nó shealadacha agus go raibh ráta dífhostaíochta níos airde agus tuarastail níos ísle ag bagairt orthu.Mhínigh na rannpháirtithe i roinnt tíortha ar tugadh cuairt orthu gur tháinig tascanna breise chun cinn de dheasca COVID-19, tascanna a fágadh faoi na mná den chuid is mó, amhail an obair agus an scolaíocht bhaile do leanaí a dhéanamh san am céanna.

- Luadh i roinnt cuairteanna tíre, freisin, gur tháinig méadú ar an **bhforéigean inscnebhunaithe** i gcomhthéacs na dianghlasála. Ar a shon sin, sa *Spáinn*, chuir na rannpháirtithe i bhfáth go raibh méadú suntasach tagtha ar líon na mban a dúnmharaíodh. Sa *Chipir*, luaigh na rannpháirtithe go raibh sonraí staidrimh maidir le minicíocht an fhoréigin baile gann fós. I *bPoblacht na Seice*, b'oth leis na rannpháirtithe go raibh easpa cistiú poiblí ann le haghaidh eagraíochtaí a bhí ag obair ar an gcomhionannas inscne agus an foréigean inscne. Sa *Liotuáin*, thug na rannpháirtithe dá n-aire go raibh grúpaí trasghearrthacha, amhail mná atá faoi mhíchumas, thar a bheith leochaileach a mhéid a bhain le foréigean baile. In *Éirinn*, bhí na rannpháirtithe den tuairim go raibh na seirbhísí a cuireadh ar fáil d'íospartaigh foréigin baile agus foréigin gnéis srianta, i gcomparáid leis an méid cásanna a tuairiscíodh. Mheas siad freisin gur ghá athchóirithe a dhéanamh ar chóras na gcuairteanna d'fhonn íospairt thánaisteach a sheachaint. Sa *Ghearmáin*, luaigh na rannpháirtithe go raibh pósadh éigeantais ann ag aois óg, mar aon le ciorrú ball giniúna ban agus gáinneáil ar mhná.

- Sa *Liotuáin* agus i *bPoblacht na Seice*, an dá thír ar tugadh cuairt orthu nach raibh **Coinbhinsiún Iostanbúl chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a**

**chosc agus a chomhrac** daingnithe iontu, bhí súil ag na rannpháirtithe go ndéanfaí é a dhaingniú go pras. Mar sin féin, mhínigh siad gur theann iad na díospóireachtaí poiblí maidir leis sin. Mar shampla, i *bPoblacht na Seice*, bhí feachtas bréagaisnéise faoi stiúir na bpolaiteoirí chun aon ghníomhaíocht sa réimse sin a nascadh le 'idé-eolaíocht inscne', mar a tugadh uirthi, faoi thionchar iasachta; baineadh leas as an argóint sin chun tacaíocht airgeadais agus pholaitiúil le haghaidh gníomhaíochtaí sa réimse sin a theorannú. Sa *Liotuáin*, bhí na rannpháirtithe den tuairim go raibh seasamh radacach glactha ag an Eaglais Chaitliceach agus í ag cur i gcoinne ní hamháin Choinbhinsiún Iostanbúl, ach, freisin, rochtain ar ghinmhilleadh sábháilte, agus lánúineacha comhghnéis, rud a raibh tionchar mór aige ar an lucht ceaptha beartas.

- Sa *Chipir*, luaigh na rannpháirtithe go raibh an **ginmhilleadh** cuidithe dleathach ó bhí 2018 ann. Sa *Liotuáin*, mhínigh na rannpháirtithe go raibh rochtain ar ghinmhilleadh sábháilte teoranta, agus go raibh an lucht polaitiúil, fiú ar na leibhéil is airde, i bhfabhar cosc a chur ar ghinmhilleadh, mar gheall ar mhórthionchar na heaglaise i measc cúiseanna eile.

## Daoine LGBTIQ

Bhí cearta daoine LGBTIQ i measc na réimsí neamhchoitianta sin inar tugadh **treocht dhearfach** faoi deara **i gcoitinne** le roinnt blianta roimh na cuairteanna. Ní hé sin le rá nárbh ann a thuilleadh do dhúshláin shuntasacha ná nár tháinig méadú orthu, go háirithe ó thaobh na fuathchainte de.

- Thug na rannpháirtithe samplaí éagsúla den dul chun cinn suntasach a rinneadh sna blianta beaga roimh na cuairteanna, go háirithe ó thaobh an **phósta comhghnéis** de, mar shampla sa *Ghearmáin*, sa *Danmhairg*, in *Éirinn* agus sa *Spáinn*. I *bPoblacht na Seice*, mhínigh na rannpháirtithe gurbh ann do pháirtnéireacht chláraithe do dhaoine aeracha agus do leispiaigh ó 2006 i leith. B'oth leo, áfach, nach ndearnadh aon dul chun cinn sa Pharlaimint ó bhí 2018 ann ar bhille um an bpósadh comhionann, in ainneoin go raibh formhór mór phobal na Seicia i bhfabhar an phósta chomhionainn do chách. Cé go raibh an pháirtnéireacht chomhghnéis shibhialta dleathach sa *Chipir* ó bhí 2015 ann, sa *Liotuáin*, diúltaíodh sa Pharlaimint do thogra le haghaidh páirtnéireacht den sórt sin in 2021.

- Sna tíortha ar fad ar tugadh cuairt orthu, chuir na rannpháirtithe in iúl go raibh méadú ar an **bhfuathchaint**, go háirithe ar líne, nós ar mhinic gluaiseachtaí a bhí i bhfad amach ar an eite dheis a bheith mar chúis leis. Ar a shon sin, in *Éirinn* agus sa *Spáinn*, bhí na rannpháirtithe den tuairim nár tugadh an reachtaíocht maidir leis an gcoireacht fuatha cothrom le dáta go sách minic chun aghaidh a thabhairt ar an bhfuathchaint agus ar an gcoireacht fuatha i gcoinne daoine LGBTIQ. In *Éirinn*, bhí na rannpháirtithe den tuairim gur cheart tuilleadh oideachais maidir le caidrimh agus gnéasacht a chur ar bun, ós rud é nár mhothaigh formhór mór na ndaltaí LGBTIQ sábháilte ar scoil. Sa *Spáinn* agus i *bPoblacht na Seice*, mhínigh na rannpháirtithe nach ndearna daoine LGBTIQ an chuid is mó den fhuathchaint ná de na coireanna fuatha a thuairisciú do na póilíní. Sa *Chipir*, bhíothas den tuairim go raibh an-chuid fuathchainte ann i gcoinne daoine LGBTIQ ach go ndearna na húdaráis na cásanna a imscrúdú.

- Meascán a bhí sa chuid eile dá raibh le rá ag na rannpháirtithe faoin ábhar seo. Sa *Danmhairg*, i measc na gceart a bhí ag daoine LGBTIQ, bhí cearta uchtaithe agus an ceart dlíthiúil chun aitheantais inscne. I *bPoblacht na Seice*, cuireadh bac ag na chéad chéimeanna parlaiminteacha ar bhille maidir le cúram altramais leanaí do lánúineacha neamhphósta. Sa *Ghearmáin*, mhínigh na rannpháirtithe, maidir le lánúineacha leispiacha, nach mbeadh na cearta céanna tuismitheoireachta ag an mbean nár rugadh an leanbh di agus a bheadh ag an mbean eile. Léiríodh i suirbhéanna, freisin, go ndearnadh níos mó idirdhealaithe ar **dhaoine trasghnéasacha** san ionad oibre ná mar a rinneadh ar dhaoine homaighnéasacha. In *Éirinn*, measadh gur ghá cosc soiléir a chur ar theiripe thiontaithe, agus gur ghá dul chun cinn a dhéanamh ó thaobh aitheantas inscne do dhaoine faoi bhun 18 mbliana d'aois agus daoine neamh-dhénártha de. I *bPoblacht na Seice*, chuir na rannpháirtithe in iúl go raibh reachtaíocht na tíre fós le cur in oiriúint d'fhonn cinneadh ón gCoiste Eorpach ar Chearta Sóisialta maidir le daoine trasinscneacha a chur chun feidhme. Leis an gcinneadh sin, sonraíodh go raibh dlí na Seicia ina shárú ar cheart na ndaoine trasinscneacha chun sláinte trí steiriliú a fhorchur orthu roimh dóibh a bhféiniúlacht inscne a athrú ar a ndoiciméid phearsanta.

**<u>Daoine faoi mhíchumas</u>**

Ó thaobh daoine faoi mhíchumas de, ba é an tuairim choitianta a cuireadh in iúl sna cuairteanna tíre go raibh na daoine sin fós thíos le **han-chuid cineálacha idirdhealaithe**, go háirithe i réimse na sláinte, na fostaíochta, na tithíochta agus an oideachais.

- In *Éirinn*, mar shampla, chuir na rannpháirtithe in iúl gur mhinice daoine faoi mhíchumas a bheith thíos leis an mbochtaineacht agus an t-eisiamh de dheasca **na gcineálacha éagsúla idirdhealaithe sin**. Ar an taobh dearfach den scéal, ba dhíol sásaimh dóibh gur bunaíodh Coiste Parlaiminteach in 2020 le haghaidh cúrsaí míchumais.

- Sa *Danmhairg* agus sa *Liotuáin*, míníodh gur tógadh an iomarca ama aitheantas dlíthiúil a bhronnadh ar an bprionsabal '**freastal réasúnta**' do dhaoine faoi mhíchumas. Sa *Danmhairg*, a bhuí le ceann de na forbairtí dearfacha deireanacha a rinneadh, ní fhéadfadh scoileanna ná institiúidí idirdhealú a dhéanamh a thuilleadh ó thaobh rochtain do dhaoine faoi mhíchumas, bíodh is go bhféadfadh bialanna agus óstáin, mar shampla, déanamh amhlaidh fós. Sa *Liotuáin*, bhíothas den tuairim gur fhan na húdaráis rófhada sular thosaigh siad ag obair ar chur chun feidhme Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas. Go dtí 2019, mar shampla, bhí an nath 'neamhábalta obair a dhéanamh' in úsáid i reachtaíocht na tíre, agus tagairt á déanamh do dhuine faoi mhíchumas.

- I measc roinnt cineálacha dúshlán eile a raibh daoine faoi mhíchumas thíos leo, b'oth leis na rannpháirtithe in *Éirinn* go gcuirfí daoine in **institiúidí** go fóill, beag beann ar na hiarrataí chun dí-institiúidiú a bheith ann. Sa *Spáinn*, bhí imní ar na rannpháirtithe go háirithe maidir leis na córacha éigeantais neamh-inmhianaithe leighis do dhaoine faoi mhíchumas meabhrach, toisc é a bheith dodhéanta dóibh faisnéis a fháil maidir lena gcóir leighis.

- Ó thaobh **rochtain ar cheartas** de, thug na rannpháirtithe faoi deara go ndearnadh roinnt dul chun cinn sa *Spáinn* mar thoradh ar an athchóiriú a rinneadh ar an gcód sibhialta chun tacú le daoine faoi mhíchumas sa spás dlíthiúil. Sa *Chipir*, mhínigh na rannpháirtithe nárbh ann d'aon sásra oiriúnaithe iontaofa le haghaidh gearáin arna ndéanamh ag daoine faoi mhíchumas. Ar an gcaoi chéanna, sa *Danmhairg*, luaigh na rannpháirtithe go raibh sé níos deacra do dhaoine faoi mhíchumas rochtain ar cheartas a fháil, i gcomparáid leis an gcuid eile den phobal.

**<u>Idirdhealú bunaithe ar stádas sóisialta agus ar aois</u>**

Is dócha gur luadh an **t-idirdhealú sóisialta**, go háirithe i gcoinne daoine óga agus daoine scothaosta, níos minice sa tsraith cuairteanna seo ná mar luadh sa chéad sraith toisc gur tugadh chun léire, mar gheall ar phaindéim COVID-19, na dúshláin a bhíonn ann ó ghlúin go glúin.

- In *Éirinn*, luadh gur mhó a bhí teaghlaigh aontuismitheora, na Romaigh agus an Lucht Siúil, nó teaghlaigh a raibh daoine faoi mhíchumas mar chuid díobh, thíos leis an **mbochtaineacht leanaí**. Níos ginearálta, de dheasca COVID-19, bhí na cineálacha bochtaineachta ní ba mheasa ná mar a bhí cheana, go háirithe an bhochtaineacht bia. Ar a shon sin, ba dhíol sásaimh do na rannpháirtithe an fógra ón rialtas go ndéanfaí athbhreithniú ar an mbeartas um stádas comhionann chun go n-aithneofaí an stádas socheacnamaíoch mar fhorais ar arbh fhéidir idirdhealú a dhéanamh. Dúradh go ndearnadh tuilleadh idirdhealaithe agus tuilleadh imeallaithe i gcás daoine gan dídean. Maidir le formhór na ndaoine gan dídean, dhéantaí imeallú orthu cheana féin sular fágadh gan dídean iad.

- Sa *Spáinn*, chuir na rannpháirtithe béim ar chás deacair na **ndaoine scothaosta** i rith phaindéim COVID-19, agus roinnt dá gcearta sáraithe agus iad in árais agus in ionaid do dhaoine scothaosta. Chomh maith leis sin, sa *Ghearmáin*, tarraingíodh aird ar an dlús a cuireadh leis an rochtain ar sheirbhísí a dhigiteáil mar thoradh ar COVID-19, áit ar luaigh na rannpháirtithe, freisin, an t-aoiseachas ginearálta a bhain leis an bpróiseas earcaíochta. In *Éirinn*, léirigh na rannpháirtithe go raibh steiréitíopaí ann maidir le dul in aois, agus d'iarr siad go mbeadh tuilleadh sonraí ann maidir le daoine scothaosta chomh maith le straitéis um an gcuimsiú digiteach.

## 5. An smacht reachta

Sna seisiúin a reáchtáiltear le linn chuairteanna tíre Ghrúpa FRRL, bíonn an deis ag an toscaireacht cluas a thabhairt do ghníomhaithe na sochaí sibhialta agus do ghairmithe dlí maidir le roinnt mhaith saincheisteanna, sa bhreis ar athchóiriú breithiúnach. Le linn na seacht gcuairt a chuimsítear sa tuarascáil seo, dhírigh na rannpháirtithe go háirithe ar na dúshláin maidir le scaradh na gcumhachtaí, agus maidir leis an difear a rinneadh don chinnteoireacht dhaonlathach mar gheall ar staid COVID-19.

### Scaradh na gcumhachtaí

Tháinig **scaradh na gcumhachtaí** agus neamhspleáchas na mbreithiúna aníos mar cheist lárnach i roinnt tíortha ar tugadh cuairt orthu.

- I *bPoblacht na Seice*, mheas na rannpháirtithe go raibh staid fhoriomlán an smachta reachta go maith, bíodh is go raibh sí leochaileach. Bhí siad den tuairim go raibh **neamhspleáchas na mbreithiúna** ráthaithe agus go raibh an staid ghinearálta, ó thaobh an cheartais de, níos fearr ná mar a bhí i roinnt tíortha comharsanachta. Mar sin féin, shíl siad, freisin, gur phríomhábhar imní é an brú a chuir an chumhacht feidhmiúcháin ar an bPríomh-Ionchúisitheoir, rud a bhí níos achrannaí fós i gcás na n-imscrúduithe a rinneadh ar na coinbhleachtaí leasa ar an leibhéal is airde stáit.

- Sa *Liotuáin*, bhí imní ar na rannpháirtithe maidir leis an nós imeachta trína ndearnadh na **breithiúna a roghnú**. Sa nós imeachta sin, bhí an focal deiridh ag Uachtarán na Poblachta, bunaithe ar an roghnú a rinne an coimisiún speisialta chun breithiúna a roghnú. Tharraing siad aird, freisin, ar na rialacha doiléire maidir le haistriú sealadach breithiúna gan toiliú uathu. B'ábhar imní do na rannpháirtithe é, freisin, nach raibh líon iomlán foirne ag an gCúirt Uachtarach agus an Chúirt Bhunreachtúil mar gheall ar choinbhleachtaí idir na cumhachtaí polaitiúla. Dá dheasca sin, chreid siad go ndearnadh na próisis bhreithiúnacha níos faide, go ndearnadh difear do cháilíocht na rialuithe agus gur cuireadh clú na gcúirteanna i mbaol.

- Sa *Spáinn*, rinne na rannpháirtithe gearán, freisin, maidir le **tionchar na ndíospóidí polaitiúla ar fheidhmiú na mbreithiúna**, rud, a chreid siad, a chuir neamhspleáchas na mbreithiúna i mbaol. Tráth na cuairte chun na Spáinne, bhí athnuachan chomhlacht rialaithe na mbreithiúna (Comhairle Ghinearálta na mBreithiúna) ar feitheamh cheana le trí bliana roimhe sin toisc nár tháinig páirtithe polaitiúla na Parlaiminte ar comhaontú roimhe sin. D'iarr na rannpháirtithe an nós imeachta ainmniúcháin le haghaidh an chomhlachta sin a athrú, ar chomhlacht é, dar leo, ba cheart a bheith ainmnithe go díreach ag na breithiúna.

- Sa *Chipir*, cháin na rannpháirtithe an tArd-Aighne as páirt a ghlacadh i gComhairle na nAirí ina cháil mar chomhairleoir dlí don chumhacht feidhmiúcháin, fad agus a bhí sé i gceannas ar oifig an ionchúisitheora freisin. Bhí siad den tuairim go bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith i gceist le **sainphribhléid an fheidhmiúcháin a bheith chomh cosúil sin le sainphribhléid na mbreithiúna**, go háirithe toisc go raibh an tArd-Aighne ag an am ina Aire Dlí agus Cirt roimhe sin.

## Dúshláin shonracha

Bhí **dúshláin ar leith** le sárú i roinnt tíortha ar tugadh cuairt orthu i réimse an smachta reachta, dúshláin a bhain le stair na tíre sin ar leith nó le dúshláin dhomhanda a bhí le sárú sa chomhthéacs náisiúnta.

- Sa *Chipir*, mhínigh na rannpháirtithe go ndearna údaráis na Cipire 'dúnghaois an riachtanais' a fhorbairt tar éis imeachtaí 1963, dúnghaois a raibh feidhm fós aici cé go raibh sé ceaptha í a bheith sealadach. Dar leis na rannpháirtithe, bhí **comhchruinniú cumhachta** mar thoradh air sin. Thug na rannpháirtithe an iliomad samplaí de chumhachtaí lánroghnacha faoi chuimsiú na dúnghaoise sin. Chonacthas go raibh nasc idir an fhadhb mhór a bhí ann ó thaobh chur i bhfeidhm an dlí de agus críochdheighilt na tíre, ós rud é nach raibh an rochtain chéanna ag cónaitheoirí an réigiúin nach raibh faoi rialú an rialtais ar chearta shaoránaigh an Aontais mar a bhí acu siúd i ndeisceart an oileáin. Mhínigh na rannpháirtithe, freisin, go ndearnadh idirdhealú i gcoinne leanaí ó phóstaí measctha le 'Turcaigh na mórthíre', mar a tugadh orthu.

- Fós sa *Chipir*, b'oth leis na rannpháirtithe go raibh na próisis bhreithiúnacha fós an-mhall ar fad, in ainneoin go raibh plé maidir le **hathchóiriú breithiúnach** ar bun le caitheamh na ndeich mbliana roimhe sin. Bhí siad cáinteach, freisin, nárbh ann, dar leo, do mhodhanna éifeachtacha, smachtbhannaí éifeachtacha san áireamh, chun forfheidhmiú cinntí cúirte arna n-eisiúint i gcoinne na n-údarás poiblí a áirithiú. Bhí na rannpháirtithe den tuairim, freisin, nach ndearnadh toimhde na neamhchiontachta a fhorfheidhmiú go leormhaith, toisc gur tharla sé gurbh ann do chásanna inar mheas cúirteanna sibhialta gur chruthúnas ar éagóir é imscrúdú coiriúil a bheith ann, fiú roimh don chúirt cinneadh a dhéanamh sa chás a bhí idir lámha.

- Sa *Liotuáin*, bhí imní ar na rannpháirtithe maidir le leathadh **faireachais neamhchuntasaigh rúnda** ar dhaoine aonair príobháideacha arna dhéanamh ag gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí, amhail an ghníomhaireacht frithéillithe, agus formheas córasach *de facto* na n-iarrataí den sórt sin ag na breithiúna. Sa *Danmhairg*, ba é an tuairim a bhí ann nár cuimsíodh sa reachtaíocht frithsceimhlitheoireachta a ndóthain ráthaíochtaí próise cuí i dtaobh forálacha dochuimsithe, rud a d'fhág lamháil leathan léirmhínithe do na póilíní.

- In *Éirinn*, in éagmais fadhbanna móra maidir leis an smacht reachta, bhí na rannpháirtithe den tuairim go raibh feabhsuithe ag teastáil ó thaobh **rochtain ar cheartas** de, rochtain a mbaineann costais arda dlí léi. Bhí an cúnamh dlíthiúil teoranta in *Éirinn*, freisin, toisc go raibh an tairseach a bhí ann chuige sin ró-íseal agus toisc go raibh na heisiaimh ón gcumhdach róleathan. Ar an gcaoi chéanna sin, sa *Danmhairg*, luaigh na rannpháirtithe gur phríomhdhúshlán í rochtain ar an gcúnamh dlíthiúil agus ar cheartas go ginearálta, go háirithe do dhaoine ó ghrúpaí imeallaithe.

- I *bPoblacht na Seice*, thug na rannpháirtithe chun léire **nach raibh aon chóras aontaithe cásdlí** sa tír agus go raibh castachtaí ann mar gheall ar a neamhréirí a bhí na cinntí arna ndéanamh ag na cúirteanna, ó thaobh déine de, ag brath sin ar shuíomh geografach na gcásanna nó ar réimse an dlí.

**Próisis chinnteoireachta, lena n-áirítear i gcomhthéacs COVID-19**

Sna tíortha ar tugadh cuairt orthu, faoi mar a tharla i ngach áit eile san Aontas tar éis na gcinntí práinneacha urghnácha a forchuireadh de dheasca ghéarchéim COVID-19, ardaíodh ceisteanna maidir le coimircí leordhóthanacha.

- I *bPoblacht na Seice*, mhínigh na rannpháirtithe gur thug roinnt saoránach cás in éadan an stáit as cinntí dlí díréireacha, doiléire nó gan údar a dhéanamh i gcomhthéacs COVID-19, agus chuir an Chúirt Uachtarach roinnt cinntí ar ceal ar an mbonn sin. Ba é tuairim na rannpháirtithe nach ndearnadh **an chinnteoireacht mar fhreagairt ar an ngéarchéim a dhíospóid** go leordhóthanach i gcoitinne agus nár tugadh aird chuí ar chuid den cháineadh dlisteanach a rinne an tsochaí shibhialta.

- Sa *Danmhairg*, mhínigh na rannpháirtithe, cé gur foráladh **d'aistriú iomarcach cumhachta** chuig an Aireacht Sláinte sa reachtaíocht bhunaidh a glacadh chun aghaidh a thabhairt ar eipidéim COVID-19, rinneadh tuairimí ESSanna agus na hinstitiúide náisiúnta um chearta an duine a chur san áireamh chomh maith ag céim níos déanaí, agus, a bhuí leis sin, bunaíodh dara leagan den dlí a bhí i bhfad níos cothroime. Mar sin féin, chuir siad in iúl gur tharla sé gur thug na húdaráis orduithe neamhdhleathacha, i gcomhthéacs COVID-19, chun ciondíothú ollmhór a dhéanamh, gan bunús dlí, ar mhinceanna agus, i ngnáthchúinsí, chun lánúineacha pósta nó lánúineacha a raibh comhchónaí orthu a scaradh óna chéile in ionaid tearmainn, i gcás inar mionaoiseach é nó í duine den bheirt.

- Sa *Liotuáin*, mhínigh na rannpháirtithe go raibh sé an-déanach ar fad faoin am a d'iarr an rialtas **athbhreithnithe bunreachtúla** a dhéanamh ar shrianta COVID-19. A mhéid a bhain leis an bpróiseas reachtóireachta, chuir na rannpháirtithe in iúl gur ghlacadh an pharlaimint rialacháin tríd an nós imeachta práinne fiú roimh phaindéim COVID-19. Is é an tuairim a bhí ann go raibh drochthionchar ag an bpaindéim ar an bpróiseas agus gur aistríodh cothromaíocht na cumhachta ón mbrainse reachtach go dtí an brainse feidhmiúcháin dá bharr sin.

- In *Éirinn*, b'oth leis na rannpháirtithe nach raibh coiste um chearta an duine agus um an gcomhionannas laistigh den Pharlaimint, rud, a chreid siad, a d'fhéadfadh diananailís a chur ar fáil maidir le cearta an duine i gcomhthéacs reachtaíocht COVID-19, ar rud é sin a bhí in easnamh chomh maith, dar leo.

**Éilliú**

Bhí an **t-éilliú** i measc na n-ábhar ba mhó a raibh tuairimí éagsúla ag na rannpháirtithe ina leith sna tíortha ar tugadh cuairt orthu.

- Sa *Ghearmáin* agus sa *Danmhairg*, bhí na rannpháirtithe den tuairim **nach raibh mórán** éillithe ann, ach níorbh ionann sin agus a rá nár cheart aird a thabhairt air.

- In *Éirinn*, mheabhraigh na rannpháirtithe gur eisíodh moltaí in 2012, a cuireadh i bhfeidhm go páirteach, de bhun Bhinse Mahon, a bunaíodh in 1997 chun líomhaintí maidir le **híocaíochtaí éillitheacha** le polaiteoirí a fhiosrú. Cuireadh coiste ar bun chun maoirseacht a dhéanamh ar dhearbhuithe leasanna, ar na bronntanais a fuarthas, agus ar na tabhartais do pháirtithe polaitiúla agus do pholaiteoirí. Mar sin féin, bhí roinnt de na moltaí, amhail na cinn i réimse na ndliteanas, fós le cur chun feidhme.

- I *bPoblacht na Seice*, chuir na rannpháirtithe in iúl go mbeadh baol an ghreamaithe stáit ann mura rachfaí i ngleic i gceart le **cásanna ardleibhéil coinbhleachta leasa**. D'fhéadfadh cásanna den sórt sin in éineacht le tionchar na bpolaiteoirí ar na meáin agus an brú bhí ar an leibhéal is airde den chóras breithiúnach, treocht fhadtéarmach a spreagadh maidir le creimeadh mhuinín an phobail sna hinstitiúidí.

- Sa *Liotuáin*, luaigh na rannpháirtithe go ndearnadh roinnt athruithe d'fhonn dálaí neamhfhabhracha a chruthú i ndáil leis an **éilliú** i réimse an dlí. Mar shampla, cuireadh an próiseas trína ndearnadh breithiúna a shannadh do chásanna a chur ar ríomhaire agus nascadh an córas leis an mbunachar sonraí ina raibh na coinbhleachtaí dearbhaithe leasa. D'iarr na rannpháirtithe go ngníomhódh an ghníomhaireacht frithéillithe ar bhonn níos láidre, go mbeadh creat dlíthiúil níos déine ann agus go mbeadh tuilleadh neamhspleáchas eacnamaíoch ag na breithiúna.

- Sa *Spáinn*, bhí na rannpháirtithe den tuairim go raibh cásanna an éillithe fós sách iomadúil, go háirithe i réimse an tsoláthair phoiblí, in ainneoin na **bhforbairtí dearfacha** a rinneadh i dtaca le hiad a ionchúiseamh agus smachtbhannaí a fhorchur ina leith. Mhol na rannpháirtithe, go háirithe, cumhacht faireacháin na Cúirte Iniúchóirí, a bhí i gceannas ar chaiteachas na rialtas, a athneartú.

- Sa *Chipir*, mheas na rannpháirtithe go raibh tuiscint ann go raibh ardleibhéal éillithe ann. In 2020, tar éis briseadh scannal éillithe, chuir an Chipir deireadh leis an gclár '**pasanna órga**', mar a thugtaí air, faoina raibh an rialtas in ann saoránacht a dheonú d'infheisteoirí.

**Conclúid**

Sa tuarascáil seo, tugadh forléargas ar an dara sraith cuairteanna tíre a rinne an Grúpa um Chearta Bunúsacha agus an Smacht Reachta in 2020 agus in 2021. Tá an-chuid eolais le fáil ó na príomhthreochtaí a tháinig chun cinn sna seisiúin fhada phlé a bhí ann leis na céadta ionadaithe ón tsochaí shibhialta.

Tá sé suimiúil, mar shampla, a thabhairt faoi deara go raibh dearcadh comhchoiteann ag na **comhpháirtithe sóisialta** ar bualadh leo le linn na gcuairteanna tíre maidir le céard iad na cearta bunúsacha, dearcadh a raibh tuilleadh i gceist leis ná ballraíocht i gceardchumann nó cómhargáil – mar shampla, chuir na comhpháirtithe sóisialta béim ar leith ar a thábhachtaí atá sé go mbeidís go hiomlán rannpháirteach sa phlé sochaíoch. Ar a shon sin, tháinig sé chun léire, i gcoitinne, go raibh leibhéal maith idirphlé shóisialta sna seacht dtír ar tugadh cuairt orthu, ach d’iarr na comhpháirtithe sóisialta, freisin, go ndéanfaí iad a chuimsiú ar bhonn níos fóintí sa chinnteoireacht, i réimsí sa bhreis ar réimse an tsaothair. I ngach ceann de na tíortha ar tugadh cuairt orthu, mheas na comhpháirtithe sóisialta go raibh an t-idirphlé sóisialta ina phríomhghné athléimneachta d’fhonn dul i ngleic le géarchéim dála COVID-19. I gcoitinne, d’iarr siad go ndéanfaí iad a chuimsiú tuilleadh sa phlé agus i gcur chun feidhme na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta. Léirigh na comhpháirtithe sóisialta spéis mhór i saincheisteanna a bhain leis an gcomhionannas agus leis an neamh-idirdhealú, agus a úsáidí atá siad sin á chur i bhfáth acu. Chomh maith leis sin, chuir siad spéis i roinnt dúshlán amhail, mar shampla, i réimse an lánpháirtithe d’imircigh.

Mhalartaigh ionadaithe ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta barúlacha maidir leis an **tsaoirse comhlachais agus comhthionóil**, ach tharraing siad aird Ghrúpa FRRL, freisin, ar an gceist lárnach a bhí ann maidir le rannpháirtíocht ESSanna sa saol poiblí. I gcomhthéacs inar mhó sa mhó a bhí stiogmaí i gcoinne ESSanna nó inar caitheadh tuilleadh amhrais orthu mar fhreasúraí polaitiúla, go háirithe iad siúd a d’oibrigh ar shaincheisteanna íogaire, d’fhéach siad lena ról mar ghníomhaithe bunriachtanacha idirghabhála idir stát agus sochaí a athdhearbhú. Dá bhrí sin, d’iarr siad go ndéanfaí sásraí a neartú d’fhonn ról a thabhairt dóibh sa chinnteoireacht. Ba mhó an gá a bhí leis sin fós i bhfianaise an tionchair thromchúisigh a bhí ag COVID-19 ar an spás sibhialta, agus, go háirithe, ar an ról faire a bhí ag ESSanna agus ar a ngníomhaíochtaí for-rochtana poiblí. I ngach tír ar tugadh cuairt uirthi, fiú iad siúd a raibh cistiú ard poiblí iontu, tháinig an cheist ríthábhachtach maidir le rochtain ar chistiú chun cinn mar phríomhábhar imní d’ionadaithe ESSanna.

I gcoitinne, bhí ionadaithe ó ESSanna agus gairmithe sna meáin ar aon tuairim go raibh cosaint mhaith dlí **don tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus do shaoirse na meán** sna tíortha ar tugadh cuairt orthu, ach, mar sin féin, thug siad roinnt dúshlán i mórán réimsí chun léire. Bhí athrú ag teacht ar an tsamhail eacnamaíoch iriseoireachta, i bhfianaise dhigiteáil agus chomhchruinniú na meán, rud a chuir brú, ní hamháin ar iolrachas na meán, ach, freisin, ar stádas eacnamaíoch agus sóisialta na n-iriseoirí. B’fhorbhásaí ná riamh an timpeallacht oibre a bhí ann do na hiriseoirí sin, agus b’in anuas ar bhraistint na mímhuiníne ina leith a bhí, in amanna, chomh dona leis an naimhdeas féin nó a chuir tús le fuath a dhíriú ar iriseoirí aonair. Bíonn leochaileacht den sórt sin a bhaineann le struchtúr agus gníomhaithe na meán fabhrach don bhréagaisnéis agus don tionchar. Cé gur rud ón am atá caite í an ghlanchinsireacht i gcoitinne, bhí méadú ag teacht ar an bhféinchinsireacht. In ainneoin a dhúshlánaí a bhí an comhthéacs, áfach, níor scéal fada ar an anró é; bhí réitigh ag na rannpháirtithe ó na seisiúin maidir leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus saoirse na meán. I measc na réiteach sin, moladh

tacaíocht a thabhairt don iriseoireacht ardcháilíochta trí chistiú, trí chosaint leordhóthanach a chur ar fáil do shaothar na n-iriseoirí agus do chearta eile an duine, agus trí chreat cosanta lena n-áireofaí, mar shampla, faireachán níos fearr a dhéanamh ar chomhchruinniú na meán agus gníomhaíocht i gcoinne cásanna dlí straitéiseacha in aghaidh rannpháirtíocht phoiblí (SLAPPanna).

Is cinnte gurbh é sna seisiúin maidir leis an **gceart chun neamh-idirdhealú** a chuala Grúpa FRRL ó ESSanna a bhí de chineál ab éagsúla óna chéile, agus, mar thoradh air sin, ba ghnách plé ginearálta a bheith ann maidir le treochtaí ó thaobh an idirdhealaithe de, chomh maith le plé ar na barúlacha sonracha a bhain le grúpaí amhail imircigh, daoine ar de bhunadh mionlaigh eitneacha nó reiligiúnacha iad, mná, daoine LGBTIQ nó daoine faoi mhíchumas. Gné nua a tugadh faoi deara sa tsraith cuairteanna seo ba ea teacht chun cinn idirdhealaithe atá bunaithe ar an ngné shóisialta (agus go háirithe ar aois), i gcomhthéacs ina raibh géarchéim COVID-19 níos deacra ar ghrúpaí nach bhfuil chomh comhtháite céanna sa saol socheacnamaíoch agus a bhí grúpaí eile. Ba éard a tháinig as an bplé sin creideamh láidir nárbh ábhar amháin i measc ábhair eile é an comhrac i gcoinne an idirdhealaithe, ach gur phríomhfhachtóir é maidir le todhchaí ár sochaithe a chinneadh. Cé go raibh creataí dlíthiúla agus institiúidí i ngach tír ar tugadh cuairt orthu chun oibriú ar an idirdhealú, d'iarr na rannpháirtithe, i gcoitinne, go ndéanfaí tuilleadh iarrachtaí maidir le cur chun feidhme na reachtaíochta, go háirithe i réimsí amhail faireachán, bailiú sonraí, agus rochtain ar leigheas d'íospartaigh idirdhealaithe. Cosúil lenar iarr ionadaithe eile ó ESSanna sna seisiúin maidir leis an tsaoirse comhlachais agus comhthionóil, sna seisiúin seo, d'iarr na rannpháirtithe, i gcoitinne, go gcuirfear tuilleadh cistithe ar fáil don tsochaí shibhialta, i gcomhthéacs ina raibh cathú ar na húdaráis uaireanta srian a chur leis an gcistiú poiblí a chuirfí ar fáil do mhionlaigh áirithe. Ba éard a léirigh an treocht sin – agus is cinnte gurbh í sin an treocht ba mhó a chonacthas sna seisiúin ar fad – go raibh méadú ag teacht, go ginearálta, ar an mímhuinín agus ar an bhfuathchaint i gcoinne na mionlach. Is léir, ón méid sin, go raibh mór-iarrachtaí comhchoiteanna ag teastáil chun an comhionannas a áirithiú i ndáiríre do gach uile dhuine i ngach cuid den tsochaí, beag beann ar chúlra.

Sna seisiúin maidir leis an **smacht reachta** le ESSanna agus cleachtóirí dlí, pléadh réimse cásanna a bhí an-éagsúil óna chéile. Ar an mbonn sin, ba bhréag a rá gur thángthas ar chonclúidí comhchoiteanna sna seisiúin sin. I roinnt tíortha ar tugadh cuairt orthu, bhí córais dhaingne srianta agus ceartúchán á gcur chun feidhme go maith acu, ach, fós féin, bhí dúshláin ar leibhéil éagsúla i ngach ceann de na tíortha. Ábhar amháin a tháinig chun cinn, go háirithe, ba ea scaradh na gcumhachtaí, rud a léirigh a thábhachtaí a bhí iarrachtaí leanúnacha chun neamhspleáchas na mbreithiúna a chaomhnú. Mar sin féin, ardaíodh ceisteanna, freisin, maidir le héifeachtúlacht an cheartais, agus, go suntasach, maidir le luas an cheartais agus rochtain ar leigheasanna dlí do chách. Ós rud é gurb í seo an chéad sraith cuairteanna a bhí ann ó thús ghéarchéim COVID-19, deis a bhí inti chun tuairimí a fháil ó ESSanna agus cleachtóirí dlí maidir leis an tionchar a bhí ag na cinntí práinneacha urghnácha a rinneadh le linn na géarchéime. Cé go raibh leibhéal maith athléimneachta, ar an iomlán, le sonrú i gcórais dhaonlathacha na dtíortha ar tugadh cuairt orthu, ba léire ná riamh an gá a bhí le coimircí agus córais éifeachtacha srianta agus ceartúchán, lena n-áirítear an ról faire atá ag an tsochaí shibhialta.

Tríd an léargas foriomlán seo, atá bunaithe ar ar chuala Grúpa FRRL ó ionadaithe na sochaí sibhialta le linn na gcuairteanna tíre, faightear spléachadh ar na treochtaí atá laistigh den Aontas Eorpach. D'fhéadfaí a fhiafraí, agus bheadh bonn leis an gceist, 'Cad é an nasc atá idir an Danmhairg, an Ghearmáin, Éire, Poblacht na Seice, an Spáinn, an Chipir agus an Liotuáin, agus, cén fáth a ndearnadh

iad a phlé le chéile in aon tuarascáil amháin?'. Tá freagra simplí ar an gceist: 'Is baill iad go léir den Aontas Eorpach seo againn agus tá siad tiomanta do luachanna bunaidh an Aontais, mar a shainmhínítear in Airteagal 2 den Chonradh iad, a chosaint agus a chur chun feidhme'. Is leor sin leis féin chun iad a mheas le chéile i dtuarascáil maidir leis na treochtaí atá ann ó thaobh na gceart bunúsach agus an smachta reachta de, faoi mar a fheictear don tsochaí shibhialta iad.

Go deimhin, leis na géarchéimeanna a thit amach le déanaí agus an fhreagairt shuntasach ón Aontas, neartaíodh an smaoineamh go raibh cinniúintí áitritheoirí mhór-roinn na hEorpa fite fuaite ina chéile. Faoi mar a dhírigh gníomhaithe Eorpacha níos mó ar fhorbairtí i réimse na gceart bunúsach agus réimse an smachta reachta, ba léire go bhféadadh forbairtí i mBallstát eile, nó fiú ar an taobh eile den mhór-roinn, difear a dhéanamh do chearta áitritheora nó gníomhaithe eacnamaíocha i mBallstát i dTuaisceart, i nDeisceart, in Iarthar, in Oirthear nó i Lár an Aontais. B'fheasach d'ionadaithe na sochaí sibhialta ar an leibhéal náisiúnta an méid sin agus, i gcoitinne, bhí freagairt láidir ón Aontas á hiarraidh acu, i dtéarmaí creataí ardcháilíochta don spás sibhialta, don chistiú, don tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus do shaoirse na meán (SLAPPanna agus an gá le haghaidh a thabhairt ar an bhfuathchaint san áireamh), don idirdhealú, agus eile. Ó thaobh na sochaithe sibhialta náisiúnta de, bhí freagairt láidir ón Aontas do na dúshláin a bhain leis na cearta bunúsacha agus an smacht reachta ag teastáil chun tacú le ról faire na n-eagraíochtaí sin agus chun na húdaráis a spreagadh le caighdeáin a ardú.

Agus é suite den ghá agus den luach breise a bhainfidh i gcónaí le cluas a thabhairt don tsochaí shibhialta agus na tuairimí dá cuid a chomhroinnt i ngach Ballstát, leanfaidh Grúpa FRRL air agus tabharfaidh sé cuairt ar na trí thír déag atá fágtha chun tuairisc a dhéanamh orthu trí na tuarascálacha ar na cuairteanna tíre agus trí dhá thuarascáil sintéise eile.

An Grúpa um Chearta Bunúsacha agus an Smacht Reachta, CESE

Cristian Pîrvulescu, Cathaoirleach
Helena De Felipe-Lehtonen, Leas-Chathaoirleach
Ozlem Yildirim, Leas-Chathaoirleach

**Tuarascáil maidir leis an gcuairt fhíorúil ar an Danmhairg**
**21-22 Nollaig 2020**

Ghlac seisear comhaltaí páirt sa chuairt tíre fhíorúil ar an Danmhairg. Bhuail an toscaireacht le roinnt ionadaithe ón tsochaí shibhialta, go háirithe eagraíochtaí na sochaí sibhialta (ESSanna), le comhpháirtithe sóisialta agus leis na meáin ar lámh amháin, agus le húdaráis na Danmhairge ar an lámh eile. Is é is aidhm don tuarascáil seo tuairimí na sochaí sibhialta a léiriú agus a aithris go cruinn.

## 1. Cearta bunúsacha a bhaineann leis na comhpháirtithe sóisialta

D'aontaigh na rannpháirtithe go raibh **samhail shóisialta na Danmhairge** láidir agus dea-fheidhmiúil. Faoin tsamhail sin, ba iad na comhpháirtithe sóisialta a chinn na comhaontuithe comhchoiteanna, ar mhinic iad ina mbonn le comhaontuithe trípháirteacha, comhaontuithe a ndearnadh dlí díobh ina dhiaidh sin. Bhí réimse leathan cómhargála ann, agus ionadaíocht mhaith ag na ceardchumainn, cé go bhféadfadh dlús na hionadaíochta a bheith éagsúil ó earnáil go hearnáil. Ar an iomlán, measadh go raibh an t-idirphlé sóisialta éifeachtúil maidir le héachtaí sóisialta amhail leibhéil tuarastail a chosaint.

Luaigh na rannpháirtithe nach gcuireann na húdaráis isteach ar an idirphlé sóisialta de ghnáth agus go bhfuil sé éasca teagmháil a dhéanamh leis na haireachtaí, ar bhonn foirmiúil agus neamhfhoirmiúil araon. Measadh gur oibrigh an rialtas go héifeachtúil chun ról a thabhairt do na comhpháirtithe sóisialta maidir le **géarchéim COVID-19**, agus gur spreag an méid sin comhaontuithe trípháirteacha chun tabhairt faoin ngéarchéim. D'admhaigh na fostóirí go raibh cúrsaí gnó thíos leis an ngéarchéim agus gur cuireadh scéimeanna cúitimh ar bun, agus chuir siad in iúl freisin nach raibh sé i gceist ag gnólachtaí a bheith ag brath ar mhaoiniú poiblí tar éis na géarchéime.

Ba dhíol imní ar leith iad comhionannas pá agus cóir chomhionann, go háirithe i gcás oibrithe ón Aontas Eorpach **nach oibrithe Danmhargacha** iad. Dhírigh rannpháirtí amháin ar an dumpáil shóisialta agus ar obair neamhdhearbhaithe in earnálacha amhail earnáil na tógála, na talmhaíochta agus na n-óstán. Chuir ionadaí ceardchumainn amháin in iúl go raibh staid na n-oibrithe eachtracha thar a bheith casta i gcásanna ina raibh dlús íseal comhaontuithe comhchoiteanna, dlús íseal cuideachtaí, agus ina raibh na hoibrithe ar bheagán eolais faoi shamhail na Danmhairge. Measadh gur réimse dúshlánach eile í an obair ardáin. Mheas na rannpháirtithe gur meascán den rialáil, den idirphlé agus de fhreagracht na gcomhpháirtithe sóisialta a bhí ag teastáil chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin. Ina theannta sin, luaigh rannpháirtí amháin ordú feidhmiúcháin an rialtais chun ciondíothú a dhéanamh ar mhinceanna mar chuid den fhreagairt ar COVID-19. D'ardaigh sé sin saincheisteanna d'fheirmeoirí ach bhí siad lánchinnte go dtiocfaí ar réitigh chuí agus go n-íocfaí cúiteamh.

## 2. Saoirse comhlachais agus comhthionóil

D'aontaigh ionadaithe na ESSanna go raibh **timpeallacht** mhaith ann do ESSanna sa Danmhairg tríd is tríd. Bhí roinnt mhaith daoine sa Danmhairg a ghlac páirt i ngníomhaíochtaí na sochaí sibhialta, cé go raibh treocht ann ina raibh níos mó de na gníomhaíochtaí sin ag tarlú lasmuigh de chreataí tipiciúla

ESSanna. Luaigh rannpháirtí go bhféadfadh sé sin a bheith achrannach mar gur nós le grúpaí neamhfhoirmiúla gan díriú ar luachanna daonlathacha an oiread sin.

Maidir leis na srianta ar an tsaoirse comhlachais agus comhthionóil a bhain le **COVID-19,** luaigh rannpháirtithe na ESSanna agus údaráis na Danmhairge nár sháraigh siad teorainneacha an bhunreachta agus go raibh siad comhréireach leis an mbunreacht. Rinneadh foráil maidir le heisceachtaí ó na srianta sin, i gcás cruinnithe polaitiúla nó cruinnithe tábhachtacha eile, mar shampla. In ainneoin leibhéal maith cosanta don tsaoirse chomhthionóil i gcoitinne, luaigh rannpháirtí amháin na srianta míbhunreachtúla a forchuireadh ar léirsitheoirí ar son na Tibéide le linn chuairt oifigiúil na Síne cúpla bliain ó shin, agus go raibh imscrúduithe fós ar siúl.

D’aontaigh na rannpháirtithe go raibh sé éasca i gcoitinne do ESSanna clárú agus rochtain a fháil ar **chistiú**. Tá leibhéal ard cistiúcháin phoiblí ann, agus méideanna á gcur ar fáil tríd an gciste crannchuir náisiúnta a théann thar na cinntí polaitiúla gearrthéarmacha. Cuireadh imní áirithe in iúl maidir leis an laghdú a d’fhéadfadh teacht ar an gcistiú atá ar fáil do ESSanna tar éis ghéarchéim COVID-19. Luaigh ionadaí amháin go bhféadfaí na ESSanna a áireamh níos fearr sa chaibidlíocht ar Chreat Airgeadais Ilbhliantúil an Aontais agus an phlean téarnaimh tar éis COVID-19, agus d’áitigh ionadaí eile nár mhór cistiú níos fearr a chur ar fáil do ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an daonlathas a chur chun cinn. Mhínigh údaráis na Danmhairge go raibh cistiú poiblí ar fáil i gcónaí bunaithe ar sholáthairtí poiblí atá trédhearcach agus iomaíoch agus go raibh na ESSanna ina bpríomh-chomhpháirtithe i mbeartais, amhail beartais a bhaineann leis an gcomhionannas inscne.

Chuir rannpháirtithe na ESSanna a n-anailís ar fáil ar réimsí níos conspóidí amhail an dréacht-dlí maidir le **Slándáil do gach Danmhargach**' ('*Tryghed for alle danskere*'), a d’fhéadfaí a ghlacadh faoi lár 2021. Thabharfadh an dlí sin deis do na húdaráis daoine a thoirmeasc ó limistéir shonracha bunaithe ar ‘iompraíocht agus cuma a chruthaíonn neamhshláine i spásanna poiblí’, coincheap ar deacair é a shainiú. Chuir rannpháirtithe an sheisiúin maidir leis an gceart ‘chun neamh-idirdhealú’ i bhfios freisin go bhféadfadh tionchar díréireach a bheith ag an mbille sin ar dhaoine ó mhionlaigh eitneacha. Dúirt údaráis na Danmhairge go raibh sé d’aidhm ag an mbille aghaidh a thabhairt ar bhraistintí neamhshláine i limistéir áirithe a mbíonn ceannas ag grúpaí daoine óga orthu, agus gur bhain toirmeasc ginearálta leis na daoine uile sa limistéar i gceist. Dá bhrí sin, measadh nár idirdhealú a bhí ann.

Luaigh rannpháirtí amháin na rioscaí a bhaineann le cearta príobháideachais agus saoirse comhthionóil a bhí le tuiscint as **reachtaíocht frithsceimhlitheoireachta na Danmhairge** mar gheall ar ráthaíochtaí próise cuí i dtaobh forálacha dochuimsithe a fhágann go bhfuil lamháil leathan léirmhínithe ag na póilíní. Moladh athbhreithniú a dhéanamh ar reachtaíocht Frithsceimhlitheoireachta na Danmhairge ina hiomláine agus ar chur chun feidhme na reachtaíochta sin, agus a áirithiú go bhféadfaí athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh ar an uile ghné di. Ardaíodh an t-ábhar sin sna seisiúin ina dhiaidh sin freisin.

Bhí ionadaithe sa seisiún sin agus sna seisiúin ina dhiaidh a léirigh a n-ábhair imní maidir leis an meath atá ag teacht ar an **ton daonlathach** sa Danmhairg. Dúradh go raibh na díospóireachtaí níos déine agus níos polaraithe agus go raibh laghdú leanúnach ag teacht ar an iarracht chun dearcthaí daoine eile a thuiscint. Measadh nach mór níos mó a dhéanamh chun cultúr na díospóireachta a chur chun cinn tríd an oideachas. Mhínigh rannpháirtí amháin, in ainneoin ardleibhéal muiníne na sochaí i gcoitinne sa daonlathas, go raibh an leibhéal muiníne níos ísle i measc na ndaoine óga agus na mionlach.

Mheas rannpháirtí amháin gur cheist achrannach a bhí sa **neamhscaradh idir an Stát agus an Eaglais**, ar neamhscaradh é a chumhdaítear i mBunreacht na Danmhairge. Shíl an rannpháirtí sin gur rómhinic a mheastar go bhfuil aon cháineadh ar an staid sin ina ionsaí, in ionad glacadh leis an gcáineadh mar bhonn do dhíospóireacht leathan faoi conas sochaí na Danmhairge a dhéanamh níos oscailte i leith dearcthaí éagsúla.

## 3. Saoirse chun tuairimí a nochtadh agus saoirse na meán

Maidir leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh sa Danmhairg, d'aontaigh na rannpháirtithe go raibh sí sásúil **tríd is tríd**, ach luaigh siad roinnt samplaí freisin ar léiriú iad ar dhúshláin thromchúiseacha sa réimse sin. Amhail sna seisiúin roimhe seo, mheas siad go raibh níos mó teannais ag baint leis an díospóireacht phoiblí ná mar a bhí roimhe seo, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an díospóireacht ar líne. Tá eagla ar dhaoine roimh bhearta díoltais as labhairt faoi ábhair áirithe i réimsí ar leith. Mar shampla, imrítear tionchar ar an tsaoirse acadúil i ngeall ar chur i gcoinne ó roinnt mac léinn a mheasann go bhfuil teagaisc áirithe maslach.

Cé gur aisghaireadh dlí na **blaisféime** in 2017, tá tionchar 'chás an characatúir' fós le brath agus tá féinchinsireacht agus polarú dioscúrsaí ar líne mar thoradh air. Ar an lámh eile, luaigh rannpháirtí amháin go gcaitheann reachtaíocht na Danmhairge le hóráidí poiblí ar bhealach difriúil ag brath ar cé acu i gcomhthéacs reiligiúnach nó eile a dhéantar iad. Rinne rannpháirtí eile an dúshlán a achoimriú, á rá gur bhain sé le cosaint a dhéanamh ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus cearta na mionlach a chosaint ag an am céanna.

Pléadh Reachtaíocht **Frithsceimhlitheoireachta** na Danmhairge sa seisiún sin freisin. Fuarthas gur ceist achrannach í sa mhéid go bhféadfadh an reachtaíocht sin éascaíocht a dhéanamh ar bhlocáil suíomhanna gréasáin ar bhonn práinne agus sárú a dhéanamh ar chearta iriseoirí a bhfoinsí a chosaint. Ar bhonn níos ginearálta, mhínigh rannpháirtí amháin go bhféadfadh cur chun feidhme míchothrom a bheith mar thoradh ar fhorálacha a bhfuil foclaíocht ghinearálta leo agus gur cheart athmheasúnú a dhéanamh ar an réimse dlí sin i gcoinne cearta bunúsacha chun cothromaíocht níos fearr a bhaint amach maidir le gnéithe comhréireachta agus éifeachtúlachta na srianta agus maidir lena riachtanaí atá siad.

Chuir rannpháirtí eile in iúl gur éifeacht athchomhairleach ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar ghníomhaíocht phoiblí chun dul i ngleic leis an **mbréagaisnéis**. Tagraíodh do leathnú a rinneadh ar an reachtaíocht maidir le spiaireacht le déanaí d'fhonn cúnamh

chun dul i bhfeidhm ar oibríochtaí ó chumhachtaí eachtracha a chumhdach inti. Measadh go raibh sainmhíniú ródhoiléir ar ghníomhartha den sórt sin ina riosca maidir leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh. Mhínigh údaráis na Danmhairge go raibh siad ag glacadh go han-dáiríre le saincheist na bréagaisnéise d'aon ghnó, agus idirdhealú á dhéanamh acu idir sin agus an mhífhaisnéis neamhdheonach. Rinne tascfhórsa idir-rialtasach bréaginsintí a rianú chun scaipeadh bréagaisnéise gníomhaithe stáit i dtreo na Danmhairge a bhrath agus cur i gcoinne na mbréaginsintí sin sa chás gurbh ann dóibh. Ó thús ghéarchéim COVID-19, leagadh béim ar leith ar an scagadh laistigh den tascfhórsa idir-rialtasach, chun féachaint an raibh stáit eachtracha ag baint leas as an ngéarchéim mar dheis chun feachtais bhréagaisnéise a sheoladh agus iad a dhíriú ar an Danmhairg. Ní fhaca údaráis na Danmhairge fianaise shoiléir ar fheachtais stáit den sórt sin a bhí á ndíriú ar an Danmhairg.

Bhí rannpháirtí amháin a mheas go bhféadfaí cosaint níos fearr a thabhairt do **sceithirí** san earnáil phoiblí agus gnó. Luadh ceist níos ginearálta maidir le ceart na seirbhíseach poiblí leas a bhaint as a saoirse chun tuairimí a nochtadh chun a bhfostóirí a cháineadh, agus tagraíodh don chás a bhí ann le déanaí inar tugadh rabhadh d'fhostaithe iarnróid phoiblí a rinne a ndálaí oibre a cháineadh go poiblí. Dúirt údaráis na Danmhairge go raibh siad i mbun Treoir AE maidir le cosaint do lucht sceite eolais a chur chun feidhme, agus go raibh sé beartaithe dlí a phlé sa Pharlaimint in earrach 2021. Ordaíodh do na haireachtaí uile cheana féin bealaí don sceithireacht a bhunú laistigh dá struchtúir.

Mheas na rannpháirtithe go raibh creat stóinseach ag an Danmhairg chun saoirsí **na meán** a chosaint agus gur beag an cur isteach a dhéanann an Stát orthu. Tá duine amháin (eagarthóir nó iriseoir) ar a laghad freagrach as an ábhar i ngach meán ar leith, rud a éascaíonn éilimh sna Cúirteanna agus os comhair Chomhairle an Phreasa. Luadh gurbh fhiú faireachán a dhéanamh ar an treocht i dtreo chomhchruinniú úinéireacht na meán, go háirithe ar an leibhéal áitiúil, cé nár measadh gur cás achrannach atá ann. Cé gur measadh nár fhéach na húdaráis le húsáid a bhaint as staid COVID-19 chun srian a chur leis na meáin nó tionchar a imirt orthu, tugadh faoi deara go bhféadfadh formáid níos oscailte a bheith ag baint le malartuithe idir iriseoirí agus ionadaithe rialtais sa chomhthéacs sin.

Maidir le cistiú poiblí na meán, luaigh rannpháirtithe gur tacaíocht thábhachtach atá ann d'**iriseoireacht ar ardchaighdeán** agus d'iolrachas na meán, go háirithe na meáin áitiúla agus níos lú a bhraitheann ar an dá ghné sin. Dheimhnigh údaráis na Danmhairge go raibh iolrachas agus neamhspleáchas na meán ina dtosaíocht agus gur ghníomhaigh siad chun tacú le meáin seirbhíse poiblí stóinseacha agus le hearnálacha príobháideacha stóinseacha sa phreas scríofa agus sa phreas digiteach araon, agus go raibh rún acu a gcabhair a dhíriú níos mó fós ar na meáin réigiúnacha.

Bhí roinnt mhaith rannpháirtithe den tuairim go raibh Airteagal 24 den **Dlí um Shaoráil Faisnéise** achrannach toisc gur chuir sé srian leis an rochtain ar dhoiciméid i réimse na hoibre rialtais. Maidir leis an bpointe sonrach sin, chuir údaráis na Danmhairge a dtuairimí in iúl, á rá gur cothromaíocht a bhí á baint amach leis an bhforáil i ndáiríre, cothromaíocht idir riachtanas trédhearcachta leas an phobail agus a riachtanaí atá sé do rialtas a bheith in ann a mhachnamh ar shaincheisteanna tábhachtacha a chosaint. Chuir siad in iúl gur thacaigh speictream leathan polaitiúil leis an dlí, agus

thagair siad freisin don phlé ar choigeartuithe a rinneadh le déanaí, cé nár thángthas ar chomhréiteach orthu, áfach.

## 4. An ceart chun neamh-idirdhealú

Thagair na rannpháirtithe don **athrú paraidíme** i mbeartas na Danmhairge i leith na n-imirceach le blianta beaga anuas. Mhínigh siad gur dhírigh an cur chuige a bhí ann roimhe seo ar iarrthóirí tearmainn a lánpháirtiú, ach go raibh an cur chuige reatha dírithe ar iad a chur ar ais chuig a dtíortha tionscnaimh ar deireadh thiar. Mar léiriú ar an gcur chuige reatha, luaigh na rannpháirtithe na deacrachtaí méadaitheacha atá ann do dhídeanaithe chun cearta gaolmhara a fheidhmiú, cearta amhail athaontú teaghlaigh nó cead cónaithe a choinneáil. Mar shampla, luaigh siad 'dlí an tseodra', mar a thugtar air, a bhaineann le sócmhainní iarrthóirí tearmainn a choigistiú agus iad ag teacht isteach sa tír.

Léiríodh go raibh cúrsaí sna **campaí** ina bhfuil na dídeanaithe atá le díbirt an-dian freisin, agus go raibh srianta gan údar agus díréireacha á bhforchur. Chuir roinnt rannpháirtithe in iúl go raibh tuarascáil ríthábhachtach ó Chomhairle na hEorpa ann maidir leis na campaí sin nach ndearna údaráis na Danmhairge a bhreithniú i gceart. D'admhaigh na rannpháirtithe sin gur ordaigh na húdaráis an t-athchóiriú ba lú ab fhéidir ar na campaí, ach ba thrua leo nár cheistigh siad a gcur chuige foriomlán a raibh i gceist leis iarrthóirí tearmainn ar diúltaíodh dóibh a choinneáil. Maidir le ceisteanna tearmainn agus imirce, dhearbhaigh údaráis na Danmhairge gur bunaíodh dréachtú a bpíosaí reachtaíochta go léir ar mheasúnú críochnúil ar chearta bunúsacha agus, dá bhrí sin, go raibh siad faoi chuimsiú Bhunreacht na Danmhairge agus dhlí na hEorpa agus an dlí idirnáisiúnta. Dúirt siad freisin go raibh tacaíocht leathan pholaitiúil i measc na bhfórsaí parlaiminteacha don tsraith reachtaíochta sin agus gur fhreagairt a bhí inti ar éilimh ón tsochaí.

Chuir ionadaithe na ESSanna ábhar gaolmhar in iúl arbh ábhar mór imní é, i.e. an t-idirdhealú a bhí á fhulaingt ag baill de mhionlaigh eitneacha agus reiligiúnacha. Dar leo gurbh é **'dlí an gheiteo'** an léiriú ba shuntasaí ar staid a raibh daoine áirithe ag cur síos uirthi mar staid 'struchtúrach'. Mhínigh siad gur cuireadh critéir ar fáil sa dlí sin faoina bhféadfadh na húdaráis ceantar áirithe a dhearbhú mar 'geiteo'. Cé gur critéir oibiachtúla de réir cosúlachtaí iad, (a bhaineann le hioncam, ráta dífhostaíochta, leibhéil oideachais agus ciontuithe coiriúla, mar shampla), ní bhaineann siad *de facto* ach le ceantair ina bhfuil cónaí ar thromlach daoine de bhunadh tír nach tír san Iarthar í. Mhínigh na rannpháirtithe gurb é an t-idirdhealú idir 'de bhunadh tír san Iarthar' agus 'de bhunadh tír nach tír san Iarthar í' a bhí in úsáid i roinnt seirbhísí poiblí, amhail ionaid fostaíochta. Mhínigh siad freisin go bhfuil srianta idirdhealaitheacha á bhforchur ag an lipéad 'geiteo' ar chónaitheoirí na limistéar sin, rud a fhágann gur mó an seans go ngearrfar pionós níos déine orthu sa chás go ndéanfaidís coir. Bhraith siad gur bheag an seans go gcuirfear deiseanna maidir le fuascailt shóisialta ar fáil dóibh agus iad ina gcónaí i 'geiteo' agus, ina ionad sin, go raibh na háitritheoirí á stiogmatú agus go bhféadfaí díshealbhú éigeantach a dhéanamh orthu freisin. Rinne údaráis na Danmhairge 'dlí an gheiteo' a chur i gcomhthéacs mar fhreagairt oifigiúil ar an dúshlán a bhain leis an idirdheighilt a bhí ag dul i méid agus na 'sochaithe comhthreomhara' atá ag teacht chun cinn ó na 1990idí i leith. Dhearbhaigh siad nárbh ionann an dlí sin agus idirdhealú eitneach nó reiligiúnach agus go raibh sé comhréireach agus riachtanach.

Luaigh rannpháirtí amháin gur díríodh ar mhionlaigh i ndioscúrsaí poiblí agus ar líne i gcomhthéacs COVID-19. Cé go raibh ró-ionadaíocht ag na mionlaigh i bpoist túslíne, cuireadh i leith cuid díobh nach raibh siad freagrach go leor le linn na heipidéime. Chuir rannpháirtí eile in iúl gur mhol roinnt stát don Danmhairg san Athbhreithniú Tréimhsiúil Uilechoiteann (UPR) deireanach obair a dhéanamh ar **Phlean Gníomhaíochta maidir le Ciníochas agus Frithsheimíteachas**. Mheas an rannpháirtí sin go mbeadh sé tábhachtach go nglacfadh na húdaráis doiciméad cuimsitheach, lena gcumhdófaí na réimsí uile.

Rinne ionadaí amháin de chuid na ESSanna cur i láthair maidir le staid na **ndaoine faoi mhíchumas** sa Danmhairg, arb ionann iad agus suas leis an gcúigiú cuid den daonra. Mhínigh an rannpháirtí sin go raibh an tír ar gcúl maidir le haitheantas dlíthiúil do 'cóiríocht réasúnach' le haghaidh daoine faoi mhíchumas. A bhuí le ceann de na forbairtí dearfacha deireanacha a rinneadh, ní fhéadfadh scoileanna ná institiúidí rochtain idirdhealaitheach a chleachtadh a thuilleadh a chuirfeadh cosc ar dhaoine faoi mhíchumas dul isteach, bíodh is go bhféadfadh bialanna agus óstáin, mar shampla, déanamh amhlaidh fós. Ar na dúshláin eile a luadh bhí an fhadhb *de facto* a bhain leis an rochtain ar an gceartas a bhí níos deacra do dhaoine faoi mhíchumas i gcomparáid leis an gcuid eile den daonra, agus rochtain cheart iomlán ar an iompar poiblí a bheith easnamhach i gcónaí. Ar deireadh, bhí imní ar an rannpháirtí go raibh bearna fostaíochta mhór idir daoine faoi mhíchumas agus an pobal i gcoitinne, agus go raibh méadú ag teacht ar an mbearna oideachais.

D'aithin ionadaí amháin de chuid na ESSanna an dul chun cinn suntasach a rinneadh sa Danmhairg maidir le cearta **LGBTIQ** le fiche bliain anuas, go háirithe i réimsí na gceart chun pósadh agus chun uchtáil a dhéanamh, agus maidir leis an gceart dlíthiúil chun aitheantais inscne. Mar sin féin, chuir an rannpháirtí i bhfios freisin go raibh dúshláin ar leith ann a bhaineann le cúram sláinte do dhaoine trasghnéasacha, le cearta daoine idirghnéasacha (agus leis an tsaincheist maidir le cóireáil éigeantach ar leanaí), agus le staid na n-iarrthóirí tearmainn ar daoine LGBTIQ iad. Ba thrua leis an rannpháirtí gur dheacair leigheas a fháil ó Bhord na Danmhairge um Chóir Chomhionann maidir le hidirdhealú LGBTIQ lasmuigh den mhargadh fostaíochta (a mhéid a bhaineann leis an tithíocht, mar shampla).

## 5. An smacht reachta

Mheas na rannpháirtithe sa seisiún sin go raibh **staid** an smachta reachta sa Danmhairg go maith **tríd is tríd**, agus mheabhraigh siad go háirithe go raibh an tír sa chéad áit san Innéacs Domhanda maidir leis an Smacht Reachta. D'aontaigh na rannpháirtithe gur feiniméan an-teoranta iad an t-éilliú agus coinbhleachtaí leasa, cé nárbh ionann sin agus a rá nár cheart aird a thabhairt orthu. Measadh go raibh neamhspleáchas agus cáilíocht na mbreithiúna go maith agus nárbh ábhar imní ar leith é. Dúshlán a luadh ba ea an gá atá le rochtain níos fearr a áirithiú ar chúnamh dlíthiúil agus ar an gceartas i gcoitinne do bhaill de ghrúpaí imeallaithe.

Bhí imní ar rannpháirtí amháin, áfach, maidir le gné a cáilíodh mar **chúlchéimniú** mall ach seasta ar an smacht reachta le blianta beaga anuas. Cé gur measadh go raibh an córas parlaiminteach daingean, chuir an rannpháirtí sin in iúl go bhfuil méadú ag teacht i réimse na polaitíochta ar smaointe in aghaidh chearta an duine, i réimse an antoisceachais den chuid is mó, cé go mbíonn tionchar ag na smaointe sin ar an ngnáthpholaitíocht freisin. Luadh an méadú suntasach atá tagtha le déanaí ar an bhfuathchaint agus ar ionsaithe ar Mhoslamaigh agus ar Ghiúdaigh.

Chumhdaigh na rannpháirtithe na gnéithe **slándála** den smacht reachta. Pléadh an Bille maidir le 'Slándáil do gach Danmhargach' sa seisiún freisin agus b'fhacthas do dhaoine go bhféadfadh rioscaí le cur chun feidhme idirdhealaitheach a bheith ag baint leis mar gheall ar an gcoincheapú doiléir a dhéantar ann maidir leis an méid atá i gceist le 'neamhshláine a chruthú i spásanna poiblí'. Luaigh na rannpháirtithe go raibh treocht ann freisin maidir leis an bhfaireachas a leathnú sa réimse poiblí agus maidir le coinneáil sonraí a thagann salach ar chaighdeáin na hEorpa. Luaigh rannpháirtí amháin freisin go raibh easpa maoirseachta ar na seirbhísí faisnéise, rud a d'fhéadfadh baint a bheith aige le sonraí shaoránaigh na Danmhairge a bheith á n-aistriú chuig seirbhísí eachtracha.

Mhínigh na rannpháirtithe, cé gur foráladh d'aistriú iomarcach cumhachta chuig an Aireacht Sláinte sa reachtaíocht bhunaidh a glacadh chun aghaidh a thabhairt ar eipidéim **COVID-19**, gur cuireadh tuairimí na ESSanna agus na hinstitiúide náisiúnta um chearta an duine san áireamh mar is cuí ag céim níos déanaí, agus a bhuí leis sin, go raibh an dara leagan den dlí i bhfad níos cothroime. Tharraing siad aird, áfach, ar chásanna de threoracha neamhdhleathacha a d'ordaigh na húdaráis. Bhain ceann díobh le staid COVID-19, a d'fhág go ndearnadh ciondíothú ar líon ollmhór minceanna sa tír gan bunús dlí leis. Bhain an sampla eile le cé acu ar eisigh an t-iarAire Inimirce agus Imeasctha ordú mídhleathach chun lánúineacha pósta nó lánúineacha a raibh comhchónaí orthu a scaradh óna chéile in ionaid tearmainn, i gcás inar mionaoiseach é nó í duine den bheirt, ordú nár soiléiríodh fós. Bhí iarmhairtí na ngníomhaíochtaí sin á bplé tráth na cuairte. Mheas na rannpháirtithe gur léirigh samplaí den sórt sin nach raibh an Danmhairg saor ó ábhair imní agus nár mhór a bheith san airdeall i gcónaí.

**Tuarascáil maidir leis an gcuairt tíre fhíorúil ar an nGearmáin**

**21-22 Aibreán 2021**

Ghlac seisear comhaltaí ó CESE páirt sa chuairt tíre fhíorúil ar an nGearmáin. Bhuail an toscaireacht le hionadaithe ón tsochaí shibhialta, eadhon eagraíochtaí na sochaí sibhialta (ESSanna), comhpháirtithe sóisialta agus na meáin ar lámh amháin, agus le húdaráis chónaidhme na Gearmáine chomh maith le húdaráis stáit chónaidhme na Sacsaine agus na Baváire ar an lámh eile. Is é is aidhm don tuarascáil seo tuairimí na sochaí sibhialta a léiriú agus a aithris go cruinn. Tabharfar tuairimí na n-údarás sa fhreagra uathu ar an tuarascáil.

## 1. Cearta bunúsacha a bhaineann leis na comhpháirtithe sóisialta

Maidir leis an **idirphlé sóisialta**, thug na rannpháirtithe le fios gur plé bríomhar a bhí ann; dúirt na húdaráis freisin go raibh an chómhargáil neamhspleách go hiomlán, ach thug na ceardchumainn le fios gur cheart béim níos mó a chur ar na buntáistí atá ag gcómhargáil. Léirigh staitisticí ó 2016 go raibh comhaontuithe cómhargála i bhfeidhm i mbreis is 50 % de na cuideachtaí (arb ionann agus thart ar 3/4 de na hoibrithe)[5]. Bhí laghdú ag teacht ar na figiúirí sin le blianta beaga anuas agus b'airde iad san earnáil phoiblí ná san earnáil phríobháideach. D'fhéadfadh na comhpháirtithe sóisialta cosaint dhlíthiúil a lorg, agus bhí na ceanglais dhlíthiúla céanna i bhfeidhm sna stáit chónaidhme uile. Chuir siad in iúl, áfach, ainneoin an creat dlíthiúil a bheith go maith, gur tugadh saincheisteanna achrannacha faoi deara ar an leibhéal praiticiúil, iad seo a leanas, mar shampla:

- bhí difríochtaí ann i gcónaí idir limistéir sa Ghearmáin Thoir agus sa Ghearmáin Thiar mar a bhíodh;
- is san iarthar a bhí an dlús is mó de na cuideachtaí móra;
- ní raibh ceardchumainn láidre sna cuideachtaí beaga;
- bhí an ráta dífhostaíochta níos airde san oirthear agus ní raibh fonn rómhór ar oibrithe dul sna ceardchumainn ansin, ar fhaitíos go gcuirfí a bpost i mbaol;
- bhí níos lú á thuilleamh i gcónaí ag oibrithe san oirthear ná san iarthar 30 bliain tar éis an athaontaithe, rud a bhí ina chúis, b'fhéidir, leis an méadú ar an míshástacht shóisialta agus pholaitiúil san oirthear, agus leis an méadú ar ghluaiseachtaí antoisceacha den eite dheis freisin, b'fhéidir;
- b'fhearr mar a bhíodh an comhionannas inscne, mar a léirítí sa phá é, sa sean-Ghearmáin Thoir.

Ar an iomlán, bhí laghdú tagtha ar bhallraíocht na gceardchumann ó bhí an t-athaontú ann.

Phléigh na rannpháirtithe na dúshláin a bhain le **paindéim COVID-19**. D'aontaigh siad go raibh an comhar idir na comhpháirtithe sóisialta go maith i gcónaí. Bhí sé iarrtha ag na comhpháirtithe sóisialta go ndéanfaí bearta a mhaolódh ar thionchar diúltach na géarchéime a chur chun feidhme,

5 https://ilostat.ilo.org/topics/collective-bargaining/

eadhon uaireanta oibre níos giorra, agus a bhuí leis na bearta sin ní raibh an drochthionchar céanna ag an bpaindéim ar mhargadh an tsaothair agus a d'fhéadfadh a bheith. San earnáil phoiblí, bhíothas in ann na hoibrithe sin arbh éigean dóibh aire a thabhairt dá leanaí nó do bhaill teaghlaigh níos sine mar thoradh ar bhearta COVID-19 a scaoileadh saor óna ndualgais ar bhonn sealadach. Mar sin féin, ní raibh na comhpháirtithe sóisialta rannpháirteach le linn chéadcheapadh na mbeart agus bhí staid éagsúil sna stáit chónaidhme éagsúla. Bhí rannpháirtí amháin ón tSacsain a thug dá aire go ndearnadh na teorainneacha le Poblacht na Seice agus leis an bPolainn a dhúnadh thar oíche gan aon chomhairliúchán a bheith déanta leis na comhpháirtithe sóisialta roimh ré, agus nach raibh fostaithe áirithe in ann dul ag obair dá dheasca sin.

Le linn **ghéarchéim imirce 2015-2016**, bhí na comhpháirtithe sóisialta thar a bheith glórach agus mhol na rannpháirtithe an comhar a bhí eatarthu maidir le bainistiú na géarchéime. Luaigh siad roinnt beart a cuireadh i bhfeidhm mar thoradh ar thionscnaimh uathu, amhail cúrsaí teanga agus gairmoiliúint do dhídeanaithe, chomh maith le tionscadail lenar éascaíodh lánpháirtiú dídeanaithe i margadh an tsaothair. Bhí mar thoradh air sin go bhfuair leath na ndídeanaithe fostaíocht, léiriú ar na dea-éifeachtaí a thagann as nuair a bhíonn na comhpháirtithe sóisialta rannpháirteach ó thús na géarchéime.

Labhair na comhpháirtithe sóisialta amach go neamhbhalbh agus iad ag cur i gcoinne gach cineáil **antoisceachais**. Rinne na ceardchumainn tionscadail a reáchtáil a bhí dírithe ar chabhrú le daoine gnéithe den antoisceachas a aithint ar mhaithe lena gcomhrac. Le linn na géarchéime imirce, is sochaí oscailte a bhí á cur chun cinn ag na ceardchumainn agus ghlac siad seasamh soiléir i gcoinne **idirdhealú** de chineál ar bith. I ndáil leis sin, luaigh na rannpháirtithe *Cairt Éagsúlachta* a raibh sé mar chuspóir aici féiniúlacht an uile dhuine aonair a chosaint, agus bhí breis cuideachtaí á síniú le himeacht ama. Bhí rannpháirtí amháin a luaigh gur cuireadh coiste parlaiminteach ar leith ar bun chun dul i ngleic le saincheisteanna amhail idirdhealú san ionad oibre i gcoinne mionlaigh leispiacha, aeracha, dhéghnéasacha, thrasinscneacha agus idirinscneacha agus mionlaigh reiligiúnacha. Bhí na comhpháirtithe sóisialta rannpháirteach i gceapadh na mbeart, ar bearta iad a fuair tacaíocht ón gcoiste parlaiminteach ábhartha.

## 2. Saoirse comhlachais agus comhthionóil

Tá an tsaoirse comhlachais agus an tsaoirse comhthionóil cumhdaithe i mBunreacht na Gearmáine. Mar sin féin, chuir na húdaráis i bhfios go láidir go bhféadfaí an dá shaoirse a theorannú le dlí.

Chuir na rannpháirtithe i bhfios go mbíodh díolúintí á ndeonú **d'eagraíochtaí neamhrialtasacha** faoin dlí cánach cónaidhme. I ndáil leis sin, ardaíodh ceist faoina pholaitiúla a d'fhéadfadh eagraíocht neamhrialtasach a bheith gan baint dá ***stádas carthanais***[6]. Maidir le heagraíochtaí neamhrialtasacha a labhair amach i gcoinne claontachtaí antoisceacha ar an eite fhíordheis, dhéantaí líomhaintí ina leith á rá go raibh siad rópholaitiúil, agus dhéantaí imscrúduithe ina dhiaidh sin. Cé gur mhinic gur líomhaintí gan bunús dlí a bhíodh iontu, ba dhíspreagadh iad do na heagraíochtaí neamhrialtasacha a bheith gníomhach agus chruthaídís atmaisféar corrach. I gcás ESS ar mhian leis iarratas a dhéanamh

6 Sa Ghearmáin, is sa dlí cánach amháin atá ábharthacht leis an téarma dlí 'carthanas'.

ar chláir rialtais, níor mhór é a bheith cláraithe mar charthanas[7]. I bhfómhar na bliana 2020, tionscnaíodh athruithe dlíthiúla ar an **dlí a bhaineann le carthanais** agus rinneadh liosta na n-úsáidí a d'fhéadfadh a bheith ag eagraíocht chun go ndeonófaí stádas carthanais di ina leith a leasú agus a leathnú. Cuireadh i bhfios go láidir go raibh stádas carthanais ríthábhachtach do líon mór eagraíochtaí. D'fhéadfaí an stádas sin a tharraingt siar go huathoibríoch dá dtiocfadh an eagraíocht chun a bheith ar liosta áirithe a bhí ag seirbhís faisnéise na Gearmáine agus bheadh sé fíordheacair é a fháil ar ais ansin. Bhí rannpháirtí amháin a thug le fios gur dhlí sriantach a bhí ann. Tugadh faoi deara nach raibh maoiniú tarrthála á fháil ag an tsochaí shibhialta ón stát chun maolú ar thionchar COVID-19 agus go bhféadfadh an méid sin, agus an dlí sriantach, dochar a dhéanamh d'eagraíochtaí áirithe. Bhí eagraíochtaí a ghníomhaigh mar fhorais faire i gcontúirt, go háirithe i gcás ina raibh faireachán ar bhearta COVID-19 ina chuid dá gcuid oibre. D'admhaigh roinnt eagraíochtaí go ndéanaidís féinchinsireacht ar an ábhar sin chun nach gcaillfidís a stádas carthanais.

Thairis sin, bhí rannpháirtí amháin a chuir in iúl nach raibh an oiread sin dul chun cinn déanta maidir le **trédhearcacht agus cuntasacht phoiblí ESSanna**; go raibh ESSanna ann nach ndéanadh a bhfoinsí cistiúcháin a nochtadh, rud a raibh an toradh air éileamh go mbeadh sé ina oibleagáid dhlíthiúil ar ESSanna é sin a dhéanamh. Cuireadh in iúl freisin nárbh ann d'aon chlár amháin i gcás ESSanna; bhí cláir éagsúla ann a raibh coinníollacha clárúcháin éagsúla ag baint leo, agus an léargas ginearálta ar eagraíochtaí na sochaí sibhialta ina ábhar mearbhaill dá thoradh sin.

Thug na rannpháirtithe dá n-aire nach raibh aon chomhlacht rialtais ann a raibh cúram na sochaí sibhialta air. Bhí siad den tuairim go raibh easpa tuisceana áirithe ann ar leibhéal an rialtais ar *raison d'être* na sochaí sibhialta agus a ról. Ba thrua le cuid díobh nach raibh foráil ar bith ann le heagraíochtaí na sochaí sibhialta a thabhairt faoi scáth na díospóireachta faoi chearta an duine, agus gur trua fós i gcoitinne gan mórán slí a bheith ann dóibh sa phróiseas cinnteoireachta polaitiúla. Léiríodh go soiléir a thábhachtaí agus a bhuntáistí a bhí sé an tsochaí shibhialta a dhéanamh rannpháirteach le linn ghéarchéim na ndídeanaithe in 2015-2016, nuair a bhí fíorthábhacht le ESSanna chun an staid a bhainistiú, go háirithe sa Ghearmáin.

Aontaíodh go ginearálta gur leor na cumhachtaí a bhí ag na **póilíní** chun an staid reatha a láimhseáil agus nár ghá cur leis na cumhachtaí sin. Bhí na húdaráis den tuairim nach raibh aon fhadhb struchtúrach ann ó thaobh na bpóilíní de, agus mhínigh siad gurbh iad na stáit chónaidhme ar leith sa Ghearmáin a bhí freagrach as na póilíní. Thug údaráis ón tSacsain tuairisc ar ghníomhaíochtaí múscailte feasachta faoi chearta mionlach, a bhí á n-eagrú le haghaidh oifigigh phóilíneachta faoi oiliúint. Thug rannpháirtithe ón tsochaí shibhialta dá n-aire gur ritheadh dlí póilíneachta sa Bhaváir in 2018 a bhí ina ábhar imní agus nach ndearnadh aon chomhairliúchán roimh ré leis an tsochaí shibhialta sa phróiseas dréachtaithe. Bhí sé leagtha síos i ndlí cónaidhme na Gearmáine, i gcás ina n-aithneofaí duine a bhí ag déanamh gníomh foréigin le linn agóide, nár mhór an duine aonair sin a bhaint as an agóid, gan an agóid féin a scaipeadh. Chuir rannpháirtí amháin i bhfios, áfach, go raibh ábhair imní ann maidir leis na hagóidí ar imill Chruinniú Mullaigh G-20 in Hamburg in 2017. Rinneadh daoine áirithe a choinneáil, daoine a ghlac páirt in agóidí ina ndearnadh gníomhartha foréigin, cé nach raibh siad féin rannpháirteach go díreach sna gníomhartha sin. (Chuir údaráis na

[7] Deonaítear stádas carthanais d'eagraíochtaí a shaothraíonn aidhmeanna a théann chun tairbhe don phobal, aidhmeanna daonchairdiúla, nó aidhmeanna reiligiúnacha.

Gearmáine i gcoinne na dtuairimí a bhí á gcur in iúl ag an rannpháirtí). Cuireadh in iúl nach raibh aon leanúnachas ann sa chaoi a roghnaíodh na póilíní cosaint a thabhairt d'agóidí áirithe ach gan cosaint a thabhairt d'agóidí eile: is cosúil go ndéantaí faireachán breise ar agóidí a bhíodh ar siúl ag an eite chlé seachas ar agóidí a bhíodh ag an eite dheis. Chuir rannpháirtí amháin in iúl gur chúis imní dó go bhféadfaí leas a bhaint as na hagóidí reatha i gcoinne bhearta COVID-19 chun srian a chur leis an tsaoirse comhthionóil amach anseo. Dúirt na húdaráis leis an toscaireacht go raibh a ndícheall á dhéanamh acu chun an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir an tsaoirse comhthionóil agus cosaint shláinte an phobail, laistigh de theorainneacha an dlí.

## 3. Saoirse chun tuairimí a nochtadh agus saoirse na meán

Mar phointe tosaigh, thagair na rannpháirtithe d'Innéacs Domhanda Shaoirse an Phreasa 2020[8] arna fhoilsiú ag Tuairisceoirí gan Teorainneacha i mí Aibreáin 2021. Bhí rátáil na Gearmáine tite siar dhá phointe agus d'athraigh an mheastóireacht i gcoitinne ó 'maith' go 'sásúil'. Is mar gheall ar líon níos airde ionsaithe ar iriseoirí, a tharlaíodh le linn agóidí den chuid is mó, a bhí an titim sin ann go príomha, seachas mar thoradh ar chur isteach breise ón stát. Thug na húdaráis dá n-aire, áfach, go raibh forálacha dlí maithe ann chun iriseoirí a chosaint agus gur cuireadh bearta breise i bhfeidhm chun an t-antoisceachas a chomhrac. D'aontaigh na rannpháirtithe go raibh reachtaíocht mhaith sa Ghearmáin maidir le **hiolrachas na meán**.

Ó 2015 i leith, i ndiaidh na géarchéime imirce, **mhéadaigh ar na dearcthaí diúltacha** ag gluaiseachtaí den eite dheis **i leith na meán**. I gcásanna áirithe, níor thug na póilíní an chosaint a bhí ag teastáil do na hiriseoirí agus, ar an ábhar sin, mhol ionadaithe na meán tionscnamh chun feasacht a mhúscailt faoin méadú a bhí tagtha ar na hionsaithe ar iriseoirí. Ar a shon sin, chuir na húdaráis i bhfios go láidir go raibh ardchaighdeáin á gcur i bhfeidhm ag an nGearmáin maidir le hiriseoirí a chosaint agus nach raibh gá le haon ghníomhaíocht láithreach. I staidéar ar a oiread difir a rinne an fhuathchaint d'iriseoirí léiríodh go ndearnadh ionsaí fisiciúil ar 16 % de na freagróirí, agus go bhfuair 16 % eile bagairtí faoina mbeatha a bheith i mbaol. As na cásanna sin, fuarthas gur spreagadh polaitiúil a bhí taobh thiar de 90 % díobh agus gurbh í an eite antoisceach ar dheis a rinne 80 % díobh[9]. Mar thoradh air sin, **mhéadaigh ar an gclaonadh i leith na féinchinsireachta** chun coimhlintí a sheachaint dá mb'fhéidir. Dheimhnigh roinnt iriseoirí go raibh topaicí nó imeachtaí áirithe á seachaint acu d'aon ghnó; san áireamh ansin bhí mórshiúlta faoi na bearta i gcoinne COVID-19 agus agóidí a bhí á n-eagrú ag an eite dheis. Maidir le **hiriseoirí de chine daite** agus **iriseoirí de bhunadh imirceach**, ba nós leo topaicí amhail ciníochas a sheachaint chun nach mbeadh fuathchaint ann. Saincheist eile a d'ardaigh na rannpháirtithe **an easpa cosanta le haghaidh ionadaithe ó na meáin eachtracha** a bhí ag obair sa Ghearmáin.

---

8 https://rsf.org/en/ranking

9 Staidéar arna fhoilsiú i mí na Bealtaine 2020 ag *Institut für interdisziplinäre Konflikt- und Gewaltforschung* in Ollscoil Bielefeld, https://pub.uni-bielefeld.de/download/2943243/2943245/Studie_Hass_und_Angriffe_auf_Medienschaffende.pdf

## 4. An ceart chun neamh-idirdhealú

Tá **dlí i gcoinne an idirdhealaithe** curtha i bhfeidhm sa Ghearmáin. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé a bheith deacair cúnamh dlí a lorg dóibh siúd a d'fhulaing **idirdhealú san ionad oibre** bunaithe ar a bhféiniúlacht, ní hamháin toisc gur dheacair an t-idirdhealú a chruthú ach freisin toisc go raibh leibhéil ísle feasachta ann maidir le cosaint dhlíthiúil i ndáil leis agus maidir le cearta chun cúitimh ina dhiaidh sin. Mar thoradh air sin, ba dheacair staitisticí a fháil maidir leis an líon daoine a d'fhulaing idirdhealú agus maidir leis an sciar de na daoine sin a d'fhéach le cúnamh dlí a fháil. Tugadh le fios, freisin, go raibh sé an-deacair dul chun dlí i gcoinne comhlachtaí stáit. Dúirt na rannpháirtithe gur tháinig méadú, idir 2019 agus 2020, ar líon na gcásanna den **idirdhealú a raibh bunús cine nó tionscnaimh** leis. I bhformhór na gcásanna, ba dhaoine de bhunadh na hÁise a d'fhulaing na hionsaithe sin.

Bhí go leor forbairtí dearfacha tugtha faoi deara ag an b**pobal LGBTIQ+** le fiche nó tríocha bliain anuas, lena n-áirítear ar leibhéal na reachtaíochta, cé nár mhór dlús a chur leis na hiarrachtaí chun feabhas a chur ar a lánpháirtíocht. In 2017, tugadh póstaí comhghnéis isteach. I gcás **lánúineacha leispiacha** ar saolaíodh leanbh do dhuine de na mná, ní raibh comhchearta tuismitheoireachta ag an mbean eile. Le déanaí, bhí an pobal á ionsaí ag gluaiseachtaí den eite dheis agus gluaiseachtaí pobalacha. Léiríodh i suirbhéanna, freisin, go raibh níos mó idirdhealaithe fós á dhéanamh ar **dhaoine trasghnéasacha** san ionad oibre ná ar dhaoine homaighnéasacha.

In 2017, mhol an tSacsain plean uaillmhianach i ndáil le cearta LGBTIQ+, ach níor cuireadh chun feidhme go hiomlán é; níor deonaíodh cúram sláinte mar shampla do dhaoine trasghnéasacha faoin bplean. Tuairiscíodh líon mór cásanna den idirdhealú sa tSacsain, ach níor leor mar a ghníomhaigh na póilíní ina leith. I mí Dheireadh Fómhair 2020, sádh lánúin aerach in Dresden; bhásaigh duine de na fir agus gortaíodh an fear eile go dona. Thóg sé tamall fada sular aithin na póilíní é sin mar choir fuatha. Ba í an Bhaváir an t-aon stát cónaidhme a bhí gan aon phlean gníomhaíochta chun dul i ngleic le homafóibe nó trasfóibe. Mhínigh údaráis na Baváire, áfach, maidir le hoifig a cuireadh ar bun i mí Eanáir 2021 chun daoine LGBTIQ+ a chosaint, gur chun íospartaigh coireanna i gcoinne an phobail sin a chosaint agus finnéithe na gcoireanna sin a chosaint freisin a bunaíodh í. D'iarr na rannpháirtithe go gcuirfí an Straitéis Eorpach um Chomhionannas LGBTIQ 2020-2025[10] chun feidhme agus chuir siad in iúl go raibh siad den tuairim go gcuirfeadh an straitéis sin feabhas mór ar an staid sa Ghearmáin.

Maidir le **daoine scothaosta**, bhí cuid de na geallsealbhóirí den tuairim gur mhinic nach raibh údar leis an teorainn aoise a bhí ag teastáil le haghaidh seirbhísí áirithe agus gur cur chuige ar bhonn aonair ba cheart a bheith ann, mar shampla i gcás árachas sláinte nó carr ar cíos. Mhínigh na húdaráis gur sonraí staidrimh as measúnú ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis an gcatagóir daoine sin a bhí in úsáid chun préimheanna árachais a chinneadh. Bhí idirdhealú á fhulaingt ag daoine scothaosta sa phróiseas earcaíochta agus b'iondúil go ndéantaí gearáin uathu a chaitheamh amach ar an mbonn gur gearáin a bhain le cúrsaí aoise iad. Bhíodh níos mó le híoc ar

10 https://ec.europa.eu/info/policies/justice-and-fundamental-rights/combatting-discrimination/lesbian-gay-bi-trans-and-intersex-equality/lgbtiq-equality-strategy-2020-2025_ga

árachas cuimsitheach gluaisteáin ag daoine a bhí os cionn 65 bliana d'aois. Ní fhéadfaí iasachtaí a thabhairt do dhaoine os cionn aoisteorainn áirithe. Cuireadh i bhfios go láidir go raibh an digitiú ag cruthú deacrachtaí do dhaoine scothaosta agus gur cheart, ar an ábhar sin, roghanna neamhdhigiteacha a bheith ar fáil i gcónaí chun a áirithiú go raibh an rochtain chéanna acu ar sheirbhísí, i gcás cúram sláinte go háirithe.

Ainneoin go raibh cónaí ar **na Sintígh agus na Romaigh** sa Ghearmáin le 600 bliain, ní raibh na cearta céanna acu fós agus a bhí ag Gearmánaigh eitneacha. Bhí idirdhealú á fhulaingt ag a gcuid leanaí sna scoileanna i gcónaí. Luadh, sa phlé a rinneadh sa Chomhairle Ghinearálta seachtain roimh chuairt tíre CESE ar an nGearmáin, gur admhaigh Státrúnaí Ghnóthaí an Aontais Eorpaigh sa Ghearmáin nár mhór don tír gníomhú láithreach mar thoradh ar an méadú ar an bhfrithghiofógachas agus ar an bhfrith-Sheimíteachas sa Ghearmáin.

Thuairiscigh ionadaithe na **mionlach teanga** go raibh ionsaithe á ndéanamh orthu ag gluaiseachtaí ón eite dheis agus gur fhulaing siad idirdhealú san ionad oibre. Sa tSacsain, críoch dhúchais na Sorbach, bhí cead comharthaí a scríobh i dteanga na Sorbach chomh maith leis an nGearmáinis.

Bhí tearcionadaíocht ar **mhná** in Bundestag na Gearmáine i gcónaí: ba mhná iad níos lú ná aon trian de na parlaiminteoirí[11]. Measadh gur 19 % an mheánbhearna sa phá feidearálach (2019)[12]. Bhí an bhearna phinsin níos suntasaí fós: ní raibh ach 59.6 % den phinsean a bhí á fháil ag a gcomhaoisigh fhireanna[13] á fháil ag mná a bhí 65+. Thuairiscigh eagraíochtaí a chosnaíonn cearta na mban cásanna ina raibh pósadh éigeantais á dhéanamh ag aois óg, chomh maith le ciorrú ball giniúna ban agus gáinneáil ar mhná. Bhí na saoráidí cúraim leanaí easnamhach i gcónaí, rud a d'fhág go bhfuil sé níos dúshlánaí máithreacha a bhfuil leanaí óga acu a lánpháirtiú i margadh an tsaothair. D'aontaigh na húdaráis go raibh cúraimí breise ann mar thoradh ar COVID-19, agus gur ar mhná a thitidís go hiondúil; bhí orthu a bheith ag obair ón mbaile agus scolaíocht bhaile a chur ar a bpáistí ag an am céanna, dhá rud ar dheacair iad a dhéanamh i dteannta a chéile go minic. Bhí imní ar rannpháirtí ESS amháin go bhféadfadh céim ar gcúl a bheith ann d'fhorbairtí dearfacha a baineadh amach i réimse an chomhionannais inscne roimh an bpaindéim.

## 5. An smacht reachta

Chuir na húdaráis chun suntais go ndéantaí dlíthe a eisiúint ar bhealach trédhearcach, cuntasach agus daonlathach agus go dtugtaí an-aird ar mheasúnuithe tionchair. Maidir le **neamhspleáchas na mbreithiúna**, níor mhór idirdhealú a dhéanamh idir na cúirteanna agus na breithiúna ar lámh

11 Bundestag na Gearmáine – na comhaltaí https://www.bundestag.de/en/members

12 Eurostat – https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Gender_pay_gap_statistics

13 An Aireacht Chónaidhme um Ghnóthaí Teaghlaigh, Seanóirí, Mná agus an Óige – *The Gender Pension Gap*, http://ec.europa.eu/social/BlobServlet?docId=8113&langId=en#:~:text=In%20Germany%20the%20Gender%20Pension,less%20individual%20pension%20than%20men

amháin, agus na hionchúisitheoirí ar an lámh eile. I gcás **cúirteanna agus breithiúna**, ba scéal cinnte a neamhspleáchas ach ba faoin aireacht ábhartha a bhí a struchtúr á rialú. I roinnt stát cónaidhme, b'iad na haireachtaí ábhartha amháin a dhéanadh breithiúna a roghnú agus a ainmniú agus a thugadh arduithe céime. Sa tSacsain agus sa Bhaváir, bhí an-teorainn le rannpháirtíocht na mbreithiúna sin a thoghtaí go hoscailte. A mhalairt ar fad, is státseirbhísigh san Aireacht Ceartais a bhí sna h**ionchúisitheoirí**. Ardaíodh ceisteanna maidir leis an teacht aniar sa chóras breithiúnach sa Ghearmáin; níor leor an luach saothair agus bheadh roinnt breithiúna ag dul ar scor sna deich mbliana amach romhainn. Ar deireadh, ba mhinice bagairtí á ndéanamh ar na breithiúna.

Mar fhocal scoir, bhí na rannpháirtithe ar aon fhocal faoi nach raibh **an t-éilliú** ina shaincheist mhór sa Ghearmáin.

Ghlac seisear comhaltaí páirt sa chuairt fhíorúil ar Éirinn. Bhuail an toscaireacht le roinnt ionadaithe ón tsochaí shibhialta, eadhon eagraíochtaí sochaí sibhialta (ESSanna), comhpháirtithe sóisialta agus na meáin ar lámh amháin, agus údaráis na hÉireann ar an lámh eile. Is é is príomhaidhm don tuarascáil seo tuairimí na sochaí sibhialta a léiriú agus a chur in iúl go cruinn.

## 6. Cearta bunúsacha a bhaineann leis na comhpháirtithe sóisialta

Mhínigh na rannpháirtithe gur thit **an t-idirphlé sóisialta** as a chéile in 2009 mar gheall ar an ngéarchéim airgeadais. Níor tosaíodh an comhairliúchán arís ach ar bhonn trialach in 2014, sular fhill Éire ar an Seimeastar Eorpach, agus in 2016 tráth a cruthaíodh an Fóram Eacnamaíoch Fostóirí is Lucht Saothair (FEFLS). Laistigh de chúpla mí ó thús na paindéime, socraíodh comhaontú maidir le prótacal um fhilleadh ar an obair trí chaibidlíocht laistigh de FEFLS. Theastaigh ó na comhpháirtithe sóisialta cur lena raibh bainte amach leis an idirphlé sóisialta athnuaite leathnaithe sin agus ba chosúil gur chuir an toradh dearfach le tiomantas an rialtais don phróiseas. D'fhéadfaí rannpháirtíocht an rialtais a fheabhsú fós i dtaca le saincheisteanna lasmuigh de FEFLS, mar shampla, a luaithe a tháinig an Prótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i bhfeidhm, bhraith rannpháirtithe gur éirigh an rialtas as an bplé i dtaca le himpleachtaí Brexit d'oibrithe. I dtaca leis an gcomhairliúchán mar chuid den Seimeastar Eorpach, cháin na ceardchumainn a dhochta a bhí na hamscálaí, agus mheas siad gur cheart an próiseas a reáchtáil chun léamha agus tograí malartacha a chur i láthair, in áit tuairimí a roinnt ar thograí rialtais agus orthu sin amháin.

Tugadh faoi deara gur sách beag **an chómhargáil** a dhéantar, agus go raibh an méid sin á scrúdú ag FEFLS. Bhí oibrithe na n-ardán digiteach lasmuigh de raon feidhme na gcomhaontuithe, agus níor chomhaltaí ceardchumainn iad tríd is tríd. Bhí easaontas ann faoina stádas fostaíochta. Bhí roinnt foghrúpaí ag FEFLS a bhí ag féachaint ar shaincheisteanna amhail pinsin, tithíocht, cúram leanaí, agus idirdhealú, ach bhí an-chuid foghrúpaí nár thosaigh ar an obair go fóill. In Éirinn, ní comhpháirtithe sóisialta amháin a bhí san áireamh san idirphlé sóisialta ach bhí idirphlé níos leithne i gceist le heagraíochtaí sochaí sibhialta, agus bhí dea-chaidreamh idir na geallsealbhóirí.

Bhí béim shuntasach ar an tuairisciú ar an **gcomhionannas** inscne agus ar an mbearna phá idir na hinscní. Bhí Bille um thuairisciú ar an mbearna phá idir na hinscní faoi bhráid na parlaiminte tráth na cuairte. Ó thaobh míchumais de, bhí an foghrúpa in FEFLS ag díriú ar an rochtain ar an margadh saothair, ar dhreasachtaí, ar fhóirdheontais agus ar shocruithe solúbtha oibre. Bhí rannpháirtíocht láidir ag na comhpháirtithe sóisialta sna straitéisí chun daoine LADTI+, daoine den Lucht Siúil, agus daoine de phobal na Romach a chuimsiú, agus sna comhairliúcháin maidir leis an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta i gcoinne Ciníochais a fhorbairt.

Bhí oileán na hÉireann ar fad, an dá dhlínse, á chumhdach ag Comhar Ceardchumann na hÉireann. Bhí roinnt rannpháirtithe á iarraidh go ndéanfaí tuilleadh plé ar **impleachtaí Brexit** do chearta an duine i gcás daoine atá ina gcónaí agus ag obair ar oileán na hÉireann. Eadhon, i dtaca le cearta saothair, cruthaíodh fadhbanna suntasacha d'oibrithe ó cuireadh deireadh leis an tsaoirse

gluaiseachta, go háirithe i gcás ‘oibrithe teorann’, i.e. daoine a bhfuil cónaí orthu i bPoblacht na hÉireann ach a bhíonn ag obair i dTuaisceart Éireann: bhí ceadanna teorann ag teastáil uathu chun obair a dhéanamh go dleathach i dTuaisceart Éireann, ach bhí easpa ollmhór eolais ann faoi na ceanglais dhlíthiúla. D’ainneoin an Phrótacail maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann, bhí imní ar rannpháirtithe gur éagsúlachtaí idir cearta oibrithe i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann a bheadh mar thoradh ar Brexit.

Chuir rannpháirtithe in iúl an t-imní a bhí orthu faoi mheon doicheallach a bheith sa Bhreatain Mhór agus i dTuaisceart Éireann i leith imircigh ón Aontas Eorpach i gcomhthéacs Brexit. Na himircigh siúd ón Aontas a raibh deacrachtaí acu fianaise dhoiciméadach ar a stádas a sholáthar, cuir i gcás daoine den Lucht Siúil nó daoine gan dídean, bhí siadsan i mbaol a gcearta a chailleadh. D’ainneoin an Phrótacail maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann, lena n-áirithítear nach mbeidh teorainn chrua ar oileán na hÉireann, chuir rannpháirtithe in iúl go bhfuil imní orthu go bhfhéadfadh sé go mbeadh de thoradh ar Brexit go ndéanfaí teorainn ‘chrua’ den teorainn dhofheicthe a bhí ann roimhe sin i dtaca le saoirse gluaiseachta grúpaí áirithe daoine, rud a d’fhágfadh gurbh fhéidir go mbeadh stádas neamhrialta ag daoine gan chuimhneamh agus iad ag dul thar an teorainn. Luaigh rannpháirtithe freisin go raibh imní orthu faoi shaoránaigh den Aontas Eorpach a bheith faoi réir próifíliú ciníoch le linn seiceálacha inimirce i dTuaisceart Éireann, agus go raibh baol ann go gcoinneofaí iad mura bhféadfaidís a stádas a chruthú. Chuir siad in iúl freisin go raibh súil acu go leanfadh an tAontas den phlé le muintir Thuaisceart Éireann.

## 7. Saoirse comhlachais agus comhthionóil

Mheas na rannpháirtithe tríd is tríd go raibh cosaint mhaith ann do chearta an duine in Éirinn, cé go raibh roinnt dúshlán ann. Mar shampla, le bliain anuas, le linn phaindéim COVID-19, b’éigean comhbhabhtálacha an-chasta a dhéanamh i dtaca le cearta an duine agus bearta sriantacha chun stop a chur le leathadh an víris.

Maidir le **saoirse comhlachais**, ba é príomhábhar imní na rannpháirtithe éifeachtaí neamhbheartaithe an Achta Toghcháin ar ESSanna: bhí tabhartais do pháirtithe polaitiúla á rialú leis an Acht, ach bhí feidhm ag an riail faoina gcuirtear teorainn le tabhartais phríobháideacha agus eachtracha maidir le ESSanna freisin. Chuir an rialtas in iúl go raibh sé ar intinn aige aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin agus bhí an plé ar bun i gcónaí i dtaca le leasú a dhéanamh ar an bhforáil sin sa dlí Bhí saincheisteanna ann freisin a bhain le ceann scríbe an chistiúcháin ó am go ham: mar shampla, fuarthas cistiú poiblí chun seirbhísí a sholáthar ach ní bhfuarthas chun feachtais abhcóideachta a fhorbairt, rud a d’fhág go raibh acmhainní níos teoranta ann don abhcóideacht. Níor rangaíodh ina gcarthanais na heagraíochtaí a raibh misean cineálach acu, amhail ‘cearta an duine a chosaint’ agus bhí éifeacht dhiúltach aige sin orthu i dtaca lena rochtain ar thabhartais agus fágann sé nach mbíonn díolúine ó cháin ann i gcás tabhartas. Lena chois sin, d’fhéadfadh sé, mar thoradh ar a riachtanaí a bhí díolúintí cánach dóibh, go mbeadh roinnt eagraíochtaí neamhbhrabúis ag gearradh siar ar an obair abhcóideachta. Tháinig laghdú suntasach ar ioncam roinnt eagraíochtaí mar gheall ar an bpaindéim agus an srian a chuir sí leis na deiseanna airgead a thiomsú. Chun cistiú éigeandála a fháil ón stát, ní mór gur tháinig titim 25 % ar ioncam eagraíochta.

Bhraith ESSanna go raibh rochtain mhaith acu ar na húdaráis, agus go dtéidís siúd **i gcomhairle** leo mar ba cheart, ach dúirt siad gur mhaith leo idirphlé sóisialta leathnaithe, mar a bhíodh tráth. Tosaíodh ar an gcomhairliúchán a dhéanamh ar líne le linn na paindéime. Dar le rannpháirtí amháin, d'fhéadfadh sé a bheith ina thoradh ar an gcleachtas sin daoine nach bhfuil rochtain acu ar bhonneagar digiteach a bheith á n-eisiamh.

Mhínigh rannpháirtithe nár imir **Brexit** tionchar ar fhormhór na ESSanna go fóill. I réimse an spóirt, cuir i gcás, is ann d'eagraíochtaí lena gcuimsítear Éire ina hiomlán, agus is ann d'eagraíochtaí eile nach gcuimsítear ach cuid den oileán leo. B'fhacthas dóibh, áfach, go mbeadh deacrachtaí ann amach anseo i dtaca le cistí an Aontais le haghaidh gníomhaíochtaí trasteorann.

Thug Bunreacht na hÉireann cosaint láidir d'**agóidí síochánta**. Le linn na paindéime, tugadh isteach bearta lenar cuireadh srian leis an ngluaiseacht agus leis an rannpháirtíocht in imeachtaí, agus ní dhearnadh aon eisceachtaí chun rannpháirtíocht a éascú in agóidí a mbeadh scaradh sóisialta i bhfeidhm iontu. Mar thoradh air sin, is amhlaidh a bhí na rialacha á gcur i bhfeidhm go randamach: i gcásanna áirithe bagraíodh ionchúiseamh ar agóideoirí nó gearradh fíneáil orthu as páirt a ghlacadh in agóidí nó as a n-eagrú, cé gur ceadaíodh agóidí eile agus ní dhearnadh aon chur isteach orthu.

## 8. Saoirse tuairimí a nochtadh agus saoirse na meán

Chuir rannpháirtithe in iúl go raibh **timpeallacht an-mhaith sa tír ó thaobh na meán de**, i gcás na meán as líne agus ar líne araon, agus go raibh ardmhuinín ag an bpobal as neamhspleáchas na hiriseoireachta in Éirinn.

Ba é an príomhábhar imní a luadh **an dlí um chlúmhilleadh** agus an costas ard a bhaineann leis an leabhal. Rinne an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine agus, ina thuarascáil maidir leis an smacht reachta, an Coimisiún Eorpach araon an reachtaíocht a cháineadh mar go raibh sí an-sriantach. Mar thoradh ar an gcostas ard a bhain leis an leabhal, cuireadh srian leis na meáin ina ról mar fhoras faire agus lena gcumas ábhair leasa an phobail a thabhairt chun solais. Tá an reachtaíocht a bhaineann le saoirse na meán á hathbhreithniú.

In ainneoin feabhsuithe a rinneadh, bhí **comhchruinniú na húinéireachta** ina ábhar imní fós in Éirinn, toisc nach raibh na huirlisí ar fad atá ag an rialtas cheana féin in úsáid aige chun breis éagsúlachta a áirithiú sna meáin. Ina theannta sin, ní raibh cosaint ag margadh na meán ar an líon mór ábhair idirnáisiúnta i mBéarla, rud a raibh tionchar aige ar inbhuanaitheacht agus inoibritheacht na meán atá bunaithe sa tír. Léirigh Brexit a thábhachtaí atá sé meáin neamhspleácha a bheith sa tír, d'fhonn dearcadh Éireannach a roinnt ar shaincheisteanna a thagann chun cinn. Ina theannta sin, b'ábhar imní an margadh fógraíochta, toisc go raibh formhór an ioncaim ón earnáil sin ag sreabhadh i dtreo na gcuideachtaí ardteicneolaíochta.

Luaigh rannpháirtithe nár mhór don Aontas na hardáin meán sóisialta a rialáil ar bhealach nach gcuirfí isteach ar an tsaoirse tuairimí a nochtadh, ach a thabharfaí aghaidh ar shaincheisteanna

amhail an fhuathchaint, an ciapadh ar líne, an bhréagaisnéis agus an bhréagnuacht. Bheadh Éire ar cheann de na hocht mol náisiúnta san Fhaireachlainn Eorpach um na Meáin Dhigiteacha, agus í ag cuidiú chun sonraí a bhailiú agus a anailísiú mar chabhair chun cur i gcoinne na bréagaisnéise.

I dtaca leis an gciapadh ar líne, luaigh rannpháirtithe **bagairtí ar iriseoirí, go háirithe ar na meáin shóisialta**, agus thug siad dá n-aire gur minic ionsaithe den sórt sin á ndíriú ar iriseoirí mná. Lena chois sin, bhí méadú ag teacht ar líon na mbagairtí ar iriseoirí a raibh Tuaisceart Éireann á chumhdach acu.

Bhí cosaint níos fearr don tsaoirse comhlachais á iarraidh ag rannpháirtí amháin mar aon le cearta cómhargála d'iriseoirí chun dálaí oibre níos fearr a áirithiú. Ardaíodh an smaoineamh go ndéanfaí breis infheistíochta in iriseoirí agus go gcuirfí breis oiliúna orthu, lena n-áirítear airgead poiblí a bheith ar fáil ar mhaithe leis an **iriseoireacht ar ardchaighdeán**. Cuireadh imní in iúl freisin nach raibh a éagsúla atá sochaí na hÉireann á léiriú sna meáin chlóite agus chraoltóireachta, agus nach raibh luach saothair chomh maith céanna ann do chraoltaí Gaeilge.

## 9. Ceart an neamh-idirdhealaithe

Luaigh na rannpháirtithe nár mhór an **reachtaíocht** i gcoinne an idirdhealaithe a thabhairt cothrom le dáta, agus cé go bhfuil comharthaí a bhfuil gealladh fúthu á dtabhairt ag an rialtas ina leith go raibh cur chun feidhme tráthúil ag teastáil mar aon le hacmhainní cuí. Áirítear ar na saincheisteanna trasearnála an gá atá leis an luath-idirghabháil chun nach ndéanfar grúpaí leochaileacha a eisiamh, agus leis an gcuimsiú i ndáil le hoideachas, tithíocht, rochtain ar sheirbhísí sóisialta agus fostaíocht. Bhí ról lárnach ag na comhpháirtithe sóisialta agus ESSanna sa chur in aghaidh an idirdhealaithe ag an obair, agus sa tsochaí i gcoitinne freisin. D'iarr an-chuid rannpháirtithe sonraí breise imdhealaithe chun eolas a dhéanamh don bheartas. Ba chúis aiféala do rannpháirtithe nár luadh grúpaí leochaileacha i bPlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta na hÉireann 2021, ós rud é go raibh siadsan ar cheann de na dreamanna is mó a bhí thíos leis i rith phaindéim COVID-19.

Bhí tionchar díréireach ag an bpaindéim ar **phobal na Romach agus ar an Lucht Siúil** agus ba léiriú í ar a dheacra atá sé do na pobail sin rochtain a fháil ar sheirbhísí sláinte agus ar thithíocht leormhaith. Chuir rannpháirtithe in iúl gur díol sásaimh dóibh gur tugadh aitheantas do Lucht Siúil na hÉireann mar ghrúpa eitneach, agus gur díol sásaimh dóibh freisin na forbairtí reachtaíochta maidir leis an bhfuathchoireacht agus an fhuathchaint, agus an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta i gCoinne an Chiníochais atá beartaithe. Mar sin féin, bhí leibhéal sách ard idirdhealaithe sa tír i gcónaí, agus chuir na rannpháirtithe i bhfios go láidir a riachtanaí a bheidh sé bearta nithiúla a dhéanamh de réir an bheartais. Chuir siad i bhfios go bhfuil straitéis náisiúnta oideachais don Lucht Siúil ag teastáil lena n-áirítear spriocanna agus amlínte chun cur i gcoinne luathfhágáil na scoile agus uaireanta laghdaithe.

Thug rannpháirtithe dá n-aire go raibh dul chun cinn suntasach déanta maidir le **cearta LADTIA** le déanaí, go háirithe ó tugadh isteach an comhionannas pósta. Mar sin féin, níor mhór an reachtaíocht fuathchoireachta agus an t-oideachas maidir le caidrimh agus gnéasacht a thabhairt cothrom le dáta.

Bhí an fuath ar líne forleathan i gcónaí agus bhraith 70 % de na daoine óga LADTIA nach raibh siad sábháilte agus iad ar scoil. Níor mhór cosc soiléir a chur ar an teiripe thiontaithe láithreach bonn, agus dul chun cinn a dhéanamh le haitheantas inscne do dhaoine faoi bhun 18 mbliana d'aois agus do dhaoine neamh-dhénártha. Bhí deacrachtaí na ndaoine nach bhfuil 18 mbliana slánaithe acu rochtain a fháil ar sheirbhísí meabhairshláinte gan toiliú tuismitheora ina bhfadhb i gcónaí. Lena chois sin, chuir rannpháirtí amháin in iúl gur cúis imní dó staid na gceart LADTIA ar fud an Aontais, agus d'iarr an rannpháirtí sin ar an Aontas cosaint a thabhairt dóibh.

Ba dhíol sásaimh é foilsiú an Pháipéir Bháin ar an soláthar díreach (an córas cóiríochta le haghaidh iarrthóirí **tearmainn**). Léiríodh sa Pháipéar Bán gur beartaíodh córas cigireachta neamhspleách a bhunú sna hionaid fáilteachais. Gné shásúil eile ab ea an fógra rialtais go ndéanfaí cás na n-imirceach linbh gan doiciméid a thabhairt chun rialtachta. Bhí reifreann ann in 2004 a d'fhág nach mbeadh sé de cheart a thuilleadh ag leanaí a shaolaítear in Éirinn do thuismitheoirí eachtrannacha saoránacht Éireannach a fháil tráth a mbreithe. Is é sin, níor cláraíodh na leanaí sin agus níl an ceart acu sochar a fháil a thuilleadh. Bhí easpa rochtana na n-oibrithe gan doiciméid ar bhinsí fostaíochta ina saincheist freisin.

Bhí tionchar díréireach ag **bochtaineacht leanaí** ar theaghlaigh aontuismitheora, ar dhaoine de phobal na Romach, ar dhaoine den Lucht Siúil, ar theaghlaigh a bhfuil daoine faoi mhíchumas iontu, etc. De dheasca COVID-19, géaraíodh ar na cineálacha bochtaineachta a bhí ann cheana, agus ar an mbochtaineacht bia go háirithe. Ba dhíol sásaimh do rannpháirtithe an fógra rialtais go ndéanfar athbhreithniú ar an mbeartas um stádas comhionann d'fhonn stádas socheacnamaíoch a aithint ina fhorais idirdhealaithe fhéideartha. Luadh gurbh ábhar imní é freisin amchláir laghdaithe a bheith in úsáid i scoileanna, óir is iondúil go raibh tionchar díréireach aige ar ghrúpaí áirithe leanaí, rud a rinne difear dá ndea-bhail agus dá meabhairshláinte.

Bhí Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban a chosc agus a chomhrac (Coinbhinsiún Iostanbúl) daingnithe ag Éirinn. Mar sin féin, ní raibh ach seirbhísí teoranta á gcur ar fáil d'íospartaigh **an fhoréigin teaghlaigh agus ghnéasaigh**, lena n-áirítear foréigean agus mí-úsáid ar líne, go háirithe i bhfianaise líon na gcásanna a tuairiscíodh. Níor mhór athchóirithe a dhéanamh ar an gcóras cúirte chun íospairt thánaisteach a sheachaint.

Bhí taithí na bochtaineachta agus an eisiaimh ó oideachas, iompar, fostaíocht agus tithíocht coitianta i gcónaí i measc **daoine faoi mhíchumas**. Bhí ríthábhacht leis an gcomhtháthú sóisialta chun an t-eisiamh a sheachaint, agus le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas a chur chun feidhme freisin. Ba dhíol sásaimh gur bunaíodh Coiste Parlaiminteach um chúrsaí míchumais in 2020. Mheas rannpháirtithe nár mhór an luath-idirghabháil a chur chun cinn mar go mbeadh ríthábhacht léi chun an díbliú thairis sin a chosc. Ar an drochuair, bhí daoine á gcur in institiúidí in Éirinn i gcónaí, gan beann ar ghlaonna chun dí-institiúidiú a dhéanamh.

Bhí taithí ag **daoine scothaosta** ar an-chuid de na dúshláin thuasluaite freisin agus míbhuntáistí carnacha á bhfulaingt acu. Dúradh maidir le steiréitíopaí an aosaithe gur dhúshlán suntasach don

chomhionannas iad; dúshlán eile ab ea an easpa sonraí maidir lena éagsúla a bhí staideanna na ndaoine scothaosta. Bhí straitéis um chuimsiú digiteach ag teastáil, go háirithe i gcomhthéacs na paindéime, nuair nárbh fhéidir rochtain a fháil ar an díospóireacht phoiblí de dheasca easpa scileanna.

Dúradh go raibh idirdhealú agus imeallú breise ag tarlú mar thoradh ar dhaoine a bheith **gan dídean**. Maidir le formhór na ndaoine gan dídean, bhí imeallú á dhéanamh orthu cheana féin, sular fágadh gan dídean iad. Bhí córas cosanta maith i bhfeidhm, ach bhí sé róchasta agus bhí an iomarca den mhaorlathas ag baint leis agus doiciméadú suntasach ag teastáil, rud a d’fhéadfadh dúshláin a chruthú do dhaoine gan dídean nach raibh in ann doiciméid a chur ar fáil. Bhí dúshláin ag baint leis freisin maidir le rochtain ar oideachas agus ar sheirbhísí.

Bhí rannpháirtithe á iarraidh go dtabharfaí tacaíocht níos fearr do dhaoine chun cabhrú leo a gcearta a chosaint i réimse an fhrith-idirdhealaithe, lena n-áirítear trí **chúiteamh** éifeachtach. Bhí siad á iarraidh freisin go mbeadh dualgas reachtúil níos follasaí ar chomhlachtaí poiblí an frith-idirdhealú a chur san áireamh agus iad i mbun a gcuid oibre. Mheas na rannpháirtithe gur cheart don Aontas tionchar na gcomhlachtaí comhionannais a neartú, le tacaíocht ó CESE.

## 10. An smacht reachta

Tríd is tríd, mheas na rannpháirtithe go raibh an smacht reachta ag feidhmiú go maith in Éirinn. Maidir le **rochtain ar cheartas**, luaigh roinnt rannpháirtithe costais arda dlí, agus fadhbanna a bhaineann le rochtain ar chúnamh dlíthiúil. Bhí an tástáil acmhainne socraithe ag leibhéal nár léiriú é ar fhíorleibhéil ioncaim in Éirinn, rud a d’fhág nach raibh formhór na ndaoine i dteideal cúnamh dlíthiúil a fháil. Ina theannta sin, bhí na heisiaimh ón gcumhdach róleathan, toisc gur eisiadh costais dhlíthiúla a bhain le binsí, comhlachtaí garbhreithiúnacha, agus cúirteanna oibreachais, mar shampla. Moladh in athbhreithniú a rinneadh le déanaí go gceadófaí gníomh ilpháirtí, ach ní dhearnadh aon dul chun cinn nithiúil. Níor mhór feabhas a chur ar eagrú na gcúirteanna freisin, cé go ndearnadh dul chun cinn mar thoradh ar chuíchóiriú de bharr COVID.

Bhí níos mó den **éilliú** in Éirinn ná sna tíortha is fearr a chruthaíonn ar innéacs na braistinte i dtaca le héilliú, cé go raibh cosaintí leordhóthanacha in aghaidh mhí-úsáid na cumhachta i bhfeidhm. Rinneadh moltaí, a d’eisigh Binse Mahon in 2012 (binse a bunaíodh in 1997 chun scrúdú a dhéanamh ar líomhaintí maidir le híocaíochtaí éillitheacha le polaiteoirí) a chur chun feidhme go páirteach, lena n-áirítear cosaintí maidir le coinbhleacht leasa, agus coiste a bhunú a bheadh freagrach as dearbhú leasanna agus bronntanais a fuarthas agus as tabhartais do pháirtithe polaitiúla agus do pholaiteoirí, ach tá roinnt de na moltaí, maidir le dliteanais, mar shampla, le cur chun feidhme go fóill. Bhí na rannpháirtithe den tuairim nach cóir na maidí a ligean le sruth. Chuir rannpháirtí amháin in iúl go raibh imní air faoi chur chun feidhme an Achta um Brústocaireacht agus an achta lena gcosnaítear sceithirí, agus faoi fheiniméan an ‘dorais imrothlaigh’ idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach.

Luadh **nach ndearnadh diananailís chuí ar chearta an duine i gcás reachtaíocht a bhaineann le COVID-19**. D'fhéadfadh baint a bheith ag an méid sin freisin le coiste um chearta an duine agus um chomhionannas a bheith in easnamh laistigh den Pharlaimint. Ní raibh an córas gearán príosúnach ag feidhmiú go sásúil le roinnt blianta, rud a chruthaigh dúshláin ar leith sa tuairisciú ar riachtanais na bpríosúnach nó ar sháruithe ar a gcearta i rith na paindéime. Rinneadh an scéal níos measa fós toisc nach raibh cead ag faireoirí seachtracha amhail ESSanna rochtain a fháil ar na príosúin i rith na paindéime.

**Tuarascáil maidir leis an gCuairt ar Phoblacht na Seice**
**30 Meán Fómhair - 1 Deireadh Fómhair 2021**

Ghlac cúigear comhaltaí páirt sa chuairt ar Phoblacht na Seice. Bhuail an toscaireacht le hionadaithe éagsúla ón tsochaí shibhialta, eadhon eagraíochtaí na sochaí sibhialta (ESSanna), le comhpháirtithe sóisialta, leis na meáin agus le gairmithe dlí, agus le húdaráis Phoblacht na Seice. Is é is aidhm don tuarascáil seo léiriú agus aithris dhílis a thabhairt ar thuairimí na sochaí sibhialta.

## 1. Cearta bunúsacha a bhaineann leis na comhpháirtithe sóisialta

Rinne na comhpháirtithe sóisialta measúnú dearfach ar an idirphlé sóisialta i bPoblacht na Seice. Mheas siad go raibh ag éirí go maith leis na pléití idir na fostóirí agus na ceardchumainn agus go raibh ag éirí go maith freisin le h**idirphlé sóisialta trípháirteach leis an rialtas**, ó leibhéal na nAirí go dtí leibhéal na meithleacha éagsúla. Mhínigh siad nach ndearnadh ionadaíocht dhíreach ar ESSanna sna hidirphléití trípháirteacha sin ach gurb iad na comhpháirtithe sóisialta féin a d'ardaigh na príomhábhair imní a bhí á gcosaint acu, mar shampla daoine faoi mhíchumas a chuimsiú ag an obair.

Mheas na comhpháirtithe sóisialta gur léir **go raibh idirphlé sóisialta maith ina chuidiú mór chun dul i ngleic le deacrachtaí a bhain le COVID-19** i gcomhthéacs roinnt éiginnteachtaí dlíthiúla a raibh soiléiriú ag teastáil ina leith, mar shampla i ndáil le bheith ag obair ón mbaile. Thairg siad samplaí d'éiginnteachtaí dlíthiúla den sórt sin a chuir lena chasta a bhí saol na bhfostóirí agus na n-oibrithe le linn na géarchéime. Mar shampla, dúshlán le linn na dianghlasála eacnamaíche ab ea an easpa forálacha dlí maidir le hobair ghearr-ama. Cuireadh isteach ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha freisin i ngeall ar an easpa soiléire i leith na rialacha a bhaineann le teorainneacha a thrasnú agus saoirse gluaiseachta earraí agus saothair. Bhain éiginnteacht leis an gceist an raibh iallach ar fhostóirí cosc a chur ar oibrithe neamhvacsaínithe teacht isteach chuig an ionad oibre.

Bhain na príomhdheacrachtaí a bhí sainaitheanta ag na comhpháirtithe sóisialta le **roinnt gnéithe dlíthiúla den Chód Saothair**. Go háirithe, ba thrua le hionadaithe na gceardchumann gur fhorchuir Alt 24 den Chód Saothair toiliú frithpháirteach i measc na gceardchumann uile i gcuideachta mar réamhchoinníoll chun comhaontú comhchoiteann leis an bhfostóir a thabhairt i gcrích, rud a d'fhág go raibh sé an-deacair teacht ar chomhaontú. Míníodh go raibh líon na gcomhaontuithe comhchoiteanna ag dul i laghad le blianta beaga anuas. Mheas ionadaí ó na fostóirí freisin go raibh doiléire sa Chód Saothair faoi cé acu an raibh sé d'oibleagáid ar fhostóirí coinbhinsiúin chomhchoiteanna a chaibidil nó nach raibh.

## 2. Saoirse comhlachais agus comhthionóil

D'aontaigh ionadaithe ón tsochaí sibhialta go raibh cosaint mhaith faoi dhlí Phoblacht na Seice **don tsaoirse comhthionóil**. Luaigh ionadaí amháin an ghluaiseacht 'Milliún Nóiméad ar son an Daonlathais' (*Million Moments for Democracy*), gluaiseacht nár chuir na húdaráis bac uirthi ó bunaíodh í in 2018. Tugadh roinnt cásanna os comhair na cúirte sna blianta beaga roimhe sin maidir le húsáid iomarcach cumhachta ag na póilíní agus tá na himeachtaí fós ar siúl. Cuireadh srian le hollchruinnithe an uair ba mheasa de phaindéim COVID-19, ach rinneadh líon uasta na léirsitheoirí ceadaithe a chur in oiriúint d'éabhlóid na staide.

Chuir na rannpháirtithe in iúl **nach raibh aon srian dlíthiúil ar an tsaoirse comhlachais**, ach go raibh méadú ar na bacainní nithiúla le blianta beaga anuas. Bhí claonadh i dtreo breis mímhuiníne as ESSanna i measc an phobail i gcoitinne agus riosca ann go mbeadh scoilt i sochaí Phoblacht na Seice dá dhroim sin. B'ionsaitheach an seasamh a bhí ag roinnt polaiteoirí, cinnte, iad á mhaíomh nach raibh de ghuthanna dlisteanacha ag an tsochaí ach iad féin amháin agus nach raibh ról ann do

ESSanna. Thugaidís 'ESSanna polaitiúla' ar ESSanna a ghníomhaíonn lasmuigh de réimse na seirbhísí sóisialta nó an spóirt agus iad ag maíomh go raibh easpa trédhearcachta ag baint leo. Maidir leis an bpointe sin, thug údaráis Phoblacht na Seice dá n-aire nárbh ionann tuairimí na bpolaiteoirí aonair sin agus tuairimí an rialtais, agus gur fhéach obair oifigiúil na n-údarás le tacaíocht a thabhairt do thimpeallacht chumasúcháin i gcás na ESSanna uile.

Sa chomhthéacs sin, bhí an **rochtain ar chistiú** níos dúshlánaí do ESSanna. Mhínigh na rannpháirtithe gur ar chúrsaí spóirt a chaitear formhór an bhuiséid a leithdháiltear ar ghníomhaíochtaí na sochaí sibhialta, agus go bhfuil réimse eile thíos leis dá bharr sin, go háirithe na réimsí sin a bhaineann leis an neamh-idirdhealú, le cearta an duine, agus leis an abhcóideacht. Mheas siad nach raibh go leor airgid á chur ar fáil i gcomhair réimsí amhail an comhshaol nó an comhrac i gcoinne na héillitheachta agus go raibh sé thar a bheith deacair cistiú a fháil le haghaidh topaicí 'beo' amhail comhionannas inscne nó lánpháirtiú na Romach. Dhírigh na rannpháirtithe ar an mbearna idir dhá Chreat Airgeadais Ilbhliantúil an Aontais in 2020, rud a chuir isteach ar obair ESSanna agus a bhí ina ualach breise orthu agus iad ag iarraidh teacht ar chómhaoiniú. Luaigh rannpháirtí amháin freisin na bacainní móra riaracháin agus maorlathais i bpróiseas clárúcháin na ESSanna. Tagraíodh freisin do staidéir a léiríonn gur mheas formhór na ESSanna gur chuir géarchéim COVID-19 isteach go mór ar a gcuid gníomhaíochtaí. Luaigh údaráis Phoblacht na Seice go raibh cistiú ann chun go bhféadfadh ESSanna dul i gceannas ar fheachtais feasachta i gcoinne na héillitheachta agus go bhfáilteodh an Chomhairle Rialtais maidir le Frithéillitheacht roimh ESSanna freisin.

Mheas na rannpháirtithe nár mhór feabhas a chur ar an **rochtain ar chinnteoireacht**. Mheas siad go raibh straitéis mhaith ag an rialtas maidir le comhar leis an tsochaí shibhialta ach nár mhór í a chur chun feidhme ar dhóigh níos fearr. Bhí ESSanna ina gcuid fhoirmiúil de choistí comhairleacha ach bhí nósanna imeachta éagsúla ann maidir le hainmniúcháin ag brath ar an riarachán a bhí i gceannas. Mheas na ESSanna nach raibh ach tearcionadaíocht ag a n-earnáil féin, agus ba thrua leo go bhféadfadh na húdaráis cinneadh a dhéanamh as a stuaim féin tuairimí ó ESSanna a bhreithniú nó a chaitheamh amach gan aiseolas cuí a thabhairt. Le roinnt blianta anuas, d'éirigh roinnt ionadaithe ó ESSanna as an gcomhlacht comhairleach a bhí comhdhéanta de ESSanna agus d'oifigigh rialtais. Bhí Oifig Chosantóir Poiblí na gCeart , mar institiúid, an-mhaith sa chomhar a dhéanfadh sí le ESSanna. Mar sin féin, cháin ESSanna na seasaimh phoiblí chonspóideacha a bhí glactha ag sealbhóir an tsainordaithe. Mheas siad go raibh an diúltú ó Chosantóir Poiblí na gCeart déileáil le roinnt saincheisteanna amhail mionlaigh, agus na Romaigh go háirithe, ina bhac ar an muinín ghinearálta a chuirfí san institiúid agus ina húdarás. Ar leibhéal níos oibríochtúla, bhí srianta roimh ESSanna i réimse an chomhshaoil maidir le rochtain a fháil ar phróisis phleanála talún nó ar phróisis chinnteoireachta ghaolmhara.

Mheas na rannpháirtithe freisin go ndearna **géarchéim COVID-19** difear thairis sin d'éifeachtacht nósanna imeachta comhairliúcháin na ESSanna. Mheas na ESSanna nach raibh rannpháirtíocht cheart acu in ullmhú Phlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta Phoblacht na Seice (NRRP) agus gurbh éigean dóibh teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an mBruiséil chun faisnéis a fháil ina thaobh.

## 3. Saoirse chun tuairimí a nochtadh agus saoirse na meán

D'aontaigh ionadaithe ó na meáin go raibh **timpeallacht shlán** ag iriseoirí i bPoblacht na Seice agus, ar an iomlán, gurbh fhearr an staid ansin ná i roinnt tíortha comharsanacha. Bhí cosaint dhaingean ann don tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus do shaoirse na meán i gCairt Phoblacht na Seice um chearta agus saoirsí bunúsacha.

Mar sin féin, mheas na rannpháirtithe freisin gur **ag dul sa treo mícheart a bhí an treocht i gcoitinne**. Ní bhíodh a mbeatha á cur i mbaol ag iriseoirí i bPoblacht na Seice de ghnáth amhail i roinnt tíortha eile, agus theip ar roinnt iarrachtaí a rinneadh chun brú a chur ar iriseoirí áirithe. Mar

shampla, moladh bille 'gobáin' cúpla bliain roimhe sin a d'fhéadfadh srian a chur le hobair iriseoirí, ach níor ritheadh é riamh. I réimse an leabhail, rialaigh an Chúirt Bhunreachtúil freisin nárbh fhéidir le pearsana poiblí an leibhéal céanna cosanta i gcoinne clúmhilleadh a éileamh agus arbh fhéidir le daoine príobháideacha. Ar an gcaoi sin, laghdaíodh an baol a bhí ann go dtabharfaí cásanna dlí mí-úsáideacha in aghaidh iriseoirí ar an mbonn sin.

Mar sin féin, measadh go raibh fadhbanna ar leith ag baint le **tionchar polaiteoirí** (agus ón leibhéal is airde freisin) ar na meáin. Rinneadh cur síos ar na príomhúinéirí meán sa tír, ar dhream beag é sin, mar dhaoine a chuirfeadh brabús gnó le chéile le tionchar polaitiúil, lena n-áireofaí tríd an mbréagnuacht a scaipeadh. Chuir na rannpháirtithe in iúl gur údar imní dóibh é gur cuireadh cosc le déanaí ar ionadaithe ó mheáin idirnáisiúnta freastal ar phreasagallamh an Phríomh-Aire lena chomhghleacaí ón Ungáir, rud nach bhfacthas cheana. Nuair a d'fhiafraigh toscaireacht CESE faoina raibh taobh thiar den eisiamh sin agus faoi aon nasc a d'fhéadfadh a bheith aige le himeachtaí dlí reatha a bhaineann leis an bPríomh-Aire, níor chuir ionadaithe na n-údarás a dtuairimí in iúl. Mheas na rannpháirtithe go raibh na meáin áitiúla go háirithe i mbaol a bheith faoi thionchar polaiteoirí áitiúla. Bhí éileamh poiblí ann ar fhaisnéis ardchaighdeáin agus neamhspleách, áfach, rud a mhínigh rath roinnt tionscadal meáin sa réimse sin. Mhínigh údaráis Phoblacht na Seice gur chuir an reachtaíocht maidir le coinbhleachtaí leasa cosc ar oifigigh phoiblí craoltóireachtaí teilifíse, raidió nó irise a dhéanamh go díreach, ach nár chuir sé cosc ar scaireanna a shealbhú i margadh na meán.

Bhraith na rannpháirtithe gur mhó an seans go n-imreofaí tionchar ar eagraíochtaí meáin mar gheall ar an **méadú ar leochaileacht eacnamaíoch** in earnáil na meán. Is ardáin meán sóisialta a d'ionsúdh formhór mór an ioncaim fhógraíochta, agus gan ach sciar beag ann do na meáin chlasaiceacha a tháirgeann ábhar. Tháinig borradh faoin treocht sin le linn ghéarchéim COVID-19 agus chuaigh foinsí fógraíochta i ndísc mar thoradh ar a tionchar ar an ngeilleagar. Bhí mar thoradh air sin gurbh éigean do roinnt de na heagraíochtaí meáin ba lú agus ba laige dúnadh síos nó tabhairt faoi athstruchtúrú, agus mhéadaigh ar na dálaí forbhásacha a bhí ann d'iriseoirí. Tá go leor iriseoirí ag obair faoi chonarthaí oibre forbhásacha nó mar shaoririseoirí, agus laghdú tagtha ar an mballraíocht i gceardchumainn na n-iriseoirí, treocht a fheictear i dtíortha eile san Eoraip freisin.

Cé gur bhraith ionadaithe na meán nach raibh aon topaic ann nach bhféadfadh a bheith á cumhdach ag iriseoirí na tíre, mheas siad freisin go raibh **riosca na féinchinsireachta** ag dul i méid. Measadh nach raibh ach líon beag iriseoirí iniúchta a raibh ar a gcumas gabháil d'imscrúduithe fada, agus nach raibh mórán daoine óga a bhí ag iarraidh dul leis an ngairm. Ba é barúil na rannpháirtithe gur bunriachtanas é tacaíocht níos fearr a fháil le haghaidh iriseoireacht ar ardchaighdeán, lena n-áirítear trí oiliúint faoin tslí le déileáil le faisnéis agus le hanailís a dhéanamh uirthi.

Bhraith na rannpháirtithe freisin go raibh **neamhspleáchas na meán poiblí** i mbaol freisin. Go dtí le déanaí, ní bhíodh comhaltaí de chomhlachtaí maoirseachta meán, arb í an pharlaimint a thoghann iad, ag déanamh fíoriarrachtaí chun cur isteach polaitiúil a dhéanamh ar ábhar. Mar sin féin, bhí treocht tar éis teacht chun cinn sa treo sin, go háirithe i ndáil leis an gcraoltóir poiblí, Teilifís Phoblacht na Seice
.

## 4. An ceart chun neamh-idirdhealú

Mheas na rannpháirtithe sa seisiún sin nach bhfeictear an éagsúlacht mar rud dearfach i sochaí Phoblacht na Seice go fóill. Sa chomhthéacs sin, bhraith siad go raibh sonraí oifigiúla maidir leis an idirdhealú in easnamh agus go raibh **cosaint éifeachtach in aghaidh idirdhealú** ina dúshlán i gcónaí. Bhí fadhbanna ag baint leis an rochtain ar cheartas d'íospartaigh an idirdhealaithe agus do ghrúpaí leochaileacha. Braitheadh nach raibh oiliúint leordhóthanach ar na póilíní sa réimse sin agus nach mbíodh fíorthoradh ar imscrúduithe a dhéanadh cigireacht ghinearálta na bhfórsaí póilíneachta. Bhí an cúnamh dlí an-fhoirmiúil. Bheadh ar imircigh, mar shampla, dul i muinín dlíodóirí príobháideacha

ceal cistiú leordhóthanach ag ESSanna a thairgeann cúnamh den sórt céanna saor in aisce. Luaigh údaráis Phoblacht na Seice gurbh amhlaidh a bailíodh sonraí maidir le fuathchoireacht, cé nár cumhdaíodh na forais idirdhealaithe uile leo. Thug siad faisnéis faoi chláir oiliúna chun íospartaigh a aithint agus a chosaint ar dhóigh níos fearr.

Mhínigh na rannpháirtithe gur cuireadh roinnt **institiúidí** ar bun chun dul i ngleic le saincheisteanna an idirdhealaithe, ach nár mhór a modhanna oibre a fheabhsú. Ní bhíodh an Chomhairle Rialtais um Chearta an Duine ag teacht le chéile go rialta le roinnt blianta anuas agus bhraith rannpháirtithe áirithe nach raibh tionchar leordhóthanach ag an gComhairle Rialtais um Chomhionannas Inscne. Cuireadh in iúl go bhfuarthas réidh le post an Aire um Chearta an Duine agus um Chomhdheiseanna cúpla bliain ó shin, agus gur leasc leis an gCosantóir Poiblí um Chearta a bheith ag obair ar shaincheisteanna a bhain le mionlaigh, imircigh agus comhionannas inscne. Ba ón Aontas Eorpach den chuid is mó, seachas ar leibhéal an Stáit, don chistiú le haghaidh ESSanna a bhíonn ag déileáil leis an idirdhealú, i réimsí imirce agus inscne, mar shampla. D’admhaigh údaráis Phoblacht na Seice go raibh píosa maith ann ó eagraíodh cruinniú den Chomhairle Rialtais um Chearta an Duine, ach gur atosaíodh iad ó shin, agus go mbíodh cruinnithe fíorúla ann le linn COVID-19. Bhí síneadh ar shainordú Chosantóir Poiblí na gCeart á bhreithniú.

Mhínigh ionadaithe ESSanna go raibh roinnt cuideachtaí móra amhail cuideachtaí ilnáisiúnta tar éis Cairt Éagsúlachta Phoblacht na Seice a ghlacadh, ach bhraith siad go mbíodh fostóirí i gcuideachtaí beaga ag plé le h**imircigh** mar fhoinse saothair ar bheagán costais seachas trí dhearcadh dearfach na héagsúlachta. Bhí rannpháirtí ann freisin a mheas nach dtugann na ceardchumainn páirt do go leor imirceach ina gcuid oibre agus gur rómhinic dumpáil shóisialta á samhlú acu leo. Ní raibh a fhios ag bardais áitiúla i gceantair thionsclaíocha conas déileáil le lánpháirtiú oibrithe imirceacha ach an oiread. Mhínigh na rannpháirtithe freisin nach mbíodh rochtain iomlán ag náisiúnaigh tríú tír ar chúram sláinte – ní fhéadfaidís tairbhiú d’árachas poiblí agus bhíodh orthu conarthaí árachais phríobháidigh a fháil, ar lú cosaint agus leibhéil aisíocaíochta a bhíodh á dtairiscint acu.

Chuir na rannpháirtithe in iúl gur bhraith siad gur bheag feasacht ar an g**comhionannas inscne** a bhí ann tríd is tríd agus gur bheag tacaíocht pholaitiúil a bhí aici. Ní raibh seasamh leordhóthanach ag mná sa saol polaitiúil seachas roinnt eisceachtaí ag an leibhéal is airde. Bhí treocht dhearfach, más go mall féin í, ann maidir le breis iarrthóirí ar mná iad san olltoghchán. Go ginearálta, thairbhíodh mná de leibhéal maith oideachais ach ní bhíodh ionadaíocht bhreise sna poist ba shinsearaí i gcuideachtaí poiblí mar thoradh air. Bhí mná in ann tairbhiú de shaoire mháithreachais fhada, rud dearfach, ach bhí dúshlán ag baint le rochtain a fháil ar mhargadh na fostaíochta arís, go háirithe in éagmais fostaíocht pháirtaimseartha oiriúnaithe.

Míníodh gur mhéadaigh ar an **bhforéigean inscne** le linn ghéarchéim COVID-19. In ainneoin an ábhair imní sin, measadh go raibh buiséad Stáit an-íseal ann ag ESSanna atá ag obair ar an gcomhionannas inscne agus ar an bhforéigean inscne. Mhínigh na rannpháirtithe go raibh roinnt polaiteoirí i gceannas ar fheachtas bréagaisnéise faoina ndéanfaí aon ghníomhaíocht sa réimse sin a cheangal le ‘idé-eolaíocht inscne’ faoi thionchar eachtrach, agus í a úsáid mar argóint chun an tacaíocht airgeadais agus pholaitiúil a theorannú. Chuir na rannpháirtithe in iúl go raibh siad dóchasach go mbeadh Coinbhinsiún Iostanbúl chum foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac ar chlár oibre na parlaiminte sna míonna amach romhainn. D’iarr údaráis Phoblacht na Seice go ndéanfaí idirdhealú idir an tsaincheist maidir le Coinbhinsiún Iostanbúl a dhaingniú agus gníomhaíochtaí nithiúla iarbhír faoi stiúir an rialtais, agus mheas siad go raibh an Chomhairle Rialtais um Chomhionannas Inscne ag feidhmiú go maith.

Mhínigh ionadaithe ESSanna gurbh ann don chomhpháirtíocht chláraithe i gcás daoine aeracha agus leispiacha ó 2006 i leith, ach nár ritheadh aon reachtaíocht ó shin chun cearta **daoine LGBTIQ** a chosaint. D’aithin siad go raibh tromlach slán de dhaonra Phoblacht na Seice a bhí i bhfabhar pósadh comhionann do chách, ach ba thrua leo nach raibh na polaiteoirí níos dána, sa mhéid gur chuir siad

stop le billí sa Pharlaimint ó 2018 i leith. Cuireadh bac ar bhille a bhain le cúram altramais leanaí le haghaidh lánúineacha neamhphósta agus é sa luathchéim pharlaiminte. Ba thrua leo freisin nach ndearnadh an straitéis a bhí ullmhaithe ag coiste um mionlaigh ghnéis na Comhairle Rialtais um Chearta an Duine a tharchur chuig an rialtas. Luaigh na rannpháirtithe freisin nach ndéanadh daoine LGBTIQ formhór na fuathchainte agus na fuathchoireachta a thuairisciú do na póilíní. Chuir siad in iúl freisin go raibh reachtaíocht na tíre fós le cur in oiriúint chun cinneadh ón gCoiste Eorpach ar Chearta Sóisialta maidir le daoine trasinscneacha a chur chun feidhme. Sonraíodh sa chinneadh sin go raibh dlí Phoblacht na Seice ina shárú ar cheart na ndaoine trasinscneacha chun sláinte, tri steiriliú a fhorchur orthu sula ndéanaidís a bhféiniúlacht a athrú ar a ndoiciméid phearsanta. Dúirt údaráis Phoblacht na Seice gur ullmhaíodh bille chun an dlí a oiriúnú agus go raibh sé réidh le breithniú ag an gcéad rialtas eile.

Mhínigh ionadaithe ar eagraíochtaí na sochaí sibhialta gur chaith na húdaráis le cás **na Romach** mar shaincheist shóisialta seachas mar shaincheist idirdhealaithe. Bhí idirdhealú roimh Romaigh maidir leis an rochtain ar thithíocht, ar shláinte, ar oideachas agus ar fhostaíocht, in ainneoin gurbh ann do chláir don chuimsiú trí bhíthin oibre. Maidir leis na scoileanna speisialta do leanaí Romacha, mheas siad gur scoileanna leithscartha a bhí iontu le fírinne. Ritheadh dlí le déanaí chun mná Romacha a ndearnadh steiriliú éigeantais orthu a chúiteamh, ach níor léir an raibh an dlí á fhorfheidhmiú go leordhóthanach, de bharr a dheacra a bhí sé fianaise a chur faoi bhráid an choiste cúitimh nó leigheas dlí a lorg gan córas éifeachtach cúnaimh dhlíthiúil.

## 5. An smacht reachta

Mheas cleachtóirí dlí maidir le staid fhoriomlán an smachta reachta i bPoblacht na Seice go bhfuil sí go maith ach leochaileach. Bhraith siad gur ráthaíodh **neamhspleáchas na mbreithiúna** agus go raibh an staid ghinearálta, ó thaobh an cheartais de, níos fearr ná i roinnt tíortha comharsanacha.

Mar sin féin, mheas siad go raibh an brú a dhéanann an chumhacht fheidhmiúcháin a fhorchur ar an **bpríomh-ionchúisitheoir** ina phríomhphointe imní, ós rud é go raibh de chumhacht aici sealbhóir an tsainordaithe a bhriseadh as a phost tráth ar bith. Bhí fadhbanna ar leith ag baint leis an staid sin i gcomhthéacs imscrúduithe ar choinbhleachtaí leasa sa leibhéal is airde sa Stát. D’éirigh an príomh-ionchúisitheoir roimhe sin as oifig mar gheall ar bhrú den sórt sin agus ní raibh an dlí leasaithe go fóill ag údaráis Phoblacht na Seice chun neamhspleáchas iomlán phost an phríomh-ionchúisitheora a áirithiú, rud a mhol Grúpa Stát Chomhairle na hEorpa i gcoinne na hÉillitheachta (GRECO) go háirithe. Cé nár mheas siad go bhféadfaí ginearálú a dhéanamh ar an gcás, bhraith na rannpháirtithe gur mó brú ó pholaiteoirí a d’fhéadfadh a bheith ar bhreithiúna sna Cúirteanna ab airde ná ar bhreithiúna sna gnáthchúirteanna.

Chuir na rannpháirtithe in iúl go raibh greamú stáit ina bhaol mura rachfaí i ngleic i gceart le **cásanna coinbhleachta leasa ardleibhéil**. D’fhéadfadh cásanna den sórt sin, chomh maith le tionchar na bpolaiteoirí ar na meáin agus an brú ar an leibhéal is airde den chóras breithiúnach, a bheith ina spreagadh chun muinín an phobail sna hinstitiúidí a chreimeadh san fhadtéarma. Mheas na cleachtóirí dlí, amhail i dtíortha eile, go raibh feasacht ró-íseal i measc an phobail i gcoitinne ar an smacht reachta agus ar phríomhphrionsabail amhail scaradh na gcumhachtaí agus go mbeadh breis tacaíochta ag teastáil. B’é a dtuairim áfach, gur léirigh an ghluaiseacht ‘Milliún Nóiméad ar son an Daonlathais’ fíorthuiscint ar an gceartas agus gur éileamh ón bpobal ar chóras polaitiúil cothrom agus trédhearcach a bhí ann.

Tairgeadh léiriú dearfach ar a thábhachtaí atá breithiúna neamhspleácha i gcomhthéacs **ghéarchéim COVID-19**. Rinne roinnt saoránach an Stát a agairt as cinntí dlí a bhí díréireach, doiléir nó gan údar, rud a thug ar an gCúirt Uachtarach roinnt cinntí a chur ar ceal ar an mbonn sin. Bhraith na rannpháirtithe nach ndearnadh díospóid leordhóthanach tríd is tríd faoin gcinnteoireacht a bhí mar fhreagairt ar an ngéarchéim agus nár tugadh aird ar chuid den cháineadh dlisteanach ón tsochaí

shibhialta. Dá dhroim sin, mar aon leis an gcealú a rinne na breithiúna ar chinntí údarás áirithe, rud a luadh roimhe seo, laghdaíodh muinín an phobail i gcumas na n-údarás na freagairtí iomchuí ar an ngéarchéim a thairiscint.

Dúshlán eile a tharraing rannpháirtithe anuas, b'shin **forfheidhmiú an dlí**. Chuir rannpháirtí amháin in iúl nach raibh aon chóras comhaontaithe cásdlí sa tír agus go raibh an neamhréir sna cinntí a dhéanadh na cúirteanna, ó thaobh déine de, ina fadhb, ag brath ar shuíomh geografach na gcásanna nó ar an réimse dlí a bhí i gceist. Tá go leor gníomhartha neamhdhleathacha laistigh de réimse an dlí foirgníochta nár ionchúisíodh riamh, ach laistigh de réimse an fhiachais agus an dlí foriaimh, is amhlaidh a cuireadh an dlí i bhfeidhm go han-dian, rud a rinne an-difear don phobal ísealioncaim go háirithe. Mar thoradh air sin, thit go leor daoine isteach i ngaistí fiachais toisc nach raibh siad in ann fíneálacha nó fiacha, agus an t-ús carntha lena ngabhann, a íoc, rud a d'fhág go ndearnadh a gcuid maoine a urghabháil.

**Tuarascáil maidir leis an gcuairt tíre ar an Spáinn an 14-15 Deireadh Fómhair 2021**

Ghlac seisear comhaltaí ó CESE páirt sa chuairt tíre ar an Spáinn. Bhuail an toscaireacht le hionadaithe ón tsochaí shibhialta, eadhon eagraíochtaí na sochaí sibhialta (ESSanna), comhpháirtithe sóisialta agus na meáin ar lámh amháin, agus le roinnt údaráis rialtais agus údaráis bhreithiúnacha ar an lámh eile. Is é is aidhm don tuarascáil seo tuairimí na sochaí sibhialta a léiriú agus a aithris go cruinn. Tabharfar tuairimí na n-údarás sa fhreagra uathu ar an tuarascáil.

## 11. Cearta bunúsacha a bhaineann leis na comhpháirtithe sóisialta

Chuir na rannpháirtithe in iúl go bhfuil **an t-idirphlé sóisialta** ag feidhmiú sách maith sa Spáinn. Murab ionann agus géarchéim eacnamaíoch agus airgeadais 2008, rinne na comhlachais fostóirí, na ceardchumainn agus an rialtas comhaontuithe a thabhairt i gcrích chun gurbh fhéidir fostaíocht a chaomhnú le linn phaindéim COVID-19. Sampla ab ea an comhaontú maidir leis an méadú ar an íosphá.

Mheas na rannpháirtithe nár mhór feabhas breise a chur ar **an trédhearcacht agus ar an gceart chun faisnéise**. Dúirt na comhpháirtithe sóisialta nach raibh an dlí maidir le trédhearcacht á chur chun feidhme mar ba cheart agus go raibh míreanna faisnéise poiblí áirithe nár nochtadh go poiblí (e.g. an caiteachas chun trealamh sláinte a cheannach le linn na paindéime). Ba mhinic gan ceart cúitimh ag daoine aonair agus eagraíochtaí a bhí ag iarraidh teacht ar eolas, sin mura rachaidís i muinín an dlí. Mar sin féin, ba mhinic a leanadh imeachtaí cúirte ar feadh i bhfad, agus gan an mhír faisnéise a iarradh á cur in iúl go ceann roinnt blianta tar éis í a iarraidh, tráth nach raibh sí ábhartha a thuilleadh. Dá bhrí sin, chun deacrachtaí a bhain le rochtain ar fhaisnéis a shárú, mheas na rannpháirtithe nár mhór reachtaíocht um thrédhearcacht a chur chun cinn ar bhealach níos éifeachtúla agus gur cheart tacaíocht institiúideach d'fhíorú agus d'fhaireachán a bheith ag gabháil léi.

Bhain ceann de na príomhfheabhsuithe a bhí ag teastáil, arna shainaithint ag na rannpháirtithe, le **Dlí Orgánach 4/2015 an 30 Márta maidir le slándáil na saoránach a chosaint** (a dtugann na rannpháirtithe 'an t-ordú gobáin' air freisin). Mheas siad go raibh an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, an ceart chun agóid a dhéanamh agus an ceart dul ar stailc á sárú aige, agus go raibh coiriúlú á dhéanamh aige in imthosca áirithe ar an gceart chun dul ar stailc agus chun agóid a dhéanamh agus orthu siúd a chosnaíonn na cearta sin. Faoin dlí sin bhíothas in ann léirsitheoirí a phionósú: luaigh na rannpháirtithe cásanna inar gearradh fíneáil ar cheardchumannaithe, ina ndearnadh iad a ionchúiseamh nó pianbhreith a ghearradh orthu tar éis dóibh páirt a ghlacadh in agóidí. Cé gur mheas na rannpháirtithe go raibh forálacha an dlí ag féachaint le cineálacha áirithe iompair a choiriúlú, dúirt na húdaráis phoiblí nach raibh iompar d'aon chineál á choiriúlú ag Dlí Orgánach 4/2015 de bhrí nach ndearna sé ach smachtbhannaí riaracháin a bhunú. Dúirt siad freisin go raibh togra á phlé ag an bParlaimint maidir le modhnuithe féideartha ar an dlí.

Luaigh na rannpháirtithe constaicí eile a bhí roimh oibrithe ina saol laethúil freisin. Ar thaobh amháin, measadh go raibh an **rochtain ar thithíocht shóisialta** an-dian. Bhí na comhpháirtithe

sóisialta á iarraidh go mbeadh beartas comhdhlúite náisiúnta ann maidir le cíosanna sóisialta, beartas a chuirfeadh le dea-chleachtais na mbeartas réigiúnach i dtír na mBascach agus sa Chatalóin.

Ar an taobh eile, ghoill sé ar na rannpháirtithe nach raibh tuarastail ard go leor á dtuilleamh ag oibrithe áirithe, oibrithe óga go háirithe, chun díol as a riachtanais. Chuir siad in iúl freisin go raibh **bearna phá mhór idir na hinscní,** agus go raibh na meántuarastail bhliantúla do mhná thart ar 16 % níos ísle ná d'fhir, go háirithe in FBManna áit nach bhfeictear na ceardchumainn mórán agus inarb annamh comhaontuithe cómhargála. Ina theannta sin, thug siad le fios freisin gurbh iad na mná a bhí freagrach as tacaíocht a thabhairt don teaghlach i gcónaí in ainneoin síneadh suntasach a bheith curtha leis an tsaoire atharthachta agus leis an tsaoire mháithreachais. Chuir an easpa seirbhísí poiblí amhail naíolanna leis na castachtaí a bhain le hobair in éineacht le cúram leanaí.

Réimse eile imní ba ea **rochtain na n-oibrithe imirceacha ar chúram sláinte**, i réimse an fháilteachais go háirithe, agus ba é tuairim na rannpháirtithe go raibh sí níos measa ina gcás siúd ná i gcás oibrithe eile. Mar sin féin, dúradh maidir le foraithne ó mhí Iúil 2018 trína ndeonaítear rochtain uilíoch ar chúram sláinte gur iarracht dhearfach a bhí ann sa réimse sin.

## 12. Saoirse comhlachais agus comhthionóil

Mhínigh na rannpháirtithe go gcumhdaítear saoirse comhlachais agus saoirse comhthionóil sa Spáinn faoin mBunreacht. Mar sin féin, bhí cur chun feidhme iarbhír na saoirsí sin ina ábhar imní i measc na rannpháirtithe.

Bhain an príomhábhar imní a bhí ag na rannpháirtithe le cur chun feidhme an **Dlí maidir le slándáil na saoránach**, agus bhraith siad go raibh **an spás poiblí á chiorrú** aige. Dúirt na rannpháirtithe maidir le hábhar an dlí go raibh caighdeáin idirnáisiúnta á sárú aige agus é i bhfad ró-dhébhríoch, is é sin go bhféadfaí é a léirmhíniú de réir mar ba rogha, agus chuir siad i bhfios go láidir gur gearradh na céadta míle fíneáil faoin dlí.

Dúirt siad gur cheadaigh an dlí smachtbhannaí a chur ar réimse leathan iompair a bhaineann go hiondúil **leis an gceart chun agóid a dhéanamh agus leis an gceart dul ar stailc**.

Mar shampla, bhí rannpháirtithe á rá go bhféadfaí de réir dlí fíneáil dhíréireach a ghearradh ar léirsitheoirí (fíneálacha suas le EUR 600 000 as cionta an-tromchúiseach de réir Airteagal 39 den dlí).

Ina theannta sin, leag na rannpháirtithe béim ar dhá airteagal ar leith i ndáil leis an méid sin: Airteagal 36(6) maidir le heasumhlaíocht thromchúiseach i leith údaráis agus Airteagal 37(4) maidir le gníomhairí slándála a dhí-urramú.

Dúirt na rannpháirtithe go raibh ardleibhéal discréide ag an bhfórsa póilíneachta, maidir le léirmhíniú an dá airteagal sin, chun fíneálacha a ghearradh. Dar leis na rannpháirtithe, bhí difear á dhéanamh do chothromaíocht na cumhachta mar thoradh ar an discréid mhór a bhí ag na póilíní dlí a fheidhmiú lena rialaítear iompar daoine aonair agus gurb í an bhreithiúnacht a bhí thíos leis.

Bhí imní ar na rannpháirtithe freisin **faoin gcaoi a raibh léirsithe á mbriseadh suas ag na póilíní**, le lámh láidir i gcásanna áirithe. Mar léiriú ar an bhfeiniméan luaigh siad an breithiúnas ón gCúirt

Eorpach um Chearta an Duine sa chás 'Laguna Guzmán v. an Spáinn', a bhain le hagóideoir a gortaíodh mar thoradh ar léirsiú ar chuir na póilíní scaipeadh foréigneach air.

Rud eile a bhain leis an gceist sin, de réir na rannpháirtithe, ná a dheacra a bhí sé **póilíní a aithint go soiléir** ar chodanna éagsúla dá n-éide i gcás ró-úsáid fornirt a líomhnaíodh. Leag na rannpháirtithe béim ar dhea-chleachtas de chuid na Catalóine, áit a mbíonn uimhir aitheantais póilíní ar taispeáint go soiléir ar a n-éide: ar a ndroim, ar a mbrollach agus ar a gclogad. Ba chás leo freisin a annaimhe, de réir dealraimh, a chuirtear pianbhreith ar oifigigh phóilíneachta a bhíonn os comhair na cúirte as ró-úsáid fornirt.

Luaigh na rannpháirtithe na srianta ar **an tsaoirse comhthionóil le linn phaindéim COVID-19** freisin. Thuairiscigh siad gur bhain na póilíní ró-úsáid agus úsáid dhíréireach as forneart chun a áirithiú gur comhlíonadh na rialacha dianghlasála le linn 'staid an aláraim'. Chuireadh na húdaráis phoiblí i bhfáth i gcónaí go mbíodh gníomhartha na bpóilíní de réir dlí i gcónaí agus chonspóid siad maímh a bhain le ró-úsáid agus úsáid dhíréireach an fhornirt.

## 13. Saoirse chun tuairimí a nochtadh agus saoirse na meán

Mhínigh na rannpháirtithe go bhfuil saoirse chun tuairimí a nochtadh ina ceart bunreachtúil sa Spáinn. Mar sin féin, mheas siad go raibh an ceart sin á shárú le tamall de bhlianta mar thoradh ar theacht i bhfeidhm an **Dlí maidir le slándáil na saoránach** in 2015.

Mheas na rannpháirtithe go bhfuil caighdeáin idirnáisiúnta i réimse na **saoirse chun tuairimí a nochtadh agus saoirse na meán** á sárú ag an dlí sin. De réir na rannpháirtithe, tá na húdaráis riaracháin ag brath ar an dlí sin ó tháinig sé i bhfeidhm chun fíneálacha a ghearradh ar iriseoirí, go háirithe grianghrafadóirí agus ceamaradóirí a rinne íomhánna de na póilíní a thaifeadadh.

Cháin na rannpháirtithe doiléire roinnt airteagal den Chód Coiriúil freisin a bhaineann le saoirse na meán agus saoirse cainte, rud a d'fhág léirmhíniú róleathan ar na forálacha ag na póilíní agus iad ag baint mí-úsáid astu. Thuairiscigh na rannpháirtithe cásanna inar gearradh fíneáil ar iriseoirí as 'easpa urraime agus ceataí a dhéanamh' nó as 'neamhaird a dhéanamh den údarás' le linn a gcuid oibre.

Cháin na rannpháirtithe an Dlí maidir le slándáil na saoránach freisin, á rá go raibh bealaí áirithe chun tuairimí a chur in iúl á gcoiriúlú aige trína mhaíomh go raibh an reiligiún, an teaghlach ríoga nó bratach na Spáinne á maslú leo. Thuairiscigh siad gur cuireadh fuirseoir ar a thriail sa chúirt as a shrón a shéideadh isteach i mbratach na Spáinne le linn sceitse agus gur cuireadh rap-amhránaithe i bpríosún mar gheall ar liricí amhrán a líomhnaítear sceimhlitheoireacht a bheith á cur chun cinn acu leo.

Mhínigh na rannpháirtithe go gcumhdaítear an **ceart chun rochtain a fháil ar fhaisnéis** faoi Bhunreacht na Spáinne mar cheart riaracháin seachas mar cheart bunúsach, agus leibhéal cosanta níos ísle ann dó dá réir. Maidir leis an rochtain ar fhaisnéis, ba chúis aiféala do na rannpháirtithe nach ndearnadh an Dlí maidir le trédhearcacht (a bhí ceaptha cead a thabhairt d'iriseoirí nó do dhaoine aonair faisnéis a iarraidh ón rialtas nó ón riarachán poiblí) a chur chun feidhme go hiomchuí. Dúirt na rannpháirtithe go raibh deacracht ag iriseoirí rochtain a fháil ar fhaisnéis maidir le tuarastail oifigeach poiblí. Thairis sin, de réir na rannpháirtithe, cuireadh an Dlí maidir le trédhearcacht ar

feitheamh le linn phaindéim COVID-19, ionas gur coisceadh an rochtain ar fhaisnéis maidir le bearta sláinte.

Thuairiscigh na rannpháirtithe go raibh **foréigean in aghaidh iriseoirí** ag dul i méid, foréigean ó phóilíní den chuid is mó, ach ó na léirsitheoirí féin freisin uaireanta. Tharraing na rannpháirtithe aird freisin ar a dheacra a bhíonn sé oifigigh phóilíneachta a shainaithint go soiléir i gcás ionsaithe ar iriseoirí nó ró-úsáid fornirt ina gcoinne. Dúirt na húdaráis phoiblí nár suíodh gur sháraigh an Spáinn forálacha an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta an Duine lena rialaítear idirghníomhaíochtaí idir an Stát agus iriseoirí nó lena gcosnaítear a neamhspleáchas i gcoinne bagairtí ón rialtas ó 1979 i leith. Chuir na húdaráis phoiblí faisnéis ar fáil freisin faoin raon comhaontuithe idir an Aireacht Gnóthaí Baile agus comhlachais na n-iriseoirí chun iriseoirí a chosaint ar bhagairtí agus staideanna leochaileachta.

Chuir na rannpháirtithe in iúl freisin go raibh imní orthu maidir leis an **iolrachas faisnéise**. Chuir siad i bhfios go láidir a dheacra a bhí sé faisnéis a fháil maidir le dáileadh na gcistí poiblí le haghaidh fógraíocht institiúideach. Bhí siad in aiféala freisin faoi nach raibh comhairle closamhairc ag an Spáinn a ráthódh neamhspleáchas na meán poiblí.

Dúirt na rannpháirtithe gur **coisceadh ar roinnt iriseoirí páirt a ghlacadh i bpreasagallaimh le hionadaithe rialtais**, agus le roinnt páirtithe polaitiúla. Chuir siad i bhfios go raibh údaráis áitiúla ann nár ghlac le ceisteanna ó iriseoirí áirithe i roinnt preasagallamh. Dúirt na rannpháirtithe freisin gur chuir an rialtas cosc ar ghairmithe sláinte ráitis a thabhairt do na meáin le linn na paindéime.

Mhínigh na rannpháirtithe nach raibh reachtaíocht shonrach sa Spáinn maidir le **bréagnuacht**, agus gur iriseoirí agus cuideachtaí meán a dhéanadh fíricí a sheiceáil, le sásra gairmiúil. Maidir le **bréagaisnéis**, dúirt na rannpháirtithe go raibh dul chun cinn leanúnach ar siúl agus go raibh meithleacha cruthaithe ag Roinn Slándála Náisiúnta na Spáinne chun páipéar bán a dhréachtú maidir le conas dul i ngleic le feachtais bhréagaisnéise.

Chuir na rannpháirtithe a n-imní in iúl faoi nach ndearna an Spáinn Treoir AE maidir le **cosaint sceithirí** a thrasuí.

Bhí **rialáil an idirlín** ina ábhar imní eile a bhí á chur in iúl ag na rannpháirtithe. Mheas na rannpháirtithe gur tugadh deis don rialtas smacht a fháil ar an líonra craoltóireachta le Dlí Foraithne Ríoga 14/2019 an 31 Deireadh Fómhair, trína ndearnadh bearta práinneacha a ghlacadh ar chúiseanna slándála poiblí in ábhair a bhain le riarachán digiteach, conraitheoireacht san earnáil phoiblí agus teileachumarsáid. De réir na rannpháirtithe, sonraíodh sa dlí foraithne gur ag dul i méid i gcónaí a bheadh riar an líonra ag an Stát, gan aon oibleagáid go ndéanfaí rialú breithiúnach chun an rochtain a theorannú.

## 14. An ceart chun neamh-idirdhealú

De réir na rannpháirtithe, ní raibh bratdlí i gcreat dlíthiúil na Spáinne chun cosaint a thabhairt i gcoinne an idirdhealaithe agus chun smachtbhannaí a fhorchur ar gach foras idirdhealaithe. D'aontaigh eagraíochtaí na sochaí sibhialta go bhfuil **dlí cuimsitheach comhionannais** ag teastáil ar an leibhéal náisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar an idirdhealú den uile chineál. Dúirt siad freisin go bhfuil dlí comhionannais sa Chatalóin, agus go bhfuil dlí i leith cóir chomhionann á phlé faoi láthair

ag Comhdháil na dTeachtaí. Dúirt na húdaráis phoiblí freisin go raibh grúpaí oiliúna á mbunú acu chun cur leis an bhfeasacht maidir le comhionannas sa riarachán poiblí agus chuir siad faisnéis ar fáil maidir le tionscnaimh chun comhionannas éifeachtach a áirithiú idir mná agus fir sa Spáinn (Dlí Orgánach 3/2007 an 22 Márta 2007 maidir le comhionannas éifeachtach idir mná agus fir atá i bhfeidhm ó 2007 i leith, an dlí cuimsitheach atá beartaithe maidir le cóir chomhionann agus neamh-idirdhealú, beartais maidir le hidir-réiteach, an Dréacht-Bhille um Éagsúlacht Teaghlaigh agus Tacaíocht do Theaghlaigh nó an fhreagairt institiúideach ar fhoréigean inscne).

Thuairiscigh na rannpháirtithe go ndearnadh dul chun cinn i roinnt réimsí. Chuir siad i bhfios go láidir go ndearna an Spáinn Cairt Shóisialta na hEorpa (Athbhreithnithe) ó Chomhairle na hEorpa a dhaingniú i mí na Bealtaine 2021. Agus luaigh siad freisin gur bunaíodh an Plean Gníomhaíochta chun cur i gcoinne Coireanna Fuatha i mí an Mhárta 2021 chun an fhuathchaint i gcoitinne agus ar líne a chomhrac. Is é rialtas na Spáinne, le rannpháirtíocht na sochaí sibhialta, gairmithe dlí agus cuideachtaí idirlín a chuir an prótacal sin i láthair. Ba mhór ag na rannpháirtithe éagsúlacht leathan shóisialta na n-oifigeach póilíneachta freisin. Dúirt na húdaráis phoiblí go raibh comhrac na hAireachta Gnóthaí Baile i gcoinne an idirdhealaithe dírithe ar chur i gcoinne coireanna fuatha bunaithe ar chine, bunadh náisiúnta nó eitneach, teanga, dath, reiligiún, gnéas, aois, míchumas intleachtúil nó fisiceach, gnéaschlaonadh nó tosca comhchosúla eile. Thug siad le fios freisin go ndearnadh meastóireacht ar Phlean Gníomhaíochta 2019-2021 le déanaí, agus go mbeadh an mheastóireacht sin mar bhonn eolais don Dara Plean Gníomhaíochta i gcoinne Coireanna Fuatha.

Measadh fós gurbh iad **na Romaigh** an mionlach a ndearnadh an t-idirdhealú is mó orthu sa Spáinn, go ndéantar idirdhealú forleathan orthu i ngach réimse den saol laethúil, go háirithe maidir le cumarsáid, na meáin shóisialta, rochtain ar fhostaíocht agus ar thithíocht. Measadh go raibh próifíliú eitneach na Romach á dhéanamh ag na póilíní go han-mhinic, agus go ndéanadh na póilíní na Romaigh a stopadh deich n-uaire níos minice ná an chuid eile den daonra. Bhí na rannpháirtithe á iarraidh go mbeadh comhlachtaí comhionannais amhail an Chomhairle um Idirdhealú Ciníoch nó Eitneach a Dhíothú níos rannpháirtí sa chomhrac i gcoinne an fhrithghiofógachais. I ndáil leis sin, chuir na húdaráis phoiblí faisnéis ar fáil faoin bPlean Straitéiseach um Chuimsiú, faoin bPlean Idirinstitiúideach don chomhrac i gcoinne an chiníochais, na seineafóibe, na fóibe LGBTI agus cineálacha eile éadulaingthe, agus faoin Straitéis Náisiúnta maidir le Comhionannas, Cuimsiú agus Rannpháirtíocht na Romach 2021-2030. Tuairiscíodh go ndearnadh dul chun cinn áirithe freisin, amhail coiste a bheith á chruthú laistigh de Chomhdháil na dTeachtaí chun an frithghiofógachas a chosc, coiste a raibh an tsochaí shibhialta rannpháirteach ann.

Bhí ualaí **ar mhná** i gcónaí i réimse an chúraim teaghlaigh, rud a chruthaigh castachtaí maidir lena rochtain ar na réimsí polaitiúla, eacnamaíocha agus fostaíochta. Mhínigh na rannpháirtithe go raibh níos mó ban ná fear a raibh fostaíocht fhorbhásach nó shealadach acu agus go raibh rátaí dífhostaíochta níos airde agus tuarastail níos ísle roimh mhná ná roimh fhir. Tharraing na rannpháirtithe aird ar an bhforéigean inscne freisin, á rá go raibh méadú suntasach tagtha ar dhúnmharú ban le linn na paindéime. Measadh go raibh méadú ag teacht ar an bhforéigean gnéasach freisin. Dúirt na húdaráis phoiblí go raibh bearta á ndéanamh acu chun feabhas a chur ar an gcothromaíocht oibre is saoil agus ar shaoráidí cúraim chun aghaidh a thabhairt ar an gcomhionannas inscne.

Thuairiscigh an **pobal LGBTIQ** ábhair imní maidir le méadú ar an bhfuathchaint ar na meáin shóisialta, go háirithe i gcoinne daoine trasinscneacha. Mheas na rannpháirtithe freisin gur ó ghrúpaí polaitiúla áirithe den chuid is mó a d'eascair an fhuathchaint i gcoinne an phobail LGBTIQ. Mhínigh na rannpháirtithe freisin go raibh sé deacair cásanna idirdhealaithe nó coireanna fuatha a thuairisciú do na póilíní. Ina theannta sin, mheas siad maidir leis an bhfuathchoireacht nach raibh reachtaíocht na Spáinne éifeachtúil. Ar deireadh, léirigh na rannpháirtithe míshástacht le léirmhíniú na mbreithiúna ar an dlí, rud a chuireadh teorainn le saoirse an phobail uaireanta.

D'éiligh na rannpháirtithe uile go ndéanfaí athchóiriú ar **reachtaíocht na Spáinne i leith inimirce**, ar reachtaíocht í a mheas siad a bheith as dáta agus gan í feiliúnach do riachtanais na n-imirceach. De réir na rannpháirtithe, bhí imircigh go háirithe i mbaol ón éiginnteacht agus ó sháruithe ar chearta an duine, agus gan ach rochtain theoranta acu ar sheirbhísí poiblí (amhail sláinte agus oideachas). Chuir na rannpháirtithe in iúl go raibh imní orthu faoin mbainistiú a dhéantar in ionaid choinneála na Spáinne *(Centros de Internamiento de Extranjeros)* ar imircigh a thagann go dtí an Spáinn. Mhínigh na rannpháirtithe go raibh roinnt daoine á gcoinneáil ar feadh suas le 60 lá gan rochtain acu ar dhlíodóir ná deis acu comhairle dlí a fháil. Dúirt siad go ndearnadh an chuid is mó díobh a dhíbirt ar eitleán chuig a dtír thionscnaimh.

Fadhb eile a bhí á cur i láthair ag na rannpháirtithe go raibh sé seacht n-uaire níos dóchúla go ndéanfaí duine nó imirceach 'ciníochaithe' a ghabháil ná an chuid eile den daonra. Thuairiscigh na rannpháirtithe go raibh sraith forálacha sa Dlí maidir le slándáil na saoránach a cheadaíonn *refoulement* i gcás imircigh a thrasnaíonn an teorainn, gan a gcás a sheiceáil ná iad a bheith in ann tearmann a iarraidh.

Bhí idirdhealú á dhéanamh i gcónaí ar dhaoine faoi mhíchumas i réimsí amhail sláinte, fostaíocht, tithíocht agus oideachas. Dá bhrí sin, bhí cur chuige trasearnála á iarraidh ag na hionadaithe trína gcumhdófaí na réimsí sin go léir. Bhí imní ar na rannpháirtithe go háirithe faoi chóracha leighis éigeantacha do dhaoine faoi mhíchumas meabhrach nárbh fhéidir leo faisnéis maidir lena gcóir leighis a fháil. Bhí na rannpháirtithe ag gearán faoi dheacrachtaí eile a bhaineann le míchumas. Ghoill sé ar thoscaireacht CESE go raibh taithí duine dá chomhaltaí ina léiriú ar na deacrachtaí sin le linn na cuairte ar an tír. Nuair a bhain Pietro Vittorio Barbieri, duine de chomhaltaí CESE, aerfort Mhaidrid amach, ní rabhthas in ann teacht ar a chathaoir rothaí. Bhain oifigigh phóilíneachta an tUasal Barbieri as an eitleán tar éis dó a bheith ag fanacht ar a chathaoir rothaí ar feadh breis is uair an chloig. Phléigh na rannpháirtithe freisin inniúlacht dhlíthiúil daoine faoi mhíchumas dá dtagraítear in Airteagal 12 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas. Thug siad dá n-aire go raibh bearta déanta ag na húdaráis phoiblí chun inniúlacht dhlíthiúil a chur chun feidhme. Mar shampla, chonacthas dul chun cinn mar thoradh ar athchóiriú ar an gcód sibhialta trína raibh tacaíocht dhlíthiúil níos fearr á cur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas.

Ar deireadh, bhí na rannpháirtithe ag tarraingt aird ar chás deacair na n**daoine scothaosta** le linn phaindéim COVID-19, daoine a d'fhulaing sáruithe ar roinnt dá gcearta agus iad in árais seandaoine agus in ionaid chónaithe.

## 15. An smacht reachta

In ainneoin roinnt dúshlán, dúirt na rannpháirtithe go raibh bonn daingean faoin smacht reachta. Chuir siad i bhfios go láidir go raibh córas na Spáinne bunaithe ar chearta, lena dtairgtear ráthaíochtaí do shaoránaigh.

Bhain an príomhdhúshlán sa réimse sin leis an **moill ar chomhlacht rialaithe na mbreithiúna (*Consejo General del Poder Judicial* Comhairle Ghinearálta na mBreithiúna, CGPJ) a athnuachan**. Mar gheall ar dheacrachtaí chun teacht ar chomhaontú idir na páirtithe polaitiúla, bhí sé trí bliana ó rinneadh CGPJ a athnuachan. Dheimhnigh na húdaráis phoiblí nár thángthas ar aon chomhaontú polaitiúil maidir le CGPJ a athnuachan. Mheas na rannpháirtithe go raibh neamh-athnuachan CGPJ ina bhagairt ar neamhspleáchas na mbreithiúna, agus go raibh an iomarca polaitíochta ag baint le toghadh chomhaltaí CGPJ.

Mhol na rannpháirtithe gur cheart an próiseas toghcháin in CGPJ a athrú chun a áirithiú gurb iad na breithiúna, seachas na dlísheomraí reachtacha, a dhéanfadh comhaltaí CGPJ a thoghadh go díreach. Mar sin féin, mheas na rannpháirtithe, taobh amuigh de phróiseas ainmniúcháin CGPJ, go raibh an bhreithiúnacht neamhspleách ar an iomlán. Mheas siad go raibh neamhspleáchas ag breithiúna na Spáinne maidir lena n-obair laethúil, gan brú polaitiúil ina bhac orthu.

Bhraith na rannpháirtithe go raibh ganntanas acmhainní ar na breithiúna. De réir na rannpháirtithe, níor leor **líon na mbreithiúna in aghaidh an áitritheora**, rud a d'fhág go mbíodh na himeachtaí rófhada, go háirithe sna hardchúirteanna agus sa Chúirt Uachtarach. Mar sin féin, chuir na húdaráis phoiblí in iúl go raibh líon na mbreithiúna in aghaidh gach 100 000 áitritheoir sa Spáinn an-chosúil lena líon sna tíortha comharsanacha a bhfuil daonra den mhéid céanna iontu, mar shampla an Fhrainc nó an Iodáil.

Mheas na rannpháirtithe go raibh **an éillitheacht** sách coitianta sa Spáinn, go háirithe i réimse an tsoláthair phoiblí. Bhí dul chun cinn déanta maidir le héillitheacht a ionchúiseamh agus smachtbhannaí a fhorchur ina leith, ach bhí feabhsuithe breise ag teastáil fós. Mar shampla, mhol na rannpháirtithe go dtreiseofaí cumhacht faireacháin na Cúirte Iniúchóirí, atá freagrach as faireachán a dhéanamh ar chaitheamh an airgid phoiblí. Mheas údaráis na Spáinne go raibh **dul chun cinn déanta acu maidir leis an éillitheacht a ionchúiseamh agus smachtbhannaí a fhorchur ina leith**, iad ag cur síos ar chreat eile maidir leis an gcomhrac i gcoinne na héillitheachta sa Spáinn, creat **lena ndearnadh an Straitéis Náisiúnta Frith-Chalaoise a neartú** freisin.

Maidir le **hoifigigh phóilíneachta a ionchúiseamh** i leith coireanna foréigneacha agus coireanna fuatha, níorbh é tuiscint na rannpháirtithe gur bhain na póilíní tairbhe as aon chosaint speisialta ó na breithiúna chun aimhleasa an phobail i gcoitinne.

Ar deireadh, níor bhraith na rannpháirtithe go raibh tionchar ar leith ag **paindéim COVID-19** ar staid an smachta reachta sa Spáinn.

## Tuarascáil maidir leis an gcuairt ar an gCipir

## 25-26 Samhain 2021

Ghlac seisear comhaltaí ó CESE páirt sa chuairt tíre ar an gCipir. Bhuail an toscaireacht le heagraíochtaí na sochaí sibhialta (ESSanna), le comhpháirtithe sóisialta agus leis na meáin ar lámh amháin, agus le roinnt údaráis rialtais agus údaráis bhreithiúnacha ar an lámh eile. Is é is aidhm don tuarascáil seo tuairimí na sochaí sibhialta a léiriú agus a aithris go cruinn. Tabharfar tuairimí na n-údarás sa fhreagra uathu ar an tuarascáil.

### 1. Cearta bunúsacha a bhaineann leis na comhpháirtithe sóisialta

Chuir na rannpháirtithe sa seisiún seo in iúl go raibh **traidisiún an-láidir maidir le hidirphlé sóisialta** ag an gCipir, ina bhfuil láithreacht ard ceardchumann agus inar maith mar a idirghníomhaíonn eagraíochtaí fostóirí agus eagraíochtaí fostaithe le chéile. Chuathas i gcomhairle go tráthrialta leis na comhpháirtithe sóisialta maidir le beartais a bhaineann leis an obair agus le réimsí ábhartha eile trí shásraí amhail an Bord Comhairleach Saothair, an comhlacht is airde a chuireann comhairle ar an Aireacht Saothair. D'ainneoin láithreacht os cionn an mheáin a bheith ag na ceardchumainn sa Chipir, chuir na rannpháirtithe in iúl go bhfuil paradacsa i gceist ós rud é freisin gur líon íseal oibrithe sa Chipir a chumhdaítear le comhaontuithe comhchoiteanna san earnáil phríobháideach. Bhí sé sin fíor go háirithe i gcás oibrithe neamh-Chipireacha, is cuma cé acu arbh ón Aontas Eorpach nó ó thríú tír iad.

Cuireadh in iúl freisin **go ndeachthas timpeall ar chomhairliúcháin uaireanta** sa mhéid go ndearna páirtithe polaitiúla tograí reachtacha nár pléadh le ceardchumainn ná le heagraíochtaí fostóirí. Thairis sin, bhí na comhpháirtithe sóisialta ag gearán freisin nár lorgaíodh ná nár leanadh a gcomhairle ó thaobh reachtaíocht saothair a chur chun feidhme, ná ó thaobh reachtaíocht ábhartha ghaolmhar amhail an reachtaíocht a bhaineann le héilliú nó le cosaint do sceithirí.

Mheas na rannpháirtithe go raibh cur chun feidhme **na reachtaíochta saothair** fós lag sa Chipir, go háirithe toisc nach raibh a dhóthain ball foirne ag an gcomhlacht cigireachta saothair. Dá thoradh sin, ní dhearnadh forfheidhmiú cuí ar na bearta maidir le hidirdhealú, pá comhionann d'fhir agus do mhná, cosaint oibrithe imirceacha sa Chipir, agus píosaí eile reachtaíochta.

In 2020, chuathas i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta maidir leis an gcéad **Phlean Náisiúnta um Imircigh a Lánpháirtiú**. Mheas na rannpháirtithe go raibh géarghá le beartais phoiblí sa réimse sin, ós rud é gur minic a baineadh mí-úsáid as imircigh agus a ndearnadh dúshaothrú orthu. Cuid den chúis a bhí leis sin arbh ea go mbídís ag obair den chuid is mó i bpoist nár theastaigh oiliúint ina leith, beag beann ar a gcuid scileanna agus ar a gcúlra. Bhí tuairiscí ann freisin inar tugadh le fios go raibh oifigí fostaíochta poiblí ag díspreagadh iarrthóirí tearmainn ó bheith ag lorg fostaíochta sa Chipir. Luaigh na rannpháirtithe freisin go raibh oibrithe imirceacha nochta don fhuathchaint agus don idirdhealú sa spás poiblí, uaireanta fiú ó oifigigh phoiblí.

Maidir le **COVID-19**, dúirt na comhpháirtithe sóisialta gur cuireadh an gnáth-idirphlé sóisialta ar leataobh le linn na chéad choda den phaindéim. Bhraith siad, áfach, go ndeachthas i gcomhairle go

leordhóthanach leo maidir le roinnt gnéithe amhail bearta sláinte, cabhair airgeadais agus an plean téarnaimh agus athléimneachta. Thairis sin, thug na comhpháirtithe sóisialta le fios gurbh amhlaidh, ó mhí Iúil 2021 ar aghaidh, go raibh líon na gcomhairliúchán maidir le saincheisteanna saothair ar ais ar an leibhéal a bhíodh ann roimh an bpaindéim.

## 2. Saoirse comhlachais agus saoirse comhthionóil

Mheas ionadaithe na sochaí sibhialta gurbh amhlaidh, in ainneoin cosaint leordhóthanach a bheith ag an tsaoirse comhthionóil agus an tsaoirse comhlachais ar an leibhéal bunreachtúil, go raibh laghdú tapa tagtha ar an **spás sibhialta** de bharr gníomhaíochtaí áirithe a rinne na húdaráis. Bhain an chéad sampla a tugadh leis an deireadh a cuireadh leis an gclárlann náisiúnta le haghaidh ESSanna agus clárlanna réigiúnacha a bheith curtha ina hionad. Mar thoradh ar an mbeart sin, mar aon le heaspa comhordaithe idir údaráis áitiúla agus údaráis lárnacha, bhí tréimhsí fada clárúcháin suas le 18 mí i gceist agus bhí rialacha neamhleanúnacha ann maidir le bunú agus feidhmiú ESSanna. Ina theannta sin, mheas na hionadaithe gur cuireadh le castacht an nós imeachta clárúcháin freisin mar gheall ar na stádais fhéideartha éagsúla a bhí ar fáil do ESSanna, a bhféadfaí iad a aicmiú mar chomhlachais, cuideachtaí neamhbhrabúis nó comhlachais spóirt.

Bhí na rannpháirtithe ag gearán freisin **faoi cheanglais mhaorlathacha throma gan ghá** a leagadh ar ESSanna. Sampla amháin den sórt sin arbh ea an oibleagáid atá ar eagraíochtaí a bhfuil ioncam bliantúil os cionn EUR 40 000 acu dul faoi iniúchadh bliantúil. Cé gur thug na rannpháirtithe aitheantas do dhlisteanacht na hiniúchóireachta chun sciúradh airgid nó maoiniú na sceimhlitheoireachta a chosc, bhí díomá orthu gur socraíodh an tairseach ar leibhéal ró-íseal, rud a d’fhág faoi mhíbhuntáiste eagraíochtaí beaga a raibh cumas teoranta nó acmhainní teoranta acu chun iniúchadh den sórt sin a dhéanamh. Sampla eile d’ualach riaracháin éiginnte arbh ea an oibleagáid atá ar chomhaltaí boird taifead coiriúil a sholáthar. Ós rud é nach raibh aon fhaisnéis chuí ann maidir le cé na ciontuithe coiriúla a bheadh ar neamhréir leis an bpost, bhí easpa soiléireachta ann maidir le hiarratais ar diúltaíodh dóibh ar na forais sin.

Mhínigh na rannpháirtithe gur fhoilsigh údaráis na Cipire in 2020 liosta de bhreis agus 2 500 ESS a bhí **á ndíchlárú** toisc gur mhainnigh siad oibleagáidí riaracháin áirithe a chomhlíonadh. I bhformhór na gcásanna, níor chomhlíon siad an oibleagáid i dtaobh cuntais iniúchta a chur isteach nó tionóil reachtúla agus tionóil toghcháin a chur ar bun. Líomhnaítear gur díchláraíodh roinnt eagraíochtaí in ainneoin gur chomhlíon siad a n-oibleagáidí laistigh den sprioc-am 2 mhí. Mheas ionadaithe ESSanna go raibh an próiseas sin díréireach, chreid siad go ndearnadh é gan dóthain cumarsáid oifigiúil agus mheas siad gur iarracht a bhí ann teorainn a chur leis an spás sibhialta. Mheas údaráis na Cipire, áfach, gur cuireadh an próiseas díchlárúcháin i bhfeidhm chun an tsochaí shibhialta a neartú trí chomhlachais nach raibh gníomhach a thuilleadh a dhíchlárú. Chuir siad in iúl gur tugadh fógra i bhfoirm litreach do na heagraíochtaí lena mbaineann maidir lena gcuid mírialtachtaí i bhfad sular foilsíodh an liosta, agus nach bhfuair cuid acu an fógra toisc gur mhainnigh siad seoladh a gceanncheathrún a thabhairt cothrom le dáta tar éis dóibh bogadh.

Luaigh na rannpháirtithe gur minic a dhéanadh roinnt oifigigh phoiblí **leabhlú** ar eagraíochtaí áirithe, ar an bhforas go raibh na heagraíochtaí sin ag obair le himircigh nó go raibh naisc acu le heagraíochtaí ón limistéar atá faoi rialú *de facto* phobal Turcach na Cipire, agus ar an bhforas sin amháin. Chuir sé sin le timpeallacht ina raibh an dearcadh ann gur namhaid de chuid na n-údarás

poiblí iad eagraíochtaí áirithe de chuid na sochaí sibhialta. Luaigh na rannpháirtithe freisin go raibh an claonadh ann, i gcás eagraíochtaí a rinne cáineadh níos mó ar an rialtas, é a bheith níos deacra acu cistiú poiblí a rochtain.

Mheas na rannpháirtithe **nach ndeachthas i gcomhairle go gníomhach leo** maidir le hábhair a bhaineann le reachtaíocht lena gcumhdaítear a réimse gníomhaíochta. Mar shampla, cuireadh in iúl, maidir le Plean Téarnaimh agus Athléimneachta na Cipire, nach ndeachaigh an rialtas i gcomhairle ach leis na comhpháirtithe sóisialta, agus nár cuireadh eagraíochtaí eile san áireamh.

Maidir le saoirse comhthionóil, luaigh na rannpháirtithe gur cuireadh deireadh le srianta sláinte **COVID-19** maidir le léirsithe poiblí i bhfad níos déanaí ná na srianta maidir le himeachtaí sóisialta eile. D'fhág sé sin go raibh fíneáil á gearradh ar dhaoine as páirt a ghlacadh in agóidí, cé go mbeidís in ann páirt a ghlacadh go dlíthiúil in imeachtaí sóisialta eile, amhail bainiseacha.

### 3. Saoirse chun tuairimí a nochtadh agus saoirse na meán

Mheas na rannpháirtithe go raibh cosaint mhaith sa Chipir, ar an iomlán, ag saoirse na meán agus ag an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, trí mheán **forálacha bunreachtúla** agus na gnáthreachtaíochta araon. Mheas siad, áfach, go raibh creat institiúideach na meán as dáta. Bhí plé ar siúl leis na geallsealbhóirí le beagnach 7 mbliana chun an dlí a thabhairt cothrom le dáta, agus bhí súil ag na rannpháirtithe go mbeadh creat reachtach nua ann mar thoradh air sin faoi dheireadh an reachtais atá ann faoi láthair. Chreid na rannpháirtithe gur cheart go bhfágfadh an reachtaíocht nua go bhféadfadh iriseoirí iad féin a rialú, go háirithe i réimse na nósanna imeachta araíonachta agus na n-ábhar eiticiúil – féidearthacht a bhí ann cheana de réir nóta níos déanaí ó údaráis na Cipire, agus urraim á tabhairt don Chód Eitice mar atá leagtha amach ag Coimisiún na Cipire um Ghearáin faoi na Meáin. Chuir siad in iúl freisin go raibh imní orthu faoin dréachtdlí maidir le cásanna dlí straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht an phobail (SLAPP).

Luaigh na rannpháirtithe go raibh ag éirí go maith **le hiolrachas na meán** sa Chipir, mar go raibh foilseacháin éagsúla ann, agus stáisiúin éagsúla raidió agus teilifíse. Sa reachtaíocht atá ann faoi láthair, tá bearta i gcoinne chomhchruinniú úinéireacht na meán, amhail ceangal a chur ar chuideachtaí meán na scairshealbhóirí go léir a bhfuil níos mó ná sciar beag acu a liostú, agus toirmeasc a chur ar aon scairshealbhóir níos mó ná an ceathrú cuid de na scaireanna a bheith ar úinéireacht aige nó aici. Chreid roinnt rannpháirtithe, áfach, go raibh scairshealbhóirí a d'fheidhmigh trí thríú páirtithe ag dul timpeall ar bhearta den sórt sin, agus bhí teorainn le cumas na n-údarás aghaidh a thabhairt air sin.

Chuir na rannpháirtithe in iúl go raibh an reachtaíocht maidir le leabhal tráchtála sa Chipir an-dian. Mar shampla, luadh gur ligeadh do chúirteanna, faoi rialacha áirithe, toirmeasc a chur ar na meáin chumarsáide cuideachta, duine nó eagraíocht shonrach a lua i bhfoilseacháin. Luaigh na rannpháirtithe claonadh i dtreo na **féinchinsireachta** agus ábhair áirithe á gcumhdach a bhféadfadh impleachtaí airgeadais a bheith acu don eagraíocht nuachta a bhí i gceist, nó inar cumhdaíodh topaicí íogaire áirithe. Mar shampla, sheachain iriseoirí ábhair amhail an imirce nó pobal Turcach na Cipire ar fhaitíos go ndéanfaí iad a aithisiú nó go gcuirfí ina leith nár thírghráthóirí iad. Rinneadh

cumhdach maith sna meáin idirnáisiúnta ar roinnt scéalta faoin éilliú sa Chipir, ach ní raibh an oiread céanna fúthu sna meáin náisiúnta.

Maidir le **fuathchaint**, bhí gearáin éagsúla faighte ag an gCoimisiún um Ghearáin faoi na Meáin sa Chipir maidir leis an gciníochas agus an tseineafóibe. Bhí a lán cásanna ann inar úsáideadh friotal míchuí in ábhair a bhaineann leis an imirce.

Mheas na rannpháirtithe go raibh **an bhréagnuacht** ní b'fhorleithne ar líne ná in eagraíochtaí meán seanbhunaithe. Bhraith roinnt rannpháirtithe, áfach, go raibh léiriúcháin áirithe sna meáin aontaobhach den chuid is mó, go háirithe maidir le hábhair a bhaineann le fadhb na Cipire, nó gur ar bhealach áibhéalach a caitheadh le topaicí áirithe amhail an imirce. I dtuairim na rannpháirtithe, ba é an fhoinse nuachta ab iontaofa an preas scríofa, inar cloíodh le dianchaighdeáin.

### 4. An ceart chun neamh-idirdhealú

Ba chúis díomá do na rannpháirtithe **an easpa comhair** idir na húdaráis agus ESSanna atá ag feidhmiú i réimse an neamh-idirdhealaithe, chomh maith le heaspa cur chuige trasnach a bheith ann i dtaobh ceapadh beartas maidir le hábhair amhail an foréigean baile agus imircigh.

Maidir le **cearta na mban**, mhínigh na rannpháirtithe go raibh an ginmhilleadh cuidithe dleathach sa Chipir amhail ó 2018. Bhí Coinbhinsiún Iostanbúl maidir le Foréigean in aghaidh na mBan agus Foréigean Baile a Chosc agus a Chomhrac tagtha i bhfeidhm sa tír an bhliain chéanna, ach bhí sonraí staidrimh maidir le ráta tarlaithe an fhoréigin baile fós gann.

Chuir rannpháirtithe in iúl go raibh imní orthu faoi **thearcionadaíocht na mban** ar na leibhéil riaracháin agus na leibhéil pholaitiúla is airde agus faoin easpa beartas poiblí chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin. Dhírigh siad aird air freisin go raibh tuarastal thart ar 10 % níos ísle ná a gcomhghleacaithe fireanna á íoc le mná sa Chipir agus go raibh a bpinsin beagnach ceithre oiread níos ísle. Bhí mná os cionn 65 bliana d'aois ní ba neamhchosanta ar bhochtaineacht ná fir den aois chéanna; bhí na rannpháirtithe den tuairim gurbh í an tsochaí choimeádach sa tír agus easpa ionaid lae do dhaoine scothaosta ba chúis leis sin. Thairis sin, de réir na gcomhpháirtithe sóisialta, tá méadú mór tagtha le blianta beaga anuas ar líon na mban atá ag gabháil don fhostaíocht neamhfhoirmiúil agus don fhostaíocht pháirtaimseartha.

Luaigh na rannpháirtithe go raibh deacrachtaí ar leith ag imircigh (lena n-áirítear iarrthóirí tearmainn), ós rud é gur chuir roinnt daoine atá i mbéal an phobail ceist na ndídeanaithe i láthair mar bhagairt ar fhéiniúlacht náisiúnta na Cipire, rud nár chuidigh le dearcadh diúltach foriomlán an phobail i leith na n-imirceach. Mhínigh rannpháirtí amháin gurbh iondúil go mbeadh deacracht ag bean Mhoslamach a bhí ag caitheamh *hijab* post a fháil sa Chipir. Mhínigh na rannpháirtithe freisin go raibh foraithne ann lena gcuirtear cosc ar imircigh tithíocht a fháil ar cíos i limistéar áirithe, rud a chreid siad a bhí bunaithe ar an argóint go raibh gá leis an mbeart chun athruithe déimeagrafacha a chosc.

Chuir ionadaithe ESSanna fáilte roimh roinnt céimeanna dearfacha a rinne an rialtas i dtreo **leanaí imirceacha** a imeascadh, amhail múinteoirí dátheangacha a cheapadh. Bhí fadhbanna fós ann ina thaobh sin, áfach, ós rud é go raibh dúshláin roimh leanaí imirceacha ar scoil, mar shampla go sanntar iad go randamach do ranganna gan a gcúlra ná a leibhéal oideachais a bhreithniú tuilleadh. Bhí tréimhse dhianghlasála COVID-19 thar a bheith deacair i gcás leanaí imirceacha a bhí scoite amach sna hionaid d'imircigh. Go ginearálta, bhí fadhbanna acu i dtaobh rochtain a fháil ar an gcóras sláinte.

Luaigh na rannpháirtithe go raibh an-easpa cistithe ann le haghaidh cóiríocht do **dhaoine faoi mhíchumas**. Ba chúis díomá acu freisin é nár cuireadh chun feidhme ina hiomláine go fóill an Straitéis Eorpach um Míchumas. Mhínigh siad nach raibh aon sásra tiomnaithe cúitimh ann le haghaidh gearáin arna ndéanamh ag daoine faoi mhíchumas. Measadh freisin gur dhúshlán a bhí ann go fóill do dhaoine faoi mhíchumas cearta vótála a fheidhmiú. Bhí na rannpháirtithe den tuairim freisin nach ndearna na húdaráis a ndóthain chun tacú le leanaí faoi mhíchumas a imeascadh i ngnáthscoileanna.

Maidir le cearta **daoine LGBTIQ**, luaigh na rannpháirtithe go raibh póstaí sibhialta dleathach sa Chipir ó 2015 i leith. Mheas siad go raibh a lán fuathchainte ann i gcoinne daoine LGBTIQ, ach go raibh na húdaráis ag déanamh imscrúdú uirthi.

## 5. An smacht reachta

Mhínigh na rannpháirtithe sa seisiún sin gurbh amhlaidh, tar éis imeachtaí 1963, go raibh gnéithe áirithe de Bhunreacht déphobail na Cipire tagtha chun bheith neamh-infheidhme. Mar fhreagairt éigeandála ar an ngéarchéim sin, bhí **'prionsabal an riachtanais'** forbartha ag údaráis na Cipire, a bhí beartaithe mar bheart sealadach ach a raibh feidhm aige ó shin, agus d'eascair as sin rud ar mheas rannpháirtithe gur comhchruinniú cumhachta é agus bac ar chóras cuí srianta agus ceartúchán. Thug na rannpháirtithe go leor samplaí de chumhachtaí lánroghnacha atá ann faoi chuimsiú an phrionsabail sin, amhail: sainphribhléid an uachtaráin líon nach beag ardoifigeach a cheapadh, amhail breithiúna Chúirt Uachtarach na Cipire, an t-ombudsman agus an t-ard-aighne; an deis a bheith ag an rialtas pleananna uirbeacha arna ndéanamh ag údarás áitiúil a shárú, gan aon údar maith a thabhairt leis ná gan aon mheasúnú teicniúil roimh ré; an cumas arna dheonú don Aireacht Intíre gníomhú go haontaobhach maidir le gach ábhar a bhaineann leis an imirce, lena n-áirítear díbirt; an ceart a bhíodh ag an rialtas saoránacht a dheonú d'infheisteoirí mar chuid den chlár 'pasanna órga', mar a thugtar air, a bhíodh i bhfeidhm.

Saincheist eile a luadh ná go raibh **ard-aighne na Cipire** ina chomhairleoir dlí don fheidhmeannas, agus go raibh sé i gceannas ar ionchúiseamh freisin. Mheas na rannpháirtithe go bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith ann mar gheall ar ghaireacht na sainphribhléidí feidhmiúcháin agus na sainphribhléidí breithiúnacha sin dá chéile, go háirithe ós rud é go raibh an té atá ina ard-aighne faoi láthair ina Aire Dlí agus Cirt san am a chuaigh thart.

D’ainneoin an phlé a rinneadh le 10 mbliana anuas maidir le hathchóiriú breithiúnach, ba chúis díomá do na rannpháirtithe é **go raibh na próisis bhreithiúnacha an-mhall go fóill**, agus go raibh siad ag tógáil suas le 7 nó 8 mbliana uaireanta. Chuir údaráis na Cipire in iúl go raibh bille maidir le hathchóiriú breithiúnach ar dhlínse an dara céim á phlé sa pharlaimint agus go raibh sé ina chuspóir leis tréimhsí feithimh le haghaidh cinntí breithiúnacha a laghdú.

Chuir rannpháirtithe in iúl **nach raibh aon bhealach éifeachtach ann chun cinntí cúirte a eisíodh in aghaidh údaráis phoiblí a fhorfheidhmiú**, agus nár eascair aon smachtbhannaí as mainneachtain na n-údarás cloí leo. Tuairiscíodh freisin go raibh drogall ar chúirteanna na Cipire ceisteanna a tharchur chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

D’agair na rannpháirtithe cásanna áirithe freisin ina raibh **soiléireacht agus trédhearcacht in easnamh sa reachtaíocht**. Mar shampla, ní raibh aon bheartas trédhearcach soiléir imirce ann faoina bhféadfaí imircigh a chur go hiomlán ar an eolas faoi na coinníollacha i dtaobh iontráil chun na Cipire sula bhfágfaidís a dtír thionscnaimh.

Mheas na rannpháirtithe nach ndearnadh **toimhde na neamhchiontachta** a fhorfheidhmiú go leordhóthanach sa Chipir, agus chreid siad gur mheas cúirteanna sibhialta uaireanta gur cruthúnas ar éagóir é imscrúdú coiriúil a bheith ann, rud a shéan na húdaráis go láidir.

Mheas na rannpháirtithe go raibh dearcadh láidir ann sa Chipir go raibh **éilliú** ar bun. Thagair siad go háirithe don chlár ‘pasanna órga’, mar a thugtar air, a bhíodh i bhfeidhm – faoinar ceadaíodh don rialtas, ar feadh breis agus 10 mbliana, saoránacht a dheonú d’infheisteoirí – mar léiriú ar an bhfíoras go raibh an t-éilliú forleathan ar fud an réimse pholaitiúil. Bhí na rannpháirtithe den tuairim freisin gur spreag an t-éilliú gníomhaíochtaí coiriúla eile amhail gáinneáil ar dhaoine.

## 6. Dúshláin i ndáil le cearta bunúsacha i limistéir de chuid Phoblacht na Cipire nach bhfuil faoi rialú an rialtais

Thug na rannpháirtithe dá n-aire, i gcás na ndaoine sa limistéar nach bhfuil faoi rialú an rialtais, nach ionann an rochtain atá acu ar a gcearta maidir le saoránacht an Aontais Eorpaigh agus an rochtain atá ag na daoine sna limistéir atá faoi rialú éifeachtach rialtas Phoblacht na Cipire. Bhí feidhm aige sin go háirithe maidir le haitheantas a thabhairt don tsaoránacht a raibh siad ina teideal, agus do na cearta a eascraíonn as sin. Mhínigh na rannpháirtithe freisin go ndearnadh idirdhealú in aghaidh leanaí ó phóstaí measctha le ‘Turcaigh ón Mórthír’, mar a thugtar orthu.

Ceann de na fadhbanna ba shuntasaí a bhí faoi thuairisc ag ionadaithe de chuid ESSanna ó limistéir den Chipir nach bhfuil faoi rialú an rialtais, bhain sé le **gáinneáil ar dhaoine**, lenar cuimsíodh gáinneáil ar ghnéas, saothar éigeantais agus gáinneáil ar uibheacha daonna, gáinneáil a rinneadh trí roinnt clinicí toirchithe *in vitro* (IVF). Bhí sé deacair ar na rannpháirtithe tacaíocht a thabhairt d’íospartaigh in éagmais cláir cosanta finnéithe, dídine agus cúnamh airgeadais.

Bhraith ionadaithe ESSanna ó na limistéir nach bhfuil faoi rialú an rialtais go raibh raon feidhme na **saoirse chun tuairimí a nochtadh** ag cúngú, rud a léiríodh leis an bhfíoras gur gabhadh agus gur coinníodh roinnt daoine mar gheall ar an méid a scríobh siad ar na meáin shóisialta nó mar gheall ar aithisc a tugadh le linn cláir theilifíse. Chuir na rannpháirtithe a n-imní in iúl freisin maidir leis an mbréagaisnéis agus an easpa litearthachta sna meáin, cé go ndearnadh roinnt iarrachtaí aghaidh a thabhairt ar an easpa sin.

Chuir na rannpháirtithe a n-imní in iúl maidir le **saoirsí reiligiúnacha**, agus dhírigh siad aird ar roinnt gníomhaíochais a raibh sé ina chuspóir leis an reiligiún a bheith ina chuid den saol sóisialta, agus ar an mbrú a chuirtear ar mhionlaigh reiligiúnacha.

Thug na rannpháirtithe faoi deara freisin go raibh cúlú áirithe ann i dtaobh **chearta na mban** i sochaí a bhí ag éirí níos coimeádaí.

Luaigh eagraíochtaí na sochaí sibhialta freisin go raibh sé ag éirí níos deacra agus níos deacra orthu **maoiniú** a fháil ionas go bhféadfaidís feidhmiú.

## Tuarascáil ar an gcuairt fhíorúil ar an Liotuáin an 15 agus an 17 Nollaig 2021

Ghlac seisear comhaltaí páirt sa chuairt tíre fhíorúil ar an Liotuáin. Bhuail an toscaireacht le roinnt ionadaithe ón tsochaí shibhialta, go háirithe eagraíochtaí na sochaí sibhialta (ESSanna), comhpháirtithe sóisialta, na meáin, agus gairm an dlí, ar thaobh amháin, agus le húdaráis na Liotuáine ar an taobh eile. Is é is aidhm don tuarascáil seo tuairimí na sochaí sibhialta a léiriú agus a aithris go cruinn.

### 1. Cearta bunúsacha a bhaineann leis na comhpháirtithe sóisialta

Tháinig na comhpháirtithe sóisialta ar chomhaontú maidir leis an éagothromaíocht idir an creat dlíthiúil maidir le **hidirphlé sóisialta** agus an cleachtas. Dúradh, cé go raibh an bunús dlí fabhrach, nár leor toilteanas na n-údarás poiblí dul i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta agus dul i mbun caibidlíochta leo. Bhí cuid mhaith de na heagraíochtaí a ghlac páirt sa phlé rannpháirteach sa Chomhairle Thríthaobhach freisin, rud a thug rochtain dóibh ar an bpróiseas ceaptha beartas. Mar sin féin, ní raibh sé sásúil, dar leo, a mhéid a d'éist na húdaráis phoiblí leis na comhpháirtithe sóisialta.

Tugadh faoi deara gur minic a chuirfí comhpháirtithe sóisialta agus ESSanna ar an eolas seachas dul i gcomhairle leo (uaireanta *ex-post*), agus nach raibh dóthain ama acu freagairt a ullmhú a chuirfí san áireamh agus beartais á ndréachtú. Mhaígh údaráis na Liotuáine, áfach, nach bhfuair siad aon ghearáin maidir leis an idirphlé sóisialta agus ní hamháin sin, ach go raibh méadú agus dlús curtha le líon agus le déine na gcruinnithe ar gach leibhéal mar gheall ar an digiteáil a bhí mar thoradh ar phaindéim COVID-19. Chuir ionadaí na gcomhpháirtithe sóisialta an méid sin in iúl freisin. Ina theannta sin, thug ionadaithe na n-údarás poiblí dá n-aire go raibh na dréachtdlíthe go léir ar fáil go poiblí ar líne ar shuíomh gréasáin na Parlaiminte agus gurbh fhéidir barúlacha a léiriú ina leith.

De réir na rannpháirtithe, cumhdaíodh an **ceart dul ar stailc** i ndlí na Liotuáine, ach i gcleachtas bhí sé an-deacair stailceanna a eagrú mar gheall ar an gcreat dlíthiúil; dúradh freisin go raibh teorainn leis an leas a d'fhéadfadh ceardchumainn a bhaint as an gceart sin. Ina theannta sin, bhí ionadaíocht na gceardchumann an-íseal gan ach codán an-bheag d'oibrithe na hearnála príobháidí ina mball de cheardchumann, agus san am céanna, bhí rialacháin stailce níos déine ar fhostaithe san earnáil phoiblí de réir Dhlí an tSaothair.

Ar deireadh, de réir na rannpháirtithe, ní raibh na comhairliúcháin maidir leis an **tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta** cuiditheach. Bhí an iomarca rannpháirtithe sna cruinnithe, ní raibh mórán ama i gceist, bhí an fhaisnéis a cuireadh i láthair neamhbheacht go minic, agus ní raibh aon deis ann plé ceart a dhéanamh. Ina theannta sin, níor áirithíodh aon leanúnachas sna comhairliúcháin agus ní raibh aon rochtain ag na comhpháirtithe sóisialta ar an bhfaireachán a rinneadh ar chur chun feidhme beartas.

### 2. Saoirse comhlachais agus comhthionóil

Chuir na rannpháirtithe in iúl gur dhúshlán é COVID-19 le haghaidh ghníomhaíochtaí na sochaí sibhialta eagraithe toisc nach rabhthas in ann cruinnithe a dhéanamh ach go cianda. Tugadh faoi deara, áfach, gur fhág na cianchruinnithe sin gurbh fhéidir le raon níos leithne ionadaithe ón tsochaí shibhialta páirt a ghlacadh sna meithleacha arna n-eagrú ag na haireachtaí. Ag an am céanna, d'aontaigh lucht freastail an phlé gur mhinic a reáchtáladh na cruinnithe agus é d'aidhm acu faisnéis a chur ar aghaidh chuig ionadaithe de chuid ESSanna seachas plé a dhéanamh leo agus aiseolas a fháil uathu. D'áitigh oifigigh an rialtais go raibh neart cruinnithe cuiditheacha ann le ESSanna le linn na paindéime.

Maidir le maoiniú, chuir ionadaithe ar ESSanna in iúl go raibh an **easpa caipiteal airgeadais agus daonna** ar na constaicí ba mhó maidir lena spriocanna a bhaint amach. Cé go raibh tionchar dearfach ag paindéim COVID-19 ar chistiú stáit d'eagraíochtaí neamhrialtasacha, bhí easpa cur chuige córasach agus sonraí ann, go ginearálta, chun é a dhéanamh níos éasca dóibh iarratas a dhéanamh ar dheiseanna maoiniúcháin. Ba dhíol sásaimh do na rannpháirtithe bunú Ciste ENR faoin Aireacht Gnóthaí Sóisialta, a chuir tús lena chuid gníomhaíochtaí in 2021. Glacadh dlí nua lena gcuirfí cistiú stáit ar fáil do ENRanna in 2021 ach níor tháinig sé i bhfeidhm toisc gur rialaigh an Chúirt Bhunreachtúil go raibh gá le leasuithe áirithe. Bhí imní ar ionadaithe de chuid ESSanna faoi na moilleanna ar mhaoiniú agus faoin stad a cuireadh lena ngníomhaíochtaí mar thoradh air sin, rud ar ceapadh beartas neamhéifeachtúil ba chúis leis. Gné dhiúltach eile a thug na rannpháirtithe dá n-aire go raibh sciar na gcistí ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a leithdháileadh ar an earnáil phoiblí díréireach i gcomparáid leis an méid a leithdháileadh ar na gníomhaithe san earnáil phríobháideach a sholáthraíonn seirbhísí poiblí , agus gur ar an earnáil phoiblí den chuid is mó a bhí formhór na gcistí dírithe.

Ina theannta sin, dúradh gur chuir an t-athrú rialtais a tharla i bhfómhar 2021 isteach ar an gcomhar idir na ESSanna agus an Stát, ach gur cur isteach sealadach a bhí ann agus nárbh fhada gur thosaigh sé arís mar is gnách. Forbairt dhiúltach a thug ionadaithe de chuid ESSanna ar aird ná an líon ard tograí reachtacha agus leasuithe a cuireadh faoi bhráid na meithleacha aireachta. Ba mhinic a bhí sé deacair súil a choinneáil ar na próisis chomhthreomhara, agus laghdaigh sé sin cáilíocht an ionchuir a d'fhéadfadh na ESSanna a chur ar fáil do lucht ceaptha beartas.

Rinne na rannpháirtithe machnamh freisin ar roinnt **srianta a cuireadh ar shaoirse comhthionóil le déanaí**. Mar shampla, dhiúltaigh bardais éagsúla d'iarratais ón bpobal LADTIA+ agus ón dream a bhí i gcoinne an phósta chomhghnéis maidir le cruinnithe poiblí a eagrú i Meán Fómhair 2021. Tar éis achomharc cúirte, áfach, tugadh cead, ar deireadh thiar thall, don phobal LADTIA+. Tugadh faoi deara go raibh rochtain theoranta ar bhonn sealadach ag iriseoirí agus ENRanna ar an teorainn leis an mBealarúis nuair a fógraíodh go raibh staid éigeandála ann. Nuair a cuireadh deireadh leis na srianta, d'éirigh leis na ENRanna comhoibriú leis an Aireacht Gnóthaí Baile agus bhí siad in ann cabhair dhaonnúil a chur ar fáil do na himircigh.

Thug rannpháirtí amháin le fios go raibh an Liotuáin ina hóstach ar thart ar 200 **ESS ón mBealarúis** nach bhféadfadh a bheith ann sa Bhealarúis. Measadh gur próiseas casta é d'eachtrannaigh ESS a bhunú sa Liotuáin, agus iad faoi ualach freisin de dheasca an drogaill a bhí ar bhainc na Liotuáine seirbhísí a chur ar fáil do náisiúnaigh na Bealarúise. Ina theannta sin, bhí an cainteoir den tuairim go bhféadfadh na ceanglais dhéine trédhearcachta a bhí á gcur i bhfeidhm ar ESSanna na Liotuáine dochar a dhéanamh d'eagraíochtaí na Bealarúise a bhí bunaithe sa Liotuáin, arbh eagraíochtaí iad sin a raibh cosaint agus anaithnideacht ag teastáil uathu go minic ar mhaithe le sábháilteacht a mball.

### 3. Saoirse chun tuairimí a nochtadh agus saoirse na meán

Maidir leis **an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh** sa Liotuáin, d'aontaigh na rannpháirtithe go raibh na meáin sábháilte agus neamhspleách. Thairis sin, bhí éagsúlacht agus iolrachas tuairimí ann, agus ní raibh aon fhadhbanna tromchúiseacha sa réimse sin. Go háirithe i réimse an raidió agus na teilifíse,

bhí éagsúlacht mhór eagraíochtaí meán i láthair sa Liotuáin (d'ainneoin chomhchruinniú ard úinéireacht na meán). Mar sin féin, dúradh gur chaill an preas scríofa an tionchar a bhíodh aige sa Liotuáin i gcomparáid le roinnt mhaith Ballstát eile, gan ach nuachtán laethúil amháin fágtha. Dúradh freisin gurb é an t-idirlíon an phríomhfhoinse rochtana ar na meáin faoi láthair. Bhí an margadh do thairseacha nuachta ar an idirlíon an-iomaíoch agus bhí formhór na nuálaíochtaí iriseoireachta ar siúl ann. Dúradh gurbh í an teilifís an meán ba mhó tionchar agus ba shaibhre sa tír, cé gur mheas na rannpháirtithe gurbh é an t-idirlíon an cainéal ab éasca teacht air chun tuairim an duine a chur in iúl.

Maidir leis an **bhfuathchaint** agus leis an bhfuath a spreagadh, d'aontaigh na rannpháirtithe go raibh sí i láthair sna meáin shóisialta, go háirithe i gcodanna tuairimíochta, agus gurb iad inscne, eitneachas agus seasamh sóisialta na príomhghnéithe a ndírítear orthu. Sa Liotuáin, áfach, ní dhearnadh an fhuathchaint a spriocdhíriú go córasach ar iriseoirí. Ina theannta sin, tugadh faoi deara go raibh sé d'údarás ag an gCoimisiún um Raidió agus Teilifís sa Liotuáin cosc a chur le cláir eachtrannacha a athchraoladh ar chríoch na tíre, má sainaithníodh an fhuathchaint nó sáruithe eile iontu. Mar sin féin, níor bhain na cinntí sin ach le cláir theilifíse atá á gcraoladh don athuair, agus níor chumhdaigh siad an t-idirlíon.

Rinneadh measúnú ar **shaoirse na meán** mar réimse nach raibh aon ábhar imní ar leith ag baint leis, cé gur tugadh faoi deara go ndearnadh iarrachtaí faisnéis áirithe a choinneáil siar ó iriseoirí. I ndáil leis an méid sin, luaigh roinnt rannpháirtithe gnéithe de **chur chun feidhme an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)** sa Liotuáin, a bhí ina phróiseas fada agus casta. Gné amháin a thug na rannpháirtithe chun suntais ná gur bhain na húdaráis phoiblí úsáid as cur i bhfeidhm RGCS mar leithscéal in amanna chun faisnéis a choinneáil siar ó iriseoirí, mar shampla i rith imscrúduithe iriseoireachta.

Luadh cur chun feidhme RGCS freisin mar réimse inar ghá d'iriseoirí an 'troid' is mó a dhéanamh mar gheall ar an gcleachtas dlí gann sa tír, agus mar gheall ar roinnt cinntí a rinne an Cigire Eitice in Oifig Chigire na hEitice Iriseoireachta, atá cuntasach do Pharlaimint na Liotuáine, ar chinntí iad a cuireadh ar neamhní sna cúirteanna ina dhiaidh sin. Thug iriseoirí iniúchacha agóid i gcoinne na gcinntí sin, toisc go raibh siad ag obair ar shaincheisteanna tábhachtacha ar mhaithe le leas an phobail, agus dá n-úsáidfí RGCS ina gcoinne mar chásanna dlí straitéiseacha in aghaidh rannpháirtíocht phoiblí (**SLAPPanna**) chun iad a chur ina dtost, bheadh sé sin ina shárú suntasach ar shaoirse cainte sa tír.

Ina theannta sin, tugadh faoi deara go raibh iriseoirí ag cloí le **caighdeáin eitice**, agus rinne na boird eagarthóireachta a seacht ndícheall chun sábháilteacht iriseoirí a chinntiú agus chun ionchúiseamh a sheachaint. Tugadh faoi deara freisin go bhféadfaí athbheochan a dhéanamh ar iriseoireacht ar ardchaighdeán, agus ceithre fhoireann imscrúdaithe gníomhach sna meáin ag an am. Mar sin féin, ní cosúil go raibh sásra féinrialála sa tír. Ina theannta sin, luadh go raibh gá suntasach le hoiliúint agus comhairle d'iriseoirí, go háirithe maidir leis na meáin shóisialta, rud a chuir Oifig Chigire na hEitice Iriseoireachta ar fáil i scríbhinn agus ó bhéal araon de réir na dtuairiscí, agus trí sheimineáir oiliúna chomh maith.

Maidir le **maoiniú na meán**, mheas na meáin tráchtála gur fadhb í an státchabhair don chraoltóir náisiúnta seirbhíse poiblí toisc gur measadh go raibh an tacaíocht sin níos mó ná an tsuim a fuair gach soláthraí teilifíse tráchtála le chéile. Ní raibh ach deiseanna teoranta ag na meáin chun faireachán a dhéanamh ar an gcaoi ar caitheadh an maoiniú seo i gcomhair an chraoltóra poiblí agus ar an gcaoi a ndearna sé an misean a bhaint amach. Maidir leis na meáin phríobháideacha, dúradh go bhféadfaidís maoiniú a fháil ó Chiste Tacaíochta na Meán agus ó thionscadail éagsúla chomh maith. Measadh, áfach, nach raibh an maoiniú leordhóthanach.

Pointe eile a luadh maidir le maoiniú an chraoltóra seirbhíse poiblí ná go bhfuair sé an maoiniú suntasach ó bhuiséad an Stáit (trí cháin ioncaim phearsanta agus dleachtanna máil a bhailítear) go

huathoibríoch, agus nach raibh ar an gcraoltóir údar maith a thabhairt lena riachtanais; chreid cuid acu, dá bhrí sin, go ndearna sé seo an margadh iomlán a shaobhadh. Ina theannta sin, mar gheall ar an gcaipiteal sin, d'fhéadfadh an craoltóir seirbhíse poiblí na hiriseoirí is fearr agus is mó a bhfuil taithí acu a mhealladh, rud a d'imir tionchar freisin ar na tuarastail a íocadh le hiriseoirí in eagraíochtaí príobháideacha meán.

Ar deireadh, maidir le paindéim COVID-19, dúradh go raibh tionchar diúltach aige ar cháilíocht na hiriseoireachta, mar gheall ar an laghdú ar ioncam ó fhógraíocht na meán.

4. **An ceart chun neamh-idirdhealú**

Tháinig ionadaithe de chuid ESSanna ar ghnéithe diúltacha agus dearfacha araon i réimse an neamh-idirdhealaithe sa Liotuáin. Cuireadh deireadh leis an gClár Náisiúnta um Chomhdheiseanna d'Fhir agus do Mhná in 2021, agus é mar rún cur chun feidhme cothrománach an chomhionannais inscne a chur ina ionad ar fud tionscnaimh pleanála straitéisí. Chuir duine de na rannpháirtithe in iúl gur cúis imní dó go gcuirfeadh an easpa tuisceana ginearálta ar **shaincheisteanna comhionannais inscne** cosc ar dhul chun cinn sa réimse seo. D'aontaigh rannpháirtithe eile go mbeadh sé deacair faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme pleanála straitéisí neamh-idirdhealaithí, go háirithe i réimsí ina bhfuil traidisiúin sheanbhunaithe idirdhealaithe shistéamaigh. Ina theannta sin, tugadh faoi deara, toisc nach raibh aon aireacht ar leith ann le haghaidh an chomhionannais, gur thit na saincheisteanna gaolmhara go léir i lámha na hAireachta Saothair agus Gnóthaí Sóisialta. Ní raibh sé d'acmhainn ag an aireacht sin, áfach, aghaidh a thabhairt go domhain ar chásanna idirdhealaithe.

Dúradh gur cuireadh an Coinbhinsiún daingnithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (CRPD) i bhfeidhm go díreach i ndlí na Liotuáine ó 2010 i leith, i gcomhréir leis an mBunreacht, agus cearta daoine faoi mhíchumas á gcosaint ar an gcaoi sin. Chuir duine de na rannpháirtithe sa phlé in iúl, áfach, nár thosaigh Parlaimint na Liotuáine le gníomhaíocht a dhéanamh go dtí 2019, mar shampla trí dheireadh a chur leis an téarma 'neamhábalta obair a dhéanamh' agus tagairt á déanamh do dhuine faoi mhíchumas, agus trí reachtaíocht a ghlacadh lena bhfeabhsaítear cearta leanaí faoi mhíchumas.

Cuireadh i bhfios go láidir go raibh liosta uileghabhálach de cheithre fhoras déag ar a raibh cosc ar an idirdhealú i **nDlí reatha na Liotuáine maidir le Comhdheiseanna**. In 2019, cuireadh leasú faoi bhráid na Parlaiminte chun an liosta a leathnú chun féiniúlacht inscne, stádas teaghlaigh agus stádas sláinte a áireamh mar fhorais bhreise idirdhealaithe a d'fhéadfadh a bheith ann. Leagadh síos sa togra freisin go raibh ar gach institiúid Stáit, ar gach fostóir agus ar gach soláthraí seirbhíse freastal réasúnta a ráthú do dhaoine atá faoi mhíchumas. Dúradh, áfach, nach ndearnadh aon dul chun cinn maidir leis an leasú a ghlacadh.

Maidir le **Coinbhinsiún Iostanbúl** chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac, chuir ionadaithe de chuid ESSanna in iúl go raibh an chuma ar an rialtas reatha go raibh claonadh aige é a dhaingniú, ach ina ainneoin sin, go raibh cuid mhaith 'brú siar' i measc an phobail i gcoitinne i leith an tionscnaimh. Ba é an t-uafás poiblí sin an dúshlán ba mhó roimh dhul chun cinn a dhéanamh i dtreo an daingnithe agus níor leor an toil pholaitiúil le cur ina choinne.

Ina theannta sin, bhí rochtain ar **ghinmhilleadh sábháilte** teoranta, agus ní raibh sé ráthaithe sa dlí; tugadh faoi deara go raibh Uachtarán reatha na Poblachta i bhfabhar cosc a chur ar ghinmhilleadh, agus dúradh freisin go raibh baint nach beag ag an Eaglais leis an ábhar seo. Bhí sochaí na Liotuáine anuas ar an nginmhilleadh, agus ar an bhforéigean inscnebhunaithe freisin, , rud a chuir brú breise ar mhná. Thug na rannpháirtithe dá n-aire go raibh grúpaí trasghearrthacha, amhail mná atá faoi mhíchumas, thar a bheith leochaileach a mhéid a bhain le foréigean teaghlaigh. Le déanaí, bhí togra curtha ar aghaidh ag an bParlaimint chun nuashonrú a dhéanamh ar an Dlí maidir le Cosaint ar Fhoréigean Baile, rud a chuirfeadh deireadh le tagairt shainráite an fhoréigin in aghaidh na mban i

gcomhthéacs an fhoréigin teaghlaigh. Mhaígh ionadaí ón Aireacht Saothair agus Gnóthaí Sóisialta, áfach, go gcuirfí bunsmaointe Choinbhinsiún Iostanbúl i bhfeidhm leis an dréacht-dlí sin.

De réir rannpháirtí amháin, níor leor Pleananna Gníomhaíochta 2017-2019 agus 2021-2023 chun an Neamh-Idirdhealú a Chur Chun Cinn, ós rud é nach raibh aon bheart ar leith iontu a bhainfeadh go sonrach leis an **bpobal LADTIA+**. Níor cumhdaíodh idirdhealú ar bhonn léiriú inscne nó féiniúlacht inscne go sonrach sa Dlí reatha maidir le Comhdheiseanna, rud a chuir daoine trasinscneacha faoi mhíbhuntáiste i dtéarmaí an dlí. Rinneadh dul chun cinn beag in 2019 nuair nár cuireadh cosc a thuilleadh ar dhaoine trasinscneacha gairmeacha leighis agus dlí áirithe a lorg. Thairis sin, in 2021, bhunaigh an Aireacht Dlí agus Cirt meitheal chun creat reachtach a chruthú ina dtabharfaí aitheantas do dhaoine trasinscneacha agus ina gcuirfí cosaint ar fáil dóibh.

Dúradh nach raibh aon **chomhpháirtíocht dhlíthiúil inscne-neodrach** sa tír, ós rud é gur sainíodh pósadh i mBunreacht na Liotuáine amhail idir fear agus bean agus diúltaíodh do thogra le haghaidh aontais chomhghnéis sa Pharlaimint i bhfómhar 2021. Go ginearálta, ba thromchúiseach an scéal sa Liotuáin maidir le cearta phobal LADTIA+, dar le rannpháirtí amháin. Dúirt ionadaithe rialtas na Liotuáine nach raibh aon phlean ann clár a chruthú a bheadh dírithe go sonrach ar phobal LADTIA+ a chosaint, ach gur cheart an rún a áireamh i ngach tionscnamh pleanála straitéisí go cothrománach.

Dúirt ionadaí ó eagraíocht Státmhaoinithe a chuireann treoir dhlíthiúil ar fáil d'**íospartaigh an idirdhealaithe** gur bhain formhór na n-éileamh a fuair siad in 2021 le hidirdhealú ar bhonn inscne, míchumais agus aoise. Láimhseáil an oifig thart ar 400 fiosrúchán anuraidh, cé nach raibh próisis dhlíthiúla mar thoradh ach ar líon beag díobh. De réir rannpháirtí eile, ba mhinic a chuirfí as d'íospartaigh dul agus leigheas dlí a lorg de dheasca na n-iarmhairtí beaga a bheadh ann don chosantóir sa chás ina bhfaighfí ciontach é. Luadh easpa aitheantais don fhuathchaint agus do choireanna fuatha sa phobal agus laistigh de na húdaráis mar chúis eile don líon measartha beag gearán a rinneadh.

Chuir rannpháirtithe de chuid ESSanna a dtuairim in iúl nach raibh institiúidí stáit ullamh le déileáil le plódú na **n-imirceach**, ar linbh agus mná roinnt mhaith díobh, a ndearnadh iad a chosc ag an teorann idir an Bhealarúis agus an Liotuáin. Níor urramaíodh cearta na ndaoine sin i gcónaí, agus ba mhinic a thug ENRanna agus oibrithe deonacha an chabhair a bhí in easnamh ó thaobh institiúidí an Stáit de, gach rud idir chlúdaigh theas sa gheimhreadh agus treoir dhlíthiúil. Thairis sin, cuireadh srian ar rochtain ENRanna ar an gceantar tar éis staid éigeandála a bheith fógartha sna réigiúin teorann. Thug ionadaí rialtais dá aire go bhféadfaí cead a fháil ó sheirbhís an Gharda Teorann Stáit dul isteach sa limistéar srianta. Tuairiscíodh freisin go raibh cruinnithe seachtainiúla ag ionadaithe ó institiúidí rialtais agus ó ENRanna chun faisnéis ábhartha a roinnt agus chun dul i ngleic le saincheisteanna éagsúla.

D'aontaigh gach duine a bhí ag freastal ar an gcruinniú go raibh tionchar mór ag an **Eaglais Chaitliceach** ar lucht déanta beartas, mar go mbuailfidís go neamhfhoirmiúil le hionadaithe ardeaglaise chun gach saincheist thábhachtach a phlé. Ina theannta sin, bhí seasamh radacach glactha ag an Eaglais Chaitliceach i gcoinne Choinbhinsiún Iostanbúl, rochtain ar ghinmhilleadh sábháilte, agus an dlí comhpháirtíochta comhghnéis, mar nach raibh guthanna forchéimnitheacha Caitliceacha chomh flúirseach sin. Ag an am céanna, anuas ar mhaoiniú díreach a fháil gan oibleagáid a bheith uirthi a hioncam a dhearbhú, bhain an Eaglais Chaitliceach tairbhe as neart díolúintí faoi dhlí na Liotuáine, díolúintí a dtiocfadh laghdú orthu le glacadh an leasaithe thuasluaite ar an Dlí maidir le Comhdheiseanna.

Le linn na bpléití, luaigh na rannpháirtithe gur tugadh cuireadh dóibh uaireanta chuig meithleacha a d'eagraigh na haireachtaí, ach nach dtarlódh sin i gcónaí. Níor léir ach oiread conas a chinn na haireachtaí cé dóibh a dtabharfaí cuireadh. Ba mhinic nach raibh an deis ag na ESSanna rannpháirteacha ach a dtuairimí a chur in iúl maidir leis an dréacht deiridh den reachtaíocht, seachas

páirt a ghlacadh sa dréachtú féin. Ar an taobh eile, mheas ionadaí amháin gur tharmlig na húdaráis rialtais cuid mhaith den obair, lena n-áirítear sásraí tacaíochta a chruthú agus a chur chun feidhme, do na ESSanna.

Ar deireadh, tugadh faoi deara go raibh níos mó ionadaithe baineanna sa rialtas a toghadh i bhfómhar 2020 ná mar a bhí riamh (mná a bhí i leath na n-airí). D'ainneoin an mhéadaithe sin, ní raibh laghdú tagtha ar an mbearna phá idir na hinscní le blianta beaga anuas.

5. **An smacht reachta**

**Iomadú an fhaireachais rúnda neamhchuntasaigh** ar dhaoine príobháideacha á ndéanamh ag gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí, amhail an Ghníomhaireacht Frithéillithe an rud ba mhó a bhí ina ábhar imní do na cleachtóirí dlí a bhí i láthair ag an bplé. Bhí fadhb struchtúrach á tabhairt faoi deara: d'eiseodh breithiúna ceadanna faireachais i mbeagnach 100% de na cásanna, toisc go raibh a n-ionchais ghairme féin ag brath go díreach ar na tuarascálacha faisnéise maidir lena bpearsa a chuir an Ghníomhaireacht Frithéillithe ar fáil do chinnteoirí, gan aon deis a bheith ag na breithiúna eolas a fháil ar an bhfaisnéis sin. D'fhéadfaí breathnú air sin mar bhrú indíreach, toisc gur ar éigean a bhreithneodh aon bhreitheamh cinneadh a bheadh contrártha do leasanna na Gníomhaireachta Frithéillithe.

Nuair a rinne Barra na Liotuáine caingean dlí in 2019 i ndáil leis sin, á ghríosú ag an tuairim go raibh uachtarán agus leas-uachtarán an Bharra faoi fhaireachas dlíthiúil, tháinig an cás os comhair na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine (ECHR). Mar thoradh ar an teagmhas sin, bhí brú suntasach á chur ar an mBarra ag an gcumhacht feidhmiúcháin, rud a chuir isteach ar neamhspleáchas an Bharra. In 2020, cuireadh gearán faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh freisin maidir le sárú ar dhlí an Aontais trí mhí-úsáid na Treorach um Chosaint Sonraí, ach ní raibh freagra faighte ag Barra na Liotuáine go fóill.

Tugadh faoi deara nach raibh aon teagmháil dhíreach ag Comhairle Bhreithiúnach na Liotuáine leis an Aireacht Dlí agus Cirt agus nach raibh baint aici le dréachtú an **bhuiséid bhreithiúnaigh**, ná nach raibh ionadaíocht aici sa rialtas. Mar sin féin, de réir duine de na rannpháirtithe, ní raibh aon chritéir shoiléire ann maidir leis an gcaoi ar cinneadh an buiséad sin. Leag na rannpháirtithe béim ar thuarastail ísle neamhleora na mbreithiúna, nach raibh an leibhéal a bhí acu roimh ghéarchéim 2008 bainte amach go fóill acu. Dúradh gurb iad na breithiúna an grúpa is mó a ndeachaigh an ghéarchéim i bhfeidhm orthu i measc na n-oifigeach poiblí ardchéime ar fad, mar go dtiocfadh méadú níos lú ar a dtuarastail ná mar a thiocfadh ar thuarastail oifigeach poiblí ardchéime eile. Measadh nach raibh an méid sin i gcomhréir le prionsabal an neamhspleáchais bhreithiúnaigh, agus, mar thoradh air sin, bhí dlíodóirí cáilithe á gcailleadh ag na cúirteanna agus á n-earcú san earnáil phríobháideach.

Chuir na rannpháirtithe in iúl freisin go raibh imní orthu maidir leis an nós imeachta chun **breithiúna a roghnú**. Cé go gcuirfeadh an Coimisiún Speisialta um Roghnú Breithiúna liosta rangaithe iarrthóirí ar fáil d'Uachtarán na Poblachta, bhí an chumhacht iomlán ag an Uachtarán aon iarrthóir a roghnú ón liosta, gan aon argóint shubstainteach a sholáthar. Ar an gcaoi chéanna, chuir na cleachtóirí dlí chun suntais na rialacha doiléire maidir le breithiúna a aistriú go sealadach gan a dtoiliú ó chúirt amháin go cúirt eile. Bhí sé de cheart ag an gComhairle Bhreithiúnach breitheamh a aistriú go sealadach chuig cúirt chun feidhmiú cuí na cúirte a chinntiú, ach ní raibh aon chritéir shoiléire dlí ann maidir le rogha an bhreithimh a bhí le hathshuíomh. Sa chomhthéacs sin, cuireadh i bhfios go láidir go raibh 80 % seachas líon iomlán breithiúna ar fáil i gcúirteanna na Liotuáine agus, dá bhrí sin, ba mhinic ualach oibre rómhór orthu, rud a d'fhág go raibh tréimhsí ama níos faide i gceist chun rialú a dhéanamh ar chás nó go raibh cáilíocht na cinnteoireachta níos measa.

Ina theannta sin, cuireadh in iúl gur cúis imní é nach raibh roinnt mórchúirteanna i bhfoirmíocht iomlán mar gheall ar choinbhleachtaí idir cumhachtaí polaitiúla. Bhí Cúirt Uachtarach na Liotuáine gan chathaoirleach ó bhí 2019 ann, agus bhí suíocháin gan líonadh ag an gCúirt Bhunreachtúil freisin.

Chuir an méid sin fad leis an bpróiseas breithiúnach; rinne sé difear do cháilíocht na rialuithe; agus cuireadh clú na gcúirteanna i mbaol.

Maidir le héilliú, luadh go ndearnadh roinnt athruithe d'fhonn dálaí neamhfhabhracha a chruthú i ndáil leis an **éilliú** i réimse an dlí. Mar shampla, cuireadh an próiseas trína ndearnadh breithiúna a shannadh do chásanna a chur ar ríomhaire agus nascadh an córas leis an mbunachar sonraí ina raibh na coinbhleachtaí dearbhaithe leasa. Mar sin féin, chuir roinnt rannpháirtithe in iúl nárbh í an Ghníomhaireacht Frithéillithe an bealach ab éifeachtúla chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin ós rud é nár bhain trédhearcacht lena gcuid gníomhaíochtaí féin. Ina ionad sin, ba cheart brath ar chreat dlíthiúil níos déine agus ar neamhspleáchas feabhsaithe eacnamaíoch na mbreithiúna.

Maidir leis an bhfreagairt ar **phaindéim COVID-19**, comhaontaíodh go raibh tionchar aici ar chearta an duine, e.g. srianta ar an tsaoirse gluaiseachta, ach ní bhfuair na cúirteanna iarrataí ón rialtas go dtí seo chun a mheas an raibh na srianta sin i gcomhréir leis an mBunreacht. Tugadh faoi deara, áfach, go raibh saincheisteanna comhchosúla forleathan roimh an bpaindéim freisin, ós rud é gur minic a ghlac an Pharlaimint rialacháin trí chreat 'nós imeachta práinne', rud nár fhág mórán ama do na cúirteanna ná don tsochaí shibhialta a bheith rannpháirteach sa phróiseas ceaptha beartas. Cuireadh i bhfios go láidir, áfach, go ndeachaigh an próiseas reachtach sa Liotuáin in olcas mar gheall ar an bpaindéim agus gur aistríodh cothromaíocht na cumhachta ón mbrainse reachtach go dtí an brainse feidhmiúcháin dá bharr sin.

JUSTITS MINISTERIET

An Aireacht Dlí agus Cirt

Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

an Grúpa um Chearta Bunúsacha agus an Smacht Reachta

Dáta: 4 Márta 2021

Oifig: an Rannóg um an Dlí Bunreachtúil agus Cearta an Duine

Teagmháil: Karen Fowler Lund

Ár dtagairt: 2020-301/21-0001

Doic.: 1861661

**Barúlacha Rialtas na Danmhairge den dréacht-tuarascáil ón nGrúpa um Chearta Bunúsacha agus an Smacht Reachta (FRRL) i gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir leis an gcuairt fhíorúil a thug misean de chuid FRRL ar an Danmhairg an 21 agus an 22 Nollaig 2020**

Ba mhaith le rialtas na Danmhairge buíochas a ghabháil leis an nGrúpa um Chearta Bunúsacha agus an Smacht Reachta as an bplé cuimsitheach a rinneadh an 22 Nollaig 2020; ba mhaith leis barúlacha breise a chur leis an dréacht a tháinig ina dhiaidh sin dar teideal 'Tuarascáil maidir leis an gcuairt fhíorúil ar an Danmhairg an 21 agus an 22 Nollaig 2020', sna ranna seo a leanas.

Tá rialtas na Danmhairge den tuairim gur bunphrionsabail thábhachtacha i sochaí dhaonlathach iad an smacht reachta agus cearta bunúsacha agus, dá bhrí sin, tacaíonn sé le hobair an Ghrúpa um Chearta Bunúsacha agus an Smacht Reachta agus é ag iarraidh meas a chothú i leith na luachanna seo i mBallstáit an Aontais Eorpaigh.

## 1. *Cearta bunúsacha a bhaineann leis na comhpháirtithe sóisialta*

Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil roinnt beart déanta ag an Rialtas chun dul i ngleic leis an *dumpáil shóisialta*. A bhuí leis an Dlí Airgeadais do 2020, chuir an Rialtas leis an leithdháileadh airgeadais iomlán chun dul i ngleic leis an dumpáil shóisialta trí DKK 245 mhilliún ar a raibh ann cheana a chur leis. Cuirfear leis an deontas sin as seo go ceann trí bliana chun an leibhéal is airde riamh a bhaint amach. Cuirtear cuid mhór den airgead i leataobh do ghníomhaíocht chomhpháirteach an rialtais, gníomhaíocht a dhéantar i gcomhar le hÚdarás na

Slotsholmsgade 10

Danmhairge um an Timpeallacht Oibre, na húdaráis chánach agus na póilíní.

DK - 1216
København K.

Teileafón: +45 7226 8400
Facs: +45 3393 3510

www.justitsministeriet.dk
jm@jm.dk

Bhunaigh an Rialtas aonad nua rialaithe stáit chun clásail saothair a rialú trína áirithiú go gcomhlíonann soláthróirí príobháideacha agus a bhfochonraitheoirí a dhéanann obair don stát na coinníollacha oibre agus pá sna codanna uile de na mórthionscadail tógála sa Danmhairg.

Thairis sin, tá an Rialtas tar éis na riachtanais maidir le tiománaithe Danmhargacha agus le tiománaithe nach as an Danmhairg dóibh a ghéarú d'fhonn cosc a chur ar an bpádhumpáil san earnáil bóithre. Na tiománaithe uile a oibríonn in earnáil an chabatáiste sa Danmhairg, ní mór gurb ionann an tuarastal a fhaigheann siad agus an meántuarastal i dtionscal an iompair de bhóthar.

## 2. *Saoirse comhlachais agus comhthionóil*

Cuireadh teorainneacha áirithe ar an tsaoirse comhlachais agus comhthionóil de bharr srianta COVID-19. Faoi mar a luadh le linn an chruinnithe, tá na srianta sin comhréireach agus ar aon dul leis an mbunreacht agus leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine. Mar sin féin, ba mhaith leis an Rialtas a chur in iúl go bhfuil líon mór tionól, imeachtaí, gníomhaíochtaí, etc. díolmhaithe ón mbac sin. Dá bharr sin, ní bhaineann an t-ordú feidhmiúcháin, cuir i gcás, le Parlaimint na Danmhairge, leis na cúirteanna, ná le tionóil, imeachtaí, gníomhaíochtaí, etc. a bhaineann leis an bpolaitíocht.

Luaitear sa dréacht-tuarascáil freisin an dréacht-dlí maidir le '*Slándáil do gach Danmhargach' ('Tryghed for alle danskere').* Is é cuspóir an togra reachtaigh seo, i measc nithe eile, a chur ar chumas na bpóilíní toirmeasc ginearálta ar fhanacht a eisiúint in áit ar leith a bhfuil rochtain choiteann uirthi, má léiríonn grúpa daoine iompraíocht a d'fhéadfadh neamhshláine a chruthú do mhuintir na háite nó do dhaoine atá ag dul thar bráid. Leis seo, cuirfear uirlis nua ar fáil do na póilíní chun freagairt go héifeachtach do ghrúpaí daoine is cúis le neamhshláine i limistéar áirithe.

Maidir leis an reachtaíocht frithsceimhlitheoireachta, tá sé tugtha le fios gur seoladh tionscnaimh thábhachtacha frithsceimhlitheoireachta le cúpla bliain anuas, ó tharla na hionsaithe sceimhlitheoireachta in 2015 i gCóbanhávan. Díríodh sna tionscnaimh a rinneadh le déanaí ar throdaithe eachtracha agus ar chosc a chur ar mhaoiniú na sceimhlitheoireachta. Faoi láthair, tá athbhreithniú á dhéanamh ar an reachtaíocht a bhaineann le Seirbhís Slándála agus Faisnéise na Danmhairge i gcomhar le saineolaithe neamhspleácha agus eagraíochtaí neamhrialtasacha ábhartha.

## 3. *Saoirse chun tuairimí a nochtadh agus saoirse na meán*

Maidir leis an imní a bhaineann leis an *ton daonlathach* sa Danmhairg, ba mhaith

leis an Rialtas tagairt a dhéanamh do na conclúidí a tarraingíodh aird orthu ón gCoimisiún um shaoirse chun tuairimí a nochtadh. Bunaíodh an Coimisiún sin in 2017, agus cuireadh de chúram air cur síos a dhéanamh ar an gcreat ina iomláine agus ar na coinníollacha ginearálta a bhaineann leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh sa Danmhairg, i measc nithe eile, agus conclúidí a ghlacadh i ndáil leis an méid sin. In 2020, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid fhoriomlán go dtugtar cosaint láidir don tsaoirse chun tuairimí a nochtadh sa Danmhairg. Mar sin féin, tá dúshláin áirithe roimh an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, dúshláin nach mór aghaidh a thabhairt orthu, mar shampla cásanna ina ndéanann daoine iarracht cosc a chur ar dhaoine eile páirt a ghlacadh sa díospóireacht phoiblí trí mheán an chiaptha, an chomhéigin nó an sceimhle. Cuirfidh an Rialtas barúlacha agus moltaí an Choimisiúin san áireamh san obair pholaitiúil a dhéanfaidh sé ar an ábhar seo amach anseo.

Tá iarracht á déanamh ag an Rialtas faoi láthair Treoir an Aontais maidir le cosaint do lucht sceite eolais a thrasuí sa dlí náisiúnta. Tá sé beartaithe go bpléifear an bille trasuímh i bParlaimint na Danmhairge in earrach 2021. Tá raon feidhme ábhartha na Treorach teoranta do sháruithe ar réimsí sonracha de dhlí an Aontais. Chun bunús dlí cuimsitheach agus comhleanúnach a áirithiú maidir le cosaint an sceithire sa dlí náisiúnta, tá sé beartaithe raon feidhme ábhartha an bhille trasuímh a leathnú chun sáruithe tromchúiseacha ar an dlí náisiúnta agus ar dhlí an Aontais a chur san áireamh, i measc rudaí eile.

*4. An ceart chun neamh-idirdhealú*

Ní ghlacfar le haon chineál idirdhealaithe agus féachfaidh an Danmhairg le cóir chomhionann a áirithiú do gach grúpa den tsochaí. Cuireann an Dlí maidir le toirmeasc ar idirdhealú ar fhoras míchumais cosc ar an idirdhealú ar fhoras míchumais i ngach cuid den tsochaí lasmuigh den mhargadh saothair. Leis an dlí sin, cuirtear deis ar fáil gearáin maidir leis an idirdhealú díreach agus indíreach a chur faoi bhráid Bhord na Danmhairge um Chóir Chomhionann. Féadfaidh an Bord cúiteamh a bhronnadh agus dífhostuithe a chur ó bhail.

Tháinig leasú ar an dlí sin i bhfeidhm an 1 Eanáir 2021 lena leagtar béim ar an bhfreagracht atá ar scoileanna agus ar ionaid cúraim lae cóiríocht réasúnta a chur ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga. A bhuí leis an leasú sin, beidh sé d'acmhainn ag Bord na Danmhairge um Chóir Chomhionann gearáin maidir le heaspa cóiríocht réasúnta a mheas agus cúiteamh a bhronnadh má tá údar maith leis an ngearán.

Maidir leis an *athrú paraidíme* a luadh sa dréacht-tuarascáil, ba mhaith leis an Rialtas a chur in iúl, tar éis ghéarchéim na ndídeanaithe agus i bhfianaise na staide sa tSiria go háirithe, gur thug (iar)Rialtas na Danmhairge cineál nua de stádas

cosanta sealadaí isteach, stádas a úsáidfear i gcásanna ina bhfuil an oibleagáid cosaint (choimhdeach) a chur ar fáil faoi choinbhinsiúin idirnáisiúnta bunaithe ar staid thar a bheith tromchúiseach i dtríú tír a bhfuil foréigean treallach agus ionsaithe ar shibhialtaigh mar thoradh uirthi.

In 2015, tugadh isteach mar choinníoll d'athaontú teaghlaigh i gcás eachtrannaigh a bhfuil stádas cosanta sealadaí acu síneadh a chur leis an stádas cosanta sealadaí tar éis bliana. In 2016, rinneadh leasú ar an gcoinníoll sin chun go mbeadh ar an mball teaghlaigh sa Danmhairg stádas cosanta sealadaí a bheith aige ar feadh trí bliana. Níl feidhm ag an gcoinníoll maidir le baill teaghlaigh ar tugadh aitheantas dóibh mar dhídeanaithe faoin gCoinbhinsiún maidir le Dídeanaithe 1951, ná le tairbhithe de chosaint choimhdeach más rud é go ndearnadh géarleanúint aonair orthu. Cuirtear maolú i bhfeidhm ar an gcur siar sin i ngach cás ina n-éilítear amhlaidh faoi oibleagáidí idirnáisiúnta na Danmhairge.

Maidir leis an tagairt do 'dlí an tseodra' a thagraíonn do shóchmhainní luachmhara a ghabháil ó iarrthóirí tearmainn, ní ghabhfar ach méideanna os cionn DKK
10 000 an duine, mar aon le hearraí a bhfuil ardluach airgeadais ag baint leo, i.e. os cionn DKK 10 000. Ní ghabhfar earraí pearsanta a bhfuil tábhacht mhaoithneach speisialta ag baint leo, e.g. fáinní pósta, fáinní gealltanais, etc.

Maidir lena bhfuil ag tarlú sna *campaí ina bhfuil na dídeanaithe atá le díbirt*, áitíonn an Rialtas go bhfuil oibleagáid ar náisiúnaigh eachtracha nach bhfuil an ceart dlíthiúil acu fanacht sa Danmhairg an tír a fhágáil a luaithe agus is féidir. Dá thoradh sin, tá tús áite á thabhairt ag an Rialtas do na hiarrachtaí ar fhilleadh. Is mian leis an Rialtas a shoiléiriú go bhfuil oibleagáid ar an iarrthóir tearmainn an tír a fhágáil i gcomhréir leis an gcinneadh um fhilleadh nuair a dhiúltaítear iarratas ar thearmann. Mura bhfágann sé nó sí an tír go toilteanach, aistreofar an duine céanna go hionad fillte agus déanfar é nó í a aistriú go héigeantach, más gá.

I measc na gcuspóirí atá ag an gcoinneáil riaracháin, tá sé i gceist iarrthóirí tearmainn a spreagadh, ar iarrthóirí tearmainn iad a diúltaíodh dá n-iarratas fanacht sa tír agus a dhiúltaíonn comhoibriú le húdaráis na Danmhairge. Mar riail ghinearálta, cuirtear deireadh leis an gcoinneáil riaracháin má chomhoibríonn an t-iarrthóir tearmainn leis na húdaráis. Is féidir dlíthiúlacht coinneála riaracháin a thabhairt os comhair cúirte, agus ní mór don chúirt dlíthiúlacht agus comhréireacht na coinneála a mheas.

Maidir leis an tagairt a rinneadh do thuarascáil CPT de chuid Chomhairle na hEorpa, ba mhian leis an Rialtas a shoiléiriú go dtabharfar aird chuí i gcónaí ar na

tuarascálacha idirnáisiúnta, amhail an tuarascáil thuasluaite.

Maidir leis an bplean i ndáil le tionscnaimh tithíochta a glacadh in 2018 chun cosc a chur ar shochaithe comhthreomhara, is féidir a thabhairt faoi deara gurb é cuspóir foriomlán an phlean gníomhaíochta limistéir chónaithe atá oscailte, neamh-leithlisithe a chruthú chun tithe a thógáil arb acmhainn do dhaoine ar ioncaim dhifriúla a cheannach, tithe a thugann léargas ar an bpobal trí chéile chun forbairt dhearfach shóisialta a spreagadh. Is é is aidhm don phlean a áirithiú go mbeidh na deiseanna céanna ag gach duine sa Danmhairg, beag beann ar chúlra nó áit bhreithe.

Mar fhreagra ar an moladh a chuir an Danmhairg in iúl chun plean náisiúnta gníomhaíochta i gcoinne an fhrithsheimíteachais a bhunú, cuireann an Rialtas in iúl do FRRL go bhfuil tús curtha leis an obair ar phlean náisiúnta gníomhaíochta i gcoinne an fhrithsheimíteachais. Tá sé d'aidhm ag an bplean eolas a chur ar fáil faoi shaol na nGiúdach, mar aon le teagasc a dhéanamh ar an Uileloscadh chun réamhchlaontaí in aghaidh na nGiúdach a chur ó dhoras. Táthar ag súil go seolfar an plean gníomhaíochta in 2021.

Faoi dheireadh, i mí Lúnasa 2020, mhol an Rialtas deich dtionscnamh reachtacha chun cosaint níos fearr a thabhairt do chearta an phobail LGBTI sa Danmhairg. Leis na leasuithe atá beartaithe, cuirfear toirmeasc sainráite ar an idirdhealú bunaithe ar ghnéaschlaonadh, ar fhéiniúlacht inscne, ar léiriú inscne agus ar shaintréithe gnéis laistigh agus lasmuigh den mhargadh saothair. Tiocfaidh an ceart chun leigheas a fháil le Bord um Chóir Chomhionann na Danmhairge chun cinn dá réir sin. Táthar ag súil go rachaidh na leasuithe chuig an bParlaimint i bhfómhar 2021.

Tugann an Rialtas dá aire go leanann an Danmhairg caighdeáin agus nósanna imeachta idirnáisiúnta maidir le cúram sláinte do dhaoine trasinscneacha. Maidir le daoine idirghnéasacha, tugann an Danmhairg dá haire go bhfuil máinliacht atá bunaithe ar thásca cosmaideacha mídhleathach i gcás leanaí faoi bhun 18 mbliana d'aois. Is ar bhonn tásca leighis amháin a dhéantar máinliacht agus tar éis do shaineolaithe speisialaithe leighis meastóireacht chuimsitheach leighis a dheanamh i suíomh ildisciplíneach, agus ní dhéantar í riamh chun gnéas linbh a chinneadh, agus é sin amháin, nó ar chúiseanna maidir le normalú inscne. Feabhsaítear ar bhonn leanúnach an oiliúint a chuirtear ar fhoirne cúraim sláinte agus déantar meastóireacht agus measúnú leanúnach ar na treoracha maidir leis an gcóir leighis a chuirtear ar dhaoine idirghnéasacha.

### 5. *An smacht reachta*

Sa roinn maidir leis an smacht reachta den dréacht-tuarascáil, luaitear na dúshláin

a bhaineann le cúnamh dlí inrochtana agus an ceartas a áirithiú. Maidir leis an ábhar seo, ba cheart a thabhairt faoi deara gur bunaíodh Coiste chun athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacháin reatha maidir leis an gcúnamh dlí. Ina theannta sin, cuireadh de chúram ar an gCoiste moltaí a chur isteach maidir le conas feabhas a chur ar an rialachán atá ann faoi láthair. Táthar ag súil go dtabharfaidh an Coiste a athbhreithniú chun críche roimh shamhradh 2022.

Luaigh na rannpháirtithe go raibh treocht ann freisin maidir leis an bhfaireachas a leathnú sa réimse poiblí agus maidir le coinneáil sonraí a thagann salach ar chaighdeáin na hEorpa. Maidir leis an tsaincheist a bhaineann le coinneáil sonraí, tugann an Rialtas dá aire go bhfuil sé ag súil le dréacht-reachtaíocht nua ar an ábhar sin a chur faoi bhráid na Parlaiminte i mí Dheireadh Fómhair 2021, i bhfianaise na mbreithiúnas a thug Cúirt Bhreithiúnas na hEorpa le déanaí, go háirithe iad siúd a foilsíodh an 6 Deireadh Fómhair 2020.

Ba mhaith leis an Rialtas buíochas a ghabháil an athuair le FRRL as an gcuairt a thug sé ar an Danmhairg an 22 Nollaig 2020, agus ba mhaith leis a chur in iúl dó go bhfuil an Rialtas ar fáil má thagann aon cheisteanna breise chun cinn a bhaineann leis na barúlacha breise seo.

Is mise le meas,

Anders Sparholt Jørgensen

Beirlín, 7 Iúil 2021

**Barúlacha údaráis na Gearmáine den tuarascáil ón nGrúpa um Chearta Bunúsacha agus an Smacht Reachta (FRRL) maidir leis an gcuairt fhíorúil a tugadh ar an nGearmáin an 21-22 Aibreán 2021**

Is mór is tábhachtach leis an nGearmáin luachanna bunúsacha an Aontais Eorpaigh a urramú. Murarbh ann don smacht reachta ar luach de na luachanna bunúsacha dá dtagraítear in Airteagal 2 CAE, níorbh fhéidir na bunluachanna eile a chosaint ná níorbh fhéidir leis an Aontas feidhmiú ina chóras atá bunaithe ar rialacha. Is cuid den tiomantas atá againn tuilleadh forbartha a chur ar an Aontas d'fhonn an smacht reachta a neartú ann.

Faoi Uachtaránacht na Gearmáine ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh, agus de bhun na tuarascála bliantúla nua ón gCoimisiún maidir le staid an smachta reachta san Aontas, bhí cur agus cúiteamh sa Chomhairle maidir leis an smacht reachta, rud a ndearnadh tuilleadh plé ar fónamh ina leith faoi Uachtaránacht na Portaingéile. Is díol sásaimh dúinn chomh maith céanna gur tharla sé, le linn Uachtaránacht na Gearmáine ar an gComhairle, gur tugadh ionstraim eile isteach faoin sásra coinníollachta atá i mbuiséad an Aontais, ionstraim lena bhféadfaí smachtbhannaí a fhorchur ar sháruithe ar an smacht reachta san am atá le teacht faoi choinníollacha áirithe.

**Cearta bunúsacha a bhaineann leis na comhpháirtithe sóisialta**

Sa Ghearmáin, tá saoirse iomlán comhlachais ann, mar aon leis an gceart chun cómhargála, sin agus an ceart chun stailce. Is é a shíleann na comhpháirtithe sóisialta gur maith an creat dlíthiúil atá ann le haghaidh na cómhargála. Sin é an dearcadh atá ag Rialtas na Cónaidhme (*Bundesregierung*) ar an scéal chomh maith. A mhéid a tharraing na comhpháirtithe sóisialta ceist na ndeacrachtaí praiticiúla anuas, na difríochtaí idir an tOirthear agus an tIarthar, cuir i gcás, formhór na gcuideachtaí móra a bheith lonnaithe sna sean-Länder, na leibhéil éagsúla dífhostaíochta agus tuarastail sna réigiúin éagsúla, agus an cumhdach cómhargála íseal atá ag na fiontair bheaga, is deacrachtaí iad atá ar thaobh na cumhachta eacnamaíche den scéal go háirithe, agus a bhaineann le difríochtaí struchtúracha eacnamaíocha atá sna réigiúin éagsúla, ó tharla nach bhfuil ag Rialtas na Cónaidhme orthu ach tionchar teoranta go leor. Ós rud é gurb iad na páirtithe sa chomhaontú cómhargála atá freagrach as riar na ndálaí eacnamaíocha agus na ndálaí oibre, ag feidhmiú dóibh go neamhspleách agus iad glan ar thionchar an Stáit, i bprionsabal ar a laghad ar bith, is díol imní do Rialtas na Cónaidhme an tiomantas don chómhargáil a bheith ag dul ar gcúl. Dá bhrí sin, tá bearta tacaíochta glactha ag Rialtas na Cónaidhme. Sa tréimhse reachtaíochta reatha, cuir i gcás, an dlí chun saoirse na cómhargála a neartú, dlí ar fusaide é leathnú na gcomhaontuithe cómhargála, agus, dá réir sin, cur leis an éifeacht a bhíonn acu.

Is bríomhar an t-idirphlé sóisialta atá á chleachtadh sa Ghearmáin. Ó thaobh prionsabail de, is i dtús na hoibre a thugtar na comhpháirtithe sóisialta chun rannpháirteachta i dtograí reachtacha, agus is i dtús na hoibre a théitear i gcomhairle leo. Is fíor gur cáineadh an easpa práinne a bhí ann le linn phaindéim COVID-19 le rannpháirtíocht sna nósanna imeachta reachtacha agus rialála, nó go deimhin an ghlaneaspa rannpháirtíochta sna himeachtaí sin, ach is mar gheall ar an bpráinn ar leith a bhain le bearta aonair a tharla sé sin, bearta a chaithfeadh freagairt do cheann de na géarchéimeanna ba mheasa

a bhí ann ó cruthaíodh Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, agus freagairt di faoi bhrú mór ama. Mar sin féin, ní tréigean an idirphlé shóisialta sheanbhunaithe atá ina leithéid sin ann féin.

Maidir le dúnadh theorainn na Seicia agus na Polainne, is éard a chuir státrialtas na Sacsaine in iúl gur d'fhonn sláinte na saoránach a chosaint thar gach ní eile a shocraigh na rialtais na bearta sin a dhéanamh. Ba rud ríthábhachtach ag an am forálacha a ghlacadh agus a chur chun feidhme go pras chun srian a chur ar an bpaindéim. Le gurbh fhéidir cuid den ualach a bhaint de ghnólachtaí agus d'fhostaithe de bharr dhúnadh na teorann idir an tSacsain agus an tSeicia, sin agus idir an tSacsain agus an Pholainn, dúnadh a rinneadh chun srian a chur le scaipeadh an víris, chuir státrialtas na Sacsaine clár tacaíochta ar bun a chuirfeadh airgead i bpóca na gcomaitéirí le cuid de na costais lóistín agus na costais bhreise a bhí orthu i gcomhair tástálacha éigeantacha coróinvíris a ghlanadh.

**Saoirse comhlachais agus saoirse comhthionóil**

Is minic béim ag Rialtas na Cónaidhme ar an tábhacht atá leis an tsochaí shibhialta, leis an rannpháirtíocht shibhialta agus le hobair dheonach. Leagtar amach go soiléir cur chun cinn agus neartú na dtrí ní sin i roinnt áiteanna sa chomhaontú. Is minic aird orthu agus is minic iad á gcur i dtábhacht ag Aireacht Gnóthaí Baile, Foirgníochta agus Pobail na Cónaidhme, sin agus ag na ráitis iomadúla a dhéanann na hairí rialtais.

Cé gur trua an scéal, de réir na tuarascála, 'nach raibh foráil ar bith ann le heagraíochtaí na sochaí sibhialta a thabhairt faoi scáth na díospóireachta faoi chearta an duine, agus gur trua fós i gcoitinne gan mórán slí a bheith ann dóibh sa phróiseas cinnteoireachta polaitiúla', tugtar faoi deara, de réir Airteagal 2(5) den Acht um Stádas Dlíthiúil agus Sainchúraimí Institiúid na Gearmáine um Chearta an Duine (*Deutsche Institut für Menschenrechte e.V.*), go gcuireann Institiúid na Gearmáine um Chearta an Duine tuarascáil bhliantúil faoi bhráid Bundestag na Gearmáine maidir le hobair na hinstitiúide, sin agus maidir le ceist chearta an duine sa Ghearmáin, rud a bhfuil sé de cheangal ar Bundestag na Gearmáine tuairim a thabhairt ina leith. Rud eile, is féidir a rá ó thaobh prionsabail de go mbíonn an tsochaí shibhialta gníomhach sa phróiseas reachtach. Tugtar deis di, go háirithe, dréachtdlíthe Rialtas na Cónaidhme a thrácht, go háirithe i gcomhthéacs rannpháirtíocht na Länder agus na gcomhlachas. Chomh maith leis sin, faigheann ionadaithe ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta cuireadh le freastal ar éisteachtaí na saineolaithe in Bundestag na Gearmáine.

Maidir leis an leasú reachtach ar an dlí um thascanna póilíneachta na Baváire 2018, ba cheart a thabhairt faoi deara gur leanadh an nós imeachta reachtach cuí sular rith Parlaimint na Baváire é mar ghníomh reachtach. Na rialacha lena rialaítear an nós imeachta reachtach, is leosan a fhoráiltear do rannpháirtíocht na gcomhlachas freisin, sin agus do rannpháirtíocht na gceardchumann agus na gcomhlachas gairmiúil eile, rud a cuireadh chun feidhme sa chás atá faoi chaibidil. Chomh maith leis an éisteacht sin le lucht na gcomhlachas, reáchtáladh éisteacht le saineolaithe i bParlaimint na Baváire ar ábhar an togra reachtaigh atá i gceist, agus chuir ionadaithe na heolaíochta dlí agus an chleachtais dlí a dtuairim in iúl maidir leis an togra. Dá bhrí sin, ní fíor a mhaíomh nach raibh lámh ag an tsochaí shibhialta sa phróiseas reachtach.

An cíoradh a rinneadh ar cheist cheart na ndaoine chun tionóil, ní hé toradh a bhí air go bhféadfaí a rá go raibh leatrom ar bith déanta ag póilíní na Baváire. Na bearta slándála a dhéanann na póilíní, agus sa chomhthéacs sin an fhaisnéis a thiomsaítear sula mbíonn an tionól ann, nó i rith an tionóil, nó ina dhiaidh, is bearta iad a dhéantar cás ar chás de réir mar atá léargas ag na póilíní ar an gcontúirt atá ann. I measc na rudaí atá san áireamh ansin, tá faisnéis ó fhoinsí so-cheadaithe éagsúla (faisnéis ó na

foinsí oscailte, e.g. glaonna poiblí ar ghníomhaíochtaí a chleachtann foréigean), scliúchas nó mí-iompar ar bith a tharla cheana ag tionóil a d'eagraigh an dream céanna, nó ag tionóil eile den chineál céanna, an chaoi ar thit imeachtaí an tionóil amach, agus an t-atmaisféar a bhí ann le linn na hócáide.

I gcomhthéacs bagairt atá á tuar ag na póilíní, más é is dócha gur mór an baol go mbeidh círéib ann agus foréigean, nó más baol go mbeidh áibhirseoireacht ann de chineál ar bith a chuirfeadh an tslándáil phoiblí ó mhaith, roimh an tionól, nó lena linn nó ina diaidh báire, is amhlaidh a chuirtear treise leis na bearta póilíneachta chun bagairtí den sórt sin a chosc. Rud nach dtarlaíonn ar chor ar bith, áfach, na póilíní a bheith i mbun faireachais ar thionóil gan chúis gan údar, ná fearas teicniúil a bheith á úsáid acu chuige sin ach go háirithe. Dá bhrí sin, cé gur ábhar imní do dhaoine eile leatrom a bheith á dhéanamh ar thionóil pholaitiúla de chuid na heite clé, ní hábhar imní dúinn féin é.

**Saoirse chun tuairimí a nochtadh agus saoirse na meán**

Cáineann an Ghearmáin bagairt, ionsaí, agus ciapadh de chineál ar bith dá ndéantar ar iriseoirí. Ní ghlacaimid lena leithéid beag ná mór, agus cuirimid romhainn an dlí a chur i bhfeidhm go cuí i ngach cás den sórt sin. Is den riachtanas is bunúsaí i gcóras daonlathach beo beathach gan aon bhac a bheith ar an gcead chun tuairisceoireachta, agus gan bac a bheith ar mhúnlú tuairimí ag an bpobal ná ag an duine aonair. Dá bhrí sin, ní mór talamh slán a dhéanamh i dtólamh den cheart atá ag na hiriseoirí a gcuid tuairisceoireachta a dhéanamh gan bhac gan laincis. Tá feidhm ag an méid sin freisin i gcomhthéacs na léirsithe. Is rud é nach féidir linn glacadh leis gur san aicme 'sásúil' atá an Ghearmáin á cur ag Tuairisceoirí gan Teorainneacha (Reporters sans frontières – RSF) in Innéacs Domhanda Shaoirse an Phreasa. Níor cheart féachaint le himeagla a chur ar iriseoirí neamhspleácha ná lena gcur ina dtost. Dá bhrí sin, beifear ag airdeall ar na dlíthe agus ar chleachtadh na ndlíthe go praiticiúil ionas gur féidir a chinntiú go bhfuil cosaint leormhaith á déanamh ar an tuairisceoireacht neamhspleách. I bhfianaise a bhfuil ráite thuas, tá reachtaíocht tugtha ar an saol ag Rialtas na Cónaidhme a fhágann gur coir atá ann feasta 'liostaí naimhde' a scaipeadh. Fágann sin nach féidir sonraí pearsanta, seoltaí príobháideacha, cuir i gcás, a úsáid ar líne a thuilleadh le himeagla a chur ar dhaoine ná le bagairt a dhéanamh orthu[14].

Tugann Rialtas na Cónaidhme le fios freisin gur rud é an rochtain ar fhaisnéis atá faoi ráthaíocht i ndlí na Gearmáine. Faoin Acht um Shaoráil Faisnéise (IFG), tá sé de cheart ag gach duine rochtain gan choinníoll a fháil ar an bhfaisnéis oifigiúil atá ina seilbh ag údaráis na Cónaidhme. Tá forálacha reachtúla dá gcuid féin ag na Länder i ndáil leis an gceist sin. Ar a mhuin sin, de réir chásdlí Chúirt Riaracháin na Cónaidhme, tá ceart rochtana ar fhaisnéis luaite go sonrach sa dara habairt d'Airteagal 5(1) maidir leis an bpreas.

**An ceart chun neamh-idirdhealú**

Ar cheann de na conclúidí sa tuarascáil tá nár cuireadh plean gníomhaíochta na Sacsaine maidir leis an éagsúlacht saoil agus chultúir chun feidhme ina iomláine agus gur teip atá i gcuid de: sin conclúid nach bhfuil aon bhunús léi. Dá réir, is amhlaidh atá an plean gníomhaíochta sin fós á chur chun feidhme; níl deireadh leis an bpróiseas sin fós. Gan beann ar an méid sin, níl aon amhras ann faoi rochtain a bheith ag daoine trasghnéasacha ar chóras sláinte na Gearmáine. Maidir leis an gcuspóir a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta chun feabhas a chur ar 'cúram sláinte neamh-idirdhealaitheach do dhaoine trasinscneacha agus idirghnéasacha sa tSacsain', eagraíodh ar an gcéad

[14] Ghlac an Bundestag an dlí sin an 24 Meitheamh 2021.

chéim ceardlann i dteannta ionadaithe ón bpobal sin chun eolas a chur ar an méid a chaithfear a dhéanamh. Ina dhiaidh sin, rinneadh plé le Cumann Leighis na Sacsaine agus leis an eagraíocht *Queeres Netzwerk Sachsen* maidir le, *inter alia*, oideachas agus oiliúint gairmithe leighis i dtaobh an ábhair sin. Beifear ag leanacht den ghníomhaíocht sin. Tá sé de chuspóir i bplean gníomhaíochta na Sacsaine freisin 'na póilíní, na seirbhísí comhairleoireachta, agus lucht comhairleoireachta na n-íospartach a íogrú i leith an fhoréigin a mhúsclaítear in aghaidh daoine LGBTIQ* le briathra fuatha agus mioscaise', agus tá an cuspóir sin á shaothrú go leanúnach freisin. Áirítear leis sin an t-ardú feasachta i measc oifigigh na seirbhísí póilíneachta i gcomhthéacs na hoiliúna agus na gcúrsaí inseirbhíse.

Fad a bhaineann an scéal leis an gcáineadh a rinne cuid de na páirtithe leasmhara ar theorainneacha aoise nó ar ranníocaíochtaí ní b'airde le haghaidh seirbhísí ar leith i gcomhair daoine scothaosta, go háirithe i gcás cuid de na conarthaí árachais, cíosa agus iasachta, ba cheart an méid seo a leanas a thabhairt chun suntais: Níl aon fhoráil i ndlí conarthaí árachais na Gearmáine maidir le srianta a bhaineann leis an aois atá ag an té ar leis an polasaí. Cuireann mír 19 den *Allgemeines Gleichbehandlungsgesetz* (an dlí ginearálta maidir le cóir chomhionann – 'AGG') toirmeasc ar idirdhealú de bharr aoise, i measc nithe eile. De réir mhír 20, is ceadmhach caitheamh le duine ar bhealach ar leith de bharr na haoise atá aige nó aici más ar na prionsabail aitheanta a ghabhann le ríomh an riosca atá sin bunaithe, go háirithe i gcás measúnú riosca a dhéantar i gcomhthéacs an árachais agus a thugtar chun cruinnis trí bhíthin suirbhéanna ar staitisticí. Tharlódh dá réir sin, nuair atá an obair á déanamh, go mbeadh tionchar ag ceist na haoise ar chostas an pholasaí; mar shampla, i gcás mótarárachas tríú páirtí, tharlódh gur chostasaí an polasaí a bheadh á thairiscint don tiománaí aosta, nó go deimhin don tiománaí óg, ná an polasaí a bheadh á thairiscint do dhaoine eile, más cosúil, de réir na staitisticí, go mbíonn líon timpistí os cionn an mheáin mar gheall ar nósanna tiomána na gcatagóirí tiománaí sin. Ó thaobh prionsabail de, níl duine ar bith i dteideal polasaí árachais *per se*. Bíodh sin mar atá, is oibleagáid atá ann polasaí ar an mbunráta a dhéanamh le haghaidh árachas tríú páirtí, sin agus le haghaidh árachas sláinte príobháideach; dá réir sin tá sé de cheart ag duine a leithéid de pholasaí a éileamh. Is fíor sin freisin i gcás daoine scothaosta atá ag lorg polasaí árachais. Rud eile de, níl aon fhoráil i ndlí na Gearmáine a chuirfeadh srian ar dhaoine scothaosta conradh iasachta nó conradh cíosa a fháil. A mhalairt is fíor go deimhin nó is éard atá ráite go neamhbhalbh sa dlí nach bac ar chearta iasachta atá in aois an té atá ag iarraidh an airgid. Mar sin féin, ach oiread le réimse an árachais, níl aon cheart *per se* ag duine ar chonradh iasachta ná conradh cíosa.

Measann Rialtas na Cónaidhme gur tosaíocht pholaitiúil an-tábhachtach é an comhrac i gcoinne an chiníochais, rud lena n-áirítear an frithghiofógachas (féach mar shampla tuarascáil deiridh agus catalóg beart an Choiste Comh-Aireachta i gcoinne antoisceachas na heite deise/an chiníochais, cinneadh na Comh-Aireachta an 12 Bealtaine 2021). An frithghiofógachas a chomhrac go héifeachtach, sin cuid den phróiseas leitheadach comhairliúcháin (ar leibhéal na Cónaidhme agus na Länder, an tsochaí shibhialta san áireamh) i ndáil le Creat straitéiseach nua an Aontais maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach 2030 a chur chun feidhme sa Ghearmáin.

Is mian le Rialtas na Cónaidhme go mbeadh na mná agus na fir ar aon chearta le chéile ar gach leibhéal dá bhfuil ann sna Parlaimintí. D'fhonn cur le líon na bpolaiteoirí ban atá ann i láthair na huaire, tá sé luaite i gconradh an chomhrialtais i gcomhair an 19ú reachtas síneadh a chur le Coláiste Helene Weber agus Gradam Helene Weber. I rith an 19ú reachtas, is trí bhíthin cláir mheantóireachta agus cláir chumhachtaithe na mban faoi scáth an Choláiste, i measc rudaí eile, agus le bronnadh Ghradam Helene Weber ar bhanpholaiteoirí áitiúla den scoth in 2020, a cuireadh an cúram sin i

gcrích. Chomh maith leis sin, ó mhí an Mheithimh 2021 go mí na Nollag 2024, cuirfidh Rialtas na Cónaidhme thart ar 1.7 milliún euro ar fáil don chlár gníomhaíochta 'An todhchaí ar an leibhéal áitiúil – an pholaitíocht áitiúil a mhúnlú as lámha a chéile' de chuid EAF Berlin agus Bhantracht na Tuaithe sa Ghearmáin (*Deutscher LandFrauenverband*) chun cur i gcoinne shíor-lagionadaíocht na mban sna húdaráis áitiúla (bardais, comhairlí cathrach agus comhairlí ceantair) agus atá ina méaraí. Is éard a dhéanann an clár gníomhaíochtaí nó comhghuaillíochtaí réigiúnacha a nascadh le gníomhaíochtaí poiblíochta éifeachtacha náisiúnta maidir le slógadh agus líonrú a dhéanamh.

**An smacht reachta**

Ar an gcéad dul síos, tugtar faoi deara sa chuid sin den tuarascáil a bhaineann leis an smacht reachta go bhfuil ráitis ann atá, de thoradh a n-achomaireachta, an-éagruinn agus an-ghinearálta. Dá bhrí sin, tá míniú is cuimsithí ná sin anseo thíos ar chuid de na pointí aonair:

An ráiteas go bhfuil neamhspleáchas na gcúirteanna agus na mbreithiúna ráthaithe, ach gurb í an aireacht inniúil a chinneann an struchtúr atá leo, sin ráiteas a bhfuil dul amú ann. An mhíthuiscint seo go bhfuil tionchar ag an bhfeidhmeannas ar 'struchtúr' na gcúirteanna, is míthuiscint í is mithid a chur ina ceart. Maidir le 'cinntí faoin struchtúr', is féidir a rá go bunúsach gur cinntí iad sin atá teoranta do shuíomh faoi leith, do phoist agus do na hacmhainní ginearálta riaracháin atá ann, agus is é Biúró na mbreithiúna amháin a rialaíonn próisis inmheánacha na cúirte (go háirithe leithdháileadh na gcásanna).

Maidir leis an tuiscint gurb iad na hAireachtaí Ceartais inniúla amháin a dhéanann breithiúna a roghnú agus a cheapadh, agus gurb iadsan amháin a thugann ardú céime do na breithiúna, sin tuiscint nach luann go bhfuil na hairí freagrach don Pharlaimint, rud a fhágann gur rogha a bhfuil dlisteanas an daonlathais léi atá sa rogha a dhéanann siad. Forálann dlí na mbreithiúna agus dlí na n-ionchúisitheoirí poiblí sa Bhaváir go bhfuil cearta rannpháirtíochta iomadúla ag na grúpaí ionadaithe a thoghann na breithiúna agus na hionchúisitheoirí. Na ceanglais atá ann maidir le ceapadh na mbreithiúna sa tSacsain, agus maidir le hardú céime a thabhairt do na breithiúna, is ceanglais iad a leagtar síos sa bhundlí féin, sin agus i bhforálacha de chuid Acht na mBreithiúna sa tSacsain. Fad a bhaineann leis an gcuid sin den obair, is í Aireacht Ceartais na Sacsaine is inniúil chun cinnteoireachta ar bhonn na bhforálacha sin, agus ar bhonn mheasúnú na n-iarrthóirí i gcás arduithe céime. Tá an méid sin ar aon dul leis an nósmhaireacht atá á cleachtadh i Länder eile go leor. Ní bhíonn lámh ag rialtas na Sacsaine san obair seo ach amháin nuair atá duine le ceapadh ina uachtarán ar an Ard-Chúirt, sin nó nuair atá duine le ceapadh ina Ard-Aighne.

Maidir leis an bhfoclaíocht 'is státseirbhísigh san Aireacht Ceartais a bhí sna hionchúisitheoirí', is foclaíocht í féin nach gcruinnléiríonn an stádas ar leith atá ag na daoine sin sa Ghearmáin. Is fíor gur ag an Stát feidearálach (*Land*) nó ag Rialtas na Cónaidhme a bhíonn na hionchúisitheoirí poiblí fostaithe. Mar sin féin, na critéir atá ann leis na hionchúisitheoirí a cheapadh agus le hardú céime a thabhairt dóibh, is iad na critéir chéanna iad mórán leis na critéir atá ann i gcás na mbreithiúna. Fad a bhaineann le hionchúisitheoir nó breitheamh a dhífhostú, is iomaí cosúlacht atá ag na rialacha le chéile sa dá chás sin freisin. Ach oiread leis na breithiúna, is amhlaidh a bhíonn na hionchúisitheoirí poiblí ina mbreithiúna ar promhadh tar éis a gceaptha. Chomh maith leis sin, is baill den fheidhmeannas atá sna hionchúisitheoirí, agus is rud é an feidhmeannas atá faoi réir ghrinnscrúdú na Parlaiminte. Is de dhlúth agus d'inneach phrionsabal an daonlathais oibleagáid a bheith ar na hionchúisitheoirí glacadh le treoir ó na hAirí Ceartais. Mar sin féin, an ceart atá ag na hAirí treoir a thabhairt, is ceart é a bhfuil srian agus teorainn leis de réir dlí. Thar gach ní eile, treoir ar bith dá

dtugtar, ní mór í a bheith glan ar gach ábhar neamhghaolmhar eile. De réir na forála sin, ní féidir cinneadh a dhéanfadh Aire Ceartais a chur in ionad cinneadh fónta a dhéanfadh oifig an ionchúisitheora phoiblí, más cinneadh é ab éigean a dhéanamh ar ala na huaire agus má tá ábhar neamhghaolmhar ar bith ann.

Cuidíonn an Comhshocrú um an Smacht Reachta le héifeachtúlacht an chórais dlí agus cirt sa Ghearmáin agus leis an teacht aniar atá ann mar chóras. Tá an Bhaváir tar éis a cuid oibleagáidí faoin gComhshocrú maidir leis an Smacht Reachta a róchomhlíonadh mar tá 322.75 post nua do bhreithiúna agus d'ionchúisitheoirí cruthaithe aici agus daoine ceaptha iontu. Chomh maith leis sin, faoi dheireadh 2021, le linn tréimhse dár tús 2017, beidh 315.71 post den chineál neamhbhreithiúnach agus den chineál nach mbaineann leis an ionchúiseamh poiblí arna chruthú sa Bhaváir. Níl aon fhadhbanna maidir le próifíl aoise i gcóras dlí agus cirt na Baváire faoi láthair. Ainneoin gur gairid go mbeidh daoine go leor a rugadh le linn na mblianta ba líonmhaire breitheanna sa tír ag dul ar scor, is fíor a rá go mbeidh glúin eile ag teacht in inmhe ar a lorg, glúin a fhéadfar a earcú i seirbhísí na mbreithiúna agus na n-ionchúisitheoirí, agus is dóigh dá réir sin go mbeidh dóthain iarrthóirí ann nuair a thiocfaidh an t-am leis na folúntais a líonadh. Ós amhlaidh atá an scéal, níl aon chall imní ann go mb'fhéidir go mbeadh easpa daoine ann le hearcú san am atá le teacht.

Is mór na dúshláin atá roimh chóras ceartais na Sacsaine sna blianta atá romhainn. Is é líon mór na ndaoine a bheidh ag dul ar scor is cúis leis sin, cuid díobh i measc na mbreithiúna. Mar sin féin, le blianta beaga anuas, ó tharla líon mór daoine á n-earcú, tá tús tuile ann arís agus deireadh trá. Fadhb eile a luaitear sa tuarascáil an maslú agus an bhagairt a bhítear a dhéanamh ar na breithiúna le linn dóibh a bheith ag obair. Sin rud atá a tharlú níos minice feasta ná tráth dá raibh. Daoine atá páirteach sna himeachtaí dlí, nó tríú páirtithe – sin iad atá le lua leis an maslú agus leis an mbagairt úd. Is mithid a rá nach mbíonn lámh ag an stát i mbagairt ar bith dá ndéantar. Chun tacú leis na breithiúna i gcomhthéacs na ndúshlán gairmiúil atá ag méadú leo i dtólamh, tairgeadh scéim cóitseála san Aireacht Ceartais anuraidh chun cur leis an soláthar comhairleoireachta seanbhunaithe atá ann le comhairle a chur ar fáil sa chás a mbeadh coinbhleacht ann i réimse an cheartais.

**Barúlacha ó Rialtas na hÉireann maidir leis an dréacht-tuarascáil ón nGrúpa um Chearta Bunúsacha agus an Smacht Reachta i gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ar an gcuairt fhíorúil a thug sé ar Éirinn an 28-29 Meitheamh 2021**

Is mian le Rialtas na hÉireann a bhuíochas a chur in iúl don Ghrúpa um Chearta Bunúsacha agus an Smacht Reachta i gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) as an gcuairt fhíorúil a thug sé i Meitheamh 2021.

Tá Éire tiomanta i gcónaí an smacht reachta a chaomhnú agus a chur chun cinn ar fud an Aontais agus ba dhíol sásaimh don rialtas an deis a bheith aige páirt a ghlacadh sa phróiseas sin.

Aithníonn Rialtas na hÉireann ról tábhachtach an Ghrúpa um Chearta Bunúsacha agus an Smacht Reachta i dtaca leis an urraim do luachanna bunaidh an Aontais a chur chun tosaigh.

## 1. Brexit agus cearta bunúsacha a bhaineann leis na comhpháirtithe sóisialta

Is éard a dhéanann an Prótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann, ar dlúthchuid de Chomhaontú Brexit um Tharraingt Siar é, Comhaontú Aoine an Chéasta, an comhar Thuaidh-Theas, agus an geilleagar uile-oileáin a chosaint. Seachnaítear teorainn chrua ar oileán na hÉireann leis, ach caomhnaítear leis fós sláine Mhargadh Aonair an Aontais agus áit na hÉireann ann. Mar chuid den Phrótacal, tá ceangaltais gan lagú ar bith ar chearta, ar choimircí, agus ar chomhionannas deiseanna a cheadú, mar a leagtar amach i gComhaontú Aoine an Chéasta, agus dearbhaítear go mbeidh cearta an tsaoránaigh den Aontas i gcónaí ag saoránaigh de chuid na hÉireann a bhfuil cónaí orthu i dTuaisceart Éireann.

Cé gur cheap agus gur chomhaontaigh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe (RA) an Prótacal chun cur isteach dosheachanta Brexit ar oileán na hÉireann a laghdú, tharla athruithe suntasacha buana de dheasca chinneadh RA an tAontas a fhágáil. Tá a fhios ag Rialtas na hÉireann, mar a luadh sa tuarascáil ó CESE, gur údar imní tarraingt siar RA as an Aontas do roinnt daoine a bhfuil cónaí orthu i dTuaisceart Éireann agus a bhíonn ag obair ann i dtaobh a bhfuil i ndán dá gcearta agus dá dteidlíochtaí dá deasca.

Tuigeann Rialtas na hÉireann freisin gur ann do chuid mhaith daoine ar oileán na hÉireann a chaitheann a saol ar bhonn trasteorann, agus an teorainn á trasnú ag na mílte daoine gach lá den tseachtain chun obair, staidéar, nó siopadóireacht a dhéanamh nó chun bualadh le daoine eile. Tá sé ar cheann de na tosaíochtaí ó thús phróiseas Brexit an modh maireachtála sin a chosaint i gcónaí. Tá

tábhacht ar leith ag baint leis an ngeilleagar uile-oileáin ina thaobh sin, ós rud é go n-éascaíonn sé slí bheatha an-chuid daoine ar fud oileán na hÉireann. Téann Rialtas na hÉireann i gcomhairle go seasta le geallsealbhóirí, lena n-áirítear gnólachtaí agus an tsochaí shibhialta, an dá thaobh den teorainn, i dtaca leis na dúshláin a ghabhann le Brexit i measc nithe eile nach iad.

Leis an gComhlimistéar Taistil, rud a dtugtar aitheantas dó sa Phrótacal, áirithítear nach gá do shaoránaigh de chuid na hÉireann ná saoránaigh de chuid na Breataine a bhfuil cónaí orthu áit ar bith ar oileán na hÉireann (nó idir Éire agus an Bhreatain Mhór) nó atá ag obair ann, oibrithe teorann san áireamh, beart ar bith a dhéanamh chun leanúint de bheith ag obair agus/nó ina gcónaí i gceachtar den dá dhlínse. An 1 Eanáir 2021, thug RA athruithe isteach i gcás oibrithe teorann (agus oibrithe eile nach iad) nach Éireannaigh ná Briotanaigh iad. Tá plé suntasach déanta ag údaráis na hÉireann le húdaráis RA ar an ábhar sin agus tá faisnéis chuimsitheach curtha ar fáil aige faoi na riachtanais nua arna n-éileamh ag RA ar an suíomh gréasáin gov.ie.

I dtaca leis an imní atá ann go bhféadfadh éagsúlacht idir cearta na n-oibrithe in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann a bheith ina toradh ar tharraingt siar RA as an Aontas, ba cheart a thabhairt faoi deara gur cuid den Chomhaontú Trádála agus Comhair forálacha maidir le cothroime iomaíochta le hiomaíocht oscailte chóir a áirithiú idir an tAontas agus RA. Mar a luadh cheana, cuireann an Prótacal de cheangal freisin ar RA a áirithiú nach ndéanfar lagú ar bith ar chearta, ar choimircí, ná ar chomhionannas deiseanna, mar a leagtar amach i gComhaontú Aoine an Chéasta. Áirítear leis sin ceart an chomhionannais deiseanna i ngach gníomhaíocht shóisialta agus eacnamaíoch, beag beann ar aicme, creideamh, míchumas, inscne, nó eitneacht. Beidh ról ag an gComhairle Aireachta Thuaidh/Theas freisin i dtaobh saincheisteanna a mheas ar bhonn Thuaidh/Theas sa chomhthéacs sin.

I dtaca leis an imní a léirigh rannpháirtithe go bhféadfadh sé go ndéanfaí teorainn 'chrua' den teorainn idir Éire agus Tuaisceart Éireann i gcás grúpaí áirithe daoine de dheasca tharraingt siar RA as an Aontas, ba cheart a thabhairt faoi deara go n-áirithítear leis an bPrótacal nach ann do theorainn chrua ar oileán na hÉireann. Mar sin féin, tá feidhm i gcónaí ag rialacha ábhartha inimirce sa dá dhlínse, mar a bhí roimh Brexit.

## 2. Saoirse comhlachais agus comhthionóil

I dtaca leis an imní a léirigh rannpháirtithe maidir le tionchar an Achta Toghcháin ar chumas na ngrúpaí sochaí sibhialta teacht ar mhaoiniú, is mian le húdaráis na hÉireann an méid seo a leanas a chur in iúl.

- Is é an rún atá ag an Rialtas go ndéanfaidh an Coimisiún Toghcháin (nuair a bhunófar é) athbhreithniú cuimsitheach ar an Acht Toghcháin, 1997, d'fhonn moltaí a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt, i measc nithe eile nach iad, ar na húdair imní a chuir an tsochaí shibhialta in iúl. Foilsíodh Scéim Ghinearálta an Bhille um Athchóiriú Toghcháin níos túisce i mbliana, ina ndéantar foráil maidir leis an gCoimisiún Toghcháin a bhunú, agus tá obair ar bun i gcónaí chun forbairt an Bhille a chur chun cinn.

### 3. Saoirse tuairimí a nochtadh agus saoirse na meán

I dtaca leis an athchóiriú ar dhlíthe clúmhillte na hÉireann, is mian le húdaráis na hÉireann na trí phointe seo a leanas a chur in iúl.

- Tá an tAthbhreithniú ar an Acht um Chlúmhilleadh, 2009, ar cheann de thosaíochtaí reachtaíochta an Rialtais, mar a léirítear i gClár an Rialtais ina dtugtar gealltanas '[d]líthe clúmhillte a athbhreithniú agus a athchóiriú, chun cur chuige cothrom a chinntiú maidir leis an gceart chun saoirse cainte, an ceart chun dea-ainm agus dea-cháil a chosaint, agus an ceart rochtana ar cheartas.'
- Is é is cuspóir don athbhreithniú a áirithiú, i gcomhréir le Bunreacht na hÉireann agus an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, go leanfar den chothromaíocht iomchuí a bhaint amach i ndlíthe clúmhillte na tíre idir dea-ainm agus príobháideachas an duine aonair a chosaint agus an tsaoirse tuairimí a nochtadh a chosaint, agus aird á tabhairt ar an ról ríthábhachtach atá ag an bpreas saor neamhspleách sa daonlathas.
- Táthar ag súil go bhfoilseofar tuarascáil an athbhreithnithe ar ball beag, faoi réir comhaontú rialtais. Mar a leagadh amach sa Phlean Ceartais, 2021, is éard atá beartaithe Scéim Ghinearalta Achta um Chlúmhilleadh (Leasú) a ullmhú faoi dheireadh 2021.

### 4. Ceart an neamh-idirdhealaithe

Ó thaobh saincheisteanna LADTIA de, is mian le húdaráis na hÉireann a chur in iúl gur síneadh isteach in 2021 Straitéis Náisiúnta LADT+ don Aos Óg, 2018-2020, ar straitéis trasrialtais arna díriú ar ghníomhaíochtaí í, mar chúiteamh ar aon mhoill a thiocfadh ar an gcur chun feidhme de dheasca na paindéime.

Ó thaobh shaincheist an fhoréigin ghnéasaigh de, is mian le húdaráis na hÉireann an t-eolas is déanaí a roinnt faoin méid a thit amach i ndiaidh chuairt an Ghrúpa um Chearta Bunúsacha agus an Smacht Reachta in CESE i mí an Mheithimh 2021. An 2 Meán Fómhair 2021, lainseáil an Roinn Dlí agus Cirt tairseach lena chur ar a gcumas do dhaoine ar roinneadh íomhá dhlúthphearsanta díobh gan toiliú uathu íomhánna agus físeáin a thuairisciú agus a bhaint, mar chuid den fheachtas #NoExcuses (#NílLeithscéalArBithAnn). Tá feidhm an tairsigh sin, arna óstáil ar líne ar hotline.ie, ag teacht le forálacha An Achta um Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach agus Cionta Gaolmhara, 2020, lena ndéantar

coir as íomhánna dlúthphearsanta a thaifeadadh nó a roinnt gan toiliú, nó a roinnt a bhagairt, is cuma cé acu an le hintinn díobháil a dhéanamh a dhéantar amhlaidh nó nach ea. Ós rud é go gcuirtear ar chumas na n-íospartach íomhánna dá leithéid a thuairisciú ar hotline.ie, rud a thabharfaidh foláireamh agus ordú ina dhiaidh sin na híomhánna a bhaint, tá aghaidh á tabhairt ag an tairseach ar fhoréigean agus mí-úsáid ghnéasach ar líne agus cabhraíonn sé le hathíospairt an duine lena mbaineann a chosc. Éascaíonn an tairseach freisin teagmháil leis an nGarda Síochána ionas gur féidir iad a chur ar an eolas faoi na híomhánna le haghaidh imscrúdú coiriúil féideartha.

## 5. An smacht reachta

Maidir leis an dearbhú gur mó atá Éire thíos leis an éilliú ná na tíortha is fearr a chruthaíonn de réir Innéacs na Braistinte i dtaca le hÉilliú, cé gur ann do choimircí leordhóthanacha in aghaidh mí-úsáid cumhachta, is mian le húdaráis na hÉireann na barúlacha seo a leanas a chur in iúl.

An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Éillithe), 2018

Aisghaireadh na seacht nAcht um Éilliú a Chosc, 1889 go 2010, a bhí ann agus cuireadh An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Éillithe), 2018, ina n-ionad. Fágann sé sin nach ann anois ach don phíosa reachtaíochta amháin sin atá comhdhlúite, nua-aimseartha, agus níos ionrochtana. Ní hamháin gur comhdhlúthú atá san Acht ach is freagra atá ann freisin ar mholtaí a rinne Binse Fiosraithe Mahon, GRECO (Grúpa Stát i gcoinne na hÉillitheachta i gComhairle na hEorpa), An Mheitheal um an mBreabaireacht in ECFE, agus an Sásra um Athbhreithniú ar Chur Chun Feidhme Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh Éillithe. I measc phríomhghnéithe an Achta tugtar cionta nua agus pionóis níos déine isteach i réimsí a bhaineann le bronntanais a thabhairt; mangaireacht tionchair; dociméadúchán bréagach; cion dliteanais le haghaidh comhlachtaí corpraithe i gcás ina bhfuarthas ciontach in éilliú duine aonair a bhfuil baint aige nó aici leis an gcuideachta lena mbaineann.

Athbhreithniú ar Struchtúir agus Straitéisí chun Coireacht Eacnamaíoch agus Éilliú a Chosc, a Imscrúdú, agus chun Pionós a Ghearradh

I mí na Nollag 2020, d’fhoilsigh an tAire Dlí agus Cirt tuarascáil trasrialtais inar scrúdaíodh cén chaoi is fearr le dul i ngleic le coireacht eacnamaíoch agus éilliú in Éirinn: *Review of Structures and Strategies to Prevent, Investigate and Penalise Economic Crime and Corruption* [Athbhreithniú ar Struchtúir agus Straitéisí chun Coireacht Eacnamaíoch agus Éilliú a Chosc, a Imscrúdú, agus chun Pionós a Ghearradh]. Ina dhiaidh sin, i mí Aibreáin 2021, foilsíodh plean cur chun feidhme uile-rialtais chun moltaí na tuarascála a chur chun cinn. Rinneadh rangú garbh ar na moltaí sa phlean de réir na gceannteideal seo a leanas: (i) Struchtúir/Córais, (ii) Acmhainní, agus (iii) Reachtaíocht.

I measc na moltaí a rinneadh bhí an méid seo a leanas:

- Comhairle Chomhairleach a bhunú a dhéanfaidh moltaí don Rialtas i dtaca le straitéisí agus beartais chun dul i ngleic le coireacht eacnamaíoch agus éilliú.
- Fóram buan ionadaithe sinsearacha de chuid gníomhaireachtaí stáit chun comhar agus comhroinnt faisnéise níos mó a éascú.
- Athbhreithniú ar an Eitic in Oifigí Poiblí d'fhonn an dlí a bhaineann leis an eitic in oifigí poiblí a threisiú.
- Oiliúint leanúnach a fhorbairt d'imscrúdaitheoirí coireachta eacnamaíche agus éillithe.
- Dul i dteagmháil leis na breithiúna i dtaca le hoiliúint a fhorbairt le haghaidh cásanna coireachta eacnamaíche agus éillithe agus i dtaca le ceist na speisialtóireachta breithiúnaí sa réimse.

Athbhreithniú ar Reachtaíocht na hEitice

Tá athbhreithniú ar bun ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi láthair ar chreat reachtúil na heitice sa saol poiblí, a bhfuil sé beartaithe na gnéithe seo a leanas a chur san áireamh ann:

- Athbhreithniú ar chreat reachtach eitice na hÉireann atá ann faoi láthair, lena n-áirítear athmheasúnú ar an mBille um Chaighdeáin san Earnáil Phoiblí, 2015;
- Athbhreithniú ar na moltaí a rinne binsí fiosrúcháin ábhartha;
- Athbhreithniú ar mholtaí an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí arna bhunú ar fheidhmiú an chórais atá ann faoi láthair agus machnamh a dhéanamh ar cheisteanna eiticiúla a tháinig chun cinn ó 2017;
- Dul i gcomhairle leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil i dtaca leis na gnéithe rialtais áitiúil de chóras reachtúil comhdhlúite;
- Athbhreithniú ar an dea-chleachtas Eorpach agus idirnáisiúnta atá ann faoi láthair; agus
- Comhairliúchán Poiblí – Dul i gcomhairle le páirtithe éagsúla.

I dtaca leis an tagairt a rinneadh don chóras gearán príosúnach gan a bheith á oibriú, is mian le húdaráis na hÉireann roinnt pointí a chur in iúl:

- Tá Córas Gearán Príosúnach Sheirbhís Phríosúin na hÉireann ag feidhmiú go hiomlán agus tá sé á choinneáil ar bun i gcónaí ó thit paindéim COVID-19 amach.
- I ndiaidh d'Oifig an Chigire Príosún aird a tharraingt ar shaincheisteanna áirithe, tá beartas nua gearán príosúnach á dhréachtú, agus tacaíocht ar fáil chuige sin ó chóras nua

teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide le haghaidh gearán príosúnach lena gcabhrófar le bainistiú agus riar na ngearán.

- Cé go bhfuil roinnt saincheisteanna tagtha aníos i dtaca le riar na ngearán faoin gcóras atá ann faoi láthair, níl sé ceart a rá nach bhfuil an córas ag obair.
- Is féidir le príosúnaigh ábhair imní a chur in iúl leis an gcóras gearán atá ann faoi láthair agus tá siad ag déanamh amhlaidh i gcónaí.
- Cé go raibh srianta i bhfeidhm maidir le cuairteanna neamhriachtanacha ar phríosúin, tá maoirseacht ar siúl i gcónaí ó thús na paindéime.
- Bhí rochtain neamhshrianta ag Cigire na bPríosún i gcónaí i rith ghéarchéim COVID-19 agus rinneadh iniúchtaí a mbeidh líon suntasach tuarascálacha cigireachta téamacha maidir le COVID-19 ina thoradh orthu.
- De bhreis air sin, rinne Cigire na bPríosún, i gcomhar le hOllscoil Mhá Nuad, tuarascáil a fhoilsiú i mí Iúil 2020 dar teideal *Ameliorating the impact of cocooning on people in custody* [Drochthionchar an chocúnaithe ar dhaoine faoi choimeád a fheabhsú]. Is éard is bunús leis an tuarascáil sin comhar ceannródaíoch idir Oifig an Chigire Príosún agus lucht coireolaíochta, arbh é ab aidhm leis tuairisc a fháil faoi thaithí daoine faoi choimeád a raibh cocúnú á dhéanamh acu le linn na dianghlasála agus an taithí sin a thaifeadadh.
- Comhaltaí de Choistí Cuairte na bpríosún, a cheaptar faoi reacht, bhí rochtain acu ar na príosúin i gcónaí i rith phaindéim COVID-19. Is é an fheidhm atá acu cuairt a thabhairt ag eatraimh mhinice ar an bpríosún dá gceaptar iad agus éisteacht le gearán ar bith arna dhéanamh leo ag príosúnach ar bith.
- Bhí príosúnaigh in ann dul i dteagmháil i gcónaí le Cigire na bPríosún agus comhlachtaí reachtúla eile, cuir i gcás na Coistí Cuairte, ó thús deireadh na paindéime.

# Barúlacha údaráis Phoblacht na Seice den tuarascáil ón nGrúpa um Chearta Bunúsacha agus an Smacht Reachta (FRRL) maidir leis an gcuairt a thug misean do chuid FRRL ar Phoblacht na Seice an 30 Meán Fómhair - 1 Deireadh Fómhair 2021

***Barúlacha ar shaincheisteanna sonracha:***

**4) An ceart chun neamh-idirdhealú**

Cúnamh dlí d'íospartaigh an idirdhealaithe agus na fuathchoireachta

Go ginearálta, de réir an Achta um Íospartaigh Coireachta (Acht Uimh. 45/2013 Coll.), cuireann eintitis atá cláraithe i gclárlann na soláthraithe cúnaimh cúnamh dlí ar fáil d'íospartaigh na coireachta agus tá eolas ina thaobh le fáil ar shuíomh gréasáin na hAireachta Dlí agus Cirt[15]. Ní mór do na heintitis sin, ar féidir leo a bheith ina n-eagraíochtaí sochaí sibhialta agus ina ndlíodóirí araon, a gcuid seirbhísí a sholáthar saor in aisce laistigh den raon feidhme a shonraítear sa chlárlann. Is féidir soláthraí cúnaimh eile a aimsiú sa chlárlann, mar atá, an tSeirbhís Phromhaidh agus Idirghabhála. Is eagraíocht stáit í atá cistithe ag an stát agus a bhfuil níos mó ná 74 ionad seirbhíse aici ar fud Phoblacht na Seice. Cuireann sí seirbhísí ar fáil d'íospartaigh saor in aisce freisin.

Ina theannta sin, i gcás gach íospartaigh atá an-leochaileach, tá seirbhísí gníomhairí ar fáil saor in aisce de réir an Chóid Nós Imeachta Coiriúil. Is féidir leis an ngníomhaire tograí a dhéanamh agus achainíocha agus achomhairc a thíolacadh thar a gceann, agus tá sé i dteideal páirt a ghlacadh freisin i ngach gníomh ina bhféadfadh an duine éagóirithe a bheith rannpháirteach. Má chomhlíontar coinníollacha dlí eile freisin, beidh sé i dteideal a bheith i láthair freisin le linn gníomhaíochtaí imscrúdaitheacha arb é is aidhm dóibh na hábhair fíorais a bhaineann le dearbhú chearta na ndaoine a ndéanann sé ionadaíocht orthu a shoiléiriú, agus féadfar toradh na ngníomhaíochtaí sin a úsáid mar fhianaise i dtrialacha. Cinneann na híospartaigh as a stuaim féin cé ba mhaith leo ionadaíocht a dhéanamh orthu, agus cé ba cheart a bheith ina ghníomhaire acu. Ar iarratas ón íospartach is féidir gníomhaire a cheapadh dó freisin. Déantar é seo go príomha tríd an gclárlann thuasluaite agus trí dhlíodóirí *ex officio* freisin.

15 https://otc.justice.cz/verejne/rychleVyhledavani.jsf

I mbeagán focal, níl sé fíor gurb iad eagraíochtaí na sochaí sibhialta, agus iadsan amháin, a chuireann cúnamh ar fáil saor in aisce. Is ann fós do sheirbhísí dlíodóirí agus don tSeirbhís Promhaidh agus Idirghabhála. I gcás cúnamh faoin Acht um Íospartaigh Coireachta, cuireann an tSeirbhís Phromhaidh agus Idirghabhála, dlíodóirí agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta cúnamh ar fáil saor in aisce laistigh den raon feidhme a shonraítear sa chlárlann. I gcás ina ndéanann gníomhaire ionadaíocht thar ceann íospartaigh atá an-leochaileach in imeachtaí coiriúla, tá an ionadaíocht sin saor in aisce. Dá bhrí sin, ní féidir glacadh leis an méid atáthar a mhaoímh gurb iad eagraíochtaí na sochaí sibhialta amháin a chuirfeadh an cúnamh ar fáil agus go n-íocfaí as cúnamh dlí ó dhlíodóirí i gcónaí.

**5) An smacht reachta**

<u>Líomhaintí faoi bhrú a bheith curtha ag an gcumhacht feidhmiúcháin ar an bpríomh-ionchúisitheoir agus a éirí as oifig</u>

Ní thagraítear i ráiteas oifigiúil an iar-phríomh-ionchúisitheora ná ina litir éirí as d'aon fhorais maidir lena éirí as oifig. Thairis sin, ní cheanglaítear leis an Acht maidir le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí ar an bpríomh-ionchúisitheoir poiblí an fáth a bhfuil sé nó sí ag éirí as oifig a lua.

Ós rud é nach sonraítear tionscnamh an ráitis sa tuarascáil agus nach bhfuil ann ach tuairimíocht, ní féidir ráiteas den sórt sin a fhíorú. Dá bhrí sin, níor cheart aon chonclúidí a bhaint den tuairimíocht sin. Foráiltear le dlí Phoblacht na Seice do bhearta reachtacha sábháilteachta leordhóthanacha lena n-áirithítear gur féidir imscrúdú a dhéanamh ar choinbhleachtaí leasa ar an leibhéal is airde stáit agus gur féidir torthaí soiléire a bhaint amach.

**Barúlacha údaráis na Spáinne den tuarascáil ón nGrúpa um Chearta Bunúsacha agus an Smacht Reachta (FRRL) i gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) maidir leis an gcuairt a thug misean de chuid FRRL ar an Spáinn an 14 agus an 15 Deireadh Fómhair**

**Focail tosaigh:**

Ba mhaith leis an Spáinn a chur in iúl ón tús nach ionann agus anailís, de chineál ar bith, ar staid na gceart bunúsach agus an smachta reachta sa Spáinn atá sa tuarascáil ón nGrúpa um Chearta Bunúsacha agus an Smacht Reachta (FRRL) i gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) maidir leis an gcuairt a thug misean de chuid FRRL ar an Spáinn an 14 agus an 15 Deireadh Fómhair. Ní léirítear ann ach tuairimí ionadaithe roghnaithe na sochaí sibhialta ar thug misean FRRL le fios gur labhair siad leo le linn na cuairte. Tugann an Spáinn dá haire go bhfuil modheolaíocht dhian chun tuarascálacha ar na saincheisteanna sin a dhréachtú ríthábhachtach chun cur lena n-inchreidteacht, rud a rachaidh chun tairbhe do chuspóirí an bhirt.

**Barúlacha údaráis na Spáinne:**

Luaitear sa tuarascáil roinnt ráiteas ó na rannpháirtithe i dtaca le **Dlí Orgánach 4/2015 an 30 Márta maidir le slándáil na saoránach a chosaint** (*Ley Orgánica 4/2015, de 30 de marzo, de protección de la seguridad ciudadana*) agus tá le soiléiriú ar na ráitis sin.

Níor fhág an Dlí Orgánach maidir le Slándáil na Saoránach gur modhnaíodh an Cód Coiriúil agus níor cruthaíodh aon chatagóir nua cionta leis. Ní bhunaítear leis an dlí sin ach smachtbhannaí riaracháin. Déantar tagairt in Airteagal 36(6) do sháruithe tromchúiseacha atá inphionóis le fíneáil idir EUR 600 agus EUR 30 000 agus déantar tagairt in Airteagal 37(4) do mhionsáruithe, atá inphionóis le fíneáil suas le EUR 600. Ní féidir pionóis suas le EUR 600 000 a fhorchur ach amháin i gcás sárú an-tromchúiseach.

Thug na rannpháirtithe atá luaite sa tuarascáil le fios freisin go raibh na póilíní in ann an dá airteagal sin a léirmhíniú go ginearálta d’fhonn fíneálacha a ghearradh, rud a chuir isteach ar chothromaíocht na cumhachta chun aimhleasa na mbreithiúna. Níl an méid sin cruinn, ós rud é nach ngearrann údaráis forfheidhmithe dlí fíneálacha; ní dhéanann siad ach iad a mholadh i dtuairisc ó na póilíní[16]. Sonraítear sa Dlí Orgánach maidir le slándáil na saoránach a chosaint go bhforchuireann an t-údarás riaracháin smachtbhannaí, i gcás inarb iomchuí, de réir nós imeachta rialaithe, ar féidir achomharc a dhéanamh ina choinne sa chúirt. Tá gach smachtbhanna faoi réir athbhreithniú breithiúnach agus tá cumhacht iomlán ag breithiúna, ní hamháin breithiúnas a thabhairt ar dhlíthiúlacht an smachtbhanna, ach freisin méid an smachtbhanna a mhodhnú, agus imthosca sonracha an cháis á gcur san áireamh.

Ní féidir glacadh leis an gcinneadh i gcás ‘**Laguna Guzmán v. an Spáinn**’, atá luaite sa tuarascáil, mar fhianaise ar an gcleachtas forleathan go n-úsáideann póilíní na Spáinne an iomarca fornirt i gcoinne léirsitheoirí, mar a thugtar le fios sa tuarascáil, ach mar chinneadh a bhaineann le cás ar leith. Is cruthúnas air sin gurb é cás ‘Laguna Guzmán v. an Spáinn’ an t-aon sárú amháin a rinne an Spáinn ar Airteagal 11 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine ó 1979[17] i leith agus nach ndearnadh cinneadh eile lena ndearbhaítear gur sáraíodh an Coinbhinsiún sa réimse sin ó tugadh an breithiúnas sin. Ina theannta sin, ní bhaineann an cás seo le Dlí Orgánach 4/2015 maidir le slándáil na saoránach

16 Rinneadh nósanna imeachta póilíneachta, a bhaineann le Dlí Orgánach 4/2015, a rialáil tuilleadh i dTreoir 13/2018 an 17 Deireadh Fómhair ón Rúnaí Stáit Slándála maidir le corpchuardaigh sheachtracha, léirmhíniú ar chionta áirithe agus saincheisteanna nós imeachta i dtaca le Dlí Orgánach 4/2015 an 30 Márta maidir le slándáil na saoránach a chosaint.

17 https://www.echr.coe.int/Documents/Stats_violation_1959_2021_ENG.pdf

a chosaint toisc gur tharla na himeachtaí a ndearnadh cur síos orthu i gcás Laguna níos mó ná bliain roimh an athchóiriú deireanach a rinneadh air in 2015.

Déantar tagairt sa tuarascáil freisin do dheacrachtaí maidir le **hoifigigh phóilíneachta a aithint**. I ndáil leis sin, ní mór a thabhairt faoi deara go bhfuil sé éigeantach ar phóilíní náisiúnta, ó *Cuerpo Nacional de Policía* agus ón *Guardia Civil* araon, a n-uimhir aitheantais phearsanta a thaispeáint go soiléir ar a n-éide ó 2007 i leith, mar a leagadh síos i dTreoir 13/2007 ón Rúnaí Stáit Slándála. Áirítear leis na rialacháin ábhartha freisin an ceart atá ag saoránaigh a iarraidh ar phóilíní a gcéannacht a thabhairt le fios le linn oibríochtaí póilíneachta. Maidir le dea-chleachtais Pobail Fhéinrialaithigh amháin atá luaite sa doiciméad, is i ndiaidh na reachtaíochta náisiúnta a glacadh iad.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara freisin go raibh Dlí Orgánach 4/2015 maidir le slándáil na saoránach a chosaint faoi réir dhá rialú ón gCúirt Bhunreachtúil (cás 172/2020 an 19 Samhain 2020 agus cás 13/2021 an 28 Eanáir 2021). Amach ó thagairt amháin sa téacs, sheas na cinntí sin le téacs an Dlí Orgánaigh. De réir Chinneadh 13/2021 an 28 Eanáir 2021 ón gCúirt Bhunreachtúil, tá an tagairt d'úsáid 'neamhúdaraithe' íomhánna nó sonraí pearsanta nó gairmiúla údarás nó comhaltaí de ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí in Airteagal 36(23) contrártha le Bunreacht na Spáinne agus, mar thoradh air sin, dearbhaíodh an fhoráil shonrach sin a bheith ar neamhní go hiomlán.

Maidir le cearta an duine a chosaint, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur bunaíodh an Oifig Náisiúnta um Ráthaíocht do Chearta an Duine (*Oficina Nacional de Garantía de los Derechos Humanos*) faoin Rúnaí Stáit Slándála. Leagtar béim sa tionscnamh seo ar thiomantas fhórsaí póilíneachta na Spáinne seasamh le cearta an duine agus feabhas a chur ar nósanna imeachta chun a gcosaint a áirithiú[18].

Maidir leis na líomhaintí i dtaca leis na deacrachtaí i réimse na rochtana ar **thithíocht shóisialta**, ba cheart a thabhairt faoi deara gur ceart atá leagtha síos in Airteagal 47 den Bhunreacht í an rochtain ar thithíocht chuibhiúil. Is é an tOmbudsman a chosnaíonn an ceart chun tithíocht chuibhiúil, agus tá an t-aitheantas, an meas agus an chosaint don tithíocht chuibhiúil i gcroílár na reachtaíochta tánaistí, an chleachtais bhreithiúnaigh agus ghníomhartha na n-údarás poiblí. I ndáil leis sin, is fiú an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara:

- Formheasadh le déanaí Foraithne Ríoga 42/2022 an 18 Eanáir lena rialaítear an dearbhán cíosa don óige agus an Plean Stáit maidir le rochtain ar thithíocht 2022-2025 (*Real Decreto 42/2022, de 18 de enero, por el que se regula el Bono Alquiler Joven y el Plan Estatal para el acceso a la vivienda 2022-2025*)[19].
- Le Foraithne Ríoga 2/2022 an 22 Feabhra, cuireadh síneadh le sraith beart, lena n-áirítear díshealbhuithe agus athshealbhaithe príomháiteanna cónaithe a chur ar fionraí go dtí an 30 Meán Fómhair 2022 do dhaoine aonair leochaileacha agus do theaghlaigh leochaileacha sna cásanna dá bhforáiltear i bhForaithne Ríoga 11/2020 an 31 Márta agus i bhForaithne Ríoga 37/2020 an 22 Nollaig.
- Faoi láthair, tá dréacht den Dlí maidir leis an gceart chun tithíochta ag dul tríd an bparlaimint faoin nós imeachta práinne. Is í seo an chéad fhoráil dlí ar an leibhéal láir atá ina dlí chun an t-ábhar sin a rialáil. Tá sé d'aidhm ag an bhforáil sin na bunchoinníollacha a leagan síos, lena ráthaítear an comhionannas i bhfeidhmiú na gceart agus comhlíonadh na ndualgas bunreachtúil a bhaineann leis an tithíocht, ar chríoch iomlán na Spáinne.

18 *Instrucción 1/2022 de la Secretaría de Estado de Seguridad*.

19 https://www.boe.es/buscar/act.php?id=BOE-A-2022-802

Déantar tagairt sa tuarascáil freisin **do thrédhearcacht agus do rochtain ar fhaisnéis phoiblí**. Tá an ceart chun rochtain a fháil ar fhaisnéis phoiblí ráthaithe i mBunreacht na Spáinne féin, in Airteagal 105 b) go sonrach: 'déanfar rochtain na saoránach ar chartlanna agus ar thaifid riaracháin a rialú le dlí, ach amháin in ábhair a dhéanann difear do shlándáil agus do chosaint an Stáit, d'imscrúdú coireanna agus do phríobháideachas daoine aonair'.

Treisíodh an ceart sin le Dlí 19/2013 an 9 Nollaig maidir le Trédhearcacht, Rochtain ar Fhaisnéis Phoiblí agus Dea-Rialachas, ina n-aithnítear an ceart atá ag gach duine rochtain a fháil ar fhaisnéis phoiblí agus a chuireann údaráis na Spáinne i bhfeidhm go dian. Leagtar síos le Dlí 19/2013 nós imeachta faoinar féidir le saoránaigh faisnéis atá i seilbh na n-údarás poiblí a iarraidh. De réir na staitisticí oifigiúla a chuir an Chomhairle um Thrédhearcacht agus Dea-Rialachas, a dhéanann maoirseacht agus rialú ar chur i bhfeidhm Dhlí 19/2013, ar fáil, seasadh le 46 % de na hiarratais ar fhaisnéis ag an gcéad chéim, rud a thug rochtain ar an doiciméadacht a iarradh[20]; mar sin ní raibh sé riachtanach an fhaisnéis a éileamh sa chúirt.

Bhí Dlí 19/2013 á spreagadh den chuid is mó ag Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Rochtain ar Dhoiciméid Phoiblí ('Coinbhinsiún Tromsø'), a shínigh an Spáinn i mí na Samhna 2021. Tá creat institiúideach agus dlíthiúil ag an Spáinn lena n-áirítear na rialacha uile a cheanglaítear le dlí na hEorpa, arna bhforlíonadh le rialacha a théann níos faide ná na rialacha a éilíonn an tAontas, rud a fhágann gur eiseamláir í an Spáinn ó thaobh na trédhearcachta, an choisc ar an éillitheacht agus an dea-rialachais de.

I ndáil leis sin, tugadh le fios i dtuarascáil mheastóireachta Shásra Athbhreithnithe na Comhpháirtíochta um Rialtas Oscailte gur 'neartaigh cur chun feidhme an Tríú Plean um Rialtas Oscailte de chuid na Spáinne rialachas an phróisis trí Fhóram um Rialtas Oscailte a chruthú, rud a chuir spásanna ar fáil d'idirphlé agus do rannpháirtíocht na sochaí sibhialta. Mar gheall ar an ardleibhéal comhlíonta a baineadh amach le linn an timthrialla sin, bhíothas in ann dul chun cinn suntasach a dhéanamh maidir le hoscailteacht an rialtais, go háirithe i réimsí na rochtana ar fhaisnéis agus rannpháirtíocht na saoránach[21]'.

De réir Dhlí 19/2013, an 9 Nollaig, ní mór faisnéis atá faoi réir oibleagáidí trédhearcachta a fhoilsiú ar na suíomhanna gréasáin ábhartha ar bhealach atá soiléir, struchtúrtha agus intuigthe do na páirtithe leasmhara go léir. Ina theannta sin, tá **Tairseach Trédhearcachta**[22] ag an Riarachán Ginearálta Stáit, ina bhfuil roinn maidir le nochtadh gníomhach lena bhfuil sé mar aidhm rochtain na saoránach ar an bhfaisnéis uile a éascú (Airteagal 10). Tá a dtairseacha trédhearcachta féin ag an *Consejo General del Poder Judicial* (Comhairle Ghinearálta na mBreithiúna, CGPJ), ag an gComhdháil agus ag an Seanad. Déantar foráil sa dlí freisin maidir le Tairseacha Trédhearcachta a chruthú do na Réigiúin Fhéinrialaitheacha agus do na húdaráis áitiúla. Tá gach institiúid phoiblí, chomh maith le páirtithe polaitiúla, eagraíochtaí ceardchumainn, eagraíochtaí gnó agus eintitis phríobháideacha a fhaigheann cabhair phoiblí nó fóirdheontais a sháraíonn tairseacha eacnamaíocha áirithe le linn tréimhse bliana faoi réir oibleagáidí maidir le nochtadh gníomhach freisin.

Foilsítear go réamhghníomhach ar Thairseach Trédhearcachta an Riaracháin Ghinearálta Stáit an luach saothair bliantúil a fhaigheann oifigigh shinsearacha agus cinn na gcomhlachtaí a

20 https://www.consejodetransparencia.es/ct_Home/Actividad/Datos-actividades/Estadisticas2021.html

21 Tá an tuarascáil ar fáil ar an Tairseach Trédhearcachta ag an nasc seo a leanas: https://transparencia.gob.es/transparencia/dam/jcr:2fb5b3e9-d444-4ec7-8472-464fa3c61927/Spain_ImplementationReport_2017-2019.pdf

22 https://transparencia.gob.es/

chumhdaítear le raon feidhme an Dlí, chomh maith leis an gcúiteamh a fhaightear, más infheidhme, tar éis do na daoine sin an oifig a fhágáil (Airteagal 8(1)(f) Dlí 19/2013, an 9 Nollaig)[23].

Maidir le rochtain ar fhaisnéis soláthair phoiblí, foilsítear ar an Tairseach Trédhearcachta an fhaisnéis ábhartha go léir maidir le conradh, lena n-áirítear sonraí an chonraitheora. Tá an fhaisnéis seo á comhordú ag foinse láraithe laistigh de Riarachán Ginearálta an Stáit (Ardán Soláthair na hEarnála Poiblí san Aireacht Airgeadais agus sa Státseirbhís).

Maidir le COVID-19, ba cheart a thabhairt faoi deara gur lean Tairseach Trédhearcachta an Riaracháin Ghinearálta Stáit ag obair mar is gnách, le linn na géarchéime, a fhad a bhaineann sé le nochtadh gníomhach, agus gur lean sí d'fhaisnéis phoiblí ábhartha agus nuashonraithe a chur ar fáil i gcomhréir le forálacha Dhlí 19/2013. Bhí gach ceannachán d'ábhar sláinte le linn na paindéime cumhdaithe faoin oibleagáid conarthaí soláthair phoiblí a fhoilsiú, lena n-áirítear conarthaí ar lú a luach eacnamaíoch[24].

Le Foraithne Ríoga 463/2020 an 14 Márta, inar fógraíodh staid éigeandála chun an ghéarchéim sláinte a bhainistiú de dheasca COVID-19, cuireadh na spriocdhátaí riaracháin uile ar fionraí ghinearálta, lena n-áirítear spriocdhátaí na n-iarratas a bhí ann cheana maidir leis an rochtain ar fhaisnéis phoiblí. Le linn na tréimhse sin, thug gach roinn aireachta tús áite d'iarratais ar fhaisnéis a bhain leis an staid éigeandála, d'fhonn riaráiste iarratais a sheachaint agus le bheith in ann na hiarratais uile a thabhairt chun críche trí bhíthin an rúin chomhfhreagraigh a luaithe a bhí an staid éigeandála thart. Tar éis dheireadh na staide éigeandála an 1 Meitheamh 2020, rinneadh na spriocdhátaí do nósanna imeachta a bhaineann leis an gceart rochtana ar fhaisnéis phoiblí a athbhunú go hiomlán.

Maidir le **cosaint iriseoirí**, ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhfuarthas amach am ar bith le déanaí gur sháraigh an Spáinn forálacha an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta an Duine lena rialaítear idirghníomhaíochtaí idir an Stát agus iriseoirí nó a chosnaíonn a neamhspleáchas i gcoinne bagairtí ón rialtas.

Chomh maith leis an gcosaint a thugtar le Bunreacht na Spáinne d'fheidhmiú éifeachtach na gceart bunúsach chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil (Airteagal 20 CE), is fiú aird a tharraingt ar na comhaontuithe comhair ábhartha agus ar threoracha oibríochtúla na hAireachta Gnóthaí Baile, lena rialaítear an bealach ina bhfuil ar na póilíní gníomhú chun obair iriseoirí gairmiúla a chosaint:

- Athnuachan i mí na Nollag 2020 ar an gcomhaontú comhair idir an Aireacht Gnóthaí Baile agus *Federación de Asociaciones de Periodistas de España* (Cónaidhm Chumainn Iriseoirí na Spáinne), lena mbaineann *Federación de Asociaciones de Periodistas de España* (Cónaidhm Chumainn Iriseoirí na Spáinne) agus *Asociación Nacional de Informadores Gráficos de Prensa y Televisión* (Cumann Náisiúnta na dTuairisceoirí Grafacha Preasa agus Teilifíse) chun gairmithe faisnéise a aithint agus a chosaint in imeachtaí a dteastaíonn idirghabháil na bpóilíní ina leith. Is é cuspóir an chomhaontaithe seo feabhas a chur ar an gcomhar idir póilíní agus iriseoirí, agus é mar phríomhaidhm leis obair gairmithe faisnéise a éascú ionas gur féidir leo a ngníomhaíocht a dhéanamh i dtimpeallacht shábháilte, fiú nuair a bhíonn siad ag tuairisciú ó áiteanna agus ó imeachtaí ina bhféadfadh cásanna riosca nó foréigin tarlú.

---

23 https://transparencia.gob.es/transparencia/transparencia_Home/index/PublicidadActiva/AltosCargos/Retribuciones-de-altos-cargos.html).

24 Tá gach faisnéis maidir le conraitheoireacht soláthairtí ábhair sláinte agus na méideanna atá i gceist ar fáil ar an Tairseach Trédhearcachta ag an nasc seo a leanas: https://transparencia.gob.es/servicios-buscador/buscar.htm?pag=1&categoria=licitaciones&categoriasPadre=conconvsub&ente=E04921901,E05025001,E05070101&historico=false&lang=es

- Tá monatóireacht leanúnach á déanamh ag an Aireacht Gnóthaí Baile ar staid na n-íospartach, agus, go háirithe, na ndaoine sin a bhféadfadh sé a bheith níos dóchúla go bhfulaingeoidís aon ghníomh neamhdhleathach a bheadh dírithe ar a saoirsí agus a gcearta bunúsacha a shárú (mar shampla, mar gheall ar a leochaileacht, a n-aois, a staid shóisialta nó a slí bheatha). Sa chiall sin, tá athchóiriú á dhéanamh faoi láthair ar *Sistema Estadístico de Criminalidad* (Córas Staitisticí Coireachta). Cuirfidh an córas seo san áireamh na sonraí atá luaite san Aicmiú Náisiúnta Gairmeacha, lena gceadaítear aicmiú agus clárú ghairm na n-íospartach coireachta go léir a bhfuil a ngairm tugtha le fios acu. Beidh catagóir speisialta d'iriseoirí san áireamh san Aicmiú Náisiúnta Gairmeacha.

Maidir le h**iolrachas na faisnéise**, tá gá le roinnt soiléirithe a dhéanamh ar théacs an doiciméid:

Tá fógraíocht institiúideach á rialú sa Spáinn ag rialacháin Stáit agus réigiúnacha araon. Leis an Riarachán Ginearálta Stáit, Dlí 29/2005, an 29 Nollaig, maidir le Fógraíocht Institiúideach agus Cumarsáid, agus le Foraithne Ríoga 947/2006, lena rialaítear an Coimisiún um Fhógraíocht Institiúideach, bunaítear forálacha áirithe arb é is aidhm dóibh foilsiú réamhaisnéisí caiteachais agus a bhforghníomhú i ndáil le feachtais fógraíochta institiúideacha a ráthú.

Ag tús gach bliana, foráiltear leis na rialacháin go bhformheasfaidh Comhairle na nAirí Plean Fógraíochta agus Cumarsáide lena n-áirítear gach feachtas institiúideach a bhfuil sé i gceist ag Riarachán Ginearálta an Stáit tabhairt fúthu. De bhun Airteagal 12 de Dhlí 29/2005, an 29 Nollaig, 'sonrófar sa phlean, ar a laghad, na tásca is gá maidir le cuspóir gach feachtais, an costas is intuartha, an tréimhse fhorghníomhaithe, na huirlisí cumarsáide atá in úsáid, brí na dteachtaireachtaí, a bhfaighteoirí agus na comhlachtaí agus na heintitis lena mbaineann'. A luaithe a bheidh an plean bliantúil curtha i gcrích, ní mór tuarascáil ar chur chun feidhme an phlean a chur faoi bhráid na Parlaiminte agus a chur ar fáil do gach eagraíocht ghairmiúil san earnáil.

Dá bhrí sin, tá faisnéis maidir le dáileadh na gcistí poiblí le haghaidh fógraíocht institiúideach i Riarachán Ginearálta an Stáit ar fáil tríd an bPlean Bliantúil, ina soláthraítear faisnéis faoin mbuiséad atá beartaithe do na feachtais atá pleanáilte ag gach roinn aireachta, agus an Tuarascáil Bhliantúil chomhfhreagrach, ina n-áirítear an méid iomlán a caitheadh[25]. Tá na ranna ábhartha faoi réir na n-iarratas ar fhaisnéis dá bhforáiltear i nDlí 19/2013 an 9 Nollaig maidir le trédhearcacht, an rochtain ar fhaisnéis phoiblí agus an dea-rialachas.

Maidir leis an tuiscint a thugtar sa tuarascáil nach bhfuil aon chomhairle ann maidir leis na meáin, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil **údarás maoirseachta neamhspleách closamhairc** ag an Spáinn: an Coimisiún Náisiúnta um Margaí agus Iomaíocht (CNMC). Leagtar síos le Dlí 3/2013 an 4 Meitheamh 2013 go ndéanfaidh an comhlacht sin maoirseacht agus faireachán ar fheidhmiú rianúil an mhargaidh cumarsáide closamhairc, lena n-áirítear comhlíonadh na reachtaíochta reatha agus na gcód féinrialála ag ábhar closamhairc, chomh maith le comhlíonadh an mhisin seirbhíse poiblí a chuirtear de chúram ar sholáthraithe seirbhíse poiblí.

Maidir leis an líomhain **nár ceadaíodh do roinnt iriseoirí páirt a ghlacadh i bpreasagallaimh** le comhaltaí an rialtais, ba cheart a thabhairt faoi deara, in ainneoin na mbeart chun líon na suíochán a laghdú le linn imeachtaí na bpreasagallamh, sin de thoradh COVID-19, nach bhfuil aon taifead ann nach raibh aon iriseoir atá creidiúnaithe go cuí in ann freastal ar phreasagallaimh arna n-eagrú ag an rialtas. Ina theannta sin, is nós imeachta poiblí é an nós imeachta creidiúnaithe d'eagraíochtaí na

25 Ó tháinig na rialacháin i bhfeidhm in 2006, foilsíodh gach plean agus tuarascáil bhliantúil i gcoitinne agus is féidir leis na páirtithe leasmhara uile iad a léamh ar shuíomh gréasáin Uachtaránacht an Rialtais (https://www.lamoncloa.gob.es/serviciosdeprensa/cpci/paginas/PlanesEInformes.aspx) agus ar shuíomh gréasáin na Tairsí Trédhearcachta (https://transparencia.gob.es/).

meán ag imeachtaí a eagraíonn oifig Uachtarán an Rialtais agus tá sé oscailte do gach gairmí ar spéis leo a bheith i láthair[26].

Tugtar faoi deara sa dréacht-tuarascáil an imní atá ar na rannpháirtithe maidir le mainneachtain na Spáinne an treoir maidir le **cosaint sceithirí** a thrasuí. Tá trasuí Threoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais ('sceithirí') á chomhordú faoi láthair ag an Aireacht Ceartais. Tá téacs an dréachtbhille á thabhairt chun críche agus táthar ag súil go gcuirfear faoi bhráid Chomhairle na nAirí é don dara léamh go luath.

Sa **chomhrac i gcoinne an idirdhealaithe**, ní luaitear sa tuarascáil an líon mór beart a ghlac údaráis na Spáinne (agus a cuireadh i láthair le linn an chruinnithe le húdaráis phoiblí an 15 Deireadh Fómhair) chun coireanna fuatha atá bunaithe ar chine, ar thionscnamh náisiúnta nó eitneach, ar theanga, ar dhath, ar reiligiún, ar ghnéas, ar aois, ar mhíchumas intleachta nó fisiceach, ar ghnéaschlaonadh nó ar aon ghné eile den chineál sin a chomhrac.

Is fiú béim a leagan air, ar an gcéad dul síos, gur féidir le haon saoránach cosaint a lorg do na saoirsí agus do na cearta a aithnítear in Airteagal 14 (prionsabal an chomhionannais) agus i Roinn a hAon de Chaibidil a Dó (Cearta Bunúsacha agus Saoirsí Poiblí) de Theideal I (Cearta Bunúsacha agus Dualgais) den Bhunreacht os comhair na ngnáthchúirteanna, trí nós imeachta atá bunaithe ar phrionsabail na tosaíochta agus na n-imeachtaí achoimre agus, nuair is iomchuí, trí achomharc ar chosaint os comhair na Cúirte Bunreachtúla.

Maidir leis sin, agus sa bhreis ar an mBille um Chóir Chomhionann – atá á phlé faoi láthair sa Pharlaimint agus dá dtagraítear sa tuarascáil – tá sé riachtanach a thabhairt faoi deara maidir leis an Dlí Orgánach i gcoinne an Chiníochais, an Idirdhealaithe Chiníoch agus na gCineálacha Éadulaingthe atá bainteach leo go bhfuil an dlí sin curtha san áireamh sa Phlean Rialála Bliantúil do 2022. An 22 Márta 2022, seoladh nós imeachta comhairliúcháin phoiblí chun tuairimí na saoránach, na n-eagraíochtaí agus na gcomhlachas a bhailiú.

Tá an neamh-idirdhealú sa réimse closamhairc leagtha síos in Airteagal 4(2) de Dhlí 7/2010 an 31 Márta lena bhforáiltear 'nár cheart go spreagfadh cumarsáid chlosamhairc fuath ná idirdhealú atá bunaithe ar inscne ná ar aon imthoisc phearsanta nó shóisialta agus nach mór dínit an duine agus luachanna bunreachtúla a urramú léi, agus aird ar leith á tabhairt ar dhíothú iompraíochta a chuireann leis an neamhionannas do mhná'.

Ar an gcaoi chéanna, sa **Dréacht-Dlí Ginearálta maidir leis an gCumarsáid Chlosamhairc**, atá ag dul tríd an bparlaimint faoi láthair, neartaíodh na prionsabail atá i nDlí 7/2010 an 31 Márta. Chuige sin, luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 4(2) den dréacht: 'Ní spreagfaidh an chumarsáid chlosamhairc foréigean, fuath ná idirdhealú i gcoinne grúpa nó baill de ghrúpa ar bhonn aoise, gnéis, míchumais, gnéaschlaonta, féiniúlacht inscne, léiriú inscne, cine, datha, bunadh eitneach nó sóisialta, tréithe gnéis nó géiniteacha, teanga, reiligiúin nó creidimh, tuairimí polaitiúla nó aon tuairimí eile, náisiúntachta, oidhreachta nó breithe.'

Foráiltear le hAirteagal 71 de Dhlí Orgánach 4/2000 an 11 Eanáir maidir le cearta agus saoirsí eachtrannach sa Spáinn, agus lena lánpháirtiú sóisialta, go mbunófar **Faireachlann na Spáinne um Chiníochas agus Seineafóibe** (OBERAXE). Pléann an institiúid sin leis an gcomhrac i gcoinne an

26 Is féidir breathnú air ar shuíomh gréasáin Moncloa, agus ní phléann sé ach le riachtanais eagrúcháin agus slándála imeachtaí oifigiúla (https://www.lamoncloa.gob.es/serviciosdeprensa/acredita/Paginas/index.aspx).

chiníochais, na seineafóibe agus cineálacha eile éadulaingthe, leis an gcóir chomhionann agus an neamh-idirdhealú a chur chun cinn, le feasacht a mhúscailt agus oiliúint a chur ar fáil, agus leis an gcomhoibriú le hinstitiúidí náisiúnta agus idirnáisiúnta agus le geallsealbhóirí maidir le híospartaigh a chosc, a thuairisciú agus a chosaint.

In 2020, leis an gCreat Straitéiseach don tsaoránacht agus don chuimsiú in aghaidh an chiníochais agus na seineafóibe (2021-2027) nuashonraíodh an Straitéis chomhtháite in aghaidh an chiníochais, an idirdhealaithe chiníoch agus na seineafóibe (2021-2027) agus na Pleananna Straitéiseacha um Shaoránacht agus Lánpháirtiú (PECI I agus PECI II). Is é is aidhm don athbhreithniú sin na straitéisí ábhartha a chur in oiriúint do staid nua na himirce agus na moltaí a thug na príomheagraíochtaí idirnáisiúnta agus Eorpacha don Spáinn a ionchorprú sna réimsí maidir leis an gciníochas, an t-idirdhealú ciníoch, an tseineafóibe agus cineálacha eile éadulaingthe a chosc.

Mar thoradh ar an g**Comhaontú Idirinstitiúideach i gcoinne an chiníochais, na seineafóibe agus na fóibe LGTBIQ** agus cineálacha eile éadulaingthe a bheith ann, glacadh an Prótacal chun an Fhuathchaint Neamhdhleathach ar Líne a Chomhrac. Is príomhionstraim é an prótacal seo lena réitítear an bealach don chomhar éifeachtach idir na gníomhaithe atá páirteach sa chomhrac i gcoinne na fuathchainte neamhdhleathaí ar líne sa Spáinn agus lena n-áirítear údaráis phoiblí, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, cuideachtaí agus soláthraithe seirbhísí óstála sonraí.

Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin gur bhunaigh an Aireacht Gnóthaí Baile **an Oifig Náisiúnta um an gComhrac in aghaidh na gCoireanna Fuatha (ONDOD)**[27] in 2018, arb é an príomhchúram atá uirthi comhairle a chur ar an Rúnaí Stáit Slándála maidir le coireanna fuatha agus an fhaisnéis iomchuí straitéiseach agus theicniúil a chur ar fáil chun beartais phoiblí a ghlacadh i ndáil leis na coireanna sin. Tá ONDOD freagrach freisin as oiliúint a chur ar sheirbhísigh phoiblí le go bhféadfaidh siad cabhrú le híospartaigh coireanna fuatha agus gníomhú mar fhaireachlann, ag bailiú faisnéise agus ag ceapadh anailís straitéiseach chun tionscnaimh nua a ghlacadh chun dul i ngleic leis an bhfadhb seo. Is é ONDOD an pointe teagmhála náisiúnta freisin le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile atá ag obair sa réimse sin.

Tá eagraíochtaí idirnáisiúnta agus Eorpacha amhail Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) agus an Oifig um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine (ODHIR) de chuid na hEagraíochta um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE) an-bhuíoch as na tionscnaimh sin agus luaigh siad an Spáinn mar shampla den dea-chleachtas sa chomhrac i gcoinne coireanna fuatha.

Rud eile a bhaineann leis an gcomhrac i gcoinne coireanna fuatha is ea gur fiú a thabhairt faoi deara gur tugadh chun críche le déanaí an mheastóireacht ar Phlean Gníomhaíochta 2019-2021. Bhí an cleachtadh sin ríthábhachtach sa phróiseas chun an Dara Plean Gníomhaíochta i gcoinne Coireanna Fuatha a dhearadh[28].

Luaitear sa tuarascáil gur minic a dhéanann na póilíní próifíliú eitneach ar **Romaigh**. Ní thugtar sa tuarascáil, áfach, aon sonraí chun tacú leis an ráiteas sin maidir le hiompraíocht atá, ar aon nós, ag teacht salach ar an reachtaíocht atá ann cheana. I ndáil leis sin, le hAirteagal 16 de Dhlí Orgánach 4/2015 an 30 Márta maidir le slándáil na saoránach a chosaint, ceanglaítear an méid seo a leanas: ‘ *i gcleachtas an tsainaitheantais, urramófar go docht prionsabail na comhréireachta, na córa comhionainne agus an neamh-idirdhealaithe ar bhonn breithe, náisiúntachta, tionscnamh ciníoch nó eitneach, inscne, reiligiúin nó creidimh, aoise, míchumais, gnéaschlaonta nó féiniúlachta, tuairime nó*

27 Is féidir tuilleadh eolais a fháil ag an nasc seo a leanas: http://www.interior.gob.es/web/servicios-al-ciudadano/delitos-de-odio

28 https://www.lamoncloa.gob.es/consejodeministros/resumenes/Documents/2022/120422_II_Plan_Accion_contra_delitos_odio.pdf

*aon dálaí nó imthosca pearsanta nó sóisialta eile'*. Cumhdaítear na treoirlínte sin freisin le rialacháin oibríochtúla agus eitice uile na bpóilíní, agus is é an toradh a bhíonn ar mhainneachtain cloí leis na prionsabail sin go léir cur chun feidhme na sásraí rialaithe, atá i bhfeidhm chun na críche sin, agus na smachtbhannaí comhfhreagracha. Maidir leis an maíomh go bhfuil na póilíní ag stopadh na Romach deich n-uaire níos minice ná an chuid eile den daonra, níor tugadh, sa chás sin ach an oiread, aon sonraí chun tacú leis an ráiteas sin. I ndáil leis sin, tá sé ríthábhachtach a thabhairt faoi deara nach gcláraíonn gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí sonraí ciníocha daoine atá faoi choiméad sa Spáinn.

Is fiú aird a tharraingt ar thionscnaimh eile de chuid rialtas na Spáinne maidir leis an idirdhealú in aghaidh na Romach a chomhrac, amhail an Straitéis Náisiúnta maidir le Comhionannas, Cuimsiú agus Rannpháirtíocht na Romach 2021-2030[29], nó ról na Comhairle um Idirdhealú Ciníoch nó Eitneach a Dhíothú, arb é is aidhm di cúnamh a chur ar fáil d'íospartaigh an idirdhealaithe ar bhonn tionscnamh ciníoch nó eitneach. Maidir leis an gComhairle sin, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur méadaíodh an buiséad le haghaidh an chúnaimh d'íospartaigh anuraidh. Mar thoradh air sin, déanfar líon na n-oifigí a dhéileálann leis na saincheisteanna seo a mhéadú i mbliana go dtí 21 oifig ar a laghad ar fud na Spáinne.

Maidir le ráitis faoi chreat reachtach na Spáinne i ndáil le **daoine faoi mhíchumas**, ba mhaith leis an Spáinn a chur in iúl go bhfuil prionsabal an phríomhshruthaithe ar cheann de na prionsabail a chaithfidh na beartais rialtais sa réimse sin a threorú in Airteagal 3(m) d'Fhoraithne Ríoga 1/2013 an 29 Samhain maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas agus a gcuimsiú sóisialta.

Maidir leis an ráiteas 'Bhí imní ar na rannpháirtithe go háirithe faoi chóracha leighis éigeantacha do dhaoine faoi mhíchumas meabhrach nárbh fhéidir leo faisnéis maidir lena gcóir leighis a fháil', tugtar faoi deara, i gcomhréir le hAirteagal 763(1)(1) de Dhlí 1/2000 an 7 Eanáir maidir leis an Nós Imeachta Sibhialta go bhfuil gá, i gcás institiúidiú duine ar bhonn meabhairghalair, le húdarú breithiúnach roimh ré i gcás duine nach bhfuil in ann cinneadh a dhéanamh dó nó di féin, ach amháin ar chúiseanna práinne nach mór, i gcás ar bith, do bhreitheamh iad a dhaingniú laistigh d'uastréimhse 72 uair an chloig. Thairis sin, tá seasamh na Spáinne maidir leis an bprótacal breise maidir le hospidéalú agus cóireáil neamhdheonach a ghabhann leis an gCoinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Dínit an Duine a Chosaint ina sheasamh staonta a fhad a bhaineann sé le Cur i bhFeidhm na Bitheolaíochta agus an Leighis.

Luaitear sa tuarascáil freisin na **constaicí atá fós roimh mhná**. Ba mhaith leis an Spáinn cur le roinnt de na ráitis atá sa tuarascáil agus roinnt léirmhínithe ar na sonraí a thugtar sa tuarascáil a cheartú.

Sa Spáinn, tá Dlí Orgánach 3/2007 an 22 Márta 2007 maidir le **comhionannas éifeachtach idir mná agus fir** i bhfeidhm ó 2007. Is dlí é seo a bhfuil an-tábhacht ag baint leis, lena mbunaítear beartais agus tionscnaimh éagsúla chun an t-idirdhealú agus an neamhionannas atá bunaithe ar inscne a chomhrac agus lena mbunaítear an ceart chun cóir chomhionann agus chun deiseanna comhionanna. D'fhonn an creat rialála sin a chomhlánú, tá an Dlí Cuimsitheach atá beartaithe maidir leis an gCóir Chomhionann agus an Neamh-Idirdhealú, rud atá luaite sa tuarascáil, á phlé sa Pharlaimint faoi láthair.

Tagraítear sa tuarascáil freisin don **bhearna phá idir na hinscní** sa Spáinn. I ndáil leis an méid sin, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, d'fhonn bogadh i dtreo comhionannas dáiríre agus éifeachtach agus an bearna phá a dhúnadh, gur trí Fhoraithe Ríoga 901/2020 an 13 Deireadh Fómhair maidir le pleananna comhionannais a rialáil agus Foraithne Ríoga 902/2020 an 13 Deireadh

29 https://www.mdsocialesa2030.gob.es/derechos-sociales/poblacion-gitana/docs/estrategia_nacional/Estrategia_nacional_21_30/Estrategia_aprob_cm_2_nov_ENGLISH.pdf

Fómhair maidir le pá comhionann d'fhir agus do mhná a tharla an fhorbairt rialála dá bhforáiltear i nDlí Foraithne Ríoga 6/2019 an 1 Márta maidir le bearta práinneacha chun cóir chomhionann agus deiseanna comhionanna a ráthú do mhná agus d'fhir san fhostaíocht agus sa tslí bheatha[30]. Chuidigh na bearta sin cheana féin leis an mbearna phá idir na hinscní a laghdú go 16.2 %, laghdú 4.8 pointe ó 2018 i leith.

Maidir le **beartais i ndáil le hidir-réiteach**, is fiú cur leis an bhfaisnéis a thugtar sa tuarascáil. Mar a tuairiscíodh le linn na cuairte, tá beartais éagsúla curtha i bhfeidhm ag an rialtas i réimse an chúraim teaghlaigh. In 2021, sheol an Aireacht Comhionannais an *Plan Corresponsables (Comhphlean do Chúramóirí)* i gcomhpháirtíocht leis na Pobail Fhéinrialaitheacha. Is é is aidhm don Phlean cúram a ráthú mar cheart sa Spáinn ó thaobh an chomhionannais idir mná agus fir de. Tá an Plean sin deartha le bheith ina bheartas síl d'fhonn Córas Cúraim Stáit a fhorbairt. Féachann sé le córais chúraim chuimsitheacha a dhearadh ó thaobh inscne, ó thaobh trasnachais agus ó thaobh chearta an duine de, lena gcuirtear an chomhfhreagracht idir mná agus fir, an Stát, an margadh, teaghlaigh agus an pobal chun cinn.

Ina theannta sin, tá an Aireacht um Chearta Sóisialta agus Clár Oibre 2030 ag obair ar an **Dréacht-Bhille um Éagsúlacht Teaghlaigh agus Tacaíocht do Theaghlaigh**, a bhfuil sé mar aidhm leis na nithe seo a leanas, chomh maith le bearta eile, a chur san áireamh: seacht lá de shaoire le pá, ioncam uilíoch tógála leanaí do gach teaghlach Spáinneach, agus an tsaoire do thuismitheoirí a shíneadh go 24 mhí don bheirt tuismitheoirí.

Mar chuid de phróiseas cuimsitheach athbhreithnithe agus chun **an fhreagairt institiúideach ar an bhforéigean inscne** a neartú, ghlac Comhairle na nAirí an Comhaontú lena bhformheastar Catalóg na mBeart Práinneach den Phlean in aghaidh Foréigean Inscnebhunaithe a Fheabhsú agus a Nuachóiriú ar thionscnamh na nAirí Comhionannais, Ceartais, Gnóthaí Baile, Sláinte agus Cearta Sóisialta agus Chlár Oibre 2030. Áirítear 15 bheart i sé réimse éagsúla sa Chatalóg seo de Bhearta Práinneacha. Ina theannta sin, reáchtáil Toscaireacht an Rialtais in aghaidh Foréigean Inscnebhunaithe roinnt feachtais chumarsáide in 2021 agus é mar aidhm acu an fheasacht a chur chun cinn i rith na bliana, mar a fhoráiltear i gCatalóg na mBeart Práinneach a formheasadh i mí Iúil 2021 agus sa Chomhaontú Stáit féin.

Tá sé chomh tábhachtach céanna a thabhairt faoi deara go ndearna Comhairle Idir-chríochach an Chórais Sláinte Náisiúnta an **Ionstraim Chaighdeánaithe chun foréigean inscnebhunaithe a bhrath go luath sa Chóras Sláinte Náisiúnta** a fhormheas an 24 Samhain 2021, rud a chomhlánaíonn an Prótacal Coiteann maidir le Gníomhaíocht Cúraim Sláinte in aghaidh Foréigean Inscne sa Chóras Sláinte Náisiúnta (2012) i ndáil le treoirlínte gníomhaíochta caighdeánaithe agus aonchineálacha a bhaint amach.

Tá an **Dréachtdlí Orgánach maidir le Ráthaíocht Chuimsitheach do Shaoirse Gnéis**, arb é is aidhm dó cosaint chuimsitheach a chur ar fáil don cheart chun saoirse gnéis agus deireadh a chur le gach foréigean gnéasach, á phlé sa Pharlaimint faoi láthair, tar éis do Chomhairle na nAirí é a fhormheas i mí Iúil 2021. Tá sé beartaithe leis an Dlí sin go nglacfar agus go gcuirfear chun feidhme beartais éifeachtacha, chuimsitheacha agus chomhordaithe i measc na riarachán poiblí inniúil éagsúil, lena ráthaítear cosc agus pionósú an fhoréigin ghnéasaigh, chomh maith le freagairt speisialaithe agus chuimsitheach a bhunú do mhná, do chailíní agus do bhuachaillí, mar phríomhíospartaigh gach cineáil foréigin ghnéasaigh.

30 Lenar leasaíodh, i measc dlíthe eile, Dlí Orgánach 3/2007 an 22 Márta maidir le comhionannas éifeachtach idir mná agus fir agus Reacht na nOibrithe (Foraithne Ríoga 2/2015 an 23 Deireadh Fómhair).

Sa chomhthéacs sin, tá sé tábhachtach freisin an plean **Cosnaíonn an Spáinn thú in aghaidh foréigean fireann** a lua. Dírítear sa straitéis ar sheirbhísí cuimsitheacha cúraim a leathnú agus a fheabhsú le haghaidh gach cineáil foréigin in aghaidh na mban d'fhonn caighdeáin idirnáisiúnta agus an creat dlíthiúil atá ann faoi láthair a chomhlíonadh. Chun é sin a dhéanamh, déantar foráil ann maidir le hionaid chuimsitheacha cúnaimh 24 uair an chloig a chruthú d'íospartaigh foréigin ghnéasaigh i ngach cúige agus i ngach cathair fhéinrialaitheach sa Stát.

Maidir leis an **bhfuathchaint i gcoinne an phobail LGBTIQ**, is fiú aird a tharraingt ar an dréacht bhille maidir le comhionannas dáiríre agus éifeachtach do dhaoine trasinscneacha agus maidir le cearta daoine LGBTIQ a ráthú, rud atá á fhorbairt faoi láthair. Leis an dlí sin, déantar cearta a chomhdhlúthú agus a ráthú, rud atá ina chéim mhór chun cinn do dhaoine trasinscneacha agus **LGBTIQ**.

Tá sé tugtha le fios sa tuarascáil freisin gur 'Mhínigh na rannpháirtithe freisin go raibh sé deacair cásanna idirdhealaithe nó coireanna fuatha a thuairisciú do na póilíní'. I ndáil leis an méid sin, tá sé ríthábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil **prótacal gníomhaíochta forfheidhmithe dlí maidir le coireanna fuatha** ann. Ina theannta sin, cuirtear tuarascálacha uile na bpóilíní ar aghaidh chuig Ionchúisitheoir an Toscaire Cúige maidir le coireanna fuatha agus frith-idirdhealaithe, fiú nuair nach ann do dhéantóir coire aitheanta.

Tá sé leagtha síos le **Dlí Orgánach 4/2000 an 11 Eanáir maidir le cearta agus saoirsí eachtrannach sa Spáinn agus maidir lena lánpháirtiú sóisialta** nach féidir ach leis an údarás breithiúnach ábhartha cinneadh a dhéanamh maidir le coinneáil i gceann de na CIEanna (*Centro de Internamiento de Extranjeros* nó Ionad Coinneála d'Eachtrannaigh). Agus an méid sin á dhéanamh aige, ní mór dó prionsabal na comhréireachta agus imthosca eile is infheidhme a chur san áireamh, amhail easpa doiciméad, ciontuithe nó smachtbhannaí riaracháin a rinneadh roimhe sin, imeachtaí smachtbhannaí coiriúla nó riaracháin ar feitheamh nó rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann don tsláinte phoiblí nó do shláinte an eachtrannaigh féin. Thairis sin, fanfaidh an duine faoi choinneáil ar feadh na tréimhse is gá chun críocha an nós imeachta, agus ar feadh 60 lá ar a mhéad. Ní hamháin go bhfuil an tagairt do choinneáil ar feadh 60 lá in CIEanna i gcomhréir le Treoir 2008/115 (lena mbunaítear an fhéidearthacht tréimhsí coinneála suas le 18 mí a bheith ann), ach ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil an Spáinn ar cheann de na Ballstáit a bhfuil na tréimhsí coinneála is giorra aici.

Ina theannta sin, is fiú a thabhairt chun suntais go bhfuil rialú breithiúnach dúbailte ann maidir le himircigh a choinneáil, ós rud é, i dteannta an bhreithimh atá inniúil an choinneáil a údarú agus a chur ar ceal, go bhfuil breitheamh breise i gceannas ar fhaireachán a dhéanamh ar fhanacht eachtrannach in CIEanna. Tá na breithiúna sin inniúil chun éisteacht le hachainíocha agus le gearáin a dhéanann príosúnaigh a mhéid a dhéanann siad sin difear dá gcearta bunúsacha. Féadfaidh na breithiúna sin cuairt a thabhairt ar ionaid den sórt sin freisin má thagann siad ar eolas faoi aon sárú tromchúiseach nó má mheasann siad gurb iomchuí sin a dhéanamh. Má tharlaíonn an choinneáil faoi dhálaí neamhdhleathacha, tá sé de cheart ag an eachtrannach iarratas *habeas corpus* a eisiúint.

Thairis sin, rinneadh Foraithne Ríoga 220/2022 an 29 Márta lena bhformheastar na Rialacháin lena rialaítear an córas glactha don chosaint idirnáisiúnta a fhormheas d'fhonn cur le Caibidil III de Theideal II de Dhlí 12/2009 an 30 Deireadh Fómhair 2009, lena rialaítear an ceart chun tearmainn agus chun cosanta coimhdí. I measc na ngnéithe éagsúla a forbraíodh leis an Rialachán sin, tá catalóg de chearta ann dóibh siúd a bhfuil an córas dírithe orthu, chomh maith le measúnú ar riachtanais daoine atá i staid leochaileach le linn an ama a fhanann siad sa chóras glactha. D'fhonn na dálaí glactha ábhartha a mbeidh rochtain ag na tairbhithe orthu a chinneadh, cuirfear san áireamh, i measc gnéithe eile, riachtanais ar leith na ndaoine atá i gcás leochaileach.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara freisin go bhfuil dhá chreat dlí ann chun cinneadh um fhilleadh a ghlacadh:

- Díbirt, rud is infheidhme maidir leo siúd a aimsíodh i gcríoch na Spáinne i gcúinsí neamhrialta agus a mbeidh toirmeasc ar theacht isteach i gceist leis.
- Filleadh, rud is infheidhme maidir le heachtrannaigh a sháraíonn, tar éis dóibh a bheith díbeartha, toirmeasc ar theacht isteach, agus dóibh siúd a idircheapadh agus iad ag iarraidh teacht isteach sa Spáinn go neamhdhleathach.

Sa dá chás sin, a rialaítear le Dlí Orgánach 4/2000, cuirtear na ráthaíochtaí is infheidhme san áireamh go cuí, amhail na cearta chun cúnaimh dhlíthiúil saor in aisce, chun ateangaire, chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil agus chun achomharc a dhéanamh i gcoinne cinntí riaracháin. Ina theannta sin, is nósanna imeachta saincheaptha don duine aonair iad sin, nach féidir a chur i gcrích i dteannta a chéile riamh. Ní mór do na nósanna imeachta sin prionsabal an *non-refoulement* a urramú agus déantar foráil maidir leis an gceart rochtana ar chosaint idirnáisiúnta.

Rinne an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine, ina cinneadh an 13 Feabhra 2020 (N.D agus N.T v. an Spáinn), agus Cúirt Bhunreachtúil na Spáinne (cinntí 172/2020 agus 13/2021) córas an **nós imeachta teorann** a bunaíodh sa Deichiú Foráil Bhreise de Dhlí Orgánach 4/2000 a bhailíochtú, tríd an gCéad Fhoráil Chríochnaitheach de Dhlí Orgánach 4/2015 an 30 Márta maidir le slándáil na saoránach a chosaint. Is é is aidhm don nós imeachta sin an oibleagáid teorainneacha seachtracha na Spáinne a chosaint, mar a bhunaítear le Cód Teorainneacha Schengen, agus le hAirteagal 72 CFAE, a chomhlíonadh in Ceuta agus Melilla.

Maidir le **hathnuachan CGPJ**, meastar nach bhfuil an ráiteas ‘go raibh neamh-athnuachan CGPJ ina bhagairt ar neamhspleáchas na mbreithiúna’ inghlactha. Tá sé contrártha freisin le ráitis eile sa tuarascáil ina luaitear go bhfuil an smacht reachta sa Spáinn láidir agus go bhfuil breithiúna na Spáinne in ann a gcuid oibre laethúla a dhéanamh ar bhealach neamhspleách. Leanann CGPJ dá phríomhchúram a chur i gcrích, is é sin neamhspleáchas na mbreithiúna a chosaint, tar éis theacht i bhfeidhm Dhlí Orgánach 4/2021. Ní údarás breithiúnach é CGPJ. Dá bhrí sin, ní chuireann an staid eatramhach cosc ar chomhlíonadh cuí na gcúraimí a chuirtear ar chúirteanna agus ar bhinsí, agus ráthaítear cosaint chearta na saoránach go hiomlán.

Ba mhian leis an Spáinn a thabhairt le fios go bhfuil CGPJ comhdhéanta d’Uachtarán na Cúirte Uachtaraí, atá i gceannas uirthi, agus fiche comhalta arna gceapadh ag a Shoilse an Rí ar feadh tréimhse cúig bliana. Díobh sin, roghnaítear dhá cheann déag as measc Breithiúna agus Giúistísí de gach earnáil bhreithiúnach, agus ochtar as measc dlíodóirí agus dlí-eolaithe eile. Ní mór do gach duine acu a bheith ina ngairmithe a bhfuil a n-inniúlacht aitheanta agus níos mó ná cúig bliana déag de thaithí ina ngairm acu. Ina theannta sin, toghann Comhdháil na dTeachtaí agus an Seanad deichniúr comhaltaí de CGPJ faoi seach, ceathrar as measc dlí-eolaithe a bhfuil a n-inniúlacht aitheanta agus a bhfuil níos mó ná cúig bliana déag de thaithí ina ngairm acu agus seisear ó liosta breithiúna. Chun na comhaltaí a thoghadh, is gá tromlach trí chúigiú i ngach Dlísheomra. Dá bhrí sin, ní comhaontú é idir páirtithe polaitiúla ach idir grúpaí parlaiminteacha sa Chomhdháil agus sa Seanad. Déantar na comhaltaí ó liosta na mbreithiúna ag gach Dlísheomra a thoghadh as measc iarrthóirí arna dtíolacadh ag comhaltaí na mBreithiúna, ós rud é go gcaithfidh 25 bhreitheamh nó comhlachas breithiúnach gach iarrthóir a fhormhuiniú.

Tugadh faoi deara sa tuarascáil gur bhraith na rannpháirtithe go raibh ganntanas acmhainní ar na breithiúna, á rá nár ‘leor líon na mbreithiúna in aghaidh an áitritheora, rud a d’fhág go mbíodh na himeachtaí rófhada, go háirithe sna hardchúirteanna agus sa Chúirt Uachtarach’. I ndáil leis sin, ní mór a thabhairt faoi deara go bhfuil líon na mbreithiúna in aghaidh 100 000 áitritheoir sa Spáinn

(11.5 %) cosúil leis an gcoibhneas sin i dtíortha eile in aice láimhe ina bhfuil daonra den mhéid céanna (an Fhrainc (10.9 %) nó an Iodáil (11.6 %). Baineadh na sonraí sin as graf 3.4 de thuarascáil 2020 CEPEJ.

Luaitear sa tuarascáil gur minic a bhíonn **nósanna imeachta breithiúnacha** fada agus go dtarlaíonn sé uaireanta nach gcuirtear mír faisnéise in iúl go ceann roinnt blianta tar éis í a iarraidh. I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil, de réir Scórchlár Ceartais 2021[31], seasamh réasúnta comparáideach ag an Spáinn maidir le fad na n-imeachtaí breithiúnacha i réimse conspóideach an riaracháin.

Maidir le ceist na héillitheachta, ba mhian leis an Spáinn **béim a chur ar na forbairtí dearfacha atá bainte amach i réimse an ionchúisimh agus maidir le smachtbhannaí a fhorchur i leith iompraíochtaí a bhaineann leis an éillitheacht.**

Tá baint ar leith leis an ábhar sin ag an tionscadal **An Straitéis Náisiúnta Frith-Chalaoise sa Spáinn a Neartú** atá á chur i gcrích faoi láthair ag an tSeirbhís Náisiúnta um Chomhordú Frith-Chalaoise de chuid IGAE, le Cúnamh Teicniúil ón Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (OECD) agus le cistí ó Ard-Stiúrthóireacht an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Tacaíocht um Athchóiriú Struchtúrach. Áirítear ann na bearta seo a leanas, i measc nithe eile:

- Dréacht-Straitéis Náisiúnta Frith-Chalaoise a mheastar a chuirfear i láthair in Iúil-Lúnasa 2022.
- Raon feidhme na gníomhaíochta maidir leis an gcalaois agus an éillitheacht a chosc a leathnú thar leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh, lena ndéantar foráil maidir le cur chuige níos ginearálta sa chomhrac i gcoinne na héillitheachta mar a comhaontaíodh ag an gcruinniú a bhí ag Coiste Comhordaithe Chigirí Ardsheirbhísí Aireachtaí Riaracháin Ghinearálta an Stáit.

Cuirfear san áireamh sa straitéis freisin na rioscaí a bhaineann le cur chun feidhme na gcistí atá á n-úsáid chun iarmhairtí eacnamaíocha agus sóisialta COVID-19 a mhaolú, amhail rioscaí a eascraíonn as conarthaí soláthair phoiblí faoin nós imeachta éigeandála, nó iarrachtaí tionchar a imirt ar na húdaráis atá i gceannas ar na cistí sin a bhainistiú.

Sa **chomhrac i gcoinne na calaoise, na héillitheachta, an chlaonchasaidh, an sciúrtha airgid, na coireachta eagraithe agus coireanna eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh**, coinníonn Seirbhís Náisiúnta Comhordúcháin Frith-Chalaoise IGAE caidreamh oibríochtúil agus comhordaithe le hOifig an Ionchúisitheora Speisialta i gcoinne na hÉillitheachta agus na Coireachta Eagraithe, le Fórsaí Sibhialta Póilíní agus *Guardia Civil* na Spáinne agus le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, go háirithe le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, ó cuireadh i bhfeidhm í an 1 Meitheamh 2021.

Ina theannta sin, is cuid den Choimisiún iad ionadaithe na nInstitiúidí thuasluaite chun an Straitéis Náisiúnta Frith-Chalaoise a dhréachtú, a cruthaíodh laistigh den Chomhairle Chomhairleach um an gCalaois in aghaidh leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosc agus a chomhrac, a thabharfaidh cúnamh agus comhairle don tSeirbhís Náisiúnta Comhordúcháin Frith-Chalaoise de chuid IGAE agus an Straitéis á dréachtú.

Ina theannta sin, in 2017, sheol Seirbhís Náisiúnta Comhordúcháin Frith-Chalaoise IGAE an **córas Infofraud**. Is tríd an gcóras sin a sheolfar gearáin a bhaineann le bainistiú an tSásra Téarnaimh agus Athléimneachta, córas a dhéileálann le gearáin maidir le calaois, éillitheacht agus aon ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile i ndáil le cistí bainistíochta a bhainistítear go díreach, a

---

31 https://ec.europa.eu/info/policies/justice-and-fundamental-rights/upholding-rule-law/eu-justice-scoreboard_en

bhainistítear go hindíreach nó a chomhroinntear. I ndáil leis sin, is fiú a thabhairt faoi deara go ndéantar dlúthfhaireachán ar ghearáin a bhaineann leis an soláthar poiblí; mar sin féin, níl iontu ach 6.69 % de líon iomlán na ngearán a fuarthas ó 2017 i leith. Tá an cainéal sin á mhodhnú faoi láthair chun é a oiriúnú do Threoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais.

______________

**<u>Barúlacha ó Rialtas Phoblacht na Cipire maidir leis an dréacht-tuarascáil ón nGrúpa um Chearta Bunúsacha agus an Smacht Reachta de chuid Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa nuair a thug sé cuairt ar an gCipir an 25-26 Samhain 2021</u>**

Ba mhaith le Poblacht na Cipire a buíochas a chur in iúl don Ghrúpa um Chearta Bunúsacha agus an Smacht Reachta as an malartú suimiúil tuairimí a bhí ann an 25 Samhain agus ba mhaith léi barúlacha breise a chur i láthair sa doiciméad seo i leith an dréachta den 'Tuarascáil maidir leis an gcuairt ar an gCipir, an 25-26 Samhain 2021' a tháinig ina dhiaidh sin.

Ba mhaith le Poblacht na Cipire a chur i dtábhacht arís eile an tiomantas atá aici seasamh le prionsabal an smachta reachta mar bhunluach de chuid an Aontais Eorpaigh agus mar ghné riachtanach de shochaí dhaonlathach.

1. <u>Cearta Bunúsacha a bhaineann le Comhpháirtithe sóisialta</u>

Tá **an t-idirphlé sóisialta** ar cheann de na gnéithe is tábhachtaí i dtaobh beartas saothair a leagan síos. Go háirithe i réimse na hoibre, ach freisin san earnáil shóisialta go ginearálta, gné lárnach de na próisis a bhaineann le ceapadh beartais atá bunaithe ar chomhthoil is ea leas maith a bhaint as idirphlé sóisialta macánta in atmaisféar muiníne chun cinntí beartais a fhorbairt. I ndáil leis sin, tá líon mór Buanchomhlachtaí Tríthaobhacha um Idirphlé Sóisialta ag an gCipir a bhíonn ag plé le beartais fostaíochta, dlí saothair agus saincheisteanna sóisialta ina nglacann comhpháirtithe sóisialta páirt mar chomhairleoirí. Is é an ceann is tábhachtaí díobh sin an Bord Comhairleach Saothair, a phléann go tráthrialta leis na saincheisteanna saothair agus saincheisteanna sóisialta uile a mbíonn tionchar acu ar shaol na hoibre. Is amhlaidh i gcónaí go bpléitear tabhairt isteach reachtaíochta nua nó leasuithe ar reachtaíocht atá ann cheana ar an leibhéal trípháirteach is airde, eadhon an Bord Comhairleach Saothair.

Chun cur chun feidhme agus forfheidhmiú na reachtaíochta maidir le pá comhionann, go háirithe, a neartú a thuilleadh, leanann oifigigh agus cigirí na hAireachta, mar aon le hoifigigh ó Oifig an Ombudsman, clár oiliúna mionsonraithe d'ábhar teoiriciúil agus praiticiúil, arb é is aidhm dó feabhas a chur ar a gcuid eolais agus scileanna nuair a bhíonn cigireachtaí á ndéanamh acu nó nuair a bhíonn gearáin á láimhseáil acu maidir leis an dlí um pá comhionann idir fir agus mná ar obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach. Áirítear lena n-oiliúint modhanna postmheastóireachta. Thairis sin, rinneadh cigireachtaí le linn na tréimhse 2010-2021 ar bhonn sprioc bhliantúil a socraíodh ag 200-300 cigireacht in aghaidh na bliana, cigireachtaí a bhí de chineál coisctheach agus de chineál diansmachtúil. Chomh maith le sonraí a iarraidh atá dírithe go príomha ar idirdhealú díreach sa phá a bhrath, díríodh ról na cigireachta freisin ar fhaisnéis a sholáthar d'fhostóirí agus d'fhostaithe maidir le forálacha na reachtaíochta, agus treoir phraiticiúil maidir le comhlíonadh a sholáthar d'fhostóirí freisin. Tá cigireachtaí

spriocdhírithe, níos mionsonraithe á ndéanamh in 2022, bunaithe ar mheasúnú riosca a rinneadh.

Sa chomhthéacs sin, tá sé tábhachtach a mhíniú go gcumhdaítear le dlíthe sonracha bearta maidir le hidirdhealú, pá comhionann d'fhir agus do mhná, cosaint oibrithe imirceacha sa Chipir agus píosaí eile reachtaíochta i ndáil le cigireacht saothair.

Is é an reachtaíocht sin Dlí Uimh. 205(I)/2002 maidir le comhdheiseanna d'fhir agus do mhná san ionad oibre agus sa ghairmoiliúint, dlí a ndéanann an Roinn Saothair faireachán air. Tá an Roinn Saothair ag obair go gníomhach chun gach beart is gá a dhéanamh chun cur chun feidhme a dhéanamh ar a reachtaíocht náisiúnta maidir le prionsabal an chomhionannais a fhorfheidhmiú agus maidir le comhdheiseanna d'fhir agus do mhná a chur chun cinn san ionad oibre agus sa ghairmoiliúint, de réir Dhlí 205(I)/2002, arna leasú agus arna chomhchuibhiú go hiomlán le Treoir 2006/54/CE ón Aontas Eorpach. Comhlíontar é sin le sásra seachbhreithiúnach na gCigirí Comhionannais Inscne de chuid na Roinne Saothair, a dhéanann scrúdú i gcónaí ar ghearáin maidir le hidirdhealú ar bhonn gnéis (lena n-áirítear gearáin maidir le gnéaschiapadh ag an obair, toircheas agus máithreachas) chun comhionannas san fhostaíocht a áirithiú agus chun idirdhealú a chomhrac. I gcás duine a ndéantar idirdhealú ar bhonn gnéis air nó uirthi, féadfaidh sé nó sí gearán a chur faoi bhráid na gCigirí cáilíochta faoin Dlí um Chóir Chomhionann d'Fhir agus do Mhná san Fhostaíocht agus sa Ghairmoiliúint. Sa dlí sin, Dlí Uimh. 205(I)/2002, arna leasú, foráiltear in Alt 27 an bealach/nós imeachta chun imscrúdú a dhéanamh ar ghearán ó Chigirí Comhionannais Inscne na hAireachta Saothair agus Árachais Shóisialta. Go sonrach, rachaidh an cigire comhionannais inscne ar aghaidh le hidirghabháil idir an gearánach agus an fostóir chun an tsaincheist a réiteach. Má thagtar ar chomhaontú, scríobhfaidh an cigire tuarascáil agus síneoidh an dá pháirtí í. Mura dtagtar ar chomhaontú, dréachtófar tuarascáil ar féidir í a chur i láthair os comhair cúirte. Cuirtear Cigirí Comhionannais ar postú i ngach Oifig Ceantair de chuid na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta agus féadfaidh siad comhairle a thabhairt nó gearáin a fháil agus a scrúdú maidir le cosaint máithreachais nó féadfaidh siad gearáin a fháil maidir le hidirdhealú ar bhonn gnéis. Déantar imscrúdú orthu sin de réir an Dlí um Chóir Chomhionann d'Fhir agus do Mhná san Fhostaíocht agus sa Ghairmoiliúint.

Maidir leis **an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Imircigh a Lánpháirtiú**, ba cheart a lua gur ullmhaigh an Aireacht Gnóthaí Baile Dréachtphlean Gníomhaíochta in 2020 agus, cé go bhfuil a ghlacadh foirmiúil ag Comhairle na nAirí fós ar feitheamh, tá a lán gníomhaíochtaí curtha chun feidhme ag na húdaráis inniúla.

Sa chomhthéacs sin, ba cheart a shoiléiriú go gcuireann Seirbhísí Poiblí Fostaíochta na Roinne Saothair cúnamh ar fáil do gach cuardaitheoir poist (lena n-áirítear imircigh) chun fostaíocht a fháil, gan idirdhealú, trí chlárú, seirbhísí cuardaigh poist agus seirbhísí socrúcháin, lena n-áirítear gairmthreoir, comhairleoireacht agus atreorú chuig cláir oiliúna agus folúntais phoist. Bíonn rochtain ag iarrthóirí tearmainn ar earnálacha sonracha

fostaíochta arna rialú ag ordú ón aire. Leathnaíodh raon na n-earnálacha/slite beatha sin in 2019 chun slite beatha níos tarraingtí a chur san áireamh.

Sa tréimhse 2018-2021, chun feabhas a chur ar na seirbhísí a chuireann na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta ar fáil, d'fhostaigh an Roinn Saothair 30 Comhairleoir Fostaíochta sealadach nua, chun seirbhísí a oiriúnaítear dóibh féin a sholáthar do dhaoine dífhostaithe, daoine a bhaineann le grúpaí leochaileacha den chuid is mó. Tá siad lonnaithe in oifigí na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta ar fud Phoblacht na Cipire. Cuireadh síneadh ama lena gconarthaí go dtí deireadh 2023.

2. <u>Saoirse comhlachais agus comhthionóil</u>

A mhéid a bhaineann leis an mbarúil faoi **chrapadh an spáis shibhialta**, go páirteach mar gheall gur cuireadh clárlanna réigiúnacha in ionad na gclárlann náisiúnta agus mar gheall ar na moilleanna a d'eascair as sin, ba cheart a chur san áireamh gur próiseas é dílárú na nósanna imeachta a leanann an tseirbhís phoiblí ar cruthaíodh arís agus arís eile go dtéann sé chun tairbhe do na saoránaigh. Is é is cúis leis an moill a tugadh faoi deara an gá a bhí ann líon mór eagraíochtaí neamhrialtasacha a sheiceáil chun féachaint an raibh na forálacha atá i bpíosa nua reachtaíochta á gcomhlíonadh ag a reachtanna [104(I)/2017]. Bhí na hiniúchtaí dírithe go príomha ar a áirithiú, murab ionann agus faoin reachtaíocht roimhe seo, gur neartaíodh na reachtanna ó thaobh na trédhearcachta agus an daonlathais de. Chun dlús a chur leis an bpróiseas, go háirithe i gcomhair Cheantar na Niocóise, a bhfuil an líon is mó clárúchán ann, chuaigh an aireacht ar aghaidh leis an bpróiseas chun seirbhísí a cheannach ó ghnólachtaí dlí.

Leis na hathruithe a forchuireadh le Dlí 104(X)/217, díríodh, ar lámh amháin, ar bhainistíocht chuí a dhéanamh ar chúrsaí airgeadais eagraíochtaí neamhrialtasacha chun imghabháil cánach agus sciúradh airgid a sheachaint, agus, ar an lámh eile, ar an daonlathas a neartú ó thaobh feidhmiú eagraíochtaí neamhrialtasacha. Den chéad uair, neartaíodh an ceanglas maidir le cinnteoireacht chomhchoiteann trí chomhthionóil ghinearálta a mhéid gur fágadh gur cholúin daonlathais iad na heagraíochtaí neamhrialtasacha, áit arbh eintitis aonbhaill nó eintitis ina raibh cúpla duine roimhe sin, agus gur cruthaíodh creat níos folláine dá bhfeidhmiú. A mhéid a bhaineann le beartas aonair a chur chun feidhme, eagraíodh seimineáir oiliúna, agus rinneadh méid ollmhór ama agus airgid a infheistiú chun feabhas a chur ar na nósanna imeachta. Trí athbhreithniú a dhéanamh ar reachtanna, fuarthas amach gur cuid mhór den fhadhb atá ag earnáil na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha sa Chipir inniu is ea an iarracht leas a bhaint as an sainmhíniú ar 'chumann', ionas nach mar chuideachtaí ach mar chumainn a chláraítear cuideachtaí éagsúla, scoileanna spóirt nó scoileanna eile den chuid is mó, ar mhaithe le faoiseamh cánach agus faoisimh eile a fháil agus chun deontais a fháil freisin. Is é sin an chúis freisin a bhfuil tuairimí láidre ag úinéirí scoileanna spóirt faoi chur chun feidhme an dlí nua, ós rud é go scriostar iad ó chláir na gcumann nuair a bhraitear cásanna den sórt sin. Ní aontaímid go bhfuil castacht sa phróiseas do cheardchumainn

atá ag feidhmiú ar bhonn an chirt bhunreachtúil chun comhthionóil. A mhalairt ar fad atá fíor: bhí an próiseas an-ghéar ar chumainn ar gnólachtaí iad i ndáiríre agus a cláraíodh go bréagach mar chumainn. D'eascair an chastacht as ceanglais na hAireachta Gnóthaí Baile maidir lena shuíomh nár lucht gnó a bhí ag seachaint cánach iad ionadaithe na gCumann faoi Dhlí 104(X)/2017.

Maidir leis na líomhaintí faoi **'ceanglais throma gan ghá'** arna bhforchur ar eagraíochtaí na sochaí sibhialta, measann an Aireacht Gnóthaí Baile gur méid ró-ard é EUR 40 000, ós rud é go ndearbhaíonn níos mó ná 90 % de na heagraíochtaí neamhrialtasacha ioncam faoi bhun EUR 40 000 in aghaidh na bliana. Ina theannta sin, i gcás líon mór eagraíochtaí neamhrialtasacha a dhearbhaíonn ioncam faoi bhun EUR 40 000, níor chuir siad isteach fós an tuarascáil shimplí airgeadais a cheanglaítear faoin Dlí. Agus é á chur san áireamh gur gnólachtaí i ndáiríre iad líon mór cumann a mbeadh orthu , dá mbeidís cláraithe mar fhéichiúnaithe i gclár na gcuideachtaí, cuntais a chur isteach ó ioncam nialasach, tagann sé chun solais gur dreasacht ollmhór é an méid EUR 40 000 do chuideachtaí chun uiríll bhréagacha a chur isteach (agus é á dhearbhú acu, e.g., nach scoil chearáité atá i gceist ach club cearáité, nó nach scoil leadóige atá i gceist ach club leadóige) ionas go n-éireodh leo cánacha a imghabháil ar lámh amháin agus iomaíocht éagórach a chruthú ar an taobh eile. Sainaithníodh na cásanna sin agus cuireadh dianchreat rialaithe chun feidhme, lena léirítear go dtí seo, i measc nithe eile, go bhfuil roinnt cásanna ann inarb amhlaidh nár leanadh caighdeáin iniúchóireachta Eorpacha nó idirnáisiúnta sna cuntais iniúchta a cuireadh isteach i leith ioncam os cionn EUR 40 000. Ina theannta sin, cuireadh tús le measúnú riosca ar chlárlann iomlán na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha i leith chion an sciúrtha airgid agus chion mhaoiniú na sceimhlitheoireachta ar bhonn na dtreoirlínte ón Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (FATF). Is léir ó na torthaí go dtí seo go mbaineann riosca measartha ard nó riosca ard le 24 % d'eagraíochtaí neamhrialtasacha ó thaobh sciúradh airgid de agus le 13 % acu ó thaobh mhaoiniú na sceimhlitheoireachta. Tá clár tarraingthe suas ag an Aireacht chun rialú breise a dhéanamh ar na cásanna sin. An ceanglas maidir le taifead coiriúil glan agus deimhniú neamhchiontaithe i leith coireanna i gcoinne mionaoiseach [i gcás comhlachais a dhíríonn freisin ar mhionaoisigh ina gcuid gníomhaíochtaí – e.g. damhsa, na healaíona comhraic, spórt, léitheoireacht etc.], dá bhforáiltear le Dlí 104(I)/2017, níl sé difriúil leis na sainmhínithe sa chuid eile de reachtaíocht Phoblacht na Cipire lena ndéantar foráil maidir leis na hoibleagáidí sin. Ar deireadh, ní thacaíonn toradh na rialuithe a dhéanann na cláraitheoirí le maíomh na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha maidir leis na cúiseanna atá le diúltú d'iarratais óna lán eagraíochtaí sochaí sibhialta.

Maidir leis an **nós imeachta díchlárúcháin**, i gcás chuimsiú na n-eagraíochtaí sin ar liostaí na gcomhlachas/na n-institiúidí atá le scriosadh, is é is cúis leis go príomha nár cuireadh isteach, tar éis tréimhse 4 bliana, reacht atá comhchuibhithe le Reachtaíocht 104(I)/2017. Dírítear leis an nós imeachta díchlárúcháin ar fhormhór mór na n-eagraíochtaí

neamhrialtasacha neamhghníomhacha a bunaíodh ó achtaíodh an reachtaíocht roimhe sin in 1972 agus a scoir de bheith ag feidhmiú gan oibleagáid a bheith orthu fógra a thabhairt don chláraitheoir. As 2 500 ceardchumann, níor tháinig ach thart ar 60 acu chun cinn chun agóid a dhéanamh i gcoinne a scriosta agus ní dhearna ach ceann amháin acu achomharc chun na cúirte, a rinne cinneadh ina choinne, agus is léiriú é an fíoras sin gur ceardchumainn neamhghníomhacha iad formhór mór na n-eagraíochtaí sochaí sibhialta a scriosadh. Is amhlaidh fiú go raibh roinnt eagraíochtaí neamhrialtasacha ann nár chuir iad féin i láthair lena dtabhairt cothrom le dáta toisc go raibh cáin ioncaim dlite díobh agus go raibh ranníocaíochtaí dlite don chiste slándála sóisialta díobh agus gur mheas siad gur dheis é an próiseas chun díchlárú. Ar ndóigh, de réir Dhlí 104(I)/2017, leanann próiseas leachtaithe as sin.

Thairis sin, athdhearbhaímid an seasamh atá againn go bhfuil maíomh maidir le **leabhal** go hiomlán gan bhunús agus gan chruthú.

Ar deireadh, ba mhaith linn roinnt beart a lua atá déanta ag Poblacht na Cipire chun ról agus rannpháirtíocht eagraíochtaí na sochaí sibhialta sa saol poiblí a neartú:

In 2021, d'fhormheas Comhairle na nAirí forbairt **Straitéise Náisiúnta maidir le Saoránacht Ghníomhach agus Rialachas Rannpháirteach**, rud atá á dhéanamh faoi láthair ag Oifig an Choimisinéara um an Saoránach.

Chuir an Rialtas faoi bhráid na Parlaiminte an **reachtaíocht maidir le 'Tionscnamh ó na Saoránaigh'**, tionscnamh atá bunaithe ar an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh. Pléadh an reachtaíocht cheana féin ag an gCoiste Parlaiminteach um Ghnóthaí Dlíthiúla agus pléifear í ag Seisiún Iomlánach na Parlaiminte san fhómhar, chun go bhformheasfar í.

Rinne Oifig an Choimisinéara um an Saoránach na **gníomhaíochtaí seo a leanas chun an tsochaí shibhialta a chumhachtú**:

- I mí na Nollag 2021, eagraíodh Comhdháil mhór dar teideal 'Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus gné an chomhdhearaidh agus próisis rannpháirtíochta maidir le Clár Oibre 2030 a chur chun feidhme', ina raibh eagraíochtaí neamhrialtasacha, saoránaigh, polaiteoirí, an rialtas agus geallsealbhóirí eile rannpháirteach.
- In 2022 bunaíodh Ollscoil Oscailte na Saoránach, agus bhí díospóireachtaí comhchéime tráthrialta ar bun a raibh deis ag an bpobal páirt a ghlacadh iontu.
- Tionóladh an chéad Fhóram Daonlathais sa Chipir i mí na Bealtaine 2022 ina raibh dhá réamhimeacht, i.e. Saotharlann Smaointe maidir le Comhairliúcháin Phoiblí agus Haiceatón um an Daonlathas Digiteach.

- In 2021, eagraíodh sraith cur i láthair ar Chlár CERV an Aontais Eorpaigh (Saoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna) agus ar na deiseanna cistiúcháin atá ann faoin gclár sin d'eagraíochtaí neamhrialtasacha ar fud na Cipire.

3. Saoirse chun tuairimí a nochtadh agus Saoirse na Meán

Maidir **le hIolrachas na Meán**, ba cheart a chur san áireamh gur neartaíodh an trédhearcacht (Airteagal 30A) tar éis achtú an dlí leasaithigh i leith Dhlíthe na nEagraíochtaí Raidió Teilifíse an 23 Nollaig 2021 (lena ndéantar an reachtaíocht náisiúnta a ailíniú le Treoir (AE) 2018/1808). Go sonrach, leagtar síos i mír (2) d'Airteagal 30A go gcuirfidh an soláthraí seirbhíse rochtain ar fáil d'Údarás Raidió Teilifíse na Cipire ar fhaisnéis maidir lena struchtúr úinéireachta, lena n-áirítear na húinéirí tairbhiúla. Foráiltear le mír (3) go n-urramófar cearta bunúsacha le haon bheart a dhéanfaidh an tÚdarás chun na críche sin, cearta amhail saol príobháideach agus saol teaghlaigh na n-úinéirí tairbhiúla, agus go mbeidh sé riachtanach agus comhréireach agus gurb é is aidhm dó sprioc leasa ghinearálta a bhaint amach.

4. An ceart chun neamh-idirdhealú

Tá laghdú nach beag tagtha ar **an mbearna phá idir na hinscní** le 10 mbliana anuas agus is treocht íslitheach atá le sonrú ina leith. Tá laghdú breise 20 % tagtha uirthi ó 2017 (11.2 %), agus faoi láthair is ionann í agus 9 % de réir na sonraí is déanaí atá ar fáil i leith 2020.

Is sprioc shoiléir, leanúnach de chuid na hAireachta Saothair agus Árachais Shóisialta é deireadh a chur leis an mbearna phá idir na hinscní, agus rinneadh an méid sin a shaothrú trí roinnt gníomhaíochtaí spriocdhírithe. Forbraíodh samhail náisiúnta chun deimhniú a dhéanamh ar fhiontair a ghlacann beartais lena gcuirtear an comhionannas inscne chun cinn san ionad oibre, agus go háirithe an comhionannas pá, agus bunaíodh Comhlacht Náisiúnta Deimhniúcháin i mí Aibreáin 2014. Go dtí seo, tugadh luach saothair do 61 chuideachta as a n-iarrachtaí pá comhionann a áirithiú agus an gnéas tearcionadaithe a mhealladh agus a choinneáil, as gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm chun feabhas a chur ar an gcothromaíocht inscne i bpoist chinnteoireachta, as córais aicmithe poist atá neodrach ó thaobh inscne de a ghlacadh, as beartais a chur chun feidhme arb é is aidhm dóibh cothromaíocht a bhaint amach idir an obair agus saol an teaghlaigh, agus a lán eile. As na cuideachtaí deimhnithe, tá athnuachan déanta ar a ndeimhniú ag 25 díobh.

Thairis sin, téann an Aireacht Saothair agus Árachais Shóisialta i mbun gníomhaíochtaí a chuireann le feasacht an phobail maidir leis an mbearna phá idir na hinscní agus na hiarmhairtí díobhálacha a bhíonn ag an mbearna sin ar shaol eacnamaíoch agus sóisialta na mban, amhail imeachtaí bliantúla a eagrú don Lá Pá Chomhionainn. Rinneadh Lá Pá Chomhionainn 2022 a cheiliúradh le plé painéil dar teideal 'An bhearna phá idir fir agus mná – An staid faoi láthair agus na hábhair imní don todhchaí' agus le feachtas ar líne. Bhí ionadaí ón Aireacht agus ionadaí amháin ó gach ceann de na ceardchumainn agus comhlachais fostóirí páirteach sa phainéal, a bhí dírithe ar léargas a thabhairt ar

shaincheisteanna amhail impleachtaí na bearna d'oibrithe, don gheilleagar agus don tsochaí, an tionchar ar dhaoine óga agus an tábhacht a bhaineann le gairm a roghnú, i measc saincheisteanna eile. Bhreathnaigh níos mó ná 1 700 duine ar an bplé painéil ar líne, agus chuir siad a gcuid tuairimí in iúl agus tharraing siad ceisteanna anuas.

Léirítear sa tábla seo a leanas céatadán agus líon na mban atá fostaithe ar bhonn páirtaimseartha le 10 mbliana anuas de réir an tSuirbhé ar an bhFórsa Saothair ó Sheirbhís Staidrimh na Cipire:

| | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Céatadán na mban a bhí ag obair ar bhonn páirtaimseartha | 12.9 % | 13.7 % | 16.1 % | 17.2 % | 16.5 % | 16.5 % | 16.1 % | 14.9 % | 15.1 % | 14.2 % | 13.4 % |
| Líon na mban a bhí ag obair ar bhonn páirtaimseartha | 24 505 | 25 138 | 28 103 | 30 597 | 28 721 | 28 785 | 29 315 | 28 362 | 29 401 | 27 749 | 27 138 |

Mar a léirítear thuas, tá laghdú tagtha le dhá bhliain anuas ar líon agus ar chéatadán na mban atá ag obair ar bhonn páirtaimseartha. Chomh maith leis sin, is é sciar na mban fostaithe a bhí ag obair ar bhonn páirtaimseartha in 2021 an sciar is ísle ó bhí 2012 ann.

Thairis sin, rinneadh iarracht bhreise **cearta daoine faoi mhíchumas** a chosaint. Tar éis dhaingniú Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas in 2011, ghlac Poblacht na Cipire a Straitéis Náisiúnta maidir le Daoine faoi Mhíchumas 2018-2028 agus tá pleananna gníomhaíochta náisiúnta 3 bliana á gcur chun feidhme aici (2013-2015, 2018-2020 agus 2021-2023), ina sainítear an fhís, na luachanna, na spriocanna straitéiseacha agus na gníomhaíochtaí chun cearta saoránach faoi mhíchumas a chomhlíonadh a thuilleadh, i ngach réimse dá saol. Tá Straitéis agus Pleananna Gníomhaíochta um Míchumas na Cipire nasctha leis na barúlacha deiridh a thug Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta Daoine faoi Mhíchumas do Phoblacht na Cipire in 2017 agus cuirtear san áireamh iontu tuairimí agus moltaí ó na heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine faoi mhíchumas.

Thairis sin, tá an Straitéis Náisiúnta maidir le Daoine faoi Mhíchumas 2018-2028 agus na Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta um Míchumas (2013-2015, 2018-2020 agus 2021-2023) i gcomhréir leis an Straitéis Eorpach um Míchumas 2021-2020 agus leis an Straitéis Eorpach um Míchumas 2021-2030. Áiríodh 86 ghníomhaíocht sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Míchumas 2018-2020, ar cuireadh 54 ghníomhaíocht (63 %) díobh chun feidhme go hiomlán, ar cuireadh 26 ghníomhaíocht (30 %) díobh chun feidhme go páirteach, agus nár cuireadh chun feidhme 6 ghníomhaíocht (7 %) díobh. Cuireadh

gníomhaíochtaí breise leis an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta Nua um Míchumas 2021-2023 (135 ghníomhaíocht san iomlán) agus cuirfidh 8 n-aireacht agus 3 leas-aireacht chun feidhme iad.

Chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme éifeachtach na Straitéise Náisiúnta Míchumais agus na bPleananna Gníomhaíochta Náisiúnta um Míchumas, iarrann an Roinn um Chuimsiú Sóisialta Daoine faoi Mhíchumas ar gach comhlacht inniúil féinmheastóireacht a dhéanamh ar a gníomhaíochtaí cur chun feidhme ar bhonn bliantúil. Cuirtear na torthaí faoi bhráid na Comhairle Pan-Chipirí um Dhaoine faoi Mhíchumas agus Chomhairle na nAirí.

Maidir le gearáin ó dhaoine faoi mhíchumas, tá Oifig an Choimisinéara um Riarachán agus um Chearta an Duine ainmnithe ina Shásra Neamhspleách ag Comhairle na nAirí le Cinneadh Uimh. 73.519 uaithi an 9 Bealtaine 2012. Tá fáil ag gach duine faoi mhíchumas ar an deis gearán a chur isteach ionas go ndéanfar imscrúdú neamhspleách air. Ina theannta sin, dhaingnigh an Chipir Prótacal Roghnach UNCRPD lena dtugtar an ceart do gach duine gearán a chur faoi bhráid Choiste na Náisiún Aontaithe um Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas.

Maidir le rochtain ar thithíocht, tugtar ar aird, i gcás gach duine faoi mhíchumas a chomhlíonann critéir airgeadais agus atá incháilithe d'Ioncam Íosta Ráthaithe, go bhfuil an duine sin incháilithe freisin d'fhóirdheontas míosúil chun teach a fháil ar cíos, ar fóirdheontas é atá níos airde ná an fóirdheontas a fhaigheann duine nach bhfuil faoi mhíchumas.

Maidir leis an tsaincheist a tarraingíodh anuas i ndáil leis na srianta ar **áit chónaithe imirceach**, soiléirítear go bhfuil an Fhoraithne ábhartha lena gcuirtear cosc ar iarrthóirí tearmainn fanacht i limistéir áirithe chun a sheachaint go gcruthófar geiteonna mar thoradh ar líon mór imirceach a bheith comhchruinnithe i gceantair a bhfuil daonraí beaga acu ar bhealach a chuirfeadh cosc ar a lánpháirtiú i bpobail áitiúla. Meabhraítear go bhforáiltear san Acquis ábhartha (an Treoir maidir le Dálaí Glactha – Airteagal 7(2)) go gceadófar do na Ballstáit cinneadh a dhéanamh maidir le háit chónaithe an iarrthóra tearmainn.

5. <u>An Smacht Reachta</u>

Ní bhaineann **'prionsabal an riachtanais'** leis an smacht reachta agus leis na hathchóirithe a chuir an Rialtas chun cinn atá dírithe ar chur i bhfeidhm an phrionsabail bhunúsaigh sin a chosaint a thuilleadh.

Ós rud é go luaitear sa Dréacht-Tuarascáil é, áfach, is gá faisnéis fhíorasach áirithe a chur chun cinn maidir leis an bprionsabal sin chun míthuiscintí a sheachaint. Tar éis na gcoinbhleachtaí idir phobail in 1963 agus aistarraingt oifigeach Turcach de chuid na Cipire ó fheidhmeanna agus ó chomhlachtaí na Poblachta ina dhiaidh sin, ní raibh córas dlí na Cipire in ann é féin a mhacasamhlú lena chreat agus lena dhlíthiúlacht féin (a raibh

prionsabal an dá phobal ina shaintréith bhunreachtúil bhunúsach díobh), ná i gcomhréir lena chreat agus lena dhlíthiúlacht féin. Rith an Pharlaimint, atá comhdhéanta anois d'fheisirí Gréagacha de chuid na Cipire amháin, dlí a sháraigh forálacha áirithe den Bhunreacht a bhain le comhdhéanamh déphobail na gcomhlachtaí breithiúnacha agus le reachtaíocht a ghlacadh agus a fhógairt. Thug an Chúirt Uachtarach an cinneadh ríthábhachtach 'Ard-Aighne na Poblachta v. Mustafa Ibrahim agus daoine eile [1964] CLR 195', inar dhíol suntais é gur rialaigh sí nach bhfuil an reachtaíocht thuasluaite faoi réir neamhbhunreachtúlachta, mar gheall ar 'prionsabal an riachtanais' (arb é a bhunús, mar a luaitear, gur cheart slánú an stáit a bheith ina dhlí uachtarach), is é sin, go bunúsach, prionsabal an riachtanais a chur i bhfeidhm chun seirbhísí bunúsacha an stáit a chaomhnú, lena n-áirítear riar an Cheartais. **Déantar foráil i mBunreacht na Cipire maidir le rialú coisctheach agus smachtúil ar na Dlíthe (Airteagal 140 agus Airteagal 144 den bhunreacht) agus mar sin is ann do shrianta agus ceartúcháin faoi chuimsiú phrionsabal an riachtanais**. Dá bhrí sin, ní mór an fhaisnéis go léir a sholáthraítear faoi chuid 5 den tuarascáil seo a bhreithniú, agus aird a dhíriú ar na soiléirithe thuasluaite.

Thairis sin, tá tagairtí don **Ard-Aighne** míchruinn toisc nach nglacann an tArd-Aighne páirt i gComhairle na nAirí **ach** go nglacann sé páirt sa Chomhairle Náisiúnta. Is é an chomhairleoir dlí don rialtas é. Thairis sin, níl aon norm Bunreachtúil ann lena gcuirtear toirmeasc ar Uachtarán na Poblachta duine a cheapadh mar Ard-Aighne ar duine é a ghlac páirt sa rialtas mar Aire sular ceapadh ina Ard-Aighne é chomh fada agus go bhfuil na cáilíochtaí aige dá bhforáiltear sa Bhunreacht in Airteagal 112 agus Airteagal 113. Ba cheart a chur san áireamh nach Feisirí den Pharlaimint iad na hAirí i bPoblacht na Cipire agus nach gá go mbeadh siad rannpháirteach i bpáirtí polaitiúil. Comhlíonann an tArd-Aighne a chuid dualgas i gcomhréir leis an mBunreacht agus le reachtaíocht Phoblacht na Cipire.

Maidir le **toimhde na neamhchiontachta** i gcásanna sibhialta, cuirtear i dtábhacht gur léir nach fíor an líomhain 'gurb ionann imscrúdú coiriúil a bheith ann agus cruthúnas ar éagóir a bheith ann, fiú roimh aon chinneadh ón gcúirt sa chás atá i gceist'. Ní hionann choíche imscrúdú coiriúil agus cruthúnas ar éagóir gan cinneadh cúirte.

Maidir leis na líomhaintí faoin easpa trédhearcachta i ndáil leis an mbeartas imirce, ba cheart a thabhairt faoi deara gur rí-mhaith a chuirtear ar an eolas imircigh a thagann isteach go dleathach i bPoblacht na Cipire faoina gcearta agus faoina n-oibleagáidí **roimh theacht dóibh** chun dul ar aghaidh le socruithe praiticiúla i leith a bhfanachta (víosa, cead cónaithe, cead oibre, rochtain ar shláinte agus ar oideachas etc.). Ní chuirtear imircigh neamhrialta ar an eolas toisc gur go neamhrialta a thagann siad. Tugtar rochtain d'iarrthóirí tearmainn ar na dálaí glactha is gá, ar chúram sláinte agus ar scagadh leochaileachta mar a fhorordaítear le dlí an Aontais a luaithe a thagann siad.

Thairis sin, níor lean an Aireacht Gnóthaí Baile ar aghaidh riamh le díbirt sula bhfuair an t-iarrthóir tearmainn nó an t-imirceach neamhrialta lena mbaineann ar diúltaíodh dó nó di

cinneadh críochnaitheach (i.e. tar éis achomharc a dhéanamh chun na cúirte) maidir lena chás nó lena cás.

Ar deireadh, cuireadh stop le **Clár Infheistíochta na Cipire** (dá ngairtear 'pasanna órga' sa doiciméad).

6. Dúshláin i ndáil le Cearta Bunúsacha i limistéir de chuid Phoblacht na Cipire nach bhfuil faoi rialú an rialtais

Is é an téarma oifigiúil 'limistéir nach bhfuil faoi rialú éifeachtach an Rialtais' agus ba cheart tagairtí don 'deisceart' a sheachaint.

**LIETUVOS RESPUBLIKOS SOCIALINĖS APSAUGOS IR DARBO MINISTERIJA**

**AIREACHT SLÁNDÁLA SÓISIALTA AGUS SAOTHAIR PHOBLACHT NA LIOTUÁINE**

A.Vivulskio str. 11, LT-03610 Vilnius Teil. +370 5 266 8176 Facs +370 5 266 4209 Ríomhphost: post@socmin.lt

Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Grúpa um Chearta Bunúsacha agus an Smacht Reachta

Uimh. ( . - ) SD -

**BARÚLACHA Ó RIALTAS NA LIOTUÁINE DEN DRÉACHT-TUARASCÁIL ÓN nGRÚPA AD HOC UM CHEARTA BUNÚSACHA AGUS AN SMACHT REACHTA (FRRL) I gCOISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA (CESE) MAIDIR LEIS AN gCUAIRT FHÍORÚIL A TUGADH AR AN LIOTUÁIN AN 15-17 NOLLAIG 2021**

Ba mhaith le Rialtas Phoblacht na Liotuáine buíochas a ghabháil leis an nGrúpa *ad hoc* um Chearta Bunúsacha agus an Smacht Reachta de chuid Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa as an bplé cuiditheach an 17 Nollaig 2021, agus ba mhaith leis tuairimí breise a chur i láthair i dtaca leis an Dréacht-Tuarascáil maidir leis an gcuairt fhíorúil ar an Liotuáin an 15 agus 17 Nollaig 2021 a thiocfaidh ina dhiaidh sin sna ranna seo a leanas:

*3. Saoirse chun tuairimí a nochtadh agus saoirse na meán*

Maidir leis *an RGCS a chur i bhfeidhm*; in 2022, tá comhairliúcháin phoiblí le hiriseoirí agus le geallsealbhóirí eile le heagrú ag an Rialtas arb é is aidhm dóibh na saincheisteanna a shoiléiriú a mbíonn ar iriseoirí aghaidh a thabhairt orthu agus RGCS á chur i bhfeidhm acu. Mar thoradh air sin, d'fhéadfaí leasuithe ar ghníomhartha dlí a tharraingt suas, má theastaíonn a leithéid. Ina theannta sin, tá sé beartaithe oiliúint maidir le RGCS agus dlíthe náisiúnta a eagrú d'iriseoirí, do rialaitheoirí sonraí agus d'oifigigh cosanta sonraí, agus treoracha a fhoilsiú maidir leis na ceanglais is infheidhme.

Maidir leis *an tionscnamh i ndáil le SLAPPanna a chosc*; in earrach 2021, chinn Parlaimint na Liotuáine as a stuaim féin meitheal in aghaidh dlíthíocht mhí-úsáideach a bhunú, ar a dtugtar Cásanna Dlí Straitéiseacha in aghaidh Rannpháirtíocht Phoiblí (SLAPP). Ullmhaíodh na dréacht-dlíthe seo a leanas:

- *an leasú ar Chód an Nós Imeachta Shibhialta*: cuirtear féidearthacht nua ar fáil leis seo go ndéanfaí an t-éileamh a dhíbhe go luath má shuíonn cúirt go bhféadfaí an t-éileamh sin a chatagóiriú mar SLAPP;

- *an leasú ar an gCód Coiriúil*: déantar athbhreithniú leis seo ar an dliteanas coiriúil i leith clúmhillte, d'fhonn cosaint treisithe a chur ar fáil d'iriseoirí agus scaiptheoirí eile faisnéise poiblí ar ionchúiseamh gan údar.

Tá na dréacht-dlíthe seo fós á mbreithniú sa Pharlaimint.

*4. An ceart chun neamh-idirdhealú*

Cé go bhfuil sé fíor gur cuireadh deireadh leis an gClár Náisiúnta um Chomhdheiseanna d'Fhir agus do Mhná in 2021, ba cheart a thabhairt faoi deara, le cur chun feidhme cothrománach an chomhionannais inscne ar fud na dtionscnamh pleanála straitéisí uile atá i bhfeidhm, go bhfuil oibleagáid anois ar gach aireacht saincheisteanna comhionannais inscne a áireamh, laistigh dá n-inniúlacht, ina gcláir fhorbartha agus ina ndoiciméid straitéiseacha eile agus bearta a sholáthar chun aghaidh a thabhairt orthu. Ina theannta sin, áirítear saincheisteanna comhionannais inscne i gcláir forbartha nua-ullmhaithe na hAireachta Gnóthaí Sóisialta.

Ina theannta sin, chun tuiscint ghinearálta ar shaincheisteanna comhionannais inscne a fheabhsú agus chun cabhrú leis an bpróiseas, ceapadh Aireacht Slándála Sóisialta agus Saothair Phoblacht na Liotuáine mar chomhordaitheoir ar an bprionsabal cothrománach 'comhdheiseanna do chách', lena n-áirítear comhionannas inscne, monatóireacht ar chur chun feidhme bearta comhionannais inscne agus comhairliúcháin le hAireachtaí eile maidir le sainiúlachtaí saincheisteanna comhionannais inscne laistigh dá n-inniúlachtaí. Maidir le cumais, tá grúpa ar leith a fheidhmíonn san Aireacht Slándála Sóisialta agus Saothair a chlúdaíonn saincheisteanna comhionannais inscne freisin.

An 31 Nollaig 2021 ghlac an tAire Dlí agus Cirt leasuithe ar an bhforáil 'Ar fhormheas an ordaithe maidir le leasú an ainm agus an tsloinne', lena mbunaítear nós imeachta riaracháin éifeachtach chun go bhféadfaidh daoine atá diagnóisithe le Neamhord Féiniúlachta Inscne a n-ainmneacha agus a sloinnte a athrú ionas go gcomhfhreagraíonn siad don inscne ab ansa leo.

*5. An smacht reachta*

Maidir le *dréachtú an bhuiséid bhreithiúnaigh*; de réir na ndlíthe atá i bhfeidhm, tosaíonn an nós imeachta buiséadach don chéad bhliain eile in earrach na bliana roimhe. Formheasann an Rialtas plean buiséadaithe agus leagann sé síos spriocdhátaí faoina dtabharfaidh bainisteoirí leithreasaí, lena n-áirítear cúirteanna, riachtanais mhaoinithe don Aireacht Airgeadais don bhliain atá le teacht, agus údar maith á thabhairt aige don athrú is gá i gcomparáid le buiséad na bliana reatha. Ag céim níos faide anonn eagraíonn Oifig an Rialtais cruinnithe idir an Príomh-Aire, an tAire Airgeadais agus bainisteoirí leithreasaí sa réimse ábhartha (sa chás seo, ionadaithe na mbreithiúna) maidir le riachtanais an bhuiséid don bhliain atá le teacht. Bunaithe ar na cinntí a glacadh, ullmhaítear dréacht-Dlí maidir le táscairí buiséid don bhliain dar gcionn agus cuirtear faoi bhráid na Parlaiminte é. Déantar é a phlé ansin i gcoistí na Parlaiminte agus is gnách go nglactar é i mí na Nollag.

In 2021, rinne an Rialtas Clár Forbartha an Chórais Cheartais a fhormheas. Ceann de na fadhbanna a tháinig chun solais i réimse féinrialaithe na mbreithiúna is ea nach bhfuil baint ag an tsamhail chistiúcháin reatha le stádas dlíthiúil agus riachtanais na gcúirteanna mar údaráis neamhspleácha'. Áirítear sa Chlár Forbartha thuasluaite beart atá dírithe ar an bhfadhb seo agus ar fhadhbanna eile a tháinig chun solais a réiteach ('chun eagrú ghníomhaíochtaí an chórais cheartais a fheabhsú ó thaobh éifeachtúlachta de'). Is é Riarachán na gCúirteanna Náisiúnta eagraí agus comhordaitheoir an bhirt sin.

Maidir leis *an nós imeachta chun breithiúna a roghnú*; chuir Uachtarán Phoblacht na Liotuáine tús le leasuithe ar an Dlí ar Chúirteanna agus ar dhlíthe gaolmhara eile a bhfuil sé d'aidhm acu éifeachtúlacht agus oscailteacht níos fearr an chórais cheartais a áirithiú. Tá na leasuithe á bplé faoi láthair sa Pharlaimint agus tá sé d'aidhm acu, i measc nithe eile, feabhas a chur ar nós imeachta roghnúchán na mbreithiúna sa Liotuáin.

Ina theannta sin, rinneadh roinnt athruithe ar an nós imeachta agus ar na coinníollacha chun breithiúna a aistriú chuig cúirteanna eile. Tháinig na leasuithe thuasluaite ar an Dlí ar Chúirteanna i bhfeidhm ag tús na bliana seo agus tá sé d'aidhm acu éifeachtúlacht na gcúirteanna a mhéadú.

Maidir le *Cúirt Bhunreachtúil Phoblacht na Liotuáine*; tá Cúirt Bhunreachtúil Phoblacht na Liotuáine ag feidhmiú faoi lán a hacmhainneachta ó 2021 i leith. Chuaigh Uachtarán nua na Cúirte Bunreachtúla i mbun oifige an 18 Meitheamh 2021.

Ba mhaith linn arís ár mbuíochas a ghabháil leis an nGrúpa FRRL as a chuairt ar an Liotuáin an 15-17 Nollaig 2021 agus a dheimhniú go mbeimid ar fáil má thagann aon cheisteanna chun cinn bunaithe ar na tuairimí breise seo.

Le gach dea-mhéin,

Leas-Aire Vytautas Šilinskas

Linas Lasiauskas, teil. +370 659 24763, ríomhphost: linas.lasiauskas@socmin.lt

**Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa**

Rue Belliard/Belliardstraat 99
1040 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
Oifigeach na Foilsitheoireachta:
An tAonad Cuairteanna agus Foilseachán
EESC-2023-40-GA
**www.eesc.europa.eu**

© An tAontas Eorpach, 2023
Is ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, ach an fhoinse a admháil.
Chun na grianghraif/léaráidí a úsáid nó a atáirgeadh,ní mór cead a iarraidh ar úinéir(í) an chóipchirt féin.

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

*Print*
QE-09-23-229-GA-C
ISBN 978-92-830-6121-2
doi:10.2864/94473
*Online*
QE-09-23-229-GA-N
ISBN 978-92-830-6118-2
doi:10.2864/46468

GA